



OLLSCOIL NA GAILLIMHE
UNIVERSITY OF GALWAY

Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge



2024

Clár

Eagarfhocal	Eva Ní Mhealláin	iii
Réamhrá	Réamonn Ó Ciaráin (<i>Príomhfheidhmeannach Gael Linn</i>)	v
Foghlaim na filíochta ag an tríú leibhéal: éisteacht ghníomhach agus féidearthachtaí maidir le fonn agus fiosracht a spreagadh i measc na mac léinn	<i>Padaí de Bléine & Brian Hanratty</i>	1
Staidéar Samplach ar Fheidhm an Logainm i Nualitríocht na Gaeilge	<i>Seán Mac Corraidh</i>	31
Cás na teanga i gContae an Longfoirt	<i>Margarita Neothallaigh</i>	41
Ó Shamhlacha Físeacha go dtí an Cleachtas Laethúil: Creat Forbartha Gairmiúla na Foghlama Comhtháite Ábhar agus Teanga le cuidiú na Teicneolaíochta (R-FCÁT)	<i>Nóra Ní Bheaglaoich & T.J. Ó Ceallaigh</i>	59
An Cumasú Teanga i bhForbairt Ghairmiúil an Mhúinteora Tumoideachais: Ról an Chuir Chuige Chumaisc	<i>Karen Ní Chlochasaigh & T.J. Ó Ceallaigh</i>	79
An Tumoideachas Déanach: bac nó buntáiste?	<i>Hilary Ní Chonchubhair, T.J. Ó Ceallaigh & Niamh Dennehy</i>	97
Conradh na Gaeilge agus Inniu	<i>Dorothy Ní Uigín</i>	119
Ó phinn na mbaniriseoirí in <i>Déirdre: Iris na mBan</i>	<i>Katie Whelan</i>	133
Faoi Smionagar an tSaoil	<i>Áine Nic Niallais</i>	147
An Stócach Nach Raibh Eagla Ar Bith Air	<i>Sadhbha Nic Ruaidhrí</i>	149
Léirmheas ar an scannán <i>An Cailín Ciúin</i>	<i>Léirmheas le Padaí de Bléine</i>	157
Léirmheas ar <i>Stórchiste: Teasáras Aibíreach na Gaeilge le Nicholas Williams</i> agus ar <i>Teasáras Gaeilge-Béarla le Garry Bannister</i>	<i>Léirmheas le Eva Ní Mhealláin</i>	163
<i>One Hundred Years of Irish Language Policy, 1922-2022</i>	<i>Léirmheas le Alexandra Philbin</i>	173
Athinsint Ealaíonta ar Oidhe Dheirdre agus ar Ansmacht Chonchúir	<i>Léirmheas le Marie Whelton</i>	177
Nóta Beathaisnéise an Eagarthóra		185
Nótaí Beathaisnéise na nÚdar		187



Eagarfhocal

<https://doi.org/10.13025/19194>

Is geal linn fáilte a chur romhaibh chuig an dara heagrán déag de *An Reiviú*. Is iris acadúil í a fhoilsíonn mic léinn an chúrsa MA sa Léann Teanga in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge gach aon bhliain. Tá lúcháir orainn go mbeidh Réamonn Ó Ciaráin, Príomhfheidhmeannach Ghael Linn, linn leis an iris a sheoladh i nGaillimh i mbliana.

Ba mhaith leis an Choiste Eagarthóireachta ár mbuíochas ó chroí a ghabháil le gach aon duine a thug cuidiú leis an eagrán seo a fhoilsiú. Dóibh siúd ar fad a scríobh ailt agus léirmheasanna di, na piarmheasúnóirí agus foireann Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge agus Áras na Gaeilge ar fad, ní bheadh sé ar ár gcumas an iris seo a chur i gcrích murach iad.

Ní mór dúinn moladh agus buíochas a thabhairt don Dr Dorothy Ní Uigín; tá muid go mór faoi chomaoin ag Dorothy i gcás ullmhú na hirise seo. Tá lorg a feabhais acadúil, macántacht agus díograis fágtha ar an obair agus ar a comhghleacaithe ar aon; ní haon eisceacht é an saothar seo.

Anuas air sin, ba mhaith linn buíochas a ghabháil leis an dearthóir Shannon Reeves atá ag plé ón tús le dearadh na hirise agus a choinníonn bail agus cuma mhaith uirthi gach aon bhliain. Is mór an chreidiúint dó í.

Tá muid go mór faoi chomaoin ag Anna Davitt ó Fhoras na Gaeilge, agus ag an Fhoras féin, as ucht an obair seo a mhaoiniú agus as tacú leis an iris ó cuireadh ar an fhód in 2013 í.

Mar fhocal scoir, ár mbuíochas libh, a léitheoirí dílse, as ucht bhur dtacaíocht i gcónaí. Go mbaine sibh sult agus tairbhe as an eagrán seo de *An Reiviú*.

An Coiste Eagarthóireachta 2024

Eva Ní Mhealláin



Réamhrá

le Réamonn Ó Ciaráin
(Príomhfheidhmeannach Gael Linn)

<https://doi.org/10.13025/19187>

Seo é an dara heagrán déag de *Léann Teanga: An Reiviú*, iris na mac léinn atá ag dul don MA sa Léann Teanga in Ollscoil na Gaillimhe. Tá réimse ábhar ó raon disciplíní a bhaineann leis an léann teanga san iris. Cuirtear fáilte roimh údair ó na hinstitiúidí léinn ar fud na tíre agus ghlac siad an deis sin le fonn. Is ar líne a fhoilsítear an iris seo a chiallaíonn go bhfuil teacht éasca ar an ábhar shaibhir ar fud na cruinne dá bharr sin. Tá gach alt ó gach eagrán ar fáil ar an suíomh [seo](#). Is mór an gar fosta, is dóigh liom, go bhfuil siad rangaithe go téamach agus de réir eagrán.

Ní gan dua ar ndóighe a thagann iris acadúil mar seo ar an tsaol agus á tiomsú arís bliain i ndiaidh bliana. Cuireann eagrán na bliana seo go mór leis an tsaibhreas smaointeoireachta atá carntha cheana ó cuireadh tús leis *An Reiviú*. Tá sé ríthábhachtach don Ghaeilge agus don scríbhneoireacht ardán mar seo a bheith ann ar a bhfuil ailt phiarmheasúnaithe le léamh. Is beag ardán eile mar é i léann na Gaeilge.

D'éirigh le coiste *An Reiviú* arís i mbliana cnuasach alt scolártha den chaighdeán is airde a chur i dtoll a chéile. Tá ailt bhreátha a dhéanann cíoradh ar ghnéithe suimiúla a bhaineann leis an Ghaeilge ann. Tréaslaím a saothar leis na húdair chumasacha a roinn a gcuid smaointe linn agus leis an fhoireann dhíograiseach eagarthóireachta.

Agus Conradh na Gaeilge ag ceiliúradh 130 bliain a mbunaithe anuraidh, tá sé tráthúil go bhfuil machnamh déanta ar an fhóram dhaonlathach san alt 'Conradh na Gaeilge agus *Inniu*'. Chuir lucht Ghlúin na Buaidhe, grúpa a scar ó Chonradh na Gaeilge, béim ar 'an tseirbhís don náisiún'. Bhí bunú an nuachtáin náisiúnta *Inniu* ina chuid lárnach den tseirbhís seo. San alt seo, déantar scagadh ar an dearcadh ar Chonradh na Gaeilge a léiríodh ar *Inniu* idir 1943 agus 1984.

Alt domhain cuimsitheach é ‘Creimeadh teanga i gContae Longfoirt’ a mhíníonn fáthanna an mheatha a tháinig ar an Ghaeilge sa chontae sin ó 1851. Díríonn an t-údar ar a bhfuil le foghlaim sa daonáireamh faoi staid na Gaeilge i gceantair áirithe agus déanann plé ar chuid de na cúiseanna taobh thiar de na staitisticí sin agus ar thionchar Chonradh na Gaeilge sa chontae.

Tá an córas oideachais lárnach i gcur chun cinn na Gaeilge. Ní mór dúinn é a fháil i gceart. Is nós le hailt *An Reiviú* ceisteanna crua a chur maidir le teagasc na Gaeilge agus teagasc trí mheán na Gaeilge. San alt ‘An Cumasú Teanga i bhForbairt Ghairmiúil an Mhúinteora Tumoideachais tré chur chuige cumaisc’ éilítear tréanoiliúnt, ullmhú saineiúil agus forbairt ghairmiúil shuntasach an mhúinteora sa tumoideachas chun cur lena gcumas dul i ngleic go huathúil le hábhar, teanga agus forbairt na litearthachta. Dearbhaítear go bhfuil ardfeasacht agus ardchumas teanga an mhúinteora riachtanach don phleanáil teagaisc agus foghlama i suíomhanna an tumoideachais. Tá ábhar machnaimh, gan dabht, ardaithe san alt breá ‘An Fhoghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teanga le cuidiú teicneolaíochta (R-FCÁT): Ó Pholasaí go Cleachtas’. Cé go bhfuil trácht ar FCÁT le fada an lá is cinnte go bhfuil buntáistí breise le breith as an chur chuige seo don teanga ach an toil agus an tacaíocht a bheith léirithe ag lucht déanta polasaí. Tá na hailt seo ar an oideachas agus an Ghaeilge bunaithe ar thaighde mionchúiseach ildisciplíneach chun oideolaíocht stuama a fhorbairt a thagann ón teoiric agus ón chleachtas fosta. Is léir an géarghá le tacaíocht bhreise do mhúinteoirí atá faoi oiliúnt chomh maith leis na múinteoirí atá ag obair sna goirt cheana féin. Beidh spéis ag oideachasóirí san alt ‘An t-aistriú ó bhunscolaíocht lán-Bhéarla go hiar-bhunscolaíocht lán-Ghaeilge: An tumoideachas déanach mar bhac nó buntáiste?’ Déanann an t-alt seo iniúchadh ar aistriú an fhoghlaim ó mhórtéanga go miontéanga ag an iar-bhunleibhéal. Déanann sé scagadh criticiúil ar an litríocht ábhartha agus tugann spléachadh ar aois mar chúinse don tsealbhú éifeachtach teanga. Fiosraítear na himpleachtaí forbartha ó pheirspictíochtaí éagsúla d’fhoghlaimoirí an tumoideachais dhéanaigh agus bearna inniúlachta teanga le sárú acu. Taighde cuimsitheach atá tráthúil agus leagtha amach go córasach soiléir atá sna ailt ar an oideachas san eagrán seo.

Aduaidh a thagann alt spéisiúil ar an fhilíocht mar ábhar spreagtha le teideal uamach; ‘Féidearthachtaí le Foghlaim na filíochta le fonn is le fiosracht a fhorbairt.’ Fiosraíonn údar an ailt seo chomh héifeachtach agus atá an cur chuige nua-oideolaíoch seo maidir le foghlaim na filíochta a fhorbairt. Is maith go gclúdaítear gnéithe éagsúla de theagasc na Gaeilge agus na litríochta san eagrán seo.

Díríonn an t-alt ‘Ainmneacha áiteanna agus ciall don áit dhúchais i litríocht na Gaeilge’ ar an cheangal a bhíonn ag daoine le háiteanna, le logainmneacha agus le logainmniú. Measann an t-údar gurbh é próiseas an ghalldaithe a rinneadh ar ainmneacha áiteanna sa tír seo sa 19ú

céad, an rud a chuir deighilt idir na daoine agus ciall a bheith acu dá n-áit dhúchais agus dá n-ainmneacha. Pléann sé cuid de na téamaí céanna a spreag an dráma iontach *Translations* le Brian Friel.

San alt ‘Scribhinní ó pheann an bhaniriseora in *Déirdre: Iris na mBan*’ déantar iniúchadh ar ghuth iriseoireachta na mban sa ráitheachán seo a foilsíodh idir 1954 agus 1986. Tá léargas ar mheon agus ar dhearcadh bantrachta maidir le ceisteanna móra an tsaoil le linn thréimhse na hiar-athbheochana.

Tugann *An Reiviú* deis do mhic léinn fochéime ábhar a fhoilsiú, agus is deas an rannóg seo a fheiceáil arís i mbliana agus aistriúchán cumasach ann.

Is deas freisin dán a fheiceáil ar eagrán na bliana seo, mar nach minic a bhíonn a leithéid ar fáil ar leathanaigh *An Reiviú*. Léiríonn an dán seo nach beag beann atá an lucht acadúil ar chúrsaí an tsaoil agus ar a bhfuil ag tarlú sa domhan.

Bíonn na léirmheasanna ina gcuid thábhachtach ag *An Reiviú* fosta. Díríonn siad aird na léitheoirí ar fhoilseacháin nua atá tábhachtach do léann na Gaeilge. Tá léirmheas tomhaiste ar *Teasáras Gaeilge-Béarla* Garry Bannister agus *Stórchiste* Nicholas Williams. Is maith fosta go bhfuil alt tuisceanach ar *Deirdre* le Darach Ó Scolaí, athinsint ar scéal ón Rúraíocht a léiríonn go bhfuil níos mó cosúlachtaí ná éagsúlachtaí idir daoine an lae inniu agus an mhuintir anallód ná mar a ba mhaith linn admháil go bhfuil. Tá léirmheas cuidiúil ar *One Hundred Years of Irish Language Policy, 1922–2022* le John Walsh. Tugann an t-alt seo le fios go n-éiríonn le Walsh anailís shoiléir agus áititheach a chur os comhair an léitheora. Tá léirmheas tuisceanach agus ionraic ar scannán a raibh an trup go léir faoi anuraidh *An Cailín Ciúin*.

San eagrán seo de *An Reiviú* tá an sean agus an nua taobh lena chéile. Taighde cuimsitheach tráthúil atá leagtha amach go córasach soiléir atá sna hailt. Tá ardmholadh tuillte ag lucht eagair na hirise agus ag na rannpháirtithe uilig. Is cinnte go mbainfidh an léitheoir taitneamh agus tairbhe as ábhar leathan an eagráin seo. Go raibh fada buan an iris thábhachtach seo. Tréaslaím a n-éacht leis na mic léinn dhíograiseacha iarchéime seo ó Ollscoil na Gaillimhe a chuir *Léann Teanga: An Reiviú* i dtoll a chéile dúinn. Cnuasach an-bhreá saothair gan dabht atá againn arís i mbliana.



Foghlaim na filíochta ag an tríú leibhéal: éisteacht ghníomhach agus féidearthachtaí maidir le fonn agus fiosracht a spreagadh i measc na mac léinn

Padaí de Bléine & Brian Hanratty

<https://doi.org/10.13025/19188>

Achoimre

Is é aidhm an taighde seo a fháil amach an gcuirfidh modh eile teagaisc, a chuireann béim ar cheol agus ar aithris na filíochta agus ar fhoghlaim ghníomhach, fonn ar mhic léinn staidéar a dhéanamh uirthi agus an músclóidh sé fiosracht na mac léinn inti. Tá an taighde seo bunaithe ar fhiosrú oideolaíoch. Cuireann Watkins & Mortimore (1999: 3) síos ar theagasc bunaithe ar fhiosrú oideolaíoch mar seo a leanas, *'any conscious activity by one person designed to enhance the learning of another'*. Cuireann Campbell & Groundwater-Smith (2010: 13) síos ar thaighde cleachtóra mar *'Practitioner research, located in the larger field of practice-based and applied research, is distinguished by its focus on research done by practitioners themselves, usually an investigation of practice with a view to evaluation or improvement'*. Is é aidhm an taighdeora sa chás seo a chleachtas féin maidir le teagasc na filíochta a fheabhsú agus a fhorbairt agus taitheí dhearfach ar an fhilíocht a thabhairt do na mic léinn. Ó thaithí an taighdeora, is minic a bhíonn dearcadh diúltach ag mic léinn tríú leibhéal ar fhoghlaim na filíochta agus a shíleann siad go bhfuil sí leadránach. Baineadh úsáid as cur chuige eile teagaisc sa taighde seo le hiarracht a dhéanamh a suim a mhúscailt inti. Rinneadh fiosrú oideolaíoch lena fháil amach an gcuideodh sé le foghlaim na filíochta dá n-éistfeadh na mic léinn le teachtaireacht phearsanta a chuir an file Cathal Ó Searcaigh chucu maidir le foghlaim na filíochta, dá n-éistfeadh siad leis an fhile ag aithris a chuid filíochta, dá léifeadh siad féin cuid dánta de chuid Uí Shearcaigh os ard

agus dá mbeadh siad féin gníomhach san fhoghlaim. Deir Creely (2019: 1): *'I contend that an experiential basis to poetry teaching has the potential for positive reception by students and may promote a deeper and more sustained understanding of poetry and poetic language.'*

An Mhodheolaíocht

Shocraigh an taighdeoir go mbainfí úsáid as modhanna éagsúla taighde le sonraí a bhailiú ar thuairimí na mac léinn faoi fhoghlaim na filíochta. Baineadh úsáid as ceistneoirí agus as fócasghrúpaí leis na mic léinn agus as agallamh leis an fhile Cathal Ó Searcaigh. Taighde cáilíochtúil a bhí ann agus, mar sin de, bhí tuairimí scríofa agus tuairimí ó bhéal na mac léinn an-tábhachtach. Baineadh úsáid as ceistneoirí le tuairimí na mac léinn ar an fhilíocht agus a gcuid eolais uirthi a mheas ag tús an taighde. Molann Buckler & Moore (2023: 213) stíleanna éagsúla ceisteanna don cheistneoir. (Aguisín 2). Dar le Buckler & Moore, (2023: 211) *'the questionnaire is a versatile approach to gathering a lot of data from a wide sample in a limited time'*. Cé go bhfuil na buntáistí seo leis an cheistneoir, dar leo, *'one of the main limitations is that you are unable to ask follow up questions once the questionnaire has been distributed.'* Chuige sin socraíodh go mbeadh fócasghrúpaí ann fosta leis an bhearna seo a dhruidim. Deir Sinner *et al* (2022), gurb é an dúshlán atá roimh an taighdeoir agus é ag dul don fhócasghrúpa ná a chinntiú go mbeidh deis ag gach rannpháirtí sa ghrúpa a bharúil a thabhairt. Chuige sin eagraíodh trí fhócasghrúpa de sheisear agus ceann amháin de sheachtar leis an deis sin a thabhairt do gach rannpháirtí. Dar le Kara (2015), Taber (2013) agus Cohen *et al* (2007), is dóigh éifeachtach é an t-agallamh le heolas cáilíochtúil a bhailiú. Tagraíonn Bell (2010) agus Denscombe (2014) do dhá chineál agallamh: agallaimh struchtúrtha agus agallaimh leathstruchtúrtha. Baineadh úsáid as agallamh leathstruchtúrtha (Aguisín 4) don taighde seo. Roghnaíodh an modh seo de thairbhe go dtugann sé deis don agallóir ceisteanna oscailte a chur ar an agalláí agus tugann sé deis don agallóir na freagraí a fhorbairt agus labhairt go mion ar a thaithí féin. Rinneadh taifeadadh den agallamh leis an fhile Cathal Ó Searcaigh lena chinntiú go mbeadh na cuntais a thugtar san alt cruinn beacht (Aguisín 4). Sular cuireadh peann le pár, chuaigh an taighdeoir i dteagmháil le Coiste Eiticí an Choláiste agus le hOifig Thaighde an Choláiste le cead a iarraidh an taighde a dhéanamh, agus toiliú scríofa a iarraidh.

Comhthéacs

Rinneadh taighde ar straitéisí gníomhacha le foghlaim na filíochta ag an tríú leibhéal ag díriú ar na féidearthachtaí maidir le fonn agus fiosracht a spreagadh i measc mhic léinn na chéad bhliana. Deir Ní Mhaonaigh (2009: 82): *'Tá sé tábhachtach réimse tascanna a chur le chéile ina gcuirtear béim ar an idirghníomhaíocht.'* Is gnách go ndéantar staidéar ar fhilí agus ar fhilíocht nua-aimseartha mar chuid de na modúil sa chéad bhliain. Rinneadh staidéar

ar mhodh eile maidir le ‘teagasc’ na filíochta agus cuireadh béim sa mhodh teagasc seo ar éisteacht ghníomhach leis an fhile ag aithris a chuid filíochta agus ar a thábhachtaí atá sé don fhoghlaimoir an dán a aithris os ard agus á chur i láthair. Mar a mhaíonn Schmidt, (2015: 96) ‘*Poetry was written to be read aloud in most cases and carries with it performativity.*’ Rinneadh iniúchadh ar réimse leathan sainmhínithe ar an fhilíocht fosta agus roghnaíodh dánta de chuid Chathail Uí Shearcaigh a shíl an taighdeoir a bheadh fóirsteanach do leibhéal teanga agus do thaithí na mac léinn.

I ndiaidh don taighdeoir cead a iarraidh ar an choiste eiticí, cuireadh ríomhphost chuig na mic léinn lena chinntiú go raibh siad sásta páirt a ghlacadh sa taighde (Aguisín 1). Bhí na mic léinn uilig (cúig dhuine is fiche) toilteanach páirt a ghlacadh ann.

Foghar na filíochta

Roghnaigh an taighdeoir cúig dhán de chuid Chathail Uí Shearcaigh do na léachtaí filíochta. Roghnaíodh ‘Tiontú’, as *An Fear Glas* (2015: 144), ‘Na Pionnaí Gruaige’ as *An tAm Marfach ina Mairimid* (2010: 20), agus ‘Tearmann’, ‘Anseo ag Stáisiún Chaiseal na gCorr’, agus ‘Oícheanta Geimhridh’ as *An Bealach ’na Bhaile* (1993: 94, 46, 112). Cuireadh béim ar cheol agus chantaireacht na ndánta ón tús agus na mic léinn ag éisteacht leis na dánta. Rinneadh cinnte de go raibh taifeadadh ann de Chathal Ó Searcaigh ag aithris na ndánta a roghnaíodh. Mura raibh taifeadadh ar fáil iarradh ar an fhile ar mhiste leis ceann a dhéanamh i ndiaidh an agallaimh a cuireadh air agus bhí sé breá toilteanach sin a dhéanamh. Chuir Cathal Ó Searcaigh féin béim ar thábhacht na héisteachta agus é ag labhairt leis an taighdeoir san agallamh (Aguisín 4):

Is cinnte gur féidir filíocht a theagasc ach déarfainnse gurb é an bunrud, domsa mé féin dá mbeinn ag múineadh filíochta gurb é an bunrud ná éisteacht leis an dán agus an dán a thabhairt chun solais trí é a rá amach ansin cluineann tú an dóigh a n-oibríonn an dán, na fuaimeanna agus mar sin de, mo shaothar féin, tá an chantaireacht tábhachtach agus tá sé tábhachtach go léifidh an múinteoir an dán ach fosta go léifidh na mic léinn an dán os ard más féidir.

Chuir T.S. Eliot (1933) béim ar cheol agus ar chantaireacht na filíochta fosta agus dúirt go raibh cumhacht acu, ‘*to activate the auditory imagination*’. Cuireann Day-Lewis (1956: 7) béim ar thábhacht na héisteachta agus na fuaime don fhoghlaimoir filíochta:

So, for the beginner in poetry – reading- and not only for the beginner I recommend reading the poem aloud (or better, having it read aloud to him) submitting to the words, not racking his brain to make out their ‘sense’.

Dar le O'Brien (1969: xvi), 'Léiríonn an ealaín fré chéile céadfaíocht nó staid aigne, ach léiríonn an fhilíocht an tréanmhothú pearsanta níos soiléire ná ealaín ar bith eile de bhrí gur le focail is le fuaimeanna a dhéantar an léiriú.' Dhírigh Heaney (1989: 20) ar thábhacht an cheoil san fhilíocht nuair a dúirt sé, *'the pitch of their music, their nerve-end tremulousness, their treble in the helix of the ear'*. Tagraíonn Ó Searcaigh, (2018: 35) do 'dhraíocht na fuaime' agus é ag labhairt ar an fhilíocht. Cuireann sé an cheist, 'an é a tharlaíonn go dtéann fuaimeanna áirithe i bhfeidhm ar an chóras néaróige, go n-oibríonn siad mar chatailís, go dtionscnaíonn siad gníomhú ceimiceach a athraíonn meabhar agus meon an duine a thig faoina dtionchar?' San agallamh (Aguisín 4) d'aibhsigh Ó Searcaigh tábhacht na ngutaí ina chuid filíochta;

Deirim i mBéarla, 'a successful poem in Irish is a successful vowel movement.' I mo chuid dántaí, cuirim an-bhéim ar ghluaiseacht na ngutaí. Samhlaím gurb iad na gutaí anam an dáin agus gurb iad na consain, gurb iad sin corp an dáin. Is é an t-idirphlé sin idir an dá ghné sin a chruthaíonn domsa ceol agus cantaireacht an dáin.

Dar le Paterson, (2018: 56), *'In the human voice, the vowel carries the bulk of our 'feelings' in its complex tonal and quantitative discriminations; the consonants which interrupt that breath create the bulk of the semantic sense.'* Dar le Ó Doibhlin, (1973: 11), 'Tá éifeacht intleachta acu [na focail] (sa mhéid go gciallaíonn siad nithe dár dtuiscint); ach éifeacht mhothaithe acu chomh maith (bogann siad ár gcroí agus spreagann ár samhlaíocht) agus éifeacht fhisiciúil mar gur féidir dóibh ár gcluas a chluanadh lena gceol agus lena rithim.' Is cinnte go gcuireann Ó Searcaigh béim ar thábhacht na rithime agus na fuaime, nó mar a deir sé féin (2018: 35), 'Fuaim fhogharbhinn an fhocail! Cumhacht an bhriathair.' Tagraíonn Sewell (2002: 57) do thionchar fhuaim na bhfocal as Béarla fiú ag Ó Searcaigh; *'Ó Searcaigh recalls his father's recitation of poems by Robert Burns as his first, youthful introduction to the then unintelligible, but still magical, sound of poetic speech.'* Dar le Paterson (2018: 3), *'Even in its most primitive form, poetry was concerned with transcending a human limitation; it was a 'magical' discipline... Long before the book, poetry was the brain's first 'external storage', our first 'mnemotechnology'.* Ar ndóigh, teanga bheo a bhí sa Ghaeilge ó thus ama agus mhair sí beo ar theanga na ndaoine, mar atá scríofa ag Williams & Ní Mhuiríosa (1979: xxii):

Is follas nach i lámhscríbhinní amháin a mhair litríocht na Gaeilge. Mhair sí freisin san ionad is dual do gach litríocht a bheith beo, i gcuimhne na ndaoine. Is deacair do dhaoine a tógadh le leabhar nach bhfuil acu ach 'cuimhne na leabhar' aon tuiscint a bheith acu ar na héachtaí atá i gcumas chuimhne an duine.

Léiríonn an t-athfhriotal sin a thábhachtaí atá sé an teanga a labhairt os ard chun a rithim agus a tréithe a luacháil agus chun patrúin na fuaime a aithint agus a shealbhú. Cuireadh béim láidir ar thábhacht na héisteachta agus na haithrise in eagrú na léachtaí.

Deir Cathal Ó Searcaigh go bhfiafraítear go minic de cad is ciall le filíocht. Freagraíonn sé go bhfuil sí chomh héalaitheach leis an aonadharcach agus chomh seachantach leis an Yeti. Deir Ó Searcaigh fosta, (2018: 38): ‘Má dhéantar an bomaite reatha, bomaite na suaithníochta a cheapadh agus a shríanadh, cuirtear an t-am ar ceal agus sealbhaítear an tsíoraíocht’.

Dar le Day-Lewis (1956: 6), ‘*Poetry is above all a way of using words to say things which could not possibly be said in any other way, things which in a sense do not exist until they are born (or re-born) in poetry.*’ De réir Uí Dhoibhlin (1973: 8) agus é ag trácht ar na healaíona:

Cuireann an ealaín saol úr inár láthair, saol a thugann taitneamh agus sásamh dúinn a bhfuil gá againn leo. Is é atá ann an saol réalta ach é arna cheartú, arna leasú, arna shaibhriú, arna athchóiriú ag an ealaíontóir: *homo additus naturae*, mar a dúirt an Renaissance, ‘an duine in éineacht leis an dúlra’.

Is cinnte go gcaitheann Ó Searcaigh solas ar thábhacht an dúlra i mórchuid dá chuid filíochta. Go deimhin, ina dhán ‘Tearmann’, cáineann sé ‘Dia na nDeor agus Dia na nDealg’ agus é ag moladh a Dhé réamhChríostaí, atá ina Dhia na ndúl. Dúirt Ó Searcaigh ina agallamh go raibh sé i gcónaí ‘ag tnúth leis an tsolas’ agus é i mbun filíochta. Is é sin an aidhm atá ag an léachtóir agus é ag teagasc filíochta do na mic léinn, solas a chaitheamh ar an fhilíocht do na mic léinn agus í a dhéanamh tairbheach taitneamhach samhlaíoch sothuigthe agus na dánta a thabhairt chun solais. Mar a deir Ó Searcaigh (2018: 41), ‘Gileacht a dhéanamh dár ndoircheacht!’ San agallamh (Aguisín 4), mhol Cathal an múinteoir ceardscoile, Tomás Breatnach, a bhí aige go hard agus dúirt gurbh eisean a mhúscail an tsuim a bhí aige san fhilíocht:

Is cuimhin liom gur tháinig an múinteoir óg seo isteach ins an rang an chéad lá a bhí mé ansin agus múinteoir an Bhéarla a bhí ann. Tomás Breatnach, Tom Walsh. Léigh sé an dán agus an dán a bhí ann ná, *The Road Not Taken*, le Robert Frost. Léigh sé an dán seo amach os ard agus ansin chuir sé an cheist nár cuireadh riamh ormsa ar an bhunscoil, dúirt sé leis an rang, ‘What do you think of that poem?’ Bhí mo lámhsa thuas mar a bheadh urchar ann mar níor cuireadh an cheist sin orm riamh agus níor tugadh deis dom riamh roimhe agus mé trí bliana déag d’aois.

Is é a bhí roimh an taighdeoir sa chás seo, suim san fhilíocht a mhúscailt ins na mic léinn ar an dóigh chéanna ar mhúscail Tomás Breatnach an tsuim i gCathal Ó Searcaigh. Cuireadh béim ar an éisteacht ghníomhach agus ar na féidearthachtaí le fonn agus fiosracht a spreagadh iontu sna léachtaí.

Intreoir do na léachtaí

Cuireadh an cheist, ‘cad is filíocht ann?’ ar na mic léinn ar an cheistneoir a tugadh dóibh roimh na léachtaí. Pléadh na freagraí a bhí acu ar an cheistneoir sa chéad léacht agus pléadh Ó Searcaigh (2018: 35–47) *Teanga na gCorr*. Cuireann an file síos go healaíonta ar an dóigh a dtéann focail i bhfeidhm air, ‘a gcló is a gcruth, a mboladh agus a mblas’. Deir sé go gcuireann sé focail in aithne dá chéile agus é ag feidhmiú mar fhear cleamhnais. Dúirt Ó Searcaigh san agallamh a cuireadh air (Aguisín 4): ‘Is filíocht liriciúil a scríobhaim den chuid is mó. Is gnách go scríobhtar filíocht liriciúil sa chéad phearsa agus is amhlaidh atá an cás leis na dánta de chuid Uí Shearcaigh a roghnaíodh don taighde seo. Ar a bharr sin, is minic a chuireann an file a chuid mothúchán in iúl i bhfilíocht liriciúil trí rithim agus rím agus na patrúin fuaimne a mbaintear úsáid astu.

Rinneadh iarracht tuiscint níos doimhne a bheith againn ar shamhlaíocht an fhile agus é ag labhairt ar an phatrún fuaimne a chuaigh i bhfeidhm ar a chéadfaí; siollaí a chuir ag gol agus ag gáire é, abairtí a chuir áthas agus alltacht air agus ár n-intinn a dhíriú ar na gnéithe seo agus muid ag éisteacht leis na dánta agus á scagadh. In alt a d’fhoilsigh David Orr ar *The New York Times*, (15.05.2015), ar chlosleabhair, bhí an méid seo le rá aige, ‘*Poetry after all is “the most insistently physical art,” according to Robert Pinsky. Indeed, it “lies dead on the page, until some voice brings it to life” in the words of Basil Bunting. Taking it a bold step further, W.H. Auden declares that “no poem which when mastered, is not better heard than read is good poetry.”* Mar sin de, cuireadh béim ar fhuaim agus ar cheol na filíochta agus ar éisteacht leis an dán sna léachtaí agus iad á n-aithris ós ard chun beocht agus beatha agus ‘cor úr’ a chur iontu. Molann Schmidt (2015: 96) an cur chuige seo. Dúirt sí gurbh fhearr lena cuid mac léinn an dán a léamh os ard, ‘*to hear the musicality embedded in the words; and to even get up out of their seats and perform some of the poetry we studied.*’

Na mic léinn i mbun staidéir

Is é an chéad rud a rinneadh ná deis a thabhairt do na mic léinn éisteacht leis an teachtaireacht phearsanta a chuir Cathal Ó Searcaigh chucu. Thug sé seo deis dóibh aithne níos fearr a chur ar an fhile féin agus éisteacht lena ghuth agus lena chuid Gaeilge. Deir Ní Riain (2014: 115) ina halt, ‘Máirtín Ó Direáin agus Múineadh na Gaeilge san Ollscoil’ go bhfuil sé an-tábhachtach go dtuigfidh na mic leinn cúlra an fhile. Bhí pictiúr de agus é ina shuí ina theach féin in airde

ar an chlár bhán idirghníomhach ionas go dtuigfeadh na mic léinn cé a bhí ann. Éisteadh leis an teachtaireacht phearsanta ag tús na léachtaí uilig le teachtaireacht an fhile a threisiú. Cuireadh béim ar an ráiteas ón agallamh leis an fhile, (Aguisín 4):

Tá sé tábhachtach go ndéanfá an dán a léamh os ard seachas é a léamh go ciúin. Má léann tú os ard é, más dán maith atá ann, cluineann tú éifeacht na teanga, cluineann tú an chantaireacht a bhaineann le focail agus iad curtha i gceann a chéile go fórsúil agus go fóinte. Más rud ar bith atá ina an fhilíocht, is é atá ann mar a dúirt W.H. Auden, ‘an exploration of the possibilities of language’.

Cuireadh béim fosta ar an ráiteas ón agallamh chéanna:

Braithim go bhfuil an solas iontach tábhachtach i mo shaothar féin. Dá ndéanfá staidéar air thar na cnuasaigh éagsúla atá scríofa agam, chíféa sin. Níl a dhath níos iontaí, nó níos éifeachtaí nó níos sásúla ná a bheith ag tnúth leis an tsolas.

Bhí na mic léinn gníomhach ag éisteacht leis an dán agus ag plé cad is ciall leis na ráitis. Chuir na ráitis an fhilíocht s’aige i gcomhthéacs agus bhí sé sin an-fhóirsteanach i gcomhthéacs an dáin ‘Oícheanta Geimhridh’, cuir i gcás, agus muid ag caint ar an ‘tine’ agus ar an tsolas a thagann uaithi.

I gcás an dáin ‘Oícheanta Geimhridh’, cuireadh ceist ar na mic léinn cad iad na pictiúir a tháinig chucu ina samhlaíocht nuair a chuala siad an teideal ‘Oícheanta Geimhridh’. Chruthaigh an ghníomhaíocht seo an t-atmaisféar agus an teanga do théama an dáin. Ansin d’éist muid leis an taifeadadh a rinne Cathal Ó Searcaigh de. Iarradh ar na mic léinn éisteacht leis an dán á léamh ag an fhile ar mhaithe le pléisiúr agus ar mhaithe le ceol agus le cantaireachta agus le patrún na teanga a chloisteáil. Cuireadh an cheist orthu a chuir Tomás Breatnach ar Chathal Ó Searcaigh sa cheardscoil, ‘cad é a shíl sibh de sin?’ Casadh an dán arís ach an iarraidh seo iarradh ar na mic léinn an dán a mheas ag tagairt don teideal, don teanga, do na téarmaí, do na téamaí, don téagar, do na teicnící filíochta agus do na teachtaireachtaí ann, dá mb’fhéidir leo. Tugann Nica (2011: 216) ‘*building from scraps*’ agus ‘*reconstructing the text*’ ar an chur chuige seo agus tugann sé seo deis do na mic léinn a scileanna smaointeoireachta criticiúla a úsáid, gné den oideachas a mholtar go hard ag gach leibhéal. Bhí na mic léinn ábalta focail agus frásaí ar nós, ‘Neddie Eoin, seanchiteal, mugaí móra, os comhair an tseanchaí, samhlaíocht, ina choirneal scéalaíochta, as a shúile, Cogadh an Dá Rí, Machaire Rabhartaigh, Oíche Shamhna, siamsaíocht, lena mholadh, corradh le fiche bliain, ó chuaigh a thine as, a mhothaím anocht’ a bhreacadh síos. Agus na mic léinn ag tabhairt aiseolais scríobhadh na focail agus na frásaí ar an chlár bhán idirghníomhach. Rinneadh iarracht ansin ceangal agus nasc a dhéanamh idir na focail agus na frásaí agus íomhá den dán a thógáil. Ansin tugadh

téacs an dáin amach agus iarradh ar na mic léinn a bheith ag obair i mbeirteanna agus an téasc iomlán a scagadh agus a phlé i mbeirteanna maidir le teideal, teanga, téamaí, teicnící, téagar, agus teachtaireacht an dáin. Taispeánadh an dán ar an chlár bhán idirghníomhach ina dhiaidh sin agus phléigh muid le chéile é (Aguisín 6). Iarradh ar na mic léinn véarsaí a léamh os ard le chéile agus casadh comhad fuaim de ghálaí gaoithe agus chnagarnach tine leis an atmaisféar a chruthú agus iad á léamh. Rinneadh tagairt do thábhacht na teanga do Ó Searcaigh (2018: 36), agus don dóigh a raibh sé ag iarraidh fuaim na teanga a cheapadh agus muid á phlé;

Sa teach ar tógadh mise ann bhí tinidh mhór fhoscailte againn – mar a bhí coitianta i dtithe den tseandéanamh sin – agus is minic a chluinfeá siorradh gaoithe ag ochlán sa tsimléir. Bhí mé ag iarraidh cnead agus scréach na gaoithe a cheapadh i bhfuaimvéarsaí.

Tugadh deis do na mic léinn an frása a bhí ag Ó Searcaigh san agallamh, ‘ag tnúth leis an tsolas’ a phlé i gcomhthéacs an dáin. Bhí siad gníomhach san fhoghlaim agus thug siad freagraí mar ‘soláthraíonn an tine teas agus solas, agus sholáthair an seanchaí Neddie Eoin teas agus solas lena chuid siamsaíochta ar an dóigh chéanna.’ Is léir go raibh ardmheas ag Ó Searcaigh ar Neddie Eoin, go díreach mar atá aige ar chuid mhaith de na seandaoine ar fhás sé aníos leo agus thug sé seo ábhar maith díospóireachta do na mic léinn. Ina alt in ‘On the Side of Light’ (2002: 23), léiríonn Mac Cárthaigh cé chomh tábhachtach agus atá na daoine seo dó:

If he is inspired by his homeland, he is also inspired by his people – the words of the storyteller in ‘Oícheanta Geimhridh’ are ‘drithleoga dearga ag lasadh na samhlaíocht’ ionainn. This people have given him much – not only the collective memory contained in their stories but also, more importantly, ‘caint mhiotalach mo dhaoine’ the raw material in which he, a ‘gabha focal’ chooses to work.

Is é a dhála céanna é sa dán ‘Tiontú’. Sa dán seo caitheann an file solas ar Maggie Neddie Dhonnchaidh a bhí ina comharsa aige. Léiríonn sé sa dán go raibh Gaeilge go smior inti agus go raibh sí ina saoi ar a dóigh féin cé gur gnáthdhuine a bhí inti. Deir Ó Searcaigh (2023: 50) agus é ag caint ar Maggie Neddie Dhonnchaidh:

She became a Seer – a file, a poet. Maggie Neddie Dhonnchaidh is dead for many years now but her one-day Homeric journey [turas a rinne sí go Co. an Chláir tráth] continues to reverberate in my mind; a shining epic that reveals the world of the ordinary, conceals the marvellous. Maggie’s story brought to light for me the momentous of the ordinary.

Tá sé suimiúil go n-úsáideann Ó Searcaigh an focal ‘light’ san athfhriotal thuas. Caitheann Sewell (2002: 66) solas ar a thábhachtaí a bhí na daoine dó ina chuid filíochta agus tagraíonn sé don chaidreamh pearsanta a bhí aige leo agus d’uaisleacht a dtréithe:

Ó Searcaigh’s relationship with them [local friends and neighbours] is always personal. The poems make clear that he himself had to be consumed by, for example, the warmth and wisdom of local characters before he would allow, or redirect, the same warmth and homely wisdom to radiate out to readers. Therefore in ‘Oícheanta Geimhridh’, Ó Searcaigh illuminates his current ‘Winter Nights’ by recalling former heartening times in the company of Neddie Eoin, a local seanchaí / storyteller.

Rinneadh staidéar ar na cúig dhán leis an chur chuige céanna; éisteacht ghníomhach leis an dán ar mhaithe le pléisiúr, éisteacht leis arís agus focail agus frásaí a bhreacadh síos agus a chur le chéile le scéal an dáin a thógail, plé i mbeirteanna agus an dán a léamh os ard agus ceol sa chúla agus plé ar théamaí eile a bhain leis an dán. Cuireadh béim fosta ar an fhrása, ‘ag tnúth leis an tsolas’ i gcomhthéacs na ndánta uilig. Sa tséú léacht iarradh ar na mic léinn dán de na cúig dhán a scagadh le chéile arís agus é a aithris os comhair ranga ar an ardnán agus póidiam in úsáid acu leis an dán a thabhairt chun solais agus chun beatha. Molann Ní Mhaonaigh (2009: 82) gné na hidirghníomhaíochta i bproiséas sealbhaithe teanga. Deir sí go mbíonn daoine ag foghlaim agus iad i mbun caidrimh agus ag comhoibriú le foghlaimoirí agus le teagascóirí, chomh maith le bheith ag plé le daoine eile sa phobal teanga agus rinneadh iarracht timpeallacht dhearfach foghlama den chineál sin a chruthú sna léachtaí uilig.

Aiseolas a aimsíodh as na sonraí a bailíodh

Cuireadh ceisteanna an cheistneora agus an fhócasghrúpa le chéile le barúlacha na mac léinn a aimsiú ar fhiosrú oideolaíoch maidir le foghlaim na filíochta. Fiosraíodh barúlacha na mac léinn ar na gnéithe seo a leanas ar an cheistneoir le ceisteanna druidte agus úsáideadh an scála Likert 1–5 agus 5 ar an fhreagra is dearfaí:

- An dtuigeann tú cad is filíocht ann?
- An dtaitníonn filíocht leat?
- An bhfuil tú eolach ar fhilí Gaeilge?

Is fiú a lua anseo go dtugann an *Council for The Curriculum, Examinations and Assessment*, (CCEA) rogha ag A2 Irish maidir le staidéar litríochta. Is féidir leis na scoláirí A2 staidéar a dhéanamh ar sheánra amháin den litríocht idir drámaíocht, gearrscéalaíocht agus filíocht. Mar sin de, do chuid de na mic léinn sa ghrúpa seo, ba é seo an chéad uair a bhí deis acu staidéar a dhéanamh ar fhilíocht as Gaeilge. Maidir leis na ceistneoirí, fuarthas fiche freagra as fiche a

cúig. Bhí sé suimiúil gur scríobh gach mac léinn idir 3 agus 5 mar fhreagra ar an chéad cheist. Léirigh sé sin don taighdeoir go raibh tuiscint éigin ag na mic léinn ar cad is filíocht ann ón tús. D'fhreagair 50% acu go raibh go leor tuisceana acu uirthi agus 25% go raibh eolas iontach acu uirthi agus 25% go raibh eolas iomlán acu uirthi. Maidir leis an dara ceist, roghnaigh mac léinn amháin uimhir 5, triúr acu 4, seisear acu 3, seachtar acu 2 agus triúr acu 1. Léiríonn sé sin go raibh 50% de na mic léinn ann a léirigh nach raibh mórán dúile acu san fhilíocht. I dtaca le ceist 3, d'fhreagair beirt go raibh siad iontach eolach ar fhilí Gaeilge, duine dhéag go raibh siad eolach go leor, cúigear go raibh eolas measartha acu agus triúr nach raibh raibh eolas ar bith acu uirthi. Léiríonn na freagraí ar na ceisteanna 1–3 ar an cheistneoir go bhfuil réimse leathan mac léinn sa rang agus taithí dhifriúil ag gach duine acu ar an fhilíocht.

Iarradh ar na mic leinn a mbarúlacha a thabhairt ar na gnéithe seo a leanas ar an cheistneoir le ceisteanna oscailte:

- Cad iad na dúshláin a bhíonn agat le staidéar na filíochta?
- An bhfuil tú ábalta dán nó véarsa de dhán a aithris i nGaeilge nó i mBéarla?

Seo na freagraí a fuarthas ar an chuid seo den cheistneoir. Maidir leis na dúshláin, luadh na gnéithe seo a leanas:

- Ag cuimhneamh ar an dán
- Na teicnící filíochta
- Anailís cheart a dhéanamh
- Brí an dáin a aimsiú
- Ní bhaintear úsáid as gnnáthstruchtúr abairte
- Deacair a thuiscint
- Téarmaíocht
- Leadránach
- Doiligh na focail uilig a fhoghlaim
- Na focail a thuigbheáil
- Anailís liteartha a dhéanamh i m'aonar mar scríobh an múinteoir na freagraí dom sa mheánscoil.

Dúirt triúr de na mic léinn nach raibh taithí ar bith acu ar fhilíocht as Gaeilge agus nach raibh barúil ar bith acu le tabhairt.

Maidir leis an cheist an raibh siad ábalta dán nó véarsa de dhán a aithris, bhí freagraí suimiúla ann. Luaigh duine amháin gur chuimhin leis dánta ar nós 'Cá bhfuil mo mhála scoile?' a d'fhoghlaim sé don fheis ar scoil agus go raibh siad ar bharr a theanga aige go

fóill. Dúirt duine eile go raibh sí ábalta amhráin a rá as Gaeilge ach nach raibh sí ábalta dán a aithris. Dúirt tromlach na mac léinn, áfach, nach raibh sé ar a gcumas dán a aithris nó fiú véarsa de dhán a aithris.

Cuireadh ceisteanna oscailte ar na mic léinn agus iad san fhócasghrúpa. Tugadh deis do gach duine a b(h)arúil a thabhairt. Iarradh ar na mic léinn a mbarúlacha a thabhairt maidir leis na gnéithe seo a leanas:

- Cad é a shíl sibh den fhile ag cur teachtaireacht phearsanta chugaibh?
- Cad é a shíl sibh den teachtaireacht féin agus an méid a bhí le rá aige inti?
- Tá cúig dhán clúdaithe againn go dtí seo. Cad é a shíleann sibh de na dánta – cén ceann is ansa libh? Cad chuige?
- Cad é a shíleann sibh den chur chuige a bhí againn?
 - (i) ag éisteacht leis an dán ar mhaithe le pléisiúr,
 - (ii) ag éisteacht leis arís agus breacadh síos nótaí,
 - (iii) agus á phlé i mbeirteanna.
- Cad é mar a mhothaíonn sé an dán a léamh os ard?
- Ar fhoghlaim tú véarsa ar bith as dán ar bith de ghlanmheabhair? Cad chuige? Cad é a fuair tú as?
- An bhfuil líne nó véarsa ar bith as dán ar bith a sheasann amach?
- An fearr a thuigeann tú cad is filíocht ann anois i ndiaidh cúig dhán a dhéanamh?
- An dtuigeann tú tréithe na filíochta, uaim, meafar, rithim agus rím?
- Cad é an rud is mó a d'fhoghlaim tú faoin fhilíocht agus ón fhilíocht?
- Cad é a shíleann tú den fhilíocht mar sheánra litríochta?
- An dtig leat smaoineamh ar dhóigh ar bith eile nó ar chur chuige ar bith eile le staidéar a dhéanamh ar an fhilíocht?

Seo léargas ar na freagraí a bhí lán de shonraí saibhre a bailíodh ó na mic léinn. Bhí na mic léinn buíoch de Chathal Ó Searcaigh as an teachtaireacht phearsanta a chuir sé chucu. Dúirt cuid acu gur léirigh sé paisean agus gur spreag sé i dtreo na filíochta iad. Ba iad ‘Tiontú’ agus ‘Oícheanta Geimhridh’ an dá dhán ab fhearr leo. Bhí dúil acu sna híomhánna agus sna mothúcháin sna dánta agus thuig siad an dóigh a gcronaíonn sé Maggie Neddie Dhonnchaidh agus Neddie Eoin, go háirithe na mic léinn a chaill duine muinteartha leo agus is cosúil gur mhúscail na dánta seo mothúchán an chumha iontu agus gur bhog siad a gcroí. Dúirt siad go raibh an cur chuige difriúil leis an chur chuige a bhí acu ar scoil. B'éigean dóibh díriú isteach ar na focail agus an file á n-aithris agus bhain siad tairbhe agus taitneamh as an fhoghlaim ghníomhach seo. Mhothaigh siad gur ‘intreoir éifeachtach’ a bhí ann a dhírigh ar chéadfa na héisteachta. Mhothaigh na mic léinn neirbhíseach ag léamh an dáin os ard os comhair a bpiaraí ag an phóidiam. Dúirt siad, áfach, go raibh sé an-mhaith gur caitheadh léacht iomlán

ar ullmhúchán na ndánta le chéile agus gur thug sé deis dóibh béim a chur ar na focail agus iad a n-aithris. Mar a mhaíonn Schmidt, (2015: 96) *'because poetry is so dense, it can seem like the perfect time to slow down the pace of teaching and learning and simply appreciate the words.'* Dúirt cuid acu gur chuidigh sé leo cuimhneamh ar na focail agus gur chuir sé lena bhfoclóireacht. Dúirt duine amháin go dtiocfadh léi, 'rithim na bhfocal a chloisteáil ina ceann' agus í a léamh os ard. Ní raibh ann ach cúpla duine a d'fhoghlaim véarsa nó líne as dán ar bith. Bhí dúil acu sna línte 'agus mé ag feidhmiú mar chuile de chroí mo chine' as 'Anseo ag Stáisiún Chaiseal na gCorr', agus 'tá sé corradh le fiche bliain ó chuaigh a thine as' as 'Oicheanta Geimhridh'. Dúirt siad gur chuir na léachtaí lena dtuiscint ar an cheist, 'cad is filíocht ann?' Dúirt siad gur léirigh Cathal Ó Searcaigh gur scríobh sé faoi dhaoine agus áiteanna a raibh meas agus grá aige orthu. Bhí dúil acu san íomhá den fhíle 'ag déanamh cleamhnais idir na focail.' Mhóthaigh siad gur léirigh Cathal Ó Searcaigh a scéalta pearsanta trí mheán na filíochta agus go raibh saibhreas Gaeilge aige, rud ar chuir siad suim mhór ann. Thaitin a dheismireachtaí stíle leo. Ar ndóigh, cheangail cuid de na mic léinn an fhilíocht go fóill le 'hobair scoile' mar a dúirt duine amháin agus mhóthaigh siad go mbeadh sé doiligh go fóill an fhilíocht a léamh ar mhaithe le pléisiúr agus ní ar mhaithe le grád maith san obair chúrsa. Dúirt mac léinn amháin, a bhfuil dúil aici sna hamhráin, go raibh na scéalta san fhilíocht cosúil leis na scéalta sna hamhráin agus na téamaí céanna acu. Dúirt sí go raibh stíleanna éagsúla ceoil ann agus go dtaitníonn stíl áirithe ceoil le gach duine agus go mb'fhéidir go bhfuil stíl éigin filíochta amuigh ansin a d'fhóirfeadh do gach duine, barúil a bhí an-suimiúil mar ráiteas.

Focail scoir

Ba mhian leis an taighdeoir torthaí an taighde a thabhairt le chéile sa chonchlúid. Is follasach go n-amharcann tromlach na mac léinn ar an fhilíocht mar sheánra litríochta atá casta dúshlánach agus go bhfuil sí bainteach le hobair scoile nó hobair ollscoile seachas ábhar arbh fhéidir sult a bhaint as. Rinneadh iarracht sa taighde seo cur chuige eile a thriail a bhí gníomhach agus idirghníomhach ag dúil go spreagfadh an cur chuige seo fonn agus fiosracht sna mic léinn maidir le foghlaim na filíochta ionas go mbeadh siad 'ag tnúth leis an tsolas'. Is léir gur éirigh leis an chur chuige go pointe agus gur chuidigh an cur chuige seo le cuid de na mic léinn na lancaisí a bhain leis an fhilíocht a chaitheamh uathu agus tuiscint níos fearr a fháil uirthi. Is cinnte gur chuir cúrsaí ama agus srianta líon na bhfocal ceangal ar an taighde agus gurbh fhearr a bheadh sé dá ndéanfaí staidéar ar roinnt filí thar bhliain acadúil agus iad a chur i gcomparáid lena chéile. Is léir, áfach, go bhfuil féidearthachtaí leis an chur chuige agus go gcaithfidh an múinteoir nó an léachtóir béim a chur ar an éisteacht ghníomhach leis an fhilíocht leis an cheol agus an chantaireacht a threisiú agus go gcaithfidh na mic léinn a bheith gníomhach san fhoghlaim leis na féidearthachtaí a aithint. Má fuair na mic léinn an teachtaireacht sin as na léachtaí filíochta agus má chuidigh sé leo tuiscint níos fearr a fháil

ar an fhilíocht, b'fhiú go mór é. Ar ndóigh, éiríonn ceisteanna eile taighde as an taighde a rinneadh. Cuir i gcás, an mbeadh an scéal difriúil dá roghnófaí dánta difriúla nó file difriúil? Molann Ní Mhaonaigh, (2009: 78–9) siollabas atá dírithe ar riachtanais, ar aidhmeanna agus ar mhianta na bhfoghlaimoirí. Chuige sin, an bhfuil dóigh ar bith ann a dtiocfadh leis na mic léinn a bheith páirteach i roghnú na ndánta a ndéanfaí staidéar orthu? Ceisteanna eile a eascraíonn as ná an mbeadh an scéal difriúil agus na mic léinn ag plé leis an Bhéarla? An bhfuil difríocht ann idir an cainteoir dúchais T1 agus an foghlaimoir nó an cainteoir T2 maidir le foghlaim na filíochta? Mar sin de, níl sa taighde seo ach tús agus tá tuilleadh taighde de dhíth leis na ceisteanna thuas a fhreagairt.

Tagairtí

- Bell, J. (2010) *Doing Your Research Project: A guide for first-time researchers*. 5th ed. London: McGraw-Hill Education.
- Buckler, S., & Moore, H. (2023) *Research Methods in Education*. London: Sage Publications.
- Campbell, A., & Ground-Water Smith, S. (2010) *Connecting Inquiry and Professional Learning in Education*. Abingdon, Oxon: Routledge Publications.
- Creely, E. (2019–2020) “Poetry is dying”: Creating a (re)new(ed) pedagogical vision for teaching poetry. *The Australian journal of language and literacy*. Vol. 42(2). 116–27
- Creswell, J.W. (2012) *Educational research: Planning, conducting, and evaluating quantitative and qualitative research* (4th ed.) Boston: MA: Pearson.
- Day-Lewis, C. (1956) *Enjoying Poetry: A Reader's Guide*. Cambridge: The National Book League.
- Denscombe, M. (2014) *The good research guide. For small scale projects*. 5th ed. Berkshire: Open University Press.
- Doan, J., & Sewell, F. (2002) *On the Side of Light. The Poetry of Cathal Ó Searcaigh*. Galway: Arlen House.

- Eliot, T.S. *The Use of Poetry, and The Use of Criticism*. London: Faber & Faber.
- Heaney, S. (1989) 'Learning from Eliot'. *Agenda, Seamus Heaney, Fiftieth Birthday Issue*. London: Agenda & Editions Charitable Trust.
- Kara, H. (2015) *Creative research methods in the social sciences: A practical guide*. 1st ed. London: Policy Press.
- Krueger, R.A. (1994) *Focus groups. A Practical Guide for applied research*. London: Sage Publications.
- Murdock, K. (2015) *The Power of Inquiry: teaching and learning with curiosity, creativity, and purpose in the contemporary classroom*. Sea Star Education.
- O'Brien, F. (1969) *Duanaire Nuafhíochta*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar.
- Ó Doibhin, B. (1973) *Litríocht agus Léitheoireacht*. Corcaigh: Cló Mercier.
- Ó Searcaigh, C. (1993) *An Bealach 'na Bhaile*. Indreabhán: Cló Iar-Chonnacht.
- Ó Searcaigh, C. (2010) *An tAm Marfach ina Mairimid*. Dublin: Arlen House.
- Ó Searcaigh, C. (2015) *An Fear Glas: The Green Man*. Dublin: Arlen House.
- Ó Searcaigh, C. (2018) *Teanga na gCorr*. Dublin: Arlen House.
- Ó Searcaigh, C. (2023) *Errigal Sacred Mountain*. Belfast: The Irish Pages Press.
- Paterson, D., (2018) *The Poem*. London: Faber & Faber.
- Schmidt, P.S. (2015) 'Reading Aloud: Poetry at Its Finest.' *English Journal*. High school edition; Urbana Vol.104, Iss. 4 (March). 96–7.
- Taber, K. (2013) *Classroom-based research and evidence-based practice: An introduction*. 1st edn. London: Sage Publications Limited.
- Williams J.W. & Ní Mhuiríosa M., (1979) *Traidisiún Liteartha na nGael*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta.

Suíomhanna Idirlín

Ní Riain, I. (2014) 'Máirtín Ó Direáin agus Múineadh na Filíochta san Ollscoil.' <https://www.academia.edu>

Nica, M. (2011) 'Teaching Poetry to Undergraduate Students.' <https://www.researchgate.net>.

Sinner, S., Prochazka, F., Paus-Hasebrink, I Austria & Farrugia, L. (2022) *What are some good approaches to conducting Focus Groups with children.* <http://www.lse.ac.uk/media-and-communications/assets/documents/research/eu-kids->

Cáipéisí

GCE Specification in Irish (2016). Council for The Examinations and Assessment, Clarendon Dock, Belfast.

Aguisín 1

A chara,

Is léachtóir sinsearach i gColáiste Ollscoile Naomh Muire, Béal Feirste mé. Mar atá a fhios agat, is é ceann de mo chuid dualgas ná teanga na Gaeilge a theagasc do mhic léinn na Gaeilge. Tá rún agam tionscadal beag a dhéanamh ar straitéisí éagsúla leis an fhilíocht a theagasc agus bhur mbarúlacha a fháil amach den straitéis chéanna. Beidh Cathal Ó Searcaigh faoi chaibidil sna leachtaí filíochta.

Tosóidh an tionscadal seo i Mí na Samhna 2023 le ceistneoir i measc mhic léinn uile na Gaeilge BOid 1 agus SA1. Déanfar an taighde uilig trí mheán na Gaeilge.

Is é an dara modh a mbainfear úsáid as ná ceithre fhócasghrúpa leathstruchtúrtha de sheisear mac léinn. Tarlóidh na hagallaimh leis na fócasghrúpaí i ndiaidh na léachtaí filíochta.

Tabharfar le fios duit féin agus do na mic léinn eile nach mbeifear in ann sibh a aithint sa taighde agus go dtig leatsa agus leis an chuid eile tarraingt amach as an tionscadal in aon am. Inseofar duit agus do na mic léinn eile fosta gur cinnte go bhfoilseofar an taighde i nGaeilge. Ní imreoidh do pháirteachas ná do neamhpháirteachas tionchar ar bith ar an ghrád a gheobhas tú sa chuid seo den mhodúl.

Tá súil agam go dtig leat insint dom go luath:

cé acu atá nó nach bhfuil tú sásta bheith páirteach sa cheistneoir agus san fhócasghrúpa.

Lean an chomhairle anseo thíos agus cuir do fhreagra ar ais chuig an seoladh rphoist faoi m'ainm.

Is mise le meas, Padaí de Bléine,

23/11/23

St Mary's University College

Belfast.

p.blaney@smucb.ac.uk

Folínigh do fhreagra:

Is mian liom bheith páirteach sa taighde.

Ní mian liom bheith páirteach sa taighde.

AINM: _____

Síniú: _____

Data: _____

Aguisín 2

Ceistneoir – Filíocht B1

Dearcadh na mac léinn ar an fhilíocht sula gcuireann siad tús leis an staidéar uirthi.

1. An dtuigeann tú cad is filíocht ann?
5-go hiomlán, 4-iontach, 3-go leor, 2-go measartha, 1 ní thuigim
2. An dtaitníonn an fhilíocht leat?
5-go hiomlán, 4-go hiontach, 3-go maith, 2-go measartha, 1 ní thaitníonn
3. An bhfuil tú eolach ar fhilí Gaeilge?
5-iomlán, 4-iontach, 3-go leor, 2-go measartha, 1 níl mé

4. Cad iad na dúshláin a bhíonn agat le staidéar filíochta?

5. An bhfuil tú ábalta dán nó véarsa de dhán a aithris i nGaeilge nó i mBéarla?

Aguisín 3

Fócasghrupa

Cad é a shíl sibh den fhile ag cur teachtaireacht phearsanta chugaibh?

Cad é a shíl sibh den teachtaireacht féin agus an méid a bhí le rá aige inti?

Tá cúig dhán clúdaithe againn go dtí seo. Cad é a shíleann sibh de na dánta – cén ceann is ansa libh? Cad chuige?

Cad é a shíleann sibh den chur chuige a bhí againn?

- (vi) ag éisteacht leis agus ag scríobh nótaí beaga,
- (vii) ag éisteacht leis arís agus ag cur leis,
- (viii) agus á phlé i mbeirteanna.

Cad é mar a mhothaíonn sé an dán a léamh os ard?

Ar fhoghlaim tú véarsa ar bith as dán ar bith de ghlanmheabhair? Cad é a fuair tú as?

An fearr a thuigeann tú cad is filíocht ann anois?

Cad é an rud is mó a d'fhoghlaim tú faoin fhilíocht agus ón fhilíocht?

Cad é a shíleann tú den fhilíocht mar sheánra litríochta?

Ar chuidigh na haistriúcháin Bhéarla leat agus tú ag déanamh staidéir ar an fhilíocht?

An dtig leat smaoineamh ar dhóigh ar bith eile nó ar chur chuige ar bith eile le staidéar a dhéanamh ar an fhilíocht?

Aguisín 4

Agallamh le Cathal Ó Searcaigh – 01-11-23

Cad é mar atá saol an fhile Gaeilge sa lá atá inniu ann?

Go fóill, táimid imeallach mar scríbhneoirí Gaeilge, táimid ar an imeall mar a dúirt Nuala Ní Dhomhnaill blianta ó shin, ‘we are the exotica on the margins of English language literature in Ireland.’ Sin fíor go fóill. Cé go bhfuil rudaí i bhfad níos fearr agus go mbímid rannpháirteach lenár mbráithre i mBéarla, ach ag an am céanna, is beag eolas atá ag aosdána an Bhéarla ar litríocht na Gaeilge. Tá sin fosta i nduanairí a thig amach, duanairí ar litríocht na hÉireann atá iontu, ach is beag áit atá tugtha d’fhilíocht na Gaeilge ins na duanairí sin. Tá sé rud beag níos fearr anois. Tháinig an ceann sin, *The Penguin Book of Irish Verse* amach. Rinne Patrick Crotty eagarthóireacht, agus tá Gaeilge ag Patrick agus thug sé a sciar féin d’fhilíocht na Gaeilge ansin. Cuireann sé isteach orm go bhfuil an-chuid filí ansin agus scríbhneoirí agus chan fhaigheann siad aitheantas ar bith, tá siad ar dóigh ach go díreach nach bhfuil siad mar chuid den phoiblíocht sin. Rud eile fosta, ní maith liom an stocaireacht a bhíonn á déanamh ag cuid de na filí fosta le hiad féin a chur chun tosaigh, an mhargaíocht sin ar fad, an phoiblíocht. Ní maith liom an stocaireacht sin ar fad. Ag an am céanna, caithfidh daoine a bheith beo agus tá an t-ádh ormsa gur ball den aosdána atá ionam. Níl ach roinnt bheag againn. Má tá ochtar ann sin a bhfuil. Tá mise, tá Gabrielle ann, Paddy Bushe. Is aistriitheoir iontach maith é Paddy. Tá ciall iontach aige don dá theanga. Is file iontach maith atá ann i mBéarla mar go bhfuil saothar mór déanta aige sa teanga sin ach fosta i nGaeilge. Tuigeann Paddy an dá ‘register’ agus tá sin iontach tábhachtach mar ní hionann ‘register’ an Bhéarla agus ‘register’ na Gaeilge. Tá sé in ann an trasnú sin a dhéanamh thar an duibheagán agus cuireann sé iontas orm in amanna an dóigh go dtig leis an casadh agus an cor úr sin a chur i mBéarla in abairtí atá agam féin i nGaeilge.

Cén fáth nach ndéanann tú féin aistriúchán ar do chuid filíochta?

Ceann de na fáthanna nach ndéanaim féin aistriúchán, amanna déanaim aistriúchán, ach is annamh a dhéanaim iad, ach ceann de na fáthanna nach ndéanaim ná go sílim go mbeinn ag smaointiú ar an aistriúchán agus mé i mbun an leagan Gaeilge. Dá dtiocfainn aníos le rud éigin ins an bhunleagan nach mbeinn in ann a mhacasamhail a aimsiú i mBéarla chuirfeadh sin isteach orm. B’fhéidir go bhfágfainn an dán ar lár nó rud inteacht. Dírím isteach go díreach ar na dánta i nGaeilge. Tá Gabrielle Rosenstock thar barr fosta, cara mór de mo chuid leis na cianta agus tá an dá theanga ar a thoil ag Gabrielle. Ach fear eile atá fiormhaith, tá an-mheas

agam air mar aistritheoir agus mar scoláire, sin Frankie Sewell. Tá sé ina léachtóir Béarla i gCúl Raithin. Tá Frankie fíormhaith. Cuid de na rudaí atá aistithe ag Frankie de mo chuidse, chuirfeadh siad iontas ort. Éiríonn leis rud éigin a dhéanamh i mBéarla atá spéisiúil domsa.

Mar a bheadh bunleagan ann?

Siúráilte. Amhail is nach aistriúchán é ach dán úr atá ann a d'éascair amach as dúchas an Bhéarla. File maith atá ann féin fosta. D'fhoiligh sé cnuasach filíochta. Bhí sé ag obair ar leabhar mór le blianta anuas faoi stair an leabhair, leabharthaí i nGaeilge, achan rud a foilsíodh i nGaeilge ó thus ama.

Mar léachtóir sa Choláiste bímse ag teagasc filíochta, agus tá mé ag iarraidh dul i mbun na filíochta go mbainfidh na mic léinn sult aisti ar ndóigh. An féidir filíocht a theagasc nó an gcothaíonn tú grá don fhilíocht?

Is cinnte gur féidir filíocht a theagasc ach déarfainnse gurb é an bunrud, domsa mé féin dá mbeinn ag múineadh filíochta gurb é an bunrud ná éisteacht leis an dán agus an dán a thabhairt chun solais trí é a rá amach ansin cluineann tú an dóigh a n-oibríonn an dán, na fuaimeanna agus mar sin de, mo shaothar féin, tá an chantaireacht tábhachtach agus tá sé tabhachtach go léifidh an múinteoir an dán ach fosta go léifidh na mic léinn an dán os ard más féidir. Is cuimhneamh liom agus mé ar an cheardscoil i nGort a'Choirce, tá cur síos fada agam ar mo chuid oideachais ar an cheardscoil i nGort an Choirce, mar bhí múinteoir iontach ansin agam, ach níor thaitin an bhunscoil liom ar chor ar bith. An bhrúidiúlacht a bhain leis an chineál sin oideachais, bhí fuath agam air agus char fhreastail mé rómhinic ar an bhunscoil, d'fhan mé sa bhaile. Bhí leabharthaí againn sa bhaile. Bhí orm dul áit inteacht leis an bhliain dheireanach a chomhlíonadh agus chuaigh mé go dtí an cheardscoil i nGort a'Choirce agus d'athraigh sin mo shaol ar fad. Is cuimhin liom gur tháinig an múinteoir óg seo isteach ins an rang an chéad lá a bhí mé ansin agus múinteoir an Bhéarla a bhí ann. Tomás Breatnach, Tom Walsh. Léigh sé an dán agus an dán a bhí ann ná, *The Road Not Taken*, le Robert Frost. Léigh sé an dán seo amach os ard agus ansin chuir sé an cheist nár cuireadh riamh ormsa ar an bhunscoil, dúirt sé leis an rang, 'What do you think of that poem?' Bhí mo lámhsa thuas mar a bheadh urchar ann mar níor cuireadh an cheist sin orm riamh agus níor tugadh deis dom riamh roimhe agus mé trí bliana déag d'aois. Bhí leabhair léite agam faoin am sin mar bhí gnás ag m'athair leabharthaí a thabhairt ar ais as Albain i gcónaí agus bhí leabharthaí i gcónaí ins an teach rud a bhí neamhannamh mar an chuid is mó de na tithe ní bheadh leabharthaí ar bith ann ach bhí leabharthaí i gcónaí ag Micí m'athair. Bhí spéis aige san fhilíocht go háirithe Robbie Burns agus leabharthaí Patrick McGill. Nuair a thosaigh mise a chur spéise i leabharthaí rachadh sé go dtí na beáir ar a bhealach ar ais arís líonfadh se cúpla sac le leabharthaí mar bhí siad ar fáil ar saorchonradh agus bhí na leabharthaí sin leis. Bhí achan chineál leabharthaí á léamh agamsa chomh luath agus a bhí mé ábalta léamh.

Ins an bhaile míorúlteach sin bhí na ‘beat poets’ leis, Allen Ginsberg agus Corso iad sin de thaisme, ní hé gur phioc sé iad d’aon ghnó. Rachadh sé thart agus phiocfadh sé leabharthaí. Bhí sé ábalta iad a fháil iontach saor agus thug sé leabharthaí iontacha ar ais. Mar sin de, bhí rudaí léite agam nach mbeadh léite ag mo mhacasamhail eile ar an scoil agus spéis agam ins an rud fosta. Spreag Tom an spéis sin. B’shin an chéad rud a chuaigh i bhfeidhm go mór orm. ‘What do you think of that poem?’ Chuir sé muid uilig ag caint faoin dán sna ranganna. Ní eisean a bhí thuas ansin ag insint dúinn, ‘this is what it means’. Lig sé do na mic léinn a dtuairimí féin, agus bhí daoine dár ndóigh, páistí beaga soineanta, daoine iontach faiteach eagla orthu labhairt, ach bhí sé de bhua agus d’éirim ag Tom gur éirigh leis caint a bhaint amach as na daoine seo. Rinne sé an rud iontach spéisiúil ar an dóigh sin. Chomh maith leis sin, rud eile ba ghnách leis a dhéanamh ná muid ar fad a chur a léamh an dáin mar chóir, ag fáil daoine leis an dán a léamh i bpáirteanna éagsúla. Bhíodh línte áirithe ag an dream seo agus línte áirithe ag dream eile. Bhí sé ábalta iad seo a nascadh le chéile. Bhrisfeadh sé suas an dán, b’fhéidir go mbeadh muid ag cur béime ar fhocal amháin nó ar fhrása amháin. Bhí sé ag cruthú na cantaireachta seo. Thuig Tom go raibh mantra tábhachtach ins an fhilíocht, an t-athrá sin. Is cuimhneamh liom ina dhiaidh sin nuair a thosaigh mé féin ag amharc ar an dóigh a n-oibríonn dán, go háirithe dánta na Gaeilge, an rud ba mhó a chuaigh i bhfeidhm orm agus a dtugaim aire dó i gcónaí, ná na ‘vowels’, na gutaí an a,e,i,o,u sin, agus an dóigh go n-úsáidtear iad sin i bpatrúin fuaimne an dáin. Braithim gurb é sin an rud a bheathaíonn an dán, an dóigh a n-úsáideann file na gutaí sin. Tá sé sin léirithe go hiontach ins na hamhráin. Má amharcann tú ar cheann de na hamhráin is mó a thaitníonn liom, *Tá mé i mo shuí*.

Tá mé ‘mo shuí ó d’éirigh an ghealach aréir
 Ag cur teineadh síos gan scíth ‘s á fadú go géar
 Tá bunadh a’ tí ‘na luí ‘s tá mise liom féin
 Tá na coiligh ag glaoch ‘s tá ‘n saol ina gcodladh ach mé

Sheacht mh’anam déag do bhéal, do mhaláí ‘s do ghrua
 Do shuíl ghorm ghlé gheal fá’r thréig mé aiteas is suaic
 Le cumhaidh i do dhiaidh ní léir dom an bealach a shiúl
 Is a charaid mo chléibh tá na sléibhte ag gabháil idir mé ‘s tú

Deireann lucht léinn gur cloíte an galar an grá
 Char admhaigh mé é nó go raibh sé ‘ndiaidh mo chroí ‘stigh a chrá
 Aicíd ró-ghéar, faraor nár sheachnaigh mé í
 Chuir sí arraing ‘s céad go géar fríd cheartlár mo chroí

Casadh bean sí domh thíos ag Lios Bhéal an Áth
 ‘S d’fhiafraigh mé díthe an scaoilfeadh glais ar bith grá
 ‘Sé dúirt sí os íseal i mbriathra soineanta sámh
 Nuair a théann sé fán chroí cha scaoiltear as é go brách.

An patrún fuaime ins an dán sin, braithim go bhfuil sé iontach ar fad. Na ‘ianna’ sin, tá mé i mo shuí, na gutaí sin ar fad. An dóigh a n-idirdhealaíonn siad an fhilíocht ón phrós. An dóigh go bhfuil mairseáil déanta ar na gutaí. Deirim i mBéarla, ‘a successful poem in Irish is a successful vowel movement.’ I mo chuid dántaí, cuirim an-bhéim ar ghluaiseacht na ngutaí. Samhlaím gurb iad na gutaí anam an dáin agus gurb iad na consain, gurb iad sin corp an dáin. Is é an t-idirphlé sin idir an dá ghné sin a chruthaíonn domsa ceol agus cantaireacht an dáin. Is dóigh liom go bhfuil an ceol tábhachtach, nach sin traidisiún na filíochta i nGaeilge, an chuid is fearr de? Tá an ceol sin ann.

An scríobhann tú filíocht duit féin nó do dhaoine eile?

Dom féin ar dtús, mar is as rud inteacht atá ag déanamh buartha dom nó rud éigin a bhfuil spéis agam ann. Tá sé pearsanta sa dóigh sin. Is filíocht liriciúil a scríobhaim den chuid is mó. An líric go bunúsach, rud pearsanta atá ann. Má thaitníonn sé liom féin súil agam go dtaitneoidh sé le daoine eile. Ach, fosta, le blianta anuas, is dóiche go bhfuil mé ag déanamh ráitisí poiblí ins na dántaí sin fosta nó go bhfuil an dán ag rá ann – an ráiteas poiblí agus an ráiteas príobháideach. Cuir i gcás an dán cosúil le *Caoineadh*, tá an ráiteas príobháideach ann mar tharla sé sin. Chuaigh mé le mo mháthair agus mé i mo pháiste suas na Béithí ar lorg Mollie an peata caorach a bhí againn ag an am sin agus fuair muid Mollie thuas ar an tsiabh agus na préacháin dhubha ag ithe na súl amach aisti. Bogann sé ansin ón trágóid phearsanta sin, léimeann sé go cás agus meath na teanga agus bás na teanga. Is maith liom nuair a eascraíonn an ráiteas poiblí amach as an ráiteas pearsanta. Cuir i gcás dántaí cosúil le *Caoineadh Airt Uí Laoghaire*. Ráiteas príobháideach caoineadh agus crá ag Eibhlín Dhubh Ní Chonaill atá ann ach ag an am céanna ins an dán sin tá crá agus pianpháis na hÉireann fosta ann. Oibríonn an caoineadh ar an dá leibhéal sin. Bíonn caoineadh éifeachtach nuair a éiríonn leis a bheith níos mó ná an rud pearsanta.

Tá a fhios agat go bhfuil eagla ar dhaoine roimh an fhilíocht, na mic léinn.

Cad é mar a thig leat sin a laghdú nó a mhaolú ar dhóigh?

Is dóigh liom go mbíonn eagla orthu roimpi mar nach bhfuil siad páirteach in ‘experience’ an dáin. Sin an fáth go bhfuil sé tábhachtach go mbeadh na mic léinn iad féin páirteach go ndéanfadh siad siad ins an rang mionscrúdú ar an dán agus an dóigh is fearr le sin a dhéanamh ná an dán a léamh go poiblí.

Úinéireacht a ghlacadh ar an dán?

Sin é. Bíonn eagla ar dhaoine mar an meafar agus an simile, an dóigh go leathnaíonn sé ciall. Bíonn eagla ar dhaoine mar ní thuigeann siad. Go minic briseann an meafar an réasún. Táimid go mór faoi bhrú agus faoi cheangal ag an réasún. Iarracht atá ann sa mheafar ar bhealach, tá tú ag déanamh ceangal idir dhá rud nach bhfuil ceangal ar bith eatarthu. Tá tú ag tabhairt rudaí le chéile agus ag cruthú fírinne úr. Is dócha nach dtuigeann daoine sin ná go mbíonn eagla orthu roimh an chineál sin léim samhlaíochta. Páistí beaga, sílim, tá siad iontach maith, go bhfuil tuigbheáil acu air sin mar nach bhfuil eagla orthu roimh léim na samhlaíochta mar sin an saol ina mbeathaíonn siad féin. Tá iontas orthu roimh achan rud agus creideamh acu, ar bhealach, in achan rud cé nach gcreideann siad i rud ar bith.

An bhfuil soineantacht ag baint leis?

Tá soineantacht ag baint leis fosta. Is dócha go gcaithfidh tú soineantacht áirithe a bheith ionat le hamharc ar rudaí go húrnu. Tá réamhchlaonadh á chur ar ceal ionas go bhfeiceann tú an saol trí shúile úra mar thar rud ar bith ins an fhilíocht, tá sé tábhachtach go dtugann an fhilíocht, go bhfuil ‘lateral thinking’ ins an fhilíocht tábhachtach. Tógtar muid le bheith cineál céillí agus críonna agus réasúnta agus níl an fhilíocht mar sin. Tá dearcadh réabhlóideach ins an fhilíocht. Braithim de réir mar a éiríonn daoine níos sine go seargann an tsamhlaíocht iontu go minic agus go mbíonn sé fosta níos deacra acu teagmháil leis an fhilíocht.

Bhí mé ag léamh filíochta de chuid Ciarán Carson ar na mallaibh, agus bhí seisean ag scríobh faoi Bhéal Feirste agus faoi na Trioblóidí, tusa ag scríobh faoin Earagail. Braitheann sé ar do thimpeallacht ar ndóigh an rud a scríobhann tú faoi.

‘Sense of place’, ar ndóigh.

Ar scríobh tú rud ar bith faoi na Trioblóidí?

Scríobh. *Miontrágoide na Cathrach* ach ní thig cóip de a fháil anois. Ansin, b’fhéidir cúpla bliain ó shin rinne muid eagrán úr de *Mhiontrágoide Cathrach*, ach é leasaithe mar bhí na bunleaganacha agam. Cuireadh *Miontrágoide Cathrach* amach 1975 agus rinneadh é a phriontáil go háitiúil. Bhí ‘printing press’ i nGaoth Dobhair, fear as an tuaisceart agus cara de mo chuid ar a dtugtar, Seán Ó Corráin. Bhí sé ag obair le Raidió na Gaeltachta i nGaoth Dobhair níos moille ach bhí muid ar scoil le chéile. Bhí sé ag freastal ar an ollscoil i nGaillimh i 1975 agus chinn sé sin go gcuirfeadh sé an leabhar amach go pearsanta é féin. Sin an rud a tharla, ach bhí an leabhar cineál caite le chéile agus shíl mé gur chóir leagan úr a chur amach agus b’fhéidir dánta eile nach raibh ins an chéad chnuasach agus cuid de na dánta sin baineann siad leis an tuaisceart mar bhí muid i lár na dtrioblóidí. Mar sin de, baineann siad leis an tuaisceart. Ach tá go leor scríofa agam faoi chúrsaí cogáíochta ó shin, an cogadh in Iaráic.

Mar sin de, scríobhann tú faoin Earagail ach thig leat teacht amach as agus scríobh faoi rudaí eile?

Cinnte. Ní féidir leat a bheith beo ins an am atá muid ann, in am ar bith, gan do shúile a bheith agat ar imeachtaí an tsaol fosta, ní maith liom filíocht cineál go bhfuil tú díonaithe isteach ionat féin go huile is go hiomlán, ‘hermitic poetry’. Níl an oiread sin spéise agam sa chineál sin.

Is ball den chine daonna thú, tá tú a rá.

Dar ndóigh, tá mo chomharsana i Mí an Leá, ach tá siad fosta in Gaza, agus tá siad in Kiev agus tá siad in áit ar bith ina bhfuil daorsmacht. Tig dán isteach i mo cheann, *Cárta Poist chuig Iosaef in Iaráic*. Déanaim plé ar an ábhar sin ar fad. Nuair a bhím ag féachaint ar an teilifís nó ag léamh scéalta nuachta i láthair na huaire faoi na rudaí uafásacha atá ag tarlú, spreagann sin mé fosta le teanga a thabhairt don tost.

Agus an dtagann abairt le chéile nó focail, cad é mar a tharlaíonn sé?

Focail den chuid is mó. Focal inteacht, tá Gaza iontach, fiú an focal é féin. Tá brí agus beocht san fhocal féin. Scríobh mé sraith dánta. Sin rud eile a dhéanaim anois. Scríobhaim cineál sraith dánta ar an ábhar amháin a thugann léargas ó aird éagsúla ar an ábhar. De ghnáth, tosaíonn dánta domsa le focal a gcuirim spéis ann. Cuireann an focal tochas i mo shamhlaíocht. Tá an focal áirithe sin mar a bheadh maighnéad ann agus tarraingíonn sé focal eile chuige agus tá an chéad abairt ann. An rud is deacra ar fad dom féin i ndán ná an líne dheireanach. Cá háit a bhfuil an dán ag dul?, go bhfuil deireadh leis ach nár chineál ‘summation’ nó achoimre é an deireadh ar an dán ar fad ach gur líne atá ann a thugann cead don dán dul ar eiteogaí, agus a dhul amach ansin, is maith liom an cineál sin dain. Cuir i gcás, *Cor Úr*, an líne dheireanach ansin, ‘deonaigh cor úr a chur i mo dhán’. Dar ndóigh, tá cialla éagsúla leis sin, nach bhfuil?, dán mar chinniúint agus dán mar dhán na bríonna agus na cialla éagsúla. I ndán fosta, cuirtear gnáthfhoclaí faoi bhrú agus pléacsann siad. Tá ‘subtext’ an foleibhéal sin atá i bhfoclaí agus nuair a chuirtear iad i gcomhthéacs áirithe, téann siad in aois agus cailleann siad a mbrí agus caithfidh tú ‘vitality injection’ a thabhairt dóibh. Fosta, tá an oiread sin cleachta againne ar a bheith ag úsáid clichéanna inár gcuid cainte, nach bhfuil?, sean-nathanna a bhfuil an tsú agus an súlach bainte astu. Sílim gurb é sin cuid de thábhacht na filíochta fosta, go ndéantar athnuachan ar shean-nathanna. Tháinig sin chugam féin blianta fada ó shin nuair a bhí mé ag léamh filí cosúil leis na ‘beats’ ach go háirithe filí Béarla Liverpool, daoine cosúil le Roger Mc Gough go háirithe. Bhí cáil air ins sna seachtóidí, tá sé beo go fóill, ach bhí dánta beaga atá cliste aige nuair a chuir sé béim ar an teanga cosúil leis seo, is cuimhneamh liom an tsraith dánta seo a bhí aige ar a dtugtar *Summer with Monica* ina gcuireann sé síos ar a bheith lena ghirseach i seomra beag cúng i Liverpool agus tá sé iontach ‘claustrophobia’ leis an tsaol ar fad ina maireann sé féin agus an ghirseach s’aige. Tosaíonn sé an dán, ‘some days we thought about the seaside, and built sandcastles in the blankets and paddled amid the pillows’, ach

ansin tá an líne seo ann, ‘other days we went for long walks around the table.’ Wow, sin é, sin go díreach an rud a raibh muid ag caint air ar ball faoi, an leathnú agus an síneadh a dhéanann an fhilíocht. ‘Other days we went for long walks around the table’, má tá tú in ann ‘long walks’ a dhéanamh thart ar an tábla, tá tú foscailte agus tá iontas agus draíocht ag baint le hachan rud. Mar tá tú ag feiceáil rudaí ar bhealach úr agus ar leibhéal úr. Sa leabhar céanna tá an dán beag seo aige, ina ndeir sé, baineann sé úsáid as cliché ach cuireann sé brí ur ins an cliché, ‘your finger sadly has a familiar ring about it.’ An dóigh a nglacann sé an nath sin, ‘that’s got a familiar ring about it.’ Is maith liom nuair a tharlaíonn sé sin agus glacaim leis an rud a dúirt Auden, ‘poetry is an exploration of the possibilities of language’, ag cur na teanga faoi bhrú, ag leathnú féidearthachtaí na teanga. Agus le filíocht a scríobh is dóigh liom go gcaithfidh do mhéar a bheith agat ar chuislí na teanga, go gcaithfidh tú éisteacht leis an dóigh a bhfeidhmíonn agus a n-oibríonn an teanga, mar tá cuisle ins an teanga fosta, agus caithfidh tú a bheith ag éisteacht le bualadh croí na bhfocal fosta leis an phreabaireacht sin.

Cad é an rud a spreagann do chuisle filíochta ionat féin?

Cuireann an teanga faoi dhraíocht muid agus nuair a thugann tú go míoriúlach, cibé dóigh a dtarlaíonn sé, níl a fhios agam. Ní cheistím mé féin rómhór faoi sin ach an dóigh a ndéanann tú cleamhnas idir foclaí áirithe, go gcrutaítear patrún fuaimne atá iontach. ‘Tá mé i mo shuí ó d’éirigh an ghealach aréir.’ Tá sin, shílfeá simplí, ach tá draíocht ag baint leis fosta, agus baineann sin leis an dóigh go bhfuil na fuaimneanna sin curtha i gceann a chéile. Tá sé tábhachtach ag file ar bith atá ag toiseacht amach a bheith eolach ar an dóigh a n-oibríonn an teanga. Tá filíocht ar dóigh á scríobh i nGaeilge ach fosta, tá go leor nach bhfuil agus sa phrós fosta. Ní mhothaímse go bhfuil dúchas na teanga ins sna scríbhneoirí, agus b’fhéidir go bhfuil sé níos deacra ins an tsaol ina mairimid fosta. Tógadh mise leis an teanga. Ní hionann, ar ndóigh, filíocht a chumadh agus an teanga a bheith agat go huile is go hiomlán. Tá a fhios agam daoine a bhfuil an teanga acu go huile is go hiomlán ach nach féidir filíocht a scríobh.

Cad é an dán is fearr leat? Nó an é an dán deireanach an ceann is fearr leat?

An ceann nár scríobh mé go fóill, sin an ceann. Mar a dúirt Kavanagh, ‘the masterpieces that we will begin tomorrow’. Sin an ceann is mó a thaitníonn liom mar nuair a bhíonn ceann déanta agat chionn tú cineál na laigí a bhaineann leis, bíonn an aisling sin agat don dán iontach seo.

Tá dúil agam féin in Van Morrison agus tá seisean mar an gcéanna. Cé go bhfuil rudaí iontacha scríofa aige sna seascaidí agus sna seachtóidí bíonn sé ag amharc chun tosaigh.

Tá sin tábhachtach fosta, nach mbeifeá suite go huile is go hiomlán ins an rud atá déanta agat. Tá ort bealaí úra a thriail fosta. I láthair na huair, tá mé ag cur níos mó suime sna dánta a scríobh na díthreabhaigh, sa tséú, tseachtú agus san ochtú haois, ‘Early Irish Lyrics’, mar

a thugtar orthu. Is breá liom iad sin. Tá leabhar á bheartú agam i láthair na huaire, ‘Leabhar na gCeall’ a thugtar air. Agus baineann sé le manaigh as an tréimhse sin, ach manaigh atá aerach, mar go raibh siad ann dár ndóigh. Tá mé ag tabhairt gutha dóibh sin i ‘Leabhar na gCeall’, agus ag tarraingt ar theicnic na filíochta na tréimhse sin. Rud eile fosta go bhfuil spéis agam ann ach níl sé déanta go fóill ag duine ar bith – teicnic. Tá an-spéis agam in ‘teicnic’, an cheardaíocht atá ins an dán, agus go mbeadh sé sin le feiceáil fosta. Níor tarraingíodh ariamh i Nua-fhilíocht na Gaeilge ar Fhilíocht na mBard. Is teicnic ar fad atá i bhFilíocht na mBard; cuntas na siollaí sin agus an mheadarach. Teicnic ar fad a bhí ann. Agus d’fhoghlaim siad sin ar feadh na seacht mbliana a d’fheastail siad ar scoltacha na filíochta. Agus go leor de, níl ann ach teicnic. Dá mbeifeá in ann rud éigin a dhéanamh le teicnic na mbard agus é a chur in oiriúint dár n-am féin agus d’ábhar nua-aoiseach, sin an rud a bhfuil an-spéis agam ann i láthair na huaire.

An dtaitníonn sé leat go mbíonn daoine ag déanamh staidéir ar do chuid filíochta?

Taitníonn, is minic a léim rudaí agus a deirim, tá sin spéisíúil. Go háirithe duine a dhíríonn isteach ar na dánta agus a fheiceann rud éigin iontu nach bhfaca mé féin nó nach raibh a fhios agam. Tá go leor scríofa ag Frankie Sewell mar gheall ar mo shaothar, agus arís tá Frankie géarchúiseach ins an dóigh sin. Chuir sé amach dochtúireacht s’aige, an leabhar bhí ann, *The New Alhambra*, ina ndéanann sé scagadh ar Ó Ríordáin, Ó Direáin, orm féin agus ar Nuala, an ceathrar againn. Scríobh sé aiste mhór fhada orainn uilig agus bhí sin iontach spéisíúil. Dhírigh sé isteach ar rudaí nach bhfaca mé féin ins an fhilíocht. Sin an fáth a bhfuil Heaney ina léirmheasóir chomh maith sin. File ar dóigh, ach bhí sé ina léirmheastóir ar dóigh fosta, an dóigh a níonn sé scagadh ar shaothar fhile éigin, go dtugann sé saothar an fhile sin chun solais. Bíonn go leor den léirmheastóireacht chomh cnapánach sin agus chomh hamscaí. Ach Heaney ag scríobh faoi dhán, an teanga a úsáideann sé, tá sí chomh beo sin agus chomh spéisíúil sin, an dóigh a gcuireann sé focal le chéile. Baineann sé preab asam i gcónaí agus baineann na tuiscintí agus an mheabhraíocht atá déanta aige ar an dán preab asam.

Ar casadh ort é riamh?

Ó, go minic. Bhí mé iontach mór leis. Duine chomh dámhúil sin a bhí ann agus duine galánta. Chuidigh sé leis an oiread sin daoine. Chuir sé brú agus tuirse an domhain air féin mar nach raibh sé ábalta diúltú. Bhí sé chomh fial flaithiúil sin agus bhí brú air i gcónaí ag déanamh rudaí. Tuigeadh dó go raibh oibleagáid agus freagracht air ar son na filíochta. Is dóigh liom go raibh ualach air – ualach poiblí.

An bhfuil ualach ortsa?

Níl. Is maith liom a bheith ag léamh do chairde ceart go leor ach ní maith liom a bheith ag déanamh rudaí poiblí. Rinne mé an-chuid de sin. Is cineál sorcais atá ann fosta. 'Performance' atá ann. Léann tú. Agus tá an 'performance' chomh tábhachtach leis an rud atá tú a rá. D'éirigh mé tuirseach de sin.

Nach síleann tú gur tusa an file Gaeilge is aitheanta faoi láthair?

Níl a fhios agam, b'fhéidir gur mé.

Aguisín 5

Taifeadta ar 01-11-23

Cathal Ó Searcaigh ag labhairt go díreach leis na mic léinn

Tá mise i mo chónaí i Mí n' Léa agus tá Padaí ag déanamh taifeadta de seo ar lá beag giobach fuar agus doineanta inniu. Ach táimid istigh anseo i mo theach agus tá rud beag solais le bheith ag caint ar an fhilíocht agus sin b'fhéidir ceann de bhuanna móra na filíochta domsa. Agus mé ina bun go mbím ag tnúth leis an tsolas. Braithim go bhfuil an solas iontach tábhachtach i mo shaothar féin. Dá ndéanfá staidéar air thar na cnuasaigh éagsúla atá scríofa agam, chíféá sin. Níl a dhath níos iontaí, nó níos éifeachtaí nó níos sásúla ná a bheith ag tnúth leis an tsolas. I dtaca leis an fhilíocht de, mholfainn do mhic léinn agus daoibhse sa tseomra ranga an dán a léamh os ard. Tá sé tábhachtach go ndéanfá an dán a léamh os ard seachas é a léamh go ciúin. Má léann tú os ard é, más dán maith atá ann, cluineann tú éifeacht na teanga, cluineann tú an chantaireacht a bhaineann le focail agus iad curtha i gceann a chéile go fórsúil agus go fóinte. Más rud ar bith atá ins an fhilíocht, is é atá ann mar a dúirt W.H. Auden, 'an exploration of the possibilities of language'. Is dóigh liom gurb é sin an fáth a bhfuil mé féin ag scríobh i gcónaí, ná go bhfuil an oiread sin spéise agam ins an dóigh a n-oibríonn an teanga, an dóigh a n-oibríonn foclaí, nuair a chuirtear i gcleamhnas lena chéile iad. Agus níl a fhios agam an dóigh a dtarlaíonn sé, agus ní cheistím é rómhór ach is dóigh liom gurb é sin an rud, an cineál comhartha aitheantais is mó d'fhile nó an dóigh go gcuireann sé foclaí i gceann a chéile, agus sin an bua. Tá daoine ar ndóigh a bhfuil an teanga acu, ach ní i gcónaí go mbíonn siad ábalta foclaí a chur le chéile i bhfilíocht. Níl a fhios agam cé acu tíolacthaí ón Spiorad Naomh atá ann, ach amanna agus mé i mbun dáin, braithim go mbíonn spreagadh ann ó áit inteacht atá taobh amuigh dom féin. Bí in agallamh leis an aingeal coimhdeachta seo cé nach bhfuil gnáthchreideam ar bith agam. Braithim go mbím in agallamh le fórsa, le neach inteacht eile.

Aguisín 6

Oícheanta geimhridh
Ó Searcaigh, C. (1993) An bealach 'na bhaile. Cló Iar-Chomhaonta Teo. Indreabhán, Conamara, Éire

24. Aibreán 2024 (209,000 leabhar)
 An dá leas, an dá leas...
 Clár leabhar...
 An dá leas...

Oícheanta geimhridh
Éistigí le Cathal Ó Searcaigh ag léamh an dáin

seanchas
 Cúlraí seanchas
 seanchas
 seanchas
 seanchas
 seanchas
 seanchas
 seanchas
 seanchas

B' é ina ghlebe agus ina n-óg go fear géimín agus gíreacha d'ól ar fionn nó seibhín chomh an Lagáin sa seachtan," deir Conall. Deir sé go dtugraí an Lagáin "ar na h-áiteacha a bhí ann..."

Robbie Burns:
 • File Albanach
 • For Auld Lang Syne
 • 1759-1796
 • File náisiúnta na hAlban

COGADH AN DA RÍ
 • 1689-1691

AN FHIANNAÍOCHT SCÉALTA FAOI NA FIANNA

AN RÚRÁIOCHT SCÉALTA FAOI CHUCHULAINN

Cad iad na tréithe atá ag tine?
 Teas, seascóir, i lár an tí
 bliadhairí, fáilteach, splancanna
 aibhleoga, síosán, srann
 goradh, tinteán, teallach

Oícheanta geimhridh
 Oícheanta geimhridh agus muid ag cuartaíocht
 I dtigh Neddle Eoin i mbarr na Mine Bui bhíodh seanchiteal súcheach ag portáil ar an chrochadh os cionn na fineadh ag ainneoil ceoil le sair na bliadhairí a dhámhsaigh thart i dtéalach na cisteanna.

Bhíodh gaolta na gceol agus trúpáil fán tairseach amháil buachaillí bradacha nach ligfí isteach agus muidne le mugai míra galach le faoi...
 nár sui go sochmaidh os comhair an tsainleath drithleoga daeraga a bhíodh ina spréacha ag leasáil na samhlaíocht ionann go ráich.

Agus é ag drithlú ina choirneál scéalaíochta bhíodh muidne ag ainneoil fá chluadaigh a aine, ag tabhairt rúscadh na griosai dá chumhne amanta le coisteanna casta ár bhfiosracha agus é ag éachtraíocht fána sheal ar an Lagáin agus ar theirmacha East Lothian na hAlban.

Bhíodh a ghóir chemh teolai le tinteán smután fan de síosán agus de shram agus é ag spalladh dáin de chuid Burns dúinn ó thús go deireadh
 "Tam O'Shanter" nó b'fhéidir "Kellyburn Braes" agus chemh luath agus a chand sé "Scots Wha Hae" rithfidh bliadhairí ag splancáil as a shúile.

Bhíodh slólaí gaille ag fóirí as a phiopa cré agus é ag trácht ar mharcraí bulle Ailigh a mhóslós maidin ineacht le deargadh an lae le hÉirinn a chosaint i gCogadh an Dá Rí, is bhíodh muidne ag marcaíocht ar sheanstáil bhúir ag tapú ina n-araic i mBearna na Mucáise.

Is bhíodh muidne ag selg bídh leis na Fianna Ó Oirtheard Dhumhaigh go barr na Beithí, is ag imirt cnáige le curaidh na hEamhna ar na méilte féaraigh i Machaire Rabhartaigh, is chonaic muid an slua sí oíche Shamhna ag siamsaíocht ar bhealach Fhána Bhúir.

Ó ba mhéanar a bheith arís ag cuartaíocht na hoícheanta geimhridh seo i dtigh Neddle Eoin, na ghoradh féin ar a dheismireacht bhéil agus é ag baint lasadh asam lena mhóladh gach focal ina aibhleog dhearg ag spréachadh chugam go teolai as tinteán chroílí a scéil.

Tá sé eorradh le fiche bliain anois ó chuaigh a thindí as, i mbarr na Mine Bui agus istigh anseo i gcoigilt na chumhne drithlioniú beo nó dhá den tinteán adai is lafaidh na drithleoga sin an dubhacht a mhóthaim anocht i bhféitheoga an chroí.



Staidéar Samplach ar Fheidhm an Logainm i Nualitríocht na Gaeilge

Seán Mac Corraidh

<https://doi.org/10.13025/19192>

Cúlra stairiúil

Is sa Ghaeilge atá a bhfréamhacha agus a mbunús ag an chuid is mó de na hainmneacha atá againn sa tír seo ar áiteanna, ar lonnaíochtaí, ar áitribh chónaithe agus ar ghnéithe den tírdhreach agus den mhúirdhreach, ó thaobh na tíreolaíochta agus na seandálaíochta de. Ar na logainmneacha sin, áirítear, i measc mórán eile, cnoic, clocha agus carraigeacha, gleannta agus machairí, oileáin agus insí mara agus locha, tógálacha cosanta, lárionaid Phágántachta agus suíomhanna eaglasta Críostaí (Flanagan, 1975: 1–6; Hughes, 1991: 116–37). Ina n-ainneoin seo uile go léir: creachadóireacht, scrios agus trádáil na Lochlannach, ionradh agus concas na Normannach, concais na dTúdarach agus díshealbhú tailte fairsinge a bhí i seilbh Gael le linn plandálacha suntasacha a thionscain an rialtas sa 16ú céad agus sa 17ú céad (Ó Mainnín, 2017), maireann bunbhrí na n-eilimintí Gaeilge seo, chomh maith lena leaganacha Béarlaithe amhail *sliabh* mar atá san ainm Sliabh Mis (*Slemish*, Contae Aontroma); cnoc: Cnoc na gCoiníní (*Knocknagoney*, Contae an Dúin); gleann: Gleann an Iolair (*Glenullen*, Contae Dhoire); dún: Dún na nGall (*Donegal*, Contae Dhún na nGall); cill: An tSeanchill (*Shankill*, Contae Aontroma), etc.

Tá roinnt logainmneacha in Éirinn a bhfuil a bhfréamhacha sa Laidin, sa Lochlainnis, sa Fhraincis agus sa Bhéarla. Lena gcois sin, tá logainmneacha eile a dhíorthaigh ó theanga nó ó theangacha eile sa tréimhse roimh theacht na nGael a thug an Ghaeilge go hÉirinn dhá mhíle bliain ó shin, ar a laghad (Hughes, 1991: 132; Mallory, 2017: 258–61; Stitfer, 2020: 857–58). Tá ainmneacha sléibhte agus aibhneacha i measc na logainmneach is sine agus tá scoláirí ann a déarfadh gur dhíorthaigh roinnt acu ó theangacha eile seachas an Ghaeilge (Ó Murchadha & Murray, 2000: 146). Gach seans gurb amhlaidh fosta don logainm An Bhlarna (Contae

Chorcaí). Ní hiontas ar bith é, mar gheall ar an ársacht a bhaineann leis, mar sin, go bhfuil áit lárnach ag seachas na logainmníochta i bhforbairt litríocht na Gaeilge: ‘Dindshenchas’ (Stokes, 1892, 1893); *Acallam na Senórach* san Fhiannaíocht (Fitzpatrick, 2012) agus oiliúint na mBard idir 1200 AD agus 1650 AD (Ó Cuív, 1973).

Sa lá atá inniu ann, táthar ag leanúint den fhiosrú agus den taighde ar bhunús na logainmneacha ar oileán na hÉireann, sa dá dhlínse ar chaoi chomhthreomhar (Kane *et al.*, 2022). Tá an obair seo ar siúl i bPoblacht na hÉireann ó na 1920í ar aghaidh, ag forbairt shaothar na scoláirí seo a leanas: John O’Donovan, William Reeves, Eugene O’Curry, Patrick Weston Joyce, M.A. O’Brien agus Edmund Hogan, a n-aithnítear a dtiomantas don obair seo agus a ‘*valiant efforts*’ go forleathan (Hughes, 1991: 146). Ón bhliain 1987 anall, tá scoláirí na logainmníochta i ndiaidh diantaighde a dhéanamh agus torthaí dá réir a fhoilsiú in imleabhair ardcháilíochta mar chuid den *Northern Ireland Place-name Project*. Tá pobail áitiúla an-tábhachtach san obair seo sa mhéid is go dtig leo cuidiú le fuaimniú na logainmneacha le ciall a bhaint astu chun an bhrí a dhearbhu. Is minic na pobail chéanna sásta a bheith páirteach san fhiosrú seo le go gcoinneofaí cuimhne ar na hainmneacha áite agus go ndaingneofaí a bhféiniúlacht chultúrtha (Flanagan, 1978). Tá an daingniú seo le sonrú go láidir ar an méid sin de litríocht na Nua-Ghaeilge a bhfuil a bunús sa Ghaeltacht, mar a léireofar san aiste seo.

Logainmneacha agus nualitricht na Gaeilge

Is ar chúiseanna difriúla agus ar mhaithe le feidhmeanna éagsúla a bhain agus a bhaineann údair na Nua-Ghaeilge úsáid as logainmneacha ina saothar. Ciallaíonn na háitainmneacha seo cuid mhór, go háirithe do scríbhneoirí na Gaeltachta, agus dá bhféiniúlacht mar údair Ghaeilge. Cuireann na logainmneacha brí sna háiteanna agus sna bailte beaga a mbíonn siad ag cur síos orthu agus ina mbíonn eachtraí a saothair ag titim amach. Neartaíonn siad ceangal na n-údar leis an talamh agus lena dhreach, atá siúlta acu, atá oibrithe acu nó ar a laghad atá breathnaithe acu chuile lá dá saol. Ionaid iad a bhfuil gean acu orthu agus dáimh acu leo agus a luann siad a n-ainmneacha le bród, agus le mothú láidir croí. Is fiú ag an pointe seo, mar léiriú air sin, údar bisiúil amháin as Gaeltacht Thír Chonaill a lua agus sin é Séamus Ó Grianna nó ‘Máire’. Bhí sé thar a bheith dílis dá áit bhreithe, dá bhaile dúchais, Rann na Feirste, cé gur iomaí ainm a thug sé ar an áit ina shaothar, lena n-áirítear, mar shampla: Ceann Dubhrann (Ó Grianna, 1942b: 1) agus Rinn na bhFaoileann (Ó Grianna, 1959: 156–7). Chreid sé go gcaithfí ‘cliú an bhaile’ sin a chosaint i gcónaí ina chuid scríbhneoireachta (Ó Grianna, 1942a). Chum sé áitainmneacha as an úire ina scéalta ach cuid den am bunaithe ar fhíorainmneacha na n-áiteanna ach casadh beag sa scéal, mar shampla de sin féach an scéal ‘Bromach Inis Beannach’ sa chnuasach *An Clár is An Fhoireann* (Ó Grianna, 1955: 14–20). Bheadh a fhios ag léitheoir a mbeadh eolas aige/aici ar Thoraigh ón chur síos ar an áit sa scéal agus ar na bailte fearainn ar an chósta i gCloich Cheannfhaola gur sin atá i gceist leo

seo: Inis Beannach (Toraigh), Machaire Lárach (Mín Lárach) agus Gort a' tSeagail (Gort an Choirce). Ó thaobh na stíle liteartha ag Ó Grianna, tá feidhm ag baint le hainmneacha áiteanna leis na fuaimeanna agus claochluithe gramadaí iontu a aibhsiú i súile agus i gcluasa an léitheora m.sh.: Sruthán an Mhadaidh Uisce (Ó Grianna, 1956: 119) ina ndéantar /w/ den /m/ i dtús an fhocail agus /i:/ den /u:/ ina dheireadh, agus an focal 'madadh' /madu:/ á chur sa tuiseal ginideach 'mhadaidh' /wadi:/. Baineann ceist seo na logainmneacha le saothair litríochta na Nua-Ghaeilge, leis an Ghaeltacht ó thuaidh mar a chonaic muid, agus ó dheas mar a phléifear anois.

Údair na mBlascaodaí

Is leis na Blascaodaí, oileáin amach ó chósta iardheisceart Chiarraí, a bhaineann na húdair ghradamacha Ghaeilge Tomás Ó Criomhthain, Seán Ó Criomhthain, Micheál Ó Gaoithín, agus Muiris Ó Súilleabháin. Cé gur i mBaile an Bhiocáire, lámh le Dún Chaoin ar leithinis an Daingin, a rugadh Peig Sayers, a d'aithris *Peig* agus *Machnamh Seanmhna*, chaith sí bunús a saoil ar an Bhlascaod Mór.

Ba é Tomás Ó Criomhthain an duine b'iontaí de na scríbhneoirí seo de réir an léirmheasa scolártha agus na critice ar litríocht na mBlascaodaí (Ó hAnluain, 1973: 398). Scoláire Ceiltise, ar Shasanach é, Robin Flower, a chuaigh go dtí an Blascaod Mór ag foghlaim Gaeilge, a mhol do Thomás an chéad lá riamh scéal a bheatha, ar a tugadh *An tOileánach* (1929), a ríomh. Thiontaigh 'Bláithín', an t-ainm ceana a bhí ag mac Uí Chríomhthain ar Flower, an leabhar go Béarla agus foilsíodh sa bhliain 1937 é. Mhol Máire Cruise O'Brien (1977: 26) an 'mhaith' atá i gcuntas Uí Chríomhthain á chur i gcomparáid le harán úr nó le húll milis, á rá go gcuirtear tírdhreach agus muirdhreach agus spéirdhreach chósta an Atlantaigh i láthair an léitheora agus iad ag síorathrú leo. Mhol sí go hard fosta cáilíocht agus áilleacht na Gaeilge a fabhraíodh as mórthraidisiún liteartha na Mumhan. Mhaígh sí gur don éisteoir oilte a chum Ó Criomhthain a scéal i nGaeilge shonda, shoiléir, shnasta gan a bheith foclach. Bhain sí feidhm as meafar an ghléis cheoil agus í den bharúil gur sheinn Ó Criomhthain é go máistriúil ina shaothar (Cruise O'Brien, 1977: 38). Ní bhíonn aon mhothú maoithneachais le haireachtáil ag an léitheoir agus áitainmneacha á lua. Níl sna háiteanna seo ar an oileán ach ionaid ina mbailíodh daoine le chéile, pointí amhairc, calaí cuain óna bhféadfaí naomhóg a chur chun farraige, nó áiteanna a raibh baol ag baint leo agus Ó Criomhthain i mbun a shaoil laethúil mar iascaire agus mar fheirmeoir beag ar an oileán. Ní chuirtear luach teangeolaíoch na n-áitainmneacha san áireamh, ní chuirtear síos go mion orthu agus ní mholtar iad.

Ar ndóigh, leanann Ó Criomhthain leis an mhodh neamhthuairisciúil seo maidir le háiteanna agus lena gcuid ainmneacha taobh amuigh den Bhlascaod Mhór. Níl sna hainmneacha ach lipéid, cheapfá, ar áiteanna ina ndéantar rudaí difriúla. Áiteanna amhail Daingean Uí Chúis ina bhfaigheadh na hoileánaigh bia agus salann riamh anall: 'An uair

a shroich an bád caladh an oileáin, lán de shalann agus de bhia ó Dhaingean Uí Chúise...’ (Ó Criomhthain, 1980: 52); Dún Chaoín ina lorgaítí céile saoil: ‘Phós mo dheartháir Paidí an bhliain i ndiaidh Cháit, cailín ó Dhún Chaoín, iníon fíodóra...’ (Ó Criomhthain, 1980: 72) agus Inis Mhic Fhaoláin, áit a raibh teaghlach aoire ádhúil agus rathúil ag iascaireacht gliomach: ‘Bhíodh aoire in Inis Mhic Fhaoláin an uair úd...ach tháinig an-ghlaoc ar an sórt éisc a dtugtar gliomaigh orthu: bhí glaoch mór ó Shasana an uair úd orthu, agus bhí clann an aoire suas lena linn agus bád acu féin’ (Ó Criomhthain, 1980: 108).

Is oiriúnach comhthéacs agus brí an tseanfhocail ‘Uireasa a mhéadaíonn cumha’, le ceann a chur ar phlé ar scríbhneoir eile de chuid an Bhlascaoid Mhóir, mar atá, Muiris Ó Súilleabháin agus ar a dhírbeathaisnéis *Fiche Bliain ag Fás* (1933). Is mór idir an chaoi atá le sonrú ina shaothar, ina láimhseálann seisean áit, ciall d’áit agus tírdhreach, i gcomórtas le cur chuige Thomáis Uí Chriomhthain mar a pléadh roimhe seo. I dtaca le mac Uí Chriomhthain, chloiseadh seisean ainmneacha na n-áiteanna seo gach uile lá dá shaol, ón lá a rugadh é go dtí uair a bháis. A mhalairt ar fad a bhí i gceist leis an tSúilleabhánach. Chuaigh seisean isteach chuig oileán an Bhlascaoid Mhóir ina pháiste agus d’fhág an áit ina fhear óg. Is léir don léitheoir an leannán a bhí air, go raibh dáimh aige le hionaid a luathóige agus is léir fosta nach ionann a ghaol maoithneach leis an oileán agus gaol Uí Chriomhthain le hionad a bhreithe agus leis an áit ar chaith sé a shaol. Is geall cur chuige Uí Shúilleabháin leis an spiorad atá le mothú sa *dinnseanchas* agus i mórchúrsa na hÉireann a rinne Caoilte, Oisín agus Pádraig de chuid na Fiannaíochta, *Acallam na Senórach* ina soláthraítear ainmneacha ar áiteanna tábhachtacha agus ina dtugtar cuntas ar a sanasaíocht agus a mbunús. Is minic athair agus athair mór Uí Shúilleabháin ag cur síos go mion ar áiteanna agus ag smaoiniamh siar orthu. Bhrisfeadh cuntas Uí Shúilleabháin ar a imeacht ón Bhlascaoid Mhór croí duine a oiread is a bhainfeadh na línte seo a leanas ar a chéad amharc ar a oileán dúchais, a anáil de dhuine: ‘Anois a Mhuiris, arsa m’athair, féach t’áit dhúchais, ag síneadh a mhéire siar ó thuaidh i dtreo oileáinín beag a bhí scriosta amach ón míntír. Níor labhras, do tháinig cnap im scornaigh nuair a chonac an t-oileán.’ (Ó Súilleabháin, 2011 [1933]: 24).

Cathal Ó Searcaigh, file

Ní sa phróslitríocht amháin a áirítear an t-ómós d'áiteanna agus dá n-ainmneacha. Níl aon amhras ach gur file bisiúil de chuid an 20ú agus 21ú céad é Cathal Ó Searcaigh maidir le filíocht na Nua-Ghaeilge. Breathnaímis anois ar roinnt samplaí óna shaothar siúd ina dtagraíonn sé d'áitainmneacha.

Tá Cathal Ó Searcaigh ar dhuine de na filí is cumasaí sa Nua-Ghaeilge (Ó Dúill, 1993; Sewell, 1998). Rugadh agus tógadh i mbaile Gaeltachta Mhín an Leá é, ceantar sléibhtiúil taobh thuas de shráidbhaile Ghort an Choirce, i bparóiste Chloich Cheannfhaola, agus cnoc maorga na hEaragaille ar a chúl, Kilimanjaro Uí Shearcaigh. Amach ón chósta sin ar a suíonn Gort an Choirce, a luíonn Toraigh agus Inis Bó Finne.

Ceann de na téamaí ina luathshaothar, baineann sé le bheith ag pilleadh ar an bhaile. *An Bealach 'na Bhaile* (Ó Searcaigh, 1991) teideal cheann dá dhuanairí ina bhfuil dánta as na leabhair *Súile Shuibhne* (Ó Searcaigh, 1983), *SS feasta*, agus *Suibhne* (Ó Searcaigh, 1987), *S feasta*. Ocht ndán ar fad atá in *SS* agus luaitear logainmneacha áitiúla ina dteidil, m.sh. 'Loch na mBreac Beadaí', 'If you're going to San Falcarragh' agus áiteanna a ndeachaigh sé iontu ag obair: 'Londain', 'Gladstone Park' agus 'High Street Kensington, 6pm'. Dán grá atá in 'Níl aon ní' (*SS*: 16) as a sileann suaimhneas agus áilleacht logainmneacha a áite dúchais, 'Níl aon ní, aon ní, a stór, / níos suaimhní ná clapholas smólaigh / i gCaiseal na gCorr'. Is é atá againn anseo, ársacht an fhocail 'caiseal' – foirgneamh cloiche – agus an dúlra istigh ann i bhfoirm na gcorr. Déantar dhá thagairt do dhomhan an nádúir ag teacht go díreach roimh logainmneacha, i bhfoirmeacha na siolastraí agus na coille: 'is dá dtiocfá liom, a ghrá, / bheadh briathra ag bláthú ar ghas mo ghutha / mar shiolastrach Ghleann an Átha. / is chluinfeá geantraí sí / i gclingireacht na gcloigíní gorma i gcoillidh Fhána Bhuí...' Mar a bheadh sé go hiomlán i gcomórtas leis an chumann tuaithe seo agus le háilleacht an nádúir, mar sin féin, léimid sa chúigiú véarsa, tagairt do Bhaile Átha Cliath mar 'brúchtbhaile balscóideach'. Ní sondacha ach garbh atá na fuaimeanna sa dá fhocal sin. (Dála an scéil, bhain an sáraistritheoir Seosamh Mac Grianna (1933: 9) úsáid as an fhocal 'balscóideach' agus an chiall 'tattooed' leis.)

I ndán eile dá chuid, dar teideal 'Scuaine' (*SS*: 19), baineann ó Searcaigh úsáid as áitainmneacha an cheantair agus é ag cur in iúl go mbeidh 'taiscéalaithe' ag baint na háite amach agus iad ar lorg na háilleachta órbhuí agus an taitnimh ghréine: '...ó Mhín na Craoibhe go Gort an Choirce, / tá an gleann seo órnite tar éis maidin de sciúradh gréine. / Ar ball, le gach aon séideog chráite, beidh scuaine de thaiscéalaithe saoire chugainn ar lorg órghréine.' Is go glinn a léirítear téamaí seo thír fhiáin dhúchais a mhuintire agus í i gcomórtas leis na daoine cráite úd a chónaíonn sna cathracha agus sna bailte móra sna codanna éagsúla dá shaothar in *Suibhne*: Crá na Cathrach, Garbhchríocha mo Chineáil agus Bunadh na gCnoc.

Tá logainmneacha lárnach sna híomhánna fliúnta a chruthaíonn sé. Baineann sé úsáid go feidhmiúil as na heilimintí sna logainmneacha a dhíorthaigh ó ainmneacha na mball coirp, mar atá in 'Cor Úr' (*S*: 29–30) le 'droim', 'uillinn', 'malaidh', 'ucht', '...ionas go bhfeicim anois ina n-íomláine críocha ionúine do cholainne ó Log Dhroim na Gréine go hAlt na hUillinne, ón Mhalaidh Rua go Mín na hUchta...'

Le linn dúinn a bheith ag meas luathshaothar Uí Shearcaigh, is riachtanach an ní é tuiscint a fháil ar an úsáid chliste a bhain sé as áitainmneacha ina chuid filíochta chun smaointe faoin bhaile agus faoin chiall laistiar d’ainm na háite a chur i bhfriotal. Lena chois sin, leis an chrá, leis an dlíáithriú agus leis an uaigneas mar atá in ‘Londain’ (SS: 10) agus ‘An tAonarán’ (S: 21) a léiriú. Amuigh ag bun na spéire, naoi míle i bhfarráige ach taobh istigh de limistéar pharóiste dhúchais Chathail Uí Shearcaigh, a luíonn Toraigh. Tá úsáid logainmneacha ag an tSearcach le sonrú fosta ar sheanamhráin de chuid na háite sin nó is iontu a dhéantar tagairt do shean-logainmneacha:

*Nach iomaí dainséar mór a rith mé is tú féin riamh ó bharr an Phoinge go dtí an Bhoilg Mhór
Sruth Phort an Deilg is an Camas Mór, Béal Phort Challa agus Droim an Bhotha?*

*Is trua nach bhfuil mé ag Ulaí Mhóraid nó ar Mhearnaid, Ruaimh nó ar Chnoc an Dúin.
Nó ar bharr Ard Lártháin, nó ag bun an Chloighí, bheadh an óige ar ais agam go buan.*

(Ó Colm, 1995 [1971]: 143 & 158)

Focal scoir

Sa staidéar samplach seo, fiosraíodh feidhm, tábhacht, luach liteartha agus ábharthacht úsáid logainmneacha i roinnt samplaí de phrós agus d’fhilíocht na Nua-Ghaeilge. Cuireadh i gcomórtas agus i gcosúlacht litríocht scríbhneoirí as an taobh thuaidh agus theas d’oileán na hÉireann agus feidhm an logainm á fiosrú. Orthu sin bhí scríbhneoirí próis amhail Séamus Ó Grianna, Tomás Ó Criomhthain agus Muiris Ó Súilleabháin. I dtaca le feidhm an logainm san fhilíocht, breathnaíodh ar shaothar Chathail Uí Shearcaigh, a luathshaothar go háirithe. Rinneadh tagairt fosta don traidisiún láidir béil atá i dToraigh, raidisiún béil a théann siar go dtí aimsir na réamh-Chríostaíochta, Balor na Súile Nimhe, an eaglais luath agus Naomh Colm Cille. Chonacthas gur minic áitainmneacha luaite i seanamhráin as Toraigh. Is é atá i gcomhar le chéile ag na scríbhneoirí seo agus ag an tsórt seo litríochta ó na ceantair imeallacha a ndearnadh machnamh uirthi, ná an áit lárnach atá ag logainmneacha ina bhféiniúlacht agus ina bhfréamhacha. Maíodh fosta gur minic dírithe ar chluais an léitheora a bhíonn logainmneacha sa phrós, sa nuafilíocht agus i seanamhráin, agus na fuaimeanna gleoite iontu á nochtadh i bhfoirm scríofa nó ráite. Bhí eolas ar dhíorthú áitainmneacha lárnach sa léann dúchasach sna meánaoiseanna in Éirinn (Ó Cuív, 1973). Táthar i ndiaidh leanúint den éileamh sin i nualitricht na Gaeilge agus in amhráin na ndaoine mar a luadh anseo.

Tagairtí

- Almqvist, B. & Ó Héalaí, P. (eag.) (2009) *Peig Sayers: Labharfad le Cách, I will speak to you all*. Baile Átha Cliath: New Island.
- Cruise O'Brien, M. (1977) 'An tOileánach, Tomás Ó Criomhthain.' Jordan, J. (ed.) *The Pleasures of Gaelic Literature*. Cork & Dublin: Mercier Press. 25–38.
- Denvir, G. (2005) 'From Inis Fraoigh to Innisfree...and Back Again? Sense of Place in Poetry in Irish since 1950.' *The Yearbook of English Studies*. 35. 107–30.
- Denvir, G. (eag.) (2008) [2000] *Duanaire an Chéid*. Indreabhán: Cló Iar-Chonnacht.
- Fitzpatrick, E. (2012) 'Formaoil na Fiann: Hunting Preserves and Assembly Places in Gaelic Ireland.' *Proceedings of the Harvard of the Harvard Celtic Colloquium*. Iml.32. 95–118.
- Flanagan, D. (1975) 'Place-Names as Historical Source Material.' *Ulster Local Studies*. Iml.1, uimh.1. 8–16.
- Flanagan, D. (1978) 'Place-names: a matter of identity.' *Bulletin of the Ulster Place-names Society*. Sraith 2, iml.1. 1–6.
- Friel, B. (1981) *Translations*. London: Faber & Faber.
- Hughes, A.J. (1991) 'Irish Place-names: Some Perspectives, Pitfalls, Procedures and Potential.' *Seanchas Ard Mhacha: Journal of the Armagh Diocesan Historical Society*. Iml.14, uimh.2. 116–48.
- Hughes, A.J. (ed.) (1996) *Cathal Ó Searcaigh: Le Chemin du Retour, Pilleadh an Deoraí*. Bonaguil: La Barbacane.
- Hughes, A.J. (2001) *When I Was Young*. Baile Átha Cliath: A. & A. Falmar.
- Kane, F., Bhreathnach, U. & Ó Gliasáin, J. (2022) 'North and South of the Border: Parallel place-name research in Ireland.' *Proceedings of The International Congress of Onomastic Sciences*.

- Mac Gabhann, M. (1959) *Rotha Mór an tSaoil*. Baile Átha Cliath: Foilseacháin Náisiúnta Teoranta.
- Mac Grianna, S. (1933) *An Mairnéalach Dubh*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.
- Mallory, J.P. (2017) *The Origins of the Irish*. London: Thames & Hudson.
- Ó Criomhthain, S. (1991) [1969] *Lá Dár Saol*. Baile Átha Cliath: An Gúm.
- Ó Criomhthain, T. (1980) [1929] *An tOileánach*. Baile Átha Cliath: An Comhlacht Oideachais.
- Ó Criomhthain, T. (1977) [1928] *Allagar na hInse* in eagar ag P. Ua Maoileoin. Baile Átha Cliath: An Gúm.
- Ó Cuív, B. (1973) 'The linguistic training of the mediaeval Irish poet.' *Celtica* 10. 114–40.
- Ó Direáin, M. (1984) *Máirtín Ó Direáin: Selected Poems, Tacar Dánta*. The Goldsmith Press.
- Ó Domhnaill, C. (1999) *Mairfidh na Filí má mhaireann ár gCuimhne*. Indreabhán: Cló Iar-Chonnacht.
- Ó Dúill, G. (1993) 'Filíocht Chathail Uí Shearcaigh: I dtreo anailís théamúil.' *Comhar*. Nollaig. 35.
- Ó Grianna, S. (1942a) *Rann na Feirsde*, Baile Átha Cliath: An Preas Náisiúnta.
- Ó Grianna, S. (1942b) *Mo Dhá Róisín*. Baile Átha Cliath: Faoi Chomhartha na dTrí gCoinneal.
- Ó Grianna, S. (1955) *An Clár is an Fhoireann*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.
- Ó Grianna, S. (1956) *Fallaing Shíoda*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.
- Ó Grianna, S. (1959) *An Draoidín*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

- Ó Mainnín, M. (2017) 'Annexing Irish Names to the English Tongue: Language Contact and the Anglicisation of Irish Place-Names.' School of Celtic Studies, Maynooth University. (Paul Walsh Memorial Lecture. Iml.2).
- Ó Muirí, P. (1992) *Dinnseanachas*. Baile Átha Cliath: Coiscéim.
- Ó Murchadha, D. & Murray, K. 2000: 'Place-names.' Buttimer *et al.* *The Heritage of Ireland*. Corcaigh: The Collins Press. 146–55.
- Ó Searcaigh, C. (1983) *Súile Shuibhne*. Baile Átha Cliath: Coiscéim.
- Ó Searcaigh, C. (1987) *Suibhne*. Baile Átha Cliath: Coiscéim.
- Ó Searcaigh, C. (1991) *An Bealach 'na Bhaile*. Indreabhán: Cló Iar-Chonnacht.
- Ó Súilleabháin, M. (1989) [1933] *Fiche Bliain ag Fás* in eagar ag Mac Tomáis, S. & Ó Fiannachta, P. An Daingean: An Sagart.
- O'Sullivan, M. (1983) [1953] *Twenty Years A-Growin'*. Oxford: Oxford University Press.
- Ó Tuama, S. (1992) 'Ómós Áite: a rian ar scríbhneoirí in Éirinn.' *Comhar*. 51(5). 176–85.
- Prút, L. (1982) *Máirtín Ó Direáin, an file tréadúil*. Maigh Nuad: An Sagart.
- Sayers, P. (1970) [1936] *Peig: tuairisc a thug Peig Sayers ar imeachtaí a beatha féin* in eagar ag Ní Chinnéide, M. Baile Átha Cliath: Comhlucht Oideachais na hÉireann.
- Sayers, P. (1980) [1939] *Machnamh Seanmhná* in eagar ag Ua Maoileoin, P. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.
- Sewell, F. (1998) *Extending the Alhambra: Four Modern Irish poets*. University of Ulster.
- Stitfer, D. (2020) 'Insular Celtic: Ogam.' *Palaeohispanica*. 857–58.
- Ua Maoileoin, P. (1960) *Na hAird Ó Thuaidh*. Baile Átha Cliath: Sáirséal & Dill.
- Ua Maoileoin, P. (1978) *Ár Leithéidí Arís*. Baile Átha Cliath: Clódhanna Teoranta.



Cás na teanga i gContae an Longfoirt

Margarita Neothallaigh

<https://doi.org/10.13025/19202>

Réamhrá

Baineann an t-alt seo le stádas na Gaeilge i gContae an Longfoirt de réir Dhaonáireamh 1911 sna ceantair seo a leanas: Sonnach, Béal Átha na Lao, An Ráth Mór, Mainistir Leathrátha agus Bun Lathaí. Tá na ceantair i mBarúntacht an Ghránaird. Luaitear tuaisceart an Longfoirt chomh maith le háiteanna i dtuaisceart Chontae na Mí mar áiteanna ina raibh an teanga láidir go lár an 19ú haois: bhí naonúr aonteangach ann ag an am (Adams, 1986: 114). Léiríonn FitzGerald go raibh an Ghaeilge fós á labhairt ag 4% den phobal a bhí os cionn 60 bliain in 1911 i gceantair bheaga sa Longfort agus san Iarmhí (2003: 204). Déanfar anailís ar shonraí an Daonáirimh le léargas a thabhairt ar an líon a choinnigh an Ghaeilge. Tagraítear do Chonradh na Gaeilge go háitiúil mar b'eagraíocht chomhaimseartha bharántúil í a bhunaigh craobhacha sna ceantair sin.

Is contae i gCúige Laighean é Contae an Longfoirt ina bhfuil 6 bharúntacht, 26 paróiste shibhialta agus 55 toghroinn cheantair. Tá timpeall is 903 baile fearainn ann, agus is limistéar 1091.7 ciliméadar cearnaithe é.

Bhí 1,969,000 duine i gCúige Laighean in 1841, agus bhí 115,491 duine i gContae an Longfoirt (O'Hara: 489).¹ In 1901, bhí 46,672 duine i gContae an Longfoirt agus in 1911 bhí 43,820 duine ann. Bhí laghdú leanúnach pobail ag tarlú ó 1841 sa chontae.

¹ Bunaithe ar Dhaonáireamh 1911, dúirt 17.6 % de dhaonra na tíre (6.6 milliún) go raibh Gaeilge acu agus go raibh Gaeilge ag 18.3% in 1926.

Bhí aistriú teanga ar siúl go luath i gContae an Longfoirt sa 19ú haois. Scríobh Samuel Lewis a Fhoclóir Topagrafaíochta in 1837 agus dar leis gurbh annamh a bhí an Ghaeilge le cloisteáil seachas ‘sna ceantair chnocacha’ ag an am sin. Ba é sin an taobh ó thuaidh den chontae. Dar leis gur i measc na seandaoine a bhí Gaeilge á labhairt fad agus a bhí Béarla á labhairt ag na daoine fásta agus ag an aos óg (1837: 310).

Bhí an Ghaeilge á labhairt déanach san 18ú haois ag ‘níos mó ná leathchuid den phobal i gceantar mór i ndeisceart na gcontaetha seo a leanas: Ard Mhacha, Muineachán agus an Cabhán; bhí sí á labhairt i dtuaisceart na Mí agus i gContae Lú agus bhí sí á labhairt ag beagnach leathchuid den phobal i gContae na hIarmhí thoir thuaidh agus i gContae an Longfoirt (FitzGerald, 2003: 203). Tá na contaetha sin ag síneadh lena chéile a bheag nó a mhór.

Taispeánann an tábla a leanas líon na gcainteoirí Gaeilge i gContae an Longfoirt mar chéatadán den phobal le linn gach móráirimh ó 1851 go 1926. (CSO 1926).

1851	1861	1871	1881	1891	1901	1911	1926
1.8%	1.1%	0.4%	1.1%	0.5%	0.7%	2.1%	10.3%

Léiríonn an tábla gur tharla an creimeadh teanga ba throime idir 1851 agus 1871 agus gur tháinig feabhas beag in 1911 agus cor faoi in 1926. Fuair an duine aonteangach deireanach le Gaeilge bás idir 1881 agus 1891 (Ó Súilleabháin, 2007: 61).

Luann an t-ollamh Marie Coleman ina leabhar *County Longford and the Irish revolution 1910–1923* nach raibh mórán Gaeilge i gContae an Longfoirt ag an am sin (2003: 177). Ní raibh an teanga láidir le linn na hAthbheochana, bhí an líon is lú de chraobhacha Chonradh na Gaeilge sa tír sa chontae in 1905, rud a chuireann Coleman in iúl ina leabhar (2003: 177). Déantar plé san alt seo, mar a luadh thuas, ar a bhfuil sa Daonáireamh faoi na ceantair seo: Sonnach, Béal Átha na Lao, An Ráth Mór, Mainistir Leathrátha agus Bun Lathaí.

Modheolaíocht

Déantar léirmheas ar Dhaonáireamh 1911 mar mhodheolaíocht le faisnéis stairiúil a fháil ar staid na Gaeilge i gContae an Longfoirt i mbailte fearainn éagsúla randamacha idir chinn tuaithe agus uirbeacha. Is le stádas na teanga a aimsiú a dhéantar an taighde seo agus léargas na saineolaithe á gcur san áireamh (Adams, 1986: 114–6; FitzGerald, 2003: 204; Coleman, 2003: 177).

Laghdú pobail agus tionchar ar chúrsaí teanga i gContae an Longfoirt

D'fhéadfadh tosca áirithe tionchar a imirt ar an gcreimeadh teanga, an Ghaeilge go sonrach: rátaí básmhaireachta, rátaí eisimirce, tubaiste nádúrtha, aistriú teanga d'aon ghnó, an córas oideachais agus easpa oiliúna cuí, agus bás ceirdeanna traidisiúnta ar bhain foclóir sonrach leo.

Bhí rátaí básmhaireachta ban níos airde i gContae an Longfoirt ná in aon chontae eile i gCúige Laighean sa 19ú haois (O'Hara, 2010: 492). Ba iad mná os cionn 50 bliain a áirítear sa 50.8% den daonra in 1841 sna rátaí básmhaireachta agus, ba iad mná os cionn 50 bliain a áirítear sa 52.9% den daonra in 1851, sna ceantair thuaithe in Éirinn (Fitzpatrick, 1997: 53). Deir Ó Cuív gurbh é ba dhóichí go raibh mionphobail teanga i mbarúntacht An Ghránaird agus an Longfoirt ó thuaidh, agus i Ráth Claon in iarthar Chontae an Longfoirt in 1851 (1951, 1993: 24). Luann Ó Cuív gurbh iad na mná seachas na fir b'aineolaí ar an mBéarla go mór mór i gCúige Laighean agus i gCúige Uladh sna ceantair a raibh pobail Ghaeilge iontu (1991: 26).

Bhí rátaí eisimirce ard chomh maith. Murab ionann agus áiteanna eile sa tír, murar leis na fir óga an talamh agus murar leis na mná óga an spré, bhíodh orthu dul ar imirce (O'Hara, 2010: 506). D'imigh 726,389 duine ar imirce ó Chúige Laighean idir 1851 agus 1911 (Ní Dhonnchadha & Nic Eoin, 2008: 25). Chaill an Longfort 70,000 duine sna 70 bliain idir 1841 go 1911 agus bhí inní ann go mbeadh an Longfort cosúil le 'fásach' (*Longford Leader*, 1911). Bhí cainteoirí Gaeilge i measc na n-imirceach. Bhí 400,000 cainteoir Gaeilge sna Stáit Aontaithe ag deireadh an 19ú haois (McLeod, 2008: 110).

Bíonn amlíne idirthréimhseach i saol teangacha. Bhí 80 bliain idir na teaghlaigh san alt seo agus bunú an chórais oideachais – beagnach dhá thréimhse shaoil.² Sa chéad tréimhse shaoil, bhí glúin ag aistriú ó Ghaeilge go Béarla de bharr nach rabhthas ag múineadh na Gaeilge sna scoileanna de réir bhunú an chórais oideachais 1831. Ba Bhéarla an dara teanga a bhí á múineadh dóibh mar chéad teanga. Sa dara tréimhse shaoil, bhí an ghlúin sin, a bhí ina dtuismitheoirí anois, ag labhairt as Béarla lena gclann.

Leagann Adams an milleán don laghdú teanga ar an gcóras oideachais agus ar an nGorta Mór agus deir sé gur ar na ceantair thuaithe ina raibh pobal ag labhairt Gaeilge a bhí an tionchar ba mhó (1986: 24). Dúradh ar an taobh eile nár 'díothú pobail atá ina bhunchúis do bhás teanga', áfach, ach gurbh é an t-aistriú teanga a bhí ina bhunchúis (Kandler *et al.*, 2010). Tugann Lee 'féinmharú' ar chás na teanga sa 19ú haois in Éirinn agus leagann sé an milleán ar na scoileanna scairte mar rannpháirtithe san 'fhéinmharú' teanga seo seachas ar chóras nua oideachais na scoileanna náisiúnta (2008: 28). Bhíothas ag lorg cosáin le dul ar aghaidh sa saol agus roghnaíodh labhairt an Bhéarla mar threoir ar an gcosán sin: 'Bhí an

² Cuireann (Adams, 1986: 119) caoga bliain ar thréimhse shaoil. Déanann sé an analach mar seo: 150 bliain is ea trí thréimhse shaoil. Má thosaítear in 1611 i gCúige Uladh, 150 bliain ina dhiaidh sin, is é sin an tríú ceathrú den 18ú haois a bhásóidh an teanga. Bheadh an dátheangachas ann sa chéad cheathrú agus a t-aonteangachas sa dara ceathrú.

aicme íseal ag súil le dul chun cinn trí mheán an Bhéarla, dar le Ó hUiginn (2008: 9). Ba é sin a tharla de bharr an Ghorta Mhóir. Ní dóigh go raibh Gaeilge ag na múinteoirí. Feictear go raibh líon mór scoláirí gan Gaeilge sna teaghlaigh a bhí ag freastal ar scoil.

Bhí an Ghaeilge ag daoine a raibh idirghníomhaíocht leo leis an bpobal i réimsí áirithe agus a raibh foclóir sonracha ag gabháil léi. Dar le Dorian go dtiteann teanga i léig nuair a thagann seancheirdeanna chun deiridh, *‘that like any other strictly local speech form deeply associated with a traditional lifestyle, the richness of the lexicon was chiefly connected with their own specialized way of life’*. (Dorian, 2006: 7, luaite in Kandler *et al.*, 2010: 3861).

An Daonáireamh mar shampla ionadaíoch

Moltar fónas an Daonáirimh mar áis taighde theangeolaíoch (Nic Craith, 1993; Withers, 1984; Ruppert, 2008; Ó Glisáin, 1996). Is foinse phríomhúil stairiúil é an Daonáireamh le líon daoine a chomhaireamh agus is taighde cainníochtúil é. Deir Mairéad Nic Craith a d’oibrigh ar Dhaonáirimh Chorcaigh gur ‘obair achrannach’ í ach go dtugann na Daonáirimh ‘éachtaint ar leith dúinn ar neart na teanga’ agus gurb iad an ‘fhianaise bhunúsach i gcónaí iad’ (1993: 89). Luann Withers (1984: 209) faoi thaighde ar Dhaonáireamh in Albain: *‘the evidence of the census is of great importance in understanding the position of the language in the last 100 years...’* Ach dar leis: *‘to list in detail the figures for the Gaelic population in every parish or county over a century would be repetitive and not very illuminative of changes in the geography of the language...’* Deir Ruppert go dtagann léargas nua ar bheathaí agus a dteanga le hathamharc ar lámhscríbhinní, léargas a chailltear nuair ‘a chónaisctear staitisticí go léir le chéile’ (2008: 3). Luann McMahon ina leabhar *Grand Opportunity* go bhféadfadh drogall a bheith ar an bpobal faoi eolas maidir lena líofacht i nGaeilge a roinnt le póilíní an stáit choilínigh (2008: 125), rud a d’fhéadfadh a bheith ina chúis leis an gcomhaireamh i leith an mheatha.

Is é an luach a bhaineann le staitisticí, dar le Ó Glisáin, áfach, ná gur féidir iad a úsáid le ‘comparáid a dhéanamh idir limistéar amháin den tír agus limistéar eile’ (1996: 7). Is féidir tús meatha a imscrúdú i gceantair Ghaeltachta áirithe ach taighde a dhéanamh ar Dhaonáireamh (Mac Cárthaigh, 2019).

Ba é Constáblacht Ríoga na hÉireann áiritheoirí Dhaonáireamh 1911. Sa sampla ionadaíoch léirítear nach raibh Gaeilge ag na constáblaí. Má tá sonraí i mBéarla agus mura bhfuil Gaeilge ag an áiritheoir, is é an Béarla atá ina ‘phointe tagartha’ (Leeman, 2018: 24). Ba é an sainmhíniú a cruthaíodh ar ‘baile’ i nDaonáireamh 1911 ná go mbeadh 20 teach cónaithe agus daoine ina gcónaí iontu (Nolan, 2010: 458) sa cheantar.

An tOideachas

Ceann de na hathróna tábhachtacha sa dioscúrsa teanga is ea an t-oideachas. Níor ceadáíodh múineadh na Gaeilge ná níor úsáideadh an Ghaeilge sna scoileanna náisiúnta ó 1831 ar aghaidh in Éirinn. Bhí fadhbanna seasta le hoiliúint múinteoirí agus múineadh na Gaeilge. Ní raibh ach Coláiste Shráid Mhaolbhríde ann d'oiliúint múinteoirí ag an am. Ní raibh na coláistí oiliúna sainchreidmheacha ar an bhfód go dtí 1883 (Walsh, 2016: 19). Bhí modhscoileanna ann, scoileanna ina raibh daltaí ag múineadh ach chaithfeadh na daltaí sin a bheith ina gcónaí sa timpeallacht dá mba chailíní iad (Doyle, 2003: vi)³. Coláiste neamh-shainchreidmheach a bhí i gColáiste Shráid Mhaolbhríde (2016: 73).

Conradh na Gaeilge agus múinteoirí

I gcaipéisí i gCartlann Dhigiteach an Chonartha – Comhad G60/24/6/3 in Ollscoil na Gaillimhe – luaitear go raibh ‘ceist an oideachais ag déanamh scime de lucht Chonradh na Gaeilge i bhfad roimhe sin’ agus gurbh é polasaí an Chonartha ‘go múinfí an Ghaeilge go héifeachtach do gach pháiste sa bhunscoil’. Cuimsíodh i ‘ndréacht-pholasaí oideachas an Chonartha go mbeadh teagasc na teanga agus teagasc na litríochta’ ar siúl. Chun fadhb na múinteoireachta a réiteach cuireadh coláistí ar bun ar ‘£50 gach bliain chun múinteoirí a thraenáil gan airgead ná aitheantas ón mBord Náisiúnta’ (G60/24/6/3). Cuireadh an-bhéim ar thraenáil na múinteoirí leis an nGaeilge a mhúineadh ach níor cuimsíodh an t-ábhar sna scrúduithe deireanacha sna coláistí oiliúna mar ábhar roghnach go 1905 (Walsh, 2021: 1171).

³ Bheartaigh Rialtas na Breataine go mbeadh modhscoil i ngach contae agus bhí ceann i gCoill an Chollaigh i gContae an Chabháin, ar an taobh thoir thuaidh de Chontae an Longfoirt (Parkes, 2016: 51, 62). Níor bunaíodh ach 29 sa tír (2003: vi).

Próifíl áitiúil 1

Limistéar tuaithe i gContae an Longfoirt

Ba cheantar tuaithe é Sonnach i gContae an Longfoirt in 1911; baile fearainn d'fheirmeoirí ab ea é i bparóiste sibhialta Cholm Cille. Bhain an paróiste sin le hoidhreacht na scríbhneoireachta gaelaí san 18ú haois (Ní Mhungaile, 2010: 291).

Trí scoil náisiúnta Chaitliceacha a bhí sa pharóiste sibhialta in 1892 le cónascadh de 391 scoláire, meascán de bhuachaillí agus cailíní⁴. 34 teaghlach a bhí ann in 1911. As na 34 sin bhí ochtar baintreach ina gcinn tí. Ba Chaitlicigh iad an pobal go léir. B'fheirmeoirí iad go léir seachas saor amháin agus ba mhac le feirmeoir é an duine úd. Bhí beirt oibríthe feirme agus cailín aimsire amháin ar lóistín i dteach an teaghlaigh. Bhí 11 teaghlach a raibh scoláirí ann in aois scoile iontu agus iad faoi 14 bliana d'aois⁵.

Anailís

Sa cheantar seo bhí Gaeilge ag dhá theaghlach, Corcoran agus Farrelly. Sa 19ú haois, bhí tuismitheoirí dátheangacha ann sular cailleadh an teanga mar bhítí ag aistriú ó Ghaeilge go Béarla agus ansin bhí siad aonteangach (Adams, 1986: 113). Bhí na scoláirí dátheangach mar bhítí ag foghlaim na Gaeilge mar ábhar breise amach ó am scoile. Rugadh na scoláirí in 1896, 1898, 1900 agus 1901 faoi seach. Bhí siad 15 bliana d'aois, 13 bliana d'aois, 11 bhliain d'aois agus 10 mbliana d'aois. Beirt chailíní agus beirt bhuachaillí a bhí ann. B'amhlaidh gur fhoghlaim siad a gcuid Gaeilge sa scoil mar ceadáíodh múineadh na Gaeilge ó 1900 in am scoile. Bhí an teanga cailte ag tuismitheoirí Corcoran, a rugadh in 1859 agus 1865, sa dara tréimhse mar bhítí ag labhairt Béarla lena gclann. Rugadh tuismitheoirí Farrelly in 1842 agus 1846 i ndiaidh an Ghorta Mhóir, sa dara tréimhse shaoil beagnach, nuair a bhítí ag labhairt Béarla lena gclann.

Chaill Sonnach cúig theaghlach idir 1901 agus 1911. Cailleadh 2.9% den teanga agus cailleadh 14.7% de na teaghlaigh. Bhí Gaeilge ag 5.88% de na teaghlaigh sa cheantar seo. Bhí an teanga ag ceathrar: beirt chailíní agus beirt bhuachaillí arbh scoláirí iad idir 10 mbliana d'aois agus 15 bliana d'aois.

⁴ Returns relating to national education in Ireland showing the number of pupils on roll, average daily attendance: <https://parlipapersProquest.com>.

⁵ 'The Irish Education Act of 1892 required parents in cities and urban areas throughout the country to send children between the ages of 6 and 14 to school for at least 75 days a year. Rural areas were excluded from the requirements of this Act, which stated that children could be kept out of school if they were prevented by "sickness, domestic necessity... husbandry and the ingathering of crops, or giving assistance in the fisheries, or other work requiring to be done at a particular time or season..."'

<https://www.cso.ie/en/releasesandpublications/ep/p-1916/1916irl/society/education/>

'The 1892 Education Act for the first time made attendance at school compulsory for children aged between six and 14 years and stipulated that those under 11 years were not to be employed, except in periods of seasonal labour such as planting potatoes, hay-making and harvest' (Irish Education Act, 55 & 56 Vict., c.42 (1892) in Parkes, 2010: 50).

Próifil áitiúil 2

Limistéar uirbeach i gContae an Longfoirt

Ba limistéar uirbeach ina raibh 30 teaghlach é Béal Átha na Lao i gContae an Longfoirt. Baile fearainn ina raibh ceirdeanna éagsúla á gcleachtadh ab ea é i bparóiste sibhialta Chluain Brónaigh. B'as an áit seo do Sheán Mac Eoin an poblachtánach.

Pobal oilte éagsúil meánaicmeach a bhí ann: daoine a chuir seirbhisí ar fáil agus daoine a bhí ag plé le cúrsaí riaracháin. I measc na gceirdeanna, bhí gabha stáin, giolla stábla, gréasaí, gúnadóir/haitéir, pláistéir, siopadóir, tábhairneoir agus táilliúir. Bhí constábla i gConstáblacht Ríoga na hÉireann agus sáirsint ansin. Bhí innealtóir, máistreás poist, ministir agus suirbhéir ordanáis ann. D'fhan múinteoir scoile lena deirfiúr ann. Bhí imirceach isteach a d'fhéadfadh a bheith ina bhuntáiste don Ghaeilge – an suirbhéir ordanáis le Gaeilge ó Dhún na nGall. D'oibrigh beirt cheann teaghlaigh a raibh talamh acu mar shiopadóirí chomh maith. Caitlicigh ab ea iad seo. Caitlicigh a bhí ann don mhórchuid ach bhí 14.6 % den phobal ina bProtastúnaigh. I measc na bProtastúnach bhí suirbhéir ó Shasana, constábla ón gCabhán agus plastrálaí ó Chontae an Longfoirt nach raibh Gaeilge acu.

Anailís

I mBéal Átha na Lao bhí Gaeilge ag an gceannaí. Bhí Gaeilge ag an suirbhéir ordanáis a bhí ag fanacht ar lóistín agus bhí Gaeilge ag cúntóir a bhí ag fanacht i dteach an cheannaí. Bhí múinteoir náisiúnta i dteach a deirféar nach raibh Gaeilge aici. Ní raibh Gaeilge ag na constáblaí ná ag an ministir ach oiread agus ní raibh Gaeilge sna teaghlaigh Phrotastúnacha. Bhí garchlann ó Albain, ceathrar ar aois scoile, ag fanacht lena seanmháthair nach raibh Gaeilge acu. Ní raibh Gaeilge ag aon duine de na 17 scoláire in aois scoile (5–14) i mBéal Átha na Lao.

Bhí Gaeilge ag teaghlach amháin sa cheantar seo, ba cheann teaghlaigh í ó Chontae Mhaigh Eo ó dhúchas é, arbh ceannaí agus feirmeoir é. Is é sin trí faoin gcéad. Bhí cailín ag fanacht sa teaghlach sin ó Chontae Mhaigh Eo a bhí ag obair mar chúntóir éadaitheoireachta a raibh Gaeilge aici. Bhí Gaeilge ag suirbhéir ó Chontae Dhún na nGall a bhí ar loistín i dteach baintrí a raibh gnó grósaera aici. Bhí an suirbhéir 30 bliain d'aois in 1911. Bhraithfeadh sé ar an gceantar i gContae Dhún na nGall mar bhí an teanga ag laghdú i ngach áit seachas in iarthar agus i dtuaisceart Chontae Dhún na nGall in aimsir an Ghorta ar aghaidh (FitzGerald, 2003: 200). Tháinig an cúntóir as Contae Mhaigh Eo, rugadh í in 1887 agus bhí sí 24 bliain d'aois in 1911. Rugadh an ceann teaghlaigh in 1868. Bhí sé 43 bliain d'aois in 1911 agus ba as Contae Mhaigh Eo é. Bhí an Ghaeilge á labhairt i gContae Mhaigh Eo ach bhí sí ag laghdú i gceantracha ar nós Bhéal an Átha agus Cathair na Mart ó aimsir an Ghorta ar aghaidh (2003: 202).

Bhí an teanga ag triúr, beirt fhear (30, 43 bliain) agus bean amháin (24 bliain) a bhí ag obair i seirbhisí meánaicme sa chontae. Ní raibh Gaeilge ag na scoláirí in aois scoile.

Ciallaíonn sé sin nach raibh Gaeilge i scoil an bhaile, nó nach raibh Gaeilge ag na múinteoirí náisiúnta. Bhí Gaeilge ag daoine a mbíodh caidreamh geilleagrach acu leis an bpobal mar shampla, an t-éadaitheoir agus an siopadóir. D'fhéadfadh teangacha riachtanais áirithe a chomhlíonadh i gcomhthéacs na sochtheangeolaíochta – '*Languages serve particular (often complex) sociopolitical economic and cultural agendas*' (Ricento, 1999: viii). In Éirinn 'bhí an teanga riachtanach sa 19ú haois don siopadóir uirbeach agus é ag deileáil lena chustaiméirí uirbeacha rud a lean ar aghaidh le blianta anuas', a deir Ó Cuív (1951, 1993: 26).

Bunaíodh Craobh de Chonradh na Gaeilge i gCluain Brónaigh in 1913 (G60/4/8). Luann McMahon gurbh eagraíocht a d'fhéadfadh a bheith bainteach leis an meánaicme é an Conradh (2008: 108). Bhí sé mealltach do lucht na gceardaithe – is den aicme sin 55% de bhaill an Chonartha (Murphy, 2008: 154).

Próifíl áitiúil 3

Limistéar tuaithe i gContae an Longfoirt

Ba limistéar tuaithe ina raibh 24 teaghlach é An Ráth Mór, Béal Átha na Muc Thoir i gContae an Longfoirt in 1911. Feirmeoirí ba mhó a bhí sa limistéar. Ba theaghlaigh Phrotastúnacha iad ceithre theaghlach, b'fheirmeoirí iad na cinn teaghlaigh. Bhí 20 teaghlach ina gCaitlicigh. Ní raibh ach ceird amháin ann – ceird an ghréasaí agus seanghréasaí a bhí ann; agus bhí tábharneoir amháin ann ó Chontae an Chabháin. Áit stairiúil ab ea Béal Átha na Muc a raibh baint aici leis na hÉireannaigh Aontaithe in 1798 a sheas le harm na Fraince i gcoinne na Sasanach (Murphy, 2010: 297). B'iomáí ainm Sasanach a bhí sa cheantar in 1911, ainmneacha ar nós Anderson, Job, Norris agus Wiggins, léiriú, b'fhéidir, gur chontae faoi phlandáil é go minic mar a luann Nolan (2010: 479). I gContae an Longfoirt, ní raibh an phlandáil chomh heagraithe agus a bhí i gCúige Mumhan agus i gCúige Uladh ach bhí imirce choilíneach leanúnach ann, gné a chuir leis an athrú cultúrtha, mar a deir Lyttleton (2010: 137).

Anailís

Bhí Gaeilge ag dhá theaghlach. I gceann amháin bhí triúr scoláirí le Gaeilge. Bhí fear óg amháin sa dara ceann, oibrí ab ea é a raibh Gaeilge agus Béarla aige. Ní raibh Gaeilge ag aon cheann teaghlaigh. Bhí múinteoir náisiúnta ann, Protastúnach ab ea í agus ní raibh Gaeilge aici. Ní raibh Gaeilge ag an tábharneoir. Ní raibh Gaeilge sna teaghlaigh Phrotastúnacha. Rugadh an t-oibrí talmhaíochta in 1889 agus ba chosúil gur fhoghlaím sé a chuid Gaeilge taobh amuigh d'am scoile. Ní raibh Gaeilge ag na tuismitheoirí. Rugadh na tuismitheoirí in 1838 agus 1840 agus mar sin bhí srianta an chórais oideachais i gceist ina gcás siúd. Bhí triúr scoláirí a raibh Gaeilge acu sa cheantar seo i dteaghlach eile. Rugadh an duine ab aosta in 1893, rugadh an chéad duine eile in 1900 agus rugadh an tríú duine in 1901. Bhí an scoláire ab aosta seacht

mbliana d'aois in 1900 nuair a ceadaíodh múineadh na Gaeilge. Bhí sé fós ar scoil agus é 18 mbliana d'aois, agus b'annamh a tharla sé sin. D'fhéadfadh sé a bheith ag foghlaim a chuid Gaeilge ar scoil mar aon leis na scoláirí eile. Bhí beirt scoláirí eile sa teaghlach sin a rugadh in 1895 agus 1902, nach raibh Gaeilge acu. Ní raibh Gaeilge ag na múinteoirí go léir ag an am sin.

Bhí Gaeilge ag ceathrar sa cheantar seo: fear amháin 22 bliain d'aois, scoláire 18 mbliana d'aois agus beirt chailíní, 11 bhliain d'aois agus 10 mbliana d'aois.

Próifil áitiúil 4

Limistéar uirbeach i gContae an Longfoirt

Ba limistéar uirbeach é Mainistir Leathrátha ina raibh naoi dteaghlach sa bhliain 1911 agus cúig theaghlach sa bhaile fearainn i mBarúntacht Ghránaird. Baintreacha a bhí i gceithre theaghlach mar chinn teaghlaigh. Bhí cúipéir, táilliúir, gabha, constábla ar scor agus múinteoir náisiúnta scoile i measc na n-áithritheoirí. Bhí imirce fhille ann. Rugadh leanaí i Meiriceá agus chuir siad fúthu sa cheantar. Bhí dhá theaghlach Phrotastúnacha ann. Bhí roinnt mhaith baintreach fir sa cheantar.

Anailís

Bhí Gaeilge ag dhá theaghlach sa cheantar seo: i dteach an tsagairt agus i dteach an mhúinteora. Ní raibh ach ochtar leanaí in aois scoile sa cheantar. Ba mhac an mhúinteora é an t-aon pháiste amháin a raibh Gaeilge aige. Rugadh in 1902 é agus ba chosúil gur fhoghlaim sé a chuid Gaeilge ar scoil. Rugadh an múinteoir in 1859 agus ba as Contae Liatroma ó dhúchas é agus ba Chaitliceach é. Bhí an Ghaeilge láidir i gContae Liatroma, áit a raibh an teanga ag idir 40% agus 80% á labhairt ag an bpobal in aimsir an Ghorta (2003: 201). Is cosúil gur thóg sé an teanga leis ina óige.

Bhí Gaeilge ag an sagart a rugadh in 1854. Ba as Contae an Longfoirt ó dhúchas é. Bhí 1,465 duine le Gaeilge in 1851 sa chontae; bhí 686 duine i mBarúntacht Ghránaird agus in 1891 bhí 252 duine dátheangach i gContae an Longfoirt agus 105 acu i mBarúntacht Ghránaird (Ó Cuív, 1951: 79). I ndiaidh an Ghorta Mhóir, chuaigh an Eaglais Chaitliceach ó neart go neart. Cuireadh oideachas ar na sagairt i gColaiste Phádraig agus i gColáiste na Naomh Uile, ceann amháin ag soláthar don tír féin agus an ceann eile ag soláthar do thíortha eile. Cothaíodh feacht ar an dúchas in oiliúint na sagart, fiú i gColáiste na Naomh Uile (AHA 1929/30: 9). Bhí Gaeilge ag beirt fhear a bhí 57 bliain d'aois agus 52 bliain d'aois, agus ag buachaill amháin a bhí naoi mbliana d'aois, sa cheantar seo.

Osclaíodh Craobh Naomh Bryan de Chonradh na Gaeilge i Mainistir Leathrátha i mí na Bealtaine 1905 leis an Athair Tomás Langan, a bhí ina shagart paróiste ann, mar Uachtarán (G60/4/8).

Próifíl áitiúil 5

Limistéar tuaithe i gContae an Longfoirt

Ba limistéar uirbeach é Bun Lathaí i gContae an Longfoirt sa 19ú haois ach ba limistéar tuaithe é in am an Daonáirimh agus ocht mbaile fearainn suite i bparóiste sibhialta An Ghránaird. Níl tásca ná tuairisc ar an sráidbhaile anois. Deir Donohoe (2005: 42) go raibh pobal de 341 duine ann in 1841 ach nach raibh ach 73 duine fágtha in 1911. Osclaíodh ‘Craobh Bhun Lathaighe’ de Chonradh na Gaeilge i mí Dheireadh Fómhair 1905 (G60/4/8). Tá Bun Lathaí suite leathbhealach idir An Gránard agus Béal Átha na Lao.

Baile fearainn is ea Coillín i dtoghroinn Bhun Lathaí. Bhí 19 dteaghlach ann in 1911, trí theaghlach Phrotastúnacha agus 16 theaghlach Chaitliceacha. Feirmeoirí, baintreacha, baintreacha fir, oibríthe feirme, agus aoire amháin a bhí ann. Bhí ochtar scoláirí in aois scoile ann. Ní raibh aon Ghaeilge sa cheantar. Bhí roinnt mhaith ainmneacha Sasanacha le fáil sa cheantar ann: Armstrong, Fleming agus Gilpin arbh as Eaglais na hÉireann iad agus nach raibh Gaeilge acu.

Anailís

Bhí 14 theaghlach in iarsmaí shráidbhaile Bhun Lathaí in 1911. Feirmeoirí, baintreacha, baintreacha fir, oibríthe feirme, táilliúir, siopadóir agus scoláirí a bhí ann. Ba é an t-aon sampla as na samplaí randamacha go léir inar tugadh na sonraí go hiomlán i nGaeilge: Seaghan Mac Riocard agus Máire Ní Bhrádaigh, Caitlicigh, táilliúir agus scoláire faoi seach, a raibh Gaeilge agus Béarla acu araon. Rugadh Mac Riocard in 1873 agus rugadh Ní Bhrádaigh in 1898. Ba as Contae an Longfoirt ó dhúchas iad. Rugadh athair Mhic Riocaird in 1839, agus rugadh a mháthair in 1840 sa chéad tréimhse shaoil den aistriú teanga. Ní raibh Gaeilge acu. D’oibrigh athair agus mac araon i seancheird na táilliúireachta.

Bhí Gaeilge ag beirt sa cheantar seo; fear 38 bliain d’aois a d’oibrigh mar tháilliúir agus cailín 13 bliana d’aois a bhí ina scoláire i dteaghlach amháin. Tugadh na sonraí go léir i nGaeilge don bheirt seo.

Bhí craobh de Chonradh na Gaeilge anseo ó Dheireadh Fómhair 1905 (G60/4/8), (G60/24/6/2). William Ó Raghallaigh a bhí ina Uachtarán uirthi. D’fhreastail Seán Mac Eoin ar an gcraobh seo in 1908. Ba é tionchar amháin a bhí ag an gConradh ar na baill ná gur athraigh siad a n-ainmneacha ón mBéarla go Gaeilge. D’athraigh John Joseph McKeon, gabha, a ainm go Seán Mac Eoin (Sexton, 2023: 3).

Roghnaíodh 135 teaghlach. Bhí Gaeilge ag 16 duine sna teaghlaigh seo as 663 duine. Is é sin 2.41%. Luadh 2.1% in 1911 i móráireamh an CSO 1926.

Tá na ceantair, líon na dteaghlach, daoine a raibh Gaeilge acu, idir bhuachaillí agus chailíní, a ngairmeacha agus a n-aoiseanna léirithe sa tábla thíos. Is iad na ceantair seo i gContae an Longfoirt atá léirithe: Sonnach, Béal Átha na Lao, An Ráth Mór, Mainistir Leathrátha agus Bun Lathaí/Coillín. Tá siad i mBarúntacht an Ghránaird, an chuid den Chontae ina raibh an teanga fós beo. Seisiúr fear, bean amháin, ceathrar buachaillí, agus cúigear cailíní a bhí

sna ceantair a raibh Gaeilge acu in 1911. Ní raibh mórán difríochtaí idir an tuath agus an baile ó thaobh teanga de. Rugadh an duine ab aosta le Gaeilge roimh an nGorta Mór in 1844 sa chéad tréimhse shaoil den amlíne idirthréimhseach Gaeilge go Béarla.

Ceantar	Fir	Mná	Buachaillí	Cailíní	Gairmeacha	Aoiseanna i mblianta
1 T Sonnach 34 teaghlach			Beirt	Beirt	Scoláirí	15, 13, 11, 10
2 U Béal Átha na Lao 30 teaghlach	Beirt	Bean amháin			Ceannaí Suirbhéir Cúntóir	43, 30, 24
3 T An Ráth Mór 24 teaghlach	Fear amháin		Buachaill amháin	Beirt	Oibrí talmhaíochta Scoláirí	22, 18, 11, 10
4 U Mainistir Leath Rátha 14 teaghlach	Beirt		Buachaill amháin		Sagart Múinteoir náisiúnta Scoláire	57, 52, 9
5 T Bun Lathaí / Coillín 33 teaghlach	Fear amháin			Cailín amháin	Táilliúir Scoláire	38, 13

Tábla a haon: An pobal Gaelach in 1911 sna ceantair Sonnach, Beal Átha na Lao, An Rath Mór, Mainistir Leathrátha agus Bun Lathaí i gContae an Longfoirt. T= tuaithe; U= uirbeach.

An Conradh

Bhí trí chraobh de chuid Chonradh na Gaeilge sna limistéir uirbeacha sa sampla ionadaíoch: Bun Lathaí, Cluain Brónaigh agus Mainistir Leathrátha. I gContae an Longfoirt san iomlán bhí 12 craobh de Chonradh na Gaeilge ann (G60/4/8). Bhí 20 craobh i gContae na hIarmhí agus 39 acu i gContae na Mí (G60/4/8) sa tréimhse chéanna. B'eagraíocht bhunaithe sna bailte í an Conradh: *'town-based structure'* agus ba é sin a laige dar le Murphy (2008: 154). Chomh maith leis sin, bhí 'coimhlint idir an nua agus an sean, idir an chathair agus an tuath' agus 'ba bhoichte Athbheochan na Gaeilge dá bharr' (Ó Conchubhair, 2009: 144).

Breathnaíodh ar 135 teaghlach sna ceantair a pléadh. Léirigh Garret FitzGerald (1974, 2003: 204), go raibh an teanga ag leathchuid den phobal i dtóir thuaidh an Chontae san 18ú haois ach nach raibh fágtha ach 4% den phobal a raibh Gaeilge acu in 1911. Bhí Gaeilge ag 16 duine sna ceantair randamacha in 1911 as 663 duine. Is é sin 2.41%.

Léiríonn an píosa taighde seo an líon daoine a choinnigh an Ghaeilge sna ceantair seo de réir Dhaonáireamh 1911. Ciallaíonn an t-aonteangachas marthanacht teanga (FitzGerald, 2003: 204). Ní raibh aon aonteangachas fágtha i gContae an Longfoirt in 1911, áfach, agus ní hionann ainmneacha agus sloinnté tugtha i nGaeilge agus an t-aonteangachas, mar a léiríodh thuas.

Tagairtí

- Adams, G.B. (1964) 'The last language census in Northern Ireland.' In *Ulster Dialects: An Introductory Symposium*. Omagh: Cultra, Ulster Folk Museum. 111–45.
- Adams, G.B. (1986) *The English Dialects of Ulster*. Ulster Folk & Transport Musuem. NLI.
- Boylan, E.J. (1992) *Scrabby & Colmcille East: a history*. Longford: Diocese of Ardagh & Clonmacnoise.
- Browne & Nolan, (1930) *All Hallows Annual 1929–1930*. Dublin: All Hallows College.
- Coleman, M. (2003) *County Longford and the Irish revolution, 1910–1923*. Dublin: Irish Academic Press.
- Coolahan, J. (1981) *Irish Education*. IPA: Gemini.
- FitzGerald, G. (1984) 'Estimates for baronies of minimum level of Irish-speaking amongst successive decennial cohorts: 1771–1781 to 1861–1871.' *Proceedings of the Royal Irish Academy. Section C: Archaeology, Celtic Studies, History, Linguistics, Literature*. Dublin: Royal Irish Academy. 117–55
- FitzGerald, G. (2003) 'Irish-speaking in the pre-famine period: a study based on the 1911 census data for people born before 1851 and still alive in 1911.' In *Proceedings of the Royal Irish Academy: Archaeology, Culture, History, Literature*. 103(5) Dublin: Royal Irish Academy. 191–283
- Fitzpatrick, D. (1997) 'Women and the Great Famine.' In *Gender perspectives in nineteenth-century Ireland: public and private spheres*. Dublin: Trinity College Dublin. 50–69 Ar fáil ag: <http://www.tara.tcd.ie> (Léite: 1 Samhain, 2023).
- Garvin, T. (1986) 'Priests and patriots: Irish separatism and fear of the modern, 1890–1914.' *Irish historical studies*. 25(97) 67–81. Ar fáil ag: <https://www.jstor.org/> (Léite: 1 Eanáir, 2024).
- Hernández-Campoy, J.M. (2014) 'Research methods in Sociolinguistics.' *Aila Review*, 27(1). 5–29. Ar fáil ag: <https://www.jbe-platform.com/> (Léite: 1 Nollaig, 2023).

- Kandler, A., Unger, R. & Steele, J. (2010) 'Language shift, bilingualism and the future of Britain's Celtic languages.' *Philosophical Transactions of the Royal Society: Biological Sciences*. 365(1559) 3855–864. Ar fáil ag: <https://www.ncbi.nlm.nih.gov/pmc/articles/> (Léite: 1 Deireadh Fómhair, 2023).
- Lee, J. (2008) *The modernisation of Irish Society 1848–1918*. Dublin: Gill & Macmillan.
- Leeman, J. (2018) 'It's all about English: The interplay of monolingual ideologies, language policies and the US Census Bureau's statistics on multilingualism.' *International Journal of the Sociology of Language*. (252)2143. Ar fáil ag: <https://doi.org/10.1515/ijsl-2018-0013> (Léite: 06 Deireadh Fómhair, 2023).
- Lewis, S. (1837) *A Topographical Dictionary of Ireland, Comprising the Several Counties, Cities,...with Historical and Statistical Descriptions: Embellished with Engravings of the Arms of the Cities,... and of the Seals*. (Vol. 2). London: S. Lewis.
- Lyttleton, J. (2010) 'Rathcline Castle, an archaeology of plantation in County Longford.' Morris, M. & O'Ferrall, F. (ed.) *Longford History & Society*. Dublin: Geography Publications 135–59.
- McLeod, W., (2008) 'Linguistic Pan-Gaelicism. A Dog that wouldn't Hunt.' *Journal of Celtic Linguistics* 12. 87–120. Ar fáil ag: <https://www.ingentaconnect.com/> (Léite: 10 Nollaig, 2023).
- McMahon, T.G. (2008) *Grand opportunity: the Gaelic revival and Irish society, 1893–1910*. New York: Syracuse University Press.
- McManus, A. (2002) *The Irish hedge school and its books 1695–1831*. Dublin: Four Courts Press.
- Morris, M. & O'Ferrall, F. (ed.) (2010) *Longford History and Society*. Dublin: Geography publications.
- Murphy, J.H. (2008) 'Grand Opportunity: The Gaelic Revival and Irish Society, 1893–1910.' *New Review*. 12(4) 153–7. Ar fáil ag: <https://www.jstor.org/tc/> (Léite: 1 Deireadh Fómhair 2023).

- Ní Dhonnchadha, A. & Nic Eoin, M. (eag.) (2008) *Ar an gcoigríoch: Díolaim Litríochta ar Scéal na hImirce*. Indreabhán: Cló Iar-Chonnacht.
- Ní Mhunchaile, L. (2010) ‘The Irish language and Gaelic literary heritage of County Longford in the eighteenth and nineteenth centuries.’ Morris, M. & O’Ferrall, F. (eds) *Longford History & Society*. Dublin: Geography Publications. 283–96.
- Nic Craith, M. (1993) *Malartú Teanga. An Ghaeilge i gCorcaigh sa naoú haois déag*. An Ghearmáin: Bremen.
- Ó Conchubhair, B. (2009) *Fin de siècle na Gaeilge: Darwin, an Athbheochan agus Smaointeoireacht na hEorpa*. Indreabhán: Cló Iar-Chonnacht.
- Ó Cuív, B. (1951, 1993) *Irish dialects and Irish-speaking districts*. Baile Átha Cliath: DIAS.
- Ó Glaisne, R. (1981) ‘Irish and the Protestant Tradition.’ *The Crane Bag*, vol. 5, no. 2, 33–44. Ar fáil ag: <http://www.jstor.org/stable/30060631> (Léite: 15 Eanáir, 2024)
- Ó Gliasáin, M. (1996) *Ceist na Teanga sa Daonáireamh*. Baile Átha Cliath: ITÉ.
- Ó hUiginn, R. (2008) Nic Pháidín, C. (ed.) *New View of the Irish Language*. Baile Átha Cliath: Cois Life. 1–10.
- Ó Murchú, M. (2001) *Cumann Buan Choimeádta na Gaeilge: Tús an Athréimnithe*. Baile Átha Cliath: Cois Life.
- Ó Súilleabháin, S. (2007) ‘An Ghaeilge i gContae Longfoirt.’ *Teathba*. 60–3.
- O’Hara, A. (2010) “‘Come, pack up your store...’ Emigration from County Longford in the nineteenth and twentieth centuries.’ Morris, M. & O’Ferrall, F. (eds.) *Longford History & Society*. Dublin: Geography Publications. 489–510.
- Parkes, S.M. (2010) *A guide to sources for the history of Irish education 1780–1922*. Dublin: Four Courts Press.
- Parkes, S.M. (2016) “‘An Essential service’: The National Board and Teacher Education, 1831–1870.’ Walsh, B. (ed.) *Essays in the History of Irish Education*. London: Palgrave Macmillan. 45–82.

Ricento, T. (ed.) (2000) *Ideology, politics and language policies: Focus on English*. (Vol. 6). London: John Benjamins Publishing.

Ruppert, E.S. (2008) “I Is; Therefore I Am”: The Census as Practice of Double Identification.’ *Sociological Research Online*, 13(4) 69–81. Ar fáil ag: <https://doi.org/10.5153/sro.1778> (Léite: 1 Eanáir, 2024).

Sexton, B. (2023) *The North Longford Flying Column*. Longford: Rapid Print.

Walsh, B. (ed.) (2016) *Essays in the History of Irish Education*. London: Palgrave Macmillan.

Walsh, B. (2021) ‘Schooling, the Gaelic League, and the Irish language revival in Ireland 1831–1922’ *Paedagogica Historica*, 59:6, 1161–77. Ar fáil ag: [DOI:10.1080/00309230.2021.1991400](https://doi.org/10.1080/00309230.2021.1991400) (Léite: 9 Feabhra, 2024).

Withers, C. (1984) *Gaelic in Scotland*. London: Bell & Bain Ltd.

Tráchtas Neamhfhoilsithe

Donohoe, M.A. (2005) *The lost village of Bunlahy*. Taighde neamhfhoilsithe do Theastas sa Stair Áitiúil, Ollscoil Mhá Nuad.

Doyle, J. (2003) *Model schools-Model teachers? The model schools and teacher training in nineteenth century Ireland*. Tráchtas dochtúireachta, Ollscoil Bhaile Átha Cliath. Ar Líne (Léite: 8 Feabhra, 2024).

Eile

Mac Cárthaigh, D. (2019) Agallamh leis an údar.

Ó Foghlú, P. (2023) Comhfhreagrás pearsanta le húdar an ailt. 27 Deireadh Fómhair; 31 Deireadh Fómhair.

Foinsí Leictreonacha

<https://www.census.nationalarchives.ie/help/about19011911census.html>

<https://www.cso.ie/en/releasesandpublications/ep/p-1916/1916irl/people/population/#:~:text=The%20population%20of%20Ireland%20grew,2011%20were%20all%20in%20Leinster>

<https://digital.library.universityofgalway.ie/p/ms/categories?collection=502&q=G60/24/6/3;G60/4/8>.

<https://parlipapersProquest.com>. NLI Returns relating to national education in Ireland showing the number of pupils on roll, average daily attendance. . . .

<https://www.cso.ie/en/releasesandpublications/ep/p-11916/1916irl/people/population/#:~:text=The%20population%20of%20Ireland%20grew,2011%20were%20all%20in%20Leinster>

Aguisín 1

Is iad seo craobhacha Chonradh na Gaeilge i gContae an Longfoirt (G60/4/8).

Uimhir na Craoibhe	Suíomh	Bliain a mbunaithe
181	An Longfort	Mí na Nollag 1900
241	An Lios Breac	Gan dáta
643	Naomh Ciarán, Gránard	Mí na Samhna 1903
790	Naomh Colmcille, Mullach an Leachta	Mí na Samhna 1904
852	Naomh Bryan, Mainistir Leathrátha	Mí na Bealtaine 1905
875	Bun Lathaghe, Béal Átha na Laogh	Mí Dheireadh Fómhair 1905
878	Naomh Diarmada, Baile Nua an Chaisil	Mí Mheán Fómhair 1905
895	Naomh Brighide, Cairthe	Mí na Samhna 1905
1300	Naomh Muire na Maighistirí Gránard	Mí Feabhra 1910
1301	Achadh na nGearrán	Mí Feabhra 1910
1335	Naomh Colm Cille, Achadh na Cluiche Gránard	Gan dáta
1449	Cluain Brónaigh, Baile na Laogh, Meathus Truim	Mí Iúil 1913

Aguisín 2

Seo a leanas comhfhreagras comhaimseartha idir Conradh na Gaeilge agus an t-údar

Pádraig Ó Foghlú <padraig.ofoghlú@cnag.ie> Fri, Oct 27, 2023, 12:54 PM

A chara,

Go raibh maith agat as do r-phost.

Faraor níl craobh ar bith de Chonradh na Gaeilge i gContae an Longfoirt.

Tá beirt cláraithe linn mar bhaill aonair sa chontae (fíor íseal i gcompráid le contaetha eile)

Tá sé deacair freagra crinn a thabhairt duit faoin gcúis nach bhfuil borradh tagtha ar an gConradh sa chontae - nílim ach ag plé le cúrsaí ballraíochta le 3 mhí anuas.

Níl Gaelcholáiste sa chontae agus cuireann sé sin srian ar líon na gcainteoirí líofa a bheadh sa chontae agus daoine a bheadh suim acu craobh a bhunú

Is eagraíocht pobal bunaithe muid agus muna bhfuil pobail gaelach ann is beag seans go dtiocfaidh craobh ar an bhfód.

Níl mórán Craobhacha ag an gConradh lártíre ach an oiread níl an fhadhb seo teoranta do Chontae an Longfoirt amháin

Níl craobh againn i gContae Laoise, Cill Chainnigh nó Uíbh Fháilí

Fiosróidh mé an scéal le hiar-chomhghleacaí a bhí agam - tá a fhios agam go raibh sé ag iarraidh craobh a bhunú sa chontae tráth dá raibh

Le dea-ghuí,

Pádraig

Pádraig Ó Foghlú <padraig.ofoghlú@cnag.ie> Oct 31, 2023, 10:11 AM

Haigh a chara,

Is féidir leat tagairt a dhéanamh cinnte

Tá Gaelscoil ann ach faraor níl oideachas dara leibhéal trí mheán na Gaeilge ar fáil sa chontae

Le dea-ghuí,

Pádraig.



Ó Shamhlacha Físeacha go dtí an Cleachtas Laethúil: Creat Forbartha Gairmiúla na Foghlama Comhtháite Ábhar agus Teanga le cuidiú na Teicneolaíochta (R-FCÁT)

Nóra Ní Bheaglaoich & T.J. Ó Ceallaigh

<https://doi.org/10.13025/19196>

Coimriú

Tá dea-cháil na foghlama comhtháite ábhar agus teanga (FCÁT) aitheanta sa litríocht idirnáisiúnta ó na nóchaidí i leith mar threocht chun an dara teanga a theagasc. Tiomáineann an t-ábhar an teagasc le FCÁT ach cuirtear défhócas ar ábhar agus ar theanga araon chun an sprioctheanga a bhláthú (Coyle *et al.*, 2010; Mehisto *et al.*, 2008). Eachtraítear don bhFCÁT sa litríocht dhúchasach in Éirinn le fada (An Roinn Oideachais & Scileanna, 2011; Harris *et al.*, 2006; Rialtas na hÉireann, 2010; Harris & Ó Duibhir, 2011; An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim & Measúnachta, 2015; 2019) ach feictear dícheangal go fóill maidir le moltaí an churaclaim teanga don bhunscoil (CNCM, 2015; 2019) agus cleachtais laethúla an ghnáthmhúinteoir ranga chun FCÁT a fhódú sa teagasc i mbunscoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla ina múintear an Ghaeilge mar dhara teanga (T₂).

Tráchtar go hidirnáisiúnta go bhfuil éileamh ar bhonn eolais ábhartha a fhrámú do mhúinteoirí agus clár forbartha gairmiúla atá fiúntach a sholáthar dóibh chun glacadh leis an bhFCÁT (Cammarata & Ó Ceallaigh, 2020; Nig Uidhir & Ó Ceallaigh, 2023). Chuige seo, is luachmhar cumhacht na teicneolaíochta a fhiosrú chun saineolas san bhFCÁT a chothú i measc bunmhúinteoirí in Éirinn agus sainoiliúint a chur orthu chun an FCÁT a chur i bhfeidhm ar bhonn féideartha, dúshlán a shárú agus dea-chleachtas a roinnt agus a cheiliúradh. Sa

pháipéar seo, scagtar an claochlú leanúnach atá sa phróiseas chun oideolaíocht stuama a dhearadh atá fréamhaithe sa teoiric agus sa chleachtas araon, chun teanga agus ábhar a chomhtháthú go comhuaineach. Spléachtar ar an litríocht ábhartha a bhaineann le bonn eolais an mhúinteora FCÁT freisin agus déantar iniúchadh ar na bealaí is éifeachtaí chun inniúlachtaí an mhúinteora FCÁT a fhorbairt le cuidiú na teicneolaíochta (.i. R-FCÁT). Ag deireadh an pháipéir, pléitear impleachtaí don fhorbairt ghairmiúil san bhFCÁT agus don taighde amach anseo.

Réamhrá

Feictear cáil an FCÁT i gcorcail oideachais go hidirnáisiúnta agus teagasc trí sprioctheanga ar bun. Is cur chuige défhócasaithe an FCÁT ina múintear ábhar agus teanga go comhuaineach (Coyle *et al.*, 2010). Is é sin, seachnaítear teagasc an ábhair aonair agus cinntítear íogaireacht teanga chun tuiscint an ábhair a éascú nuair atá teagasc i dteanga nach teanga na ndaltaí í ar bun (Ball *et al.*, 2015; Tedick & Lyster, 2020). Tháinig FCÁT ar an bhfód san Eoraip sna nóchaidí (Coyle, 2002; Coyle *et al.*, 2010) mar fhreagairt ar éilimh idirnáisiúnta eacnamaíochta agus chultúrtha chun gluaiseacht dírithe ar an mbreisteangachas a neartú (Brinton & Snow, 2017; Comhairle na hEorpa, 2001; 2003). Tá gaol gairid idir FCÁT agus an teagasc ábhar-bhunaithe atá fódaíthe i gcórais oideachais na Stát Aontaithe le fada agus a shíolraigh ó ghluaiseacht an tumoideachais i gCeanada sna seascaidí (Brinton & Snow, 2017). Feictear múnlaí difriúla den bhFCÁT i réim go hidirnáisiúnta freisin le contanam leathan fócais a luascann idir ábhar (FCÁT cruá) nó teanga (FCÁT bog) ag brath ar an gcomhthéacs (Met, 1998). In ainneoin éagsúlachtaí fairsinge sa tslí a gcuirtear FCÁT i bhfeidhm, cosúlacht amháin a thuiriscítear ná go mbíonn idir ranganna ábhair agus ranganna teanga i gceist le FCÁT go hiondúil, agus go mbíonn an rang ábhair ar siúl trí sprioctheanga go príomha (Lo, 2020).

Cibé múnla a roghnaítear, tarraingítear ar bhealaí uasmhéadaithe le droicheadú a dhéanamh idir ábhar agus teanga le cáilíochtaí an FCÁT chun deiseanna foghlama sa sprioctheanga a bhreisiú (Costa & Angelo, 2011; Cenoz & Zarobe, 2015). Aithnítear go bhfuil teagasc an dara teanga níos éifeachtaí nuair a dhéantar dlúthcheangal le hábhar dílis (Genesee & Hamayan, 2016) agus glactar leis go bhfoghlaímítear ábhar dílis trí theanga agus le teanga (Mohan, 1986; Snow *et al.*, 1989). Léirítear sa taighde idirnáisiúnta go bhfuil buntáistí suntasacha ó thaobh gnóthachtáil foghlaimoírí sa dara teanga leis an bhFCÁT (Dalton-Puffer *et al.*, 2022; Lasagabaster, 2008; Navés & Victori, 2010), ach sonraítear míbhuntáistí i staidéir áirithe ó thaobh gnóthachtáil ábhair (Marsh *et al.*, 2000; Ní Chróinín *et al.*, 2016). Ní thuigtear fós an bealach is fearr an t-ábhar agus an teanga a chothromú in oideolaíocht FCÁT (Cammarata & Ó Ceallaigh, 2020) agus aithnítear an tábacht a bhaineann le bonn eolais an mhúinteora FCÁT a shaibhriú go leanúnach sa taighde (Genesee & Hamayan, 2016; Cammarata & Cavanagh, 2018).

An Fhoghlaim Chomhtháite Ábhar & Teanga i Scoileanna a Fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla in Éirinn

Tá sochaí na hÉireann éabhlaithe go mór le glúin anuas le forbairtí tagtha chun cinn san oideachas agus díospóireacht faoi dhul chun cinn na Gaeilge inár scoileanna ina measc (Seoighe, 2014; Flynn, 2021; Batardière *et al.*, 2023). Eachtraítear i dtuairiscí de chuid na cigireachta go bhfuil an Ghaeilge leochaileach i mbunscoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla (An Chigireacht, 2007; 2013; 2016; 2022). Aithnítear ón taighde dúchasach freisin go bhfuil an FCÁT ag borradh mar mhodheolaíocht teagaisc don Ghaeilge i ngort an oideachais dhátheangaigh i scoileanna T2 ag an mbunleibhéal (Fahey, 2021; Flynn, 2021; Harris *et al.*, 2006; Harris & Ó Duibhir, 2011; Ní Chróinín *et al.*, 2016; Ní Dhiorbháin & Ní Bhaoill, 2018; Seoighe, 2014). Foilsíodh curaclam teanga nua don bhunscoil (CNCM, 2015; 2019) ina moltar cur chuige comhtháite teagaisc don Ghaeilge agus don Bhéarla araon chun foghlaim teangacha do dhaltaí a shaibhriú. Soláthraíonn an curaclam teanga deis do bhunscoileanna T2 don Ghaeilge toisc go n-aithnítear mar chomhthéacsanna uathúla iad le torthaí foghlama ar leith frámaithe dóibh i leagan den churaclam atá éagsúil leis na hionchais atá aitheanta do Ghaelscoileanna nó scoileanna Gaeltachta (CNCM, 2015; 2019). Moltar sa churaclam teanga tarraingt ar cháilíochtaí FCÁT chun deiseanna ‘páirt-tumoideachais’ don Ghaeilge a sholáthar do dhaltaí bunscoile atá ag freastal ar na scoileanna seo ina n-úsáidtear an Béarla mar phríomhtheanga teagaisc. Roghnaítear an FCÁT toisc é a bheith solúbtha agus níos dírithe ar fhoghlaim teanga (An Roinn Oideachais & Scoileanna, 2019; 2023; Fahey, 2021; Flynn, 2021; Ní Chróinín *et al.*, 2016; Seoighe, 2014). Ina theannta sin, méadaítear ar an am teagmhála don Ghaeilge toisc fíorchomhthéacsanna don chumarsáid a bheith cruthaithe lasmuigh den cheacht Gaeilge leis an bhFCÁT (CNCM, 2015; 2019; ROS, 2022; ROS, 2023). Feictear an FCÁT luaithe sa *Straitéis Fiche Bliain don Ghaeilge* (Rialtas na hÉireann, 2010) freisin ina léirítear féidearthachtaí do scoileanna Gaeilge T2 gur cheart a fhiosrú i leith fhorbairt an dátheangachais don Ghaeilge.

An méid sin ráite, níl aon fhianaise den bhFCÁT i bhfeidhm ar bhonn córasach, críochnúil forleathan i scoileanna T2 go fóill. Mínítear i dtuairisc an phríomhchigire (ROS, 2022) gur chóir iniúchadh gníomhach a dhéanamh ar dheiseanna chun an FCÁT a leathnú mar mhodh chun úsáid na Gaeilge a chur chun cinn i measc daltaí a fhreastalaíonn ar scoileanna T2. Tagraítear go sonrach don tionscadal píolótach atá ar bun faoi láthair i scoileanna agus suíomhanna Luath-Óige (ROS, 2019; 2023) maidir le fiosruithe don bhFCÁT faoi chumas, muinín agus meon daltaí i leith na Gaeilge a shaibhriú i scoileanna T2 (ROS, 2022). Léiríonn beartais an chórais go bhfuil éileamh ar phíolótú fianaise-bhunaithe le múinteoirí chun an treo don bhFCÁT a mhapáil agus a thuiscint. Maítear in Ní Dhiorbháin & Ní Bhaoill (2018) go bhfuil gá iniúchadh a dhéanamh ar na dúshláin roimh bhunmhúinteoirí agus aghaidh a thabhairt orthu agus an FCÁT á chur i bhfeidhm de dheasca ganntanas taighde i gcomhthéacs na hÉireann go fóill. Dar leo, nach ionann an FCÁT agus ábhar a theagasc trí Ghaeilge

amháin ach gur oideolaíocht ar leith é. I dtaighde de chuid Seoighe (2014), Ní Chróinín *et al.*, (2016) agus Fahey (2021) maítear nach bhfuil achtú an FCÁT gan dúshláin in ainneoin na bhféidearthachtaí aitheanta leis agus go bhfuil gá le tuilleadh taighde maidir le bonn oideolaíochta don bhFCÁT a fhrámú. Tuairiscítear in Seoighe (2014) faoi dheacrachtaí maidir le téarmaíocht theicniúil an ábhair a láimhseáil agus maidir le hualach na réamhphleanála toisc easpa ceachtanna réamhullmhaithe a bheith ar fáil. I dtaighde Ní Chróinín *et al.*, (2016) sonraíodh go raibh deacrachtaí le cothromú an ábhair agus na teanga agus nár éirigh le múinteoirí torthaí foghlama don chorpoideachas mar ábhar a bhaint amach. Ba léir go raibh comhoibriú foirne, forbairt ghairmiúil agus sainriachtanais um fhorbairt ghairmiúil ar leith de dhíth mar a léirigh taighde Fahey (2021). Fágтар an scéal dá réir, go bhfuil gá le treoir phraiticiúil agus stiúradh oiriúnaithe do chomhthéacs na hÉireann do bhunmhúinteoirí i mbunscoileanna T2 (Fahey, 2021). Chuige seo, tá fíorthábhacht le forbairt ghairmiúil don bhFCÁT atá nuálach, athbheoite, idirnasctha agus cuimsitheach a sholáthar do mhúinteoirí. Ar ndóigh, ní mór scagadh a dhéanamh ar theoiric agus ar chleachtas FCÁT de réir na litríochta chun éilimh eolais an mhúinteora FCÁT a thuiscint.

Ó Theoiric go Cleachtas FCÁT

Achtaítear an FCÁT nuair atá an sprioctheanga leabaithe i ndlínse an ábhair agus cruthaítear comhthéacs nádúrtha, rannpháirteach agus comhoibritheach chun an teanga a chur i ngníomh ar bhonn dírithe ar mhíniú le hidirghníomhú sóisialta ar bun (Genesee & Hamayan, 2016). Cruthaíonn an t-ábhar treoirphlean don teanga inar féidir le foghlaimeoirí tarraingt ar eolas an ábhair, scileanna acadúla chun an teanga neadaithe san ábhar a fhorbairt agus smaointeoireacht chognaíoch ábharbhunaithe a neartú chun ciall a bhaint as a gcuid tuairimí san fhoghlaim (Tedick & Lyster, 2020). Anuas air sin, is féidir tarraingt ar sholúbthacht an FCÁT chun an fhoghlaim a bheith sofhreagrach do chomhthéacsanna difriúla foghlama mar tuigtear gurb uathúil gach suíomh ranga nó scoile (Mehisto *et al.*, 2008). De dheasca an nádúir oscailte sin, is féidir le múinteoirí tarraingt ar straitéisí agus acmhainní ábhartha chun deiseanna foghlama a thapú. Ar an iomlán, tarraingítear ar an teanga mar uirlis foghlama don ábhar (Coyle, 2007) cibé teanga oidhreacht nó mórtéanga atá roghnaithe mar sprioctheanga teagaisc (Tedick & Lyster, 2020).

Ar mhaithe le soiléireacht, is fiú a lua go bhfuil bunús teoiriciúil, stuama, taighde-bhunaithe a sheasann le FCÁT ina gcuirtear iontaoibh sa teanga mar ualach tosaigh. Tagraítear in Coyle (2007) do mhúnla oideolaíochta na gceithre ‘C’ (cumarsáid, cultúr, cognaíocht, comhchuideanna an ábhair) mar threoir do mhúinteoirí agus taighdeoirí chun coincheapú a dhéanamh ar an bhFCÁT. Aithnítear tábhacht na cumarsáide ar bhonn cognaíoch neadaithe san fheasacht idirchultúrtha nuair atá teagasc tríd an ábhar ar bun (Dalton-Puffer *et al.*, 2022; Seoighe, 2014). Molann Coyle (2007) gur clocha coirnéil iad sin chun an FCÁT a ghníomhú


go héifeachtach. Mar shnáthín tríothu sin, is luachmhar tagairt a dhéanamh don tríréd teanga (Coyle *et al.*, 2010) ina ndírítear ar theanga don fhoghlaim (téarmaíocht dhisciplíneach), teanga le linn na foghlama (teanga chomhlántach an ranga chun tascanna a chomhlíonadh san ábhar) agus teanga tríd an bhfoghlaim (teanga theagmhach a thagann chun solais le linn na foghlama). Dírítear ar ghnéithe difriúla den teanga ag tógaint bhrí (tuiscint) agus fhoirm (líofacht) na teanga san áireamh leis an tríréd teanga agus aithnítear go bhfuil feasacht ar chineálacha éagsúla teanga de dhíth (Dalton-Puffer *et al.*, 2022). Is é sin, déantar freastal ar theanga dhisciplíneach an ábhair anuas ar theanga shóisialta nó chumarsáideach na ndaltaí le linn a gcuid foghlama. De réir na litríochta mar sin, feictear an FCÁT ag briseadh talamh nua i ngort an oideachais dhátheangaigh, cibé mórtheanga nó mionteanga an sprioctheanga idir lámha toisc teanga ghnásúil (teanga idirghníomhúil dírithe ar chaidrimh shóisialta) agus teanga fhaisnéiseach (tuiscint mheiteatheangeolaíoch ar theanga) a bheith á dtairiscint araon (Coyle *et al.*, 2020; Tedick & Lyster, 2020). De réir taighde fhairsing atá déanta go hidirnáisiúnta, feictear foghlaim teanga agus gníomhú cognaíochta ag feidhmiú sa dá réimse agus teagasc an ábhair ar bun (Coyle *et al.*, 2020; Tedick & Lyster, 2020).

Bíodh sin mar atá, dealraítear sa litríocht gur dúshlánach do mhúinteoirí smacht a fháil ar FCÁT agus cothromú idir ábhar agus teanga a dheimhniú (Tedick & Cammarata 2012; Coyle *et al.*, 2020). Tuigtear gur riachtanach do mhúinteoirí a nginealach mar mhúinteoirí ábhair a athchruthú agus féachaint orthu féin mar mhúinteoirí teanga ar bhonn oideolaíochta freisin. Is sraith éigeantach i mbonn eolais an mhúinteora atá anseo chun deiseanna forbartha teanga taobh le tuiscint chognaíoch an ábhair a bhreisiú (Cammarata, 2016; Cammarata & Tedick, 2012; Ó Ceallaigh *et al.*, 2019a). Tá mionsraitheanna eile taobh istigh de bhonn eolais an mhúinteora FCÁT freisin agus is luachmhar tagairt dóibh.

Bonn Eolais an Mhúinteora FCÁT

Aithnítear go bhfuil dea-thréithe oideolaíochta an mhúinteora mar chuid lárnach den dea-theagasc chun coinníollacha oiriúnacha foghlama teanga a chinntiú don dalta (Lo, 2020; Tedick & Wesley, 2015). Luíonn sé le ciall, mar sin, gur cheart cleachtais teagaisc a neartú toisc go dtarraingítear ar raon leathan straitéisí chun an sprioctheanga a theagasc go héifeachtach (Koopman *et al.*, 2014; Lyster, 2007; Lo, 2020; Morton, 2018). Feictear éabhlú agus éileamh ar níos mó taighde faoi bhonn eolais an mhúinteora, dá réir (Cammarata & Haley, 2018; Lightbown, 2014). Mhaígh Shulman (1986) i bhfad siar go raibh bonn eolais uathúil ar a dtugtar eolas oideolaíoch ar an ábhar idirnasctha le gairm na múinteoireachta agus atá dodhealaithe ón oideolaíocht. Cuireann an múinteoir eolas, coincheapa nó cumas chun scileanna a fhorbairt ina luí ar dhaltaí ar bhonn sothuigthe, inláimhsithe sa chomhthéacs foghlama.

Gan eolas oideolaíoch forbartha, tuigtear go mbíonn cúrsaí teagaisc casta agus easnamhach le saineolas fágtha ar lár (Cammarata, 2016; Morton, 2018; Ó Ceallaigh *et al.*, 2019a; Lo, 2020; Tedick & Lyster, 2020). Go deimhin, tá bonn eolais mhéadaithe de dhíth ó mhúinteoirí a dhíríonn go sonrach ar mhodhanna chun ábhar agus teanga a shaibhriú araon (He & Lin, 2018; Lo, 2020; Lyster, 2007) toisc go bhfeictear constaicí os comhair múinteoirí chun cothromaíocht an ábhair agus teanga a dheimhniú (Cammarata & Tedick, 2012; Cammarata & Cavanagh, 2018; Dalton- Puffer *et al.*, 2020). Feictear saincheistanna le sárú faoin tslí a dtugtar riachtanais na ndaltaí faoi deara nó faoi mar a réitítear constaicí tuisceana de dheasca easpa teanga (Tedick & Lyster, 2020). Cuireann alt Uí Cheallaigh *et al.*, (2019a) inár leith go bhfuil gá d'inniúlacht idirghníomhaithe an mhúinteora a bheith ailínithe le riachtanais foghlama na ndaltaí chun teanga agus ábhar a chomhthógaint araon. Eachtraítear ar fhráma teoiriciúil chun coincheap bonn eolais oideolaíochta an mhúinteora FCÁT a léiriú agus teagasc an ábhair acadúil (an mhatamaitic san alt pléite) agus an sprioctheanga (Gaeilge) ar bun. Cé gur suíomh Gaelscoile atá i gceist ina bhfuil an tumoideachas i bhfeidhm, tá an léiriúchán seo oiriúnach do chomhthéacsanna de réir na litríochta ina múintear trí sprioctheanga (Morton, 2018).



Léaráid 1: Bonn eolais an mhúinteora tumoideachais (Arna chur in oiriúint ó Koehler & Mishra 2008; Tedick 2015; Troyan *et al.*, 2015, Ó Ceallaigh *et al.*, 2019a)

Is léir thuas go bhfuil cur chuige cothromaithe ar bhonn oideolaíochta ag teastáil ón múinteoir FCÁT. Tógtar san áireamh eolas oideolaíochta (EO) faoi mar a mhaígh Shulman (1987) a chuimsíonn eolas ar ábhar disciplíneach an churaclaim don teagasc (EÁ-C). Anuas air sin, is gá don mhúinteoir a bheith cleachtaithe ar an ábhar tríd an sprioctheanga idir lámha (EÁ-T) agus maítear go bhfuil ardchumas agus líofacht sa teanga ag teastáil (Ó Ceallaigh & Ní Chathasaigh, 2021). Cé gurb iltréitheach an bonn eolais oideolaíochta luaite thuas, feictear thuas go bhfuil trasnú níos doimhne i gceist freisin ina dtarraingítear ar réimsí oideolaíochta breise atá riachtanach do bhonn eolais an mhúinteora. Is iad sin, saineolas oideolaíochta ar ábhar an churaclaim (EÓA-C) atá roghnaithe mar ábhar teagaisc (.i. mata). Sna sála air sin, tá éileamh ar shaineolas oideolaíoch ar an ábhar sa sprioctheanga (EOÁ-T). Feictear cónascadh eile freisin ina bhfuil idirghníomhú idir EÁ-T agus EÁ-C ar a dtugtar (EÁT/C), gné a thugann aitheantas do shainfhoclóir an ábhair. Ina iomláine, is é croílár an dea-chleachtais oideolaíochta FCÁT ná gach gné i siombóis lena chéile ina bhfuil eolas oideolaíoch ar chomhtháthú an ábhair agus na teanga (EOÁCÁT). Go deimhin, is sain-inniúlachtaí uathúla na réimsí aitheanta do mhúinteoirí FCÁT chun rath na foghlama a chinntiú agus tá tacaíochtaí breise ag teastáil ó mhúinteoirí ina leith (Dalton-Puffer *et al.*, 2022; Lyster, 2007; Pérez-Cañado, 2018).

Riachtanais an Mhúinteora san bhFCÁT i gComhthéacs na hÉireann

Maidir le scoileanna a fheidhmníonn trí mheán an Bhéarla in Éirinn, tuairiscítear go bhfuil bearnaí suntasacha in eolas faisnéiseach¹ na múinteoirí ar an tumtheanga féin (an Ghaeilge) agus ina n-inniúlacht sa teanga sin (An Chigireacht, 2022; Fahey, 2021; Seoighe, 2014). Maítear i gcáipéisí an rialtais go mbíonn méid agus cáilíocht an teagaisc i leith na Gaeilge easnamhach agus neamhiomlán; go bhfuil líon suntasach daltaí nach mbaineann ionchais amach sa teanga agus gur easpa cumais nó líofacht sa Ghaeilge ceann de na cúiseanna leis seo. (An Chigireacht, 2007; 2013; 2016; 2022). Ní haon iontas mar sin go mbíonn deacrachtaí móra ag múinteoirí breith ar conas is féidir an teanga a chomhtháthú i dteagasc an ábhair ar bhealach bríoch leis an bhFCÁT (Fahey, 2021; Ní Chróinín *et al.*, 2016; Ó Ceallaigh *et al.*, 2017; Seoighe, 2014) agus bíonn siad ag streachailt freisin chun tascanna éifeachtacha a dheardh atá bunaithe ar ábhar agus atá saindirithe ar theanga ábhartha chun *cur le* haschur teangeolaíoch na ndaltaí (an taschur a éascú), rud a mheallann feasacht mheititheangeolaíoch na bhfoghlaimeoirí (Fahey, 2021; Ní Chróinín *et al.*, 2016; Ó Ceallaigh *et al.*, 2019a). Tá sé éigeantach an t-easnamh sin a chur ina cheart agus cláir forbartha ghairmiúla a sholáthar do mhúinteoirí FCÁT (Fahey, 2021; *Batardière et al.*, 2023) inár scoileanna T2 le rath marthanach

¹ Faisnéis agus eolas maidir le míreanna agus fochórais teanga, amhail sainmhínte ar fhocail agus rialacha.

a chinntiú don bhFCÁT. Chuige seo, is luachmhar tarraingt ar chumhacht na teicneolaíochta chun iomadú a dhéanamh ar chleachtas FCÁT go hoideolaíoch agus ar bhonn teangeolaíoch agus deiseanna a thapú ina leith.

Bonn eolais an Mhúinteora FCÁT a fhorbairt le Cuidiú Teicneolaíochta (R-FCÁT)

Sainréimse sa litríocht go fóill is ea forbairt ghairmiúil na foghlama comhtháite ábhar agus teanga. Aithníonn Darling-Hammond *et al.* (2017) seacht ngné choiteanna den fhorbairt ghairmiúil bunaithe ar an léirbhreithniú fairsing a rinne siad ar an litríocht. Bíonn an fhoghlaim ghairmiúil den sórt sin dírithe ar an ábhar, cuimsítear an fhoghlaim ghníomhach léi, tacaítear leis an gcomhoibriú idir múinteoirí, úsáidtear samhlacha den chleachtas éifeachtach, soláthraítear oiliúint agus saintacaíocht, cuirtear aiseolas agus pointí machnaimh ar fáil, agus bíonn foghlaim ghairmiúil den sórt sin ar siúl ar bhonn marthanach. Tagann cineálacha nua éagsúla den fhorbairt ghairmiúil den saghas sin chun cinn mar thoradh ar theicneolaíochtaí nua. Maidir le forbairt ghairmiúil ar líne, cuirtear béim ar thábhacht na comhghleacaíochta agus an chomhoibríthe mar ghnéithe rithábhachtacha d'fhoghlaim rathúil múinteoirí, rud a spreagann athrú marthanach nuálach ina gcleachtais teagaisc (DuBois *et al.*, 2019; Hoffman, 2019; Ó Ceallaigh *et al.* 2019b). Leis an ngairmiúlacht choiteann nó idirghníomhach, cuirtear ar chumas múinteoirí a bheith ina ngníomhaithe gníomhacha dá gcuid foghlama féin trí roinnt agus tríd an gcomhoibriú (Banegas, 2019). Bíonn an fhorbairt ghairmiúil le cuidiú na teicneolaíochta éifeachtach freisin chun cabhrú le múinteoirí machnamh a dhéanamh ar a gcleachtas agus gan a bheith chomh dírithe céanna ar aistriú an eolais (Rienties *et al.*, 2013). Cuireann sé ar a gcumas a gcreidiúintí a scagadh agus teacht ar thuiscintí nua (Rodesiler, 2017). Tá solúbthacht aitheanta le forbairt ghairmiúil le cuidiú na teicneolaíochta agus is féidir le múinteoirí ábhar a phróiseáil ar a luas féin agus dul ar ais chuige nuair is gá (Wynants & Dennis, 2018).

Tarlaíonn dea-fhoghlaim nuair a bhíonn an fhorbairt ghairmiúil le cuidiú na teicneolaíochta fréamhaithe sa chomhthéacs agus nuair a éascaítear solúbthacht le go mbíonn idirghníomhaíochtaí bríocha ag múinteoirí (Rienties *et al.*, 2013). Cothaítear pobal, comhoibriú agus comhghleacaíocht i bhfoghlaim múinteoirí freisin agus soláthraítear deiseanna bríocha do mhúinteoirí FCÁT chun eolas agus cleachtas EOÁCÁT nuálach a chur chun tosaigh. Tá an Creat Forbartha Gairmiúla R-FCÁT thíos bunaithe ar Chreat DigCompEdu (Redecker, 2017) agus ar Chreat Eorpach le haghaidh Oideachas Múinteoirí FCÁT (Frigols *et al.*, 2011). Aithnítear mar aidhm EOÁCÁT múinteoirí FCÁT a threorú, a fhorbairt agus a shaibhriú, agus déantar iarracht sa chreat roinnt réimsí rithábhachtacha R-FCÁT a roinnt agus eispéiris forbartha gairmiúla R-FCÁT ghaolmhara a léiriú san eachtraíocht fúthu.

Réimse R-FCÁT	Eispéiris Forbartha Gairmiúla R-FCÁT
Rannpháirtíocht ghairmiúil le comhghleacaithe FCÁT	<ul style="list-style-type: none"> • cumarsáid agus comhoibriú le múinteoirí FCÁT eile ar thionscadal nó ar thasc tiomnaithe (mar shampla cóitseáil agus meantóireacht ar líne trí MS Teams, Zoom, Slack, timpeallacht fhíorúil foghlama, fóraim agus cláir phlé) • eolas FCÁT, torthaí taighde FCÁT, acmhainní digiteacha agus eispéiris a chomhroinnt/mhalartú (mar shampla, láithreáin ghréasáin, acmhainní digiteacha FCÁT) • machnamh aonair agus coiteann agus measúnú criticiúil a dhéanamh ar eolas múinteoirí FCÁT agus ar eolas an ghréasáin ghairmiúil FCÁT ar líne agus an teolas sin a fhorbairt go gníomhach (mar shampla, anailís chomhoibríoch a dhéanamh ar phleananna ceachta FCÁT agus ar thaifeadtaí ranga, ríomhphunanna FCÁT)
Teagasc, foghlaim agus measúnú FCÁT	<ul style="list-style-type: none"> • úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí digiteacha le haghaidh breathnóireacht ranga, aiseolas do chomhghleacaithe agus mar thacaíocht le haghaidh féinrialúchán comhoibríoch agus piarfhoghlaim chomhoibríoch (mar shampla, breathnóireachtaí fíorúla ina n-úsáidtear teicneolaíocht bheoshruithaithe, ceachtanna FCÁT a thaifeadadh agus a roinnt le comhghleacaithe nó le meantóirí le haghaidh athbhreithnithe agus machnaimh, chun aiseolas a lorg le féinmheasúnú agus feabhsú leanúnach a chur chun cinn) • leas a bhaint as teicneolaíochtaí digiteacha le haghaidh malartú comhoibríoch eolais (mar shampla, fóraim agus cláir phlé, Slack, insamhaltaí idirghníomhacha ar líne) • úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí digiteacha chun foghlaim agus forbairt ghairmiúil múinteoirí FCÁT a phleanáil agus chun monatóireacht agus measúnú a dhéanamh orthu (mar shampla, blaganna, ríomhphunanna, taifeadtaí fuaimne nó físe)
Acmhainní teagaisc agus foghlama FCÁT	<ul style="list-style-type: none"> • acmhainní digiteacha a shaináithint, a mheasúnú agus a roghnú chun tacú leis an teagasc agus leis an bhfoghlaim agus chun feabhas a chur orthu (mar shampla, Kahoot, Top Hat, Poll Everywhere, Hypothesis, OneNote Class Notebook, Piktochart, Screencast-O-Matic) • acmhainní oideachais FCÁT a chruthú agus a mhionathrú (i gcomhpháirt) agus aird a thabhairt ar chuspóirí sonracha foghlama ábhair agus teanga, comhthéacs FCÁT, cur chuige oideolaíoch agus grúpa foghlaimeoirí (mar shampla, vicithe agus láithreoireachtaí comhoibríocha Sway, cluichí oideachais FCÁT, ardáin – Padlet, Slack, Flipgrid, aipeanna, podchraoltaí) • ábhar FCÁT a eagrú agus a chomhroinnt le múinteoirí FCÁT eile (mar shampla, láithreáin ghréasáin, láithreoireachtaí Sway, blaganna, físeáin, acmhainní digiteacha FCÁT)

Tábla 1: Creat Forbartha Gairmiúla R-FCÁT

Tá d'acmhainn ag na heispéiris forbartha gairmiúla R-FCÁT thuas deiseanna a sholáthair do mhúinteoirí FCÁT díphacáil agus triail a bhaint as rudaí i dtimpeallacht ar líne atá sábháilte, tacúil agus scafláilte agus atá bunaithe ar an rannpháirtíocht fhrithpháirteach agus ar an bhfiontar comhpháirteach. D'fhéadfadh ábharthacht, barántúlacht, infheidhmitheacht, agus aiseolas a bheith ina mbunghnéithe freisin de na tionscnaimh forbartha ghairmiúla sin a bhfuil mar aidhm leo feabhas a chur ar eolas múinteoirí FCÁT (EOÁCÁT). Ar deireadh, tá d'acmhainn an R-FCÁT lena mbaineann deiseanna idirphlé agus machnaimh ghairmiúil pobail chleachtais ghairmiúla ar líne a chur chun cinn (Wenger, 1998). Is trí eispéiris forbartha gairmiúla bhríocha den sórt sin gur féidir múinteoirí FCÁT a chumasú chun féachaint arís ar a bhféiniúlachtaí gairmiúla, chun iad a athchruthú chun an ról dúbailte atá acu mar mhúinteoirí ábhair agus teanga a mhíniúine.

Impleachtaí don Fhorbairt Ghairmiúil agus don Taighde

In ainneoin éifeachtacht ghinearálta FCÁT, is í an fhadhb is mó atá ann ná an deacracht oideolaíocht chórasach chomhleanúnach a cheapadh chun an teanga a chomhtháthú le teagasc an ábhair d'fhonn an fhoghlaim teanga a bharrfeabhsú agus leibhéal ard gnóthachtála acadúla a chothabháil ag an am céanna. Ní féidir oideachas éifeachtach múinteoirí agus forbairt ghairmiúil do FCÁT a chur i bhfeidhm gan samhlacha oideolaíocha agus creataí coincheapúla soiléire. Bíodh is gurb ann do chreataí oideolaíocha agus dhearaidh curaclaim chun ábhar agus teanga/litearthacht a chomhtháthú (féach Cammarata, 2016; Llinares *et al.*, 2012; Lyster, 2007; Meyer *et al.*, 2015; Ó Ceallaigh *et al.*, 2019a; Ó Ceallaigh *et al.*, 2019b), níl againn go fóill ach tuiscint an-bheag ar na próisis trína n-úsáideann múinteoirí na creataí sin i gcomhthéacsanna FCÁT, trína n-úsáidtear iad i ndearadh agus i bpleanáil curaclaim, agus trína gcuirtear chun feidhme sa seomra ranga iad. Tá an litríocht ar FCÁT thar a bheith soiléir maidir leis an ngá le tacaíocht chúramach a fhreagraíonn don chomhthéacs a sholáthar do mhúinteoirí i bhfoirm cúrsaí forbartha gairmiúla chun na heochairchoincheapa sin a bhainistiú (Pérez-Cañado, 2018). Tá sé rithábhachtach freisin go mbeadh na samhlacha agus na creataí sin fréamhaithe i saol laethúil múinteoirí atá ag gabháil do na tascanna a bhaineann le hábhar agus le teanga a chomhtháthú ina dteagasc, agus i saol laethúil na noideoirí múinteoirí a thacaíonn lena bhforbairt ghairmiúil (Banegas, 2019). Tacaíonn an teicneolaíocht leis seo. I gcomhthéacs na hÉireann, comhthéacs ina bhfuil soláthar FCÁT teoranta faoi láthair, níor ceapadh fós oideolaíocht lena bhféadfaí múinteoirí a threorú agus an Ghaeilge á comhtháthú acu i dteagasc an ábhair trí FCÁT. Ní thuigimid fós a bhfuil i gceist le cothromaíocht a aimsiú idir an t-ábhar agus an teanga in FCÁT d'fhoghlaimoirí agus do mhúinteoirí in Éirinn. Is fiú na castachtaí seo a shárú trí thaighde ar mhaithe le soláthar FCÁT a leathnú i scoileanna a fheidhmíonn trí Bhéarla agus buntáistí an dátheangachais a bhronnadh ar fhoghlaimoirí uile. Beidh cur i bhfeidhm FCÁT in Éirinn an-éagsúil le baint amach i gcomparáid le tíortha eile

de bharr na néagsúlachtaí stairiúla, sóisialta, cultúrtha agus oideachais ar leith a bhaineann lenár dteanga náisiúnta agus tá sé tábhachtach gach samhail oideolaíoch, creat coincheapúil agus soláthar forbartha gairmiúla a fhréamhú sna comhthéacsanna sin.

Ní féidir an comhtháthú ábhar agus teanga a fhoghlaim go héifeachtach lasmuigh de phointí suite cleachtais, mar shampla píosa ábhair a chur in oiriúint, plean ceachta a fhorbairt, gníomhaíocht mheasúnaithe a roghnú, nó idirghníomhú le daltaí sa seomra ranga nó ar líne. Anuas air sin, ní féidir le múinteoirí an comhtháthú a fhoghlaim ná a chur i bhfeidhm leo féin gan múinteoirí eile ach an oiread. Tá an comhoibriú ina scil bhunriachtanach do mhúinteoirí FCÁT (Dale *et al.*, 2017) agus, dá bhrí sin, ba cheart é a fhréamhú in oideachas múinteoirí agus san fhorbairt ghairmiúil. Chuige sin, tá an-acmhainneacht ag baint le samhail an Staidéir Ceachta, mar a d'úsáid Cammarata & Haley (2018) agus Ó Ceallaigh *et al.*, (2019a) chun an dá aidhm a bhaint amach, mar atá comhtháthú a chur i bhfeidhm i dtascanna laethúla an teagaisc, agus an comhoibriú a chinntiú. Níl iniúchadh mar is ceart déanta ar an gcur chuige sin agus ní bhaintear úsáid mar is ceart as in oideachas múinteoirí ná san fhorbairt ghairmiúil le haghaidh FCÁT. Tá gealladh faoi R-FCÁT mar bhealach le cur ar a gcumas do ghrúpaí múinteoirí FCÁT a bheith ag obair le chéile ar líne (go sioncronach nó go haisioncronach) chun spriocanna ábhair agus teanga a chomhtháthú i gceachtanna, breathnú ar na ceachtanna sin le beoshruthú (le béim ar leith ar an gcaoi a bhfreagraíonn na foghlaimeoirí), agus tabhairt faoi mhachnamh dialógach ar na ceachtanna taifeadta chun a ndearadh, a seachadadh agus a dtorthaí d'fhoghlaimeoirí a fheabhsú.

Tríd is tríd, mar sin, tugtar le tuiscint leis an léirbhreithniú gearr seo go bhfuil easnaimh mhóra ar an oideachas múinteoirí FCÁT in dhá phríomhréimse: easpa soláthair ar leibhéal réamhsheirbhíse agus inseirbhíse, agus easpa taighde ar phróisis agus ar thorthaí na gclár oideachais múinteoirí agus forbartha gairmiúla. I gcás inár thacaigh an lucht déanta beartais le cur i bhfeidhm cineálacha éagsúla FCÁT, is léir nár thuig siad na dúshlán a bhíonn le sárú ag múinteoirí chun an t-ábhar agus an teanga/litearthacht a chomhtháthú go rathúil. Tá easpa mhór taighde ar chlár FCÁT i gcomhthéacs na hÉireann, cé go moltar sa bheartas oideachais in Éirinn le fada an lá gur cheart an Ghaeilge a fhoghlaim trí réimsí eile den churaclam (Harris *et al.*, 2006; Rialtas na hÉireann, 2010; Harris & Ó Duibhir, 2011; An Roinn Oideachais & Scileanna, 2011; 2015). Is léir go bhfuil géarghá le taighde ina bhféachtar ar FCÁT i gcomhthéacs na hÉireann.

Is léir gur ganntanas múinteoirí atá cumasaithe san bhFCÁT an bhgairt is mó ar inbhuanaitheacht na gclár go hidirnáisiúnta. Is gá méadú ar an tiomantas d'oideachas múinteoirí agus forbairt ghairmiúil atá fadtréimhseach, bunaithe ar thaighde, suite, comhoibriúch agus machnamhach, agus lena gcothaítear féiniúlachtaí mar réiteach. Tá gealladh mór faoi R-FCÁT anseo mar bhealach chun tacú le múinteoirí FCÁT na réimsí casta idirghaolmhara d'eolas múinteoirí FCÁT a spíonadh amach (mar shampla, eolas oideolaíoch ar chomhtháthú an ábhair agus teanga – EOÁCÁT) agus, mar thoradh air sin, chun a gcleachtas gairmiúil a fhorbairt.

Conclúid

Tugadh léiriú ginearálta sa pháipéar seo ar threocht an ghoirt san bhFCÁT chun teagasc na Gaeilge a neartú i mbunscoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla na tíre. Feictear éileamh ar chleachtas, uirlisí agus straitéisí teagaisc uathúla chun bonn eolais éabhlaithe don mhúinteoir dara teanga san bhFCÁT a neartú. Ar ndóigh, is riachtanach na tacaíochtaí cuí a sholáthar láithreach leis na heasnaimh san fhorbairt ghairmiúil do bhunmhúinteoirí ina leith a réiteach chun FCÁT éifeachtach a dheimhniú inár scoileanna. Chuige seo, díphacáileadh luach an R-FCÁT a luathú trí dheiseanna straitéiseacha agus forbartha a chruthú chun baill foirne a uas-sciliú le cáilíochtaí gairmiúla. B'fhiú an R-FCÁT a dhíphacáil ar leibhéal níos doimhne trí thaighde, áfach, agus na deiseanna leis a fhiosrú chun deacrachtaí an chórais i réim sa Ghaeilge a chaolú ionas go bhfeictear an FCÁT fódaithe go cuimsitheach sa chóras oideachais don todhchaí.

Tagairtí

An Chigireacht (2007) *An Ghaeilge sa Bhunscoil: Staidéir Mheastóireachta na Cigireachta*.

Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais & Eolaíochta.

An Chigireacht (2013) *Tuarascáil an Phríomhchigire*. Baile Átha Cliath: An Roinn

Oideachais & Scileanna.

An Chigireacht (2016) *Tuarascáil an Phríomhchigire*. Baile Átha Cliath: An Roinn

Oideachais & Scileanna.

An Chigireacht (2022) *Tuairisc an Phríomhchigire*. Baile Átha Cliath: An Roinn

Oideachais & Scileanna.

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim is Measúnachta (2015) *Curaclam Teanga na*

Bunscoile. Baile Átha Cliath: An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim is Measúnachta.

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim is Measúnachta (2019) *Curaclam Teanga na*

Bunscoile. Baile Átha Cliath: An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim is Measúnachta.

An Roinn Oideachais & Scileanna (2023) *Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teanga*

(FCÁT): Tionscadal Píolótach don Ghaeilge (2023–2024). [https://assets.gov.](https://assets.gov.ie/224744/12123fd1-cdb4-48d7-86ca-04bed7299106.pdf)

[ie/224744/12123fd1-cdb4-48d7-86ca-04bed7299106.pdf](https://assets.gov.ie/224744/12123fd1-cdb4-48d7-86ca-04bed7299106.pdf)

- An Roinn Oideachais & Scileanna (2019) *Foghlaim Chomhtháite Ábhar & Teanga (FCÁT): Tionscadal Píolótach don Ghaeilge 2019/20*. <https://assets.gov.ie/46716/3f0c358a6d7c4ca6a97ece81774acfdd.pdf>
- An Roinn Oideachais & Scileanna (2011) *Litearthacht agus Uimhearthacht don Fhoghlaim agus don Saol (An Straitéis Náisiúnta chun an Litearthacht agus an Uimhearthacht a Fheabhsú i measc Leanaí agus Daoine Óga 2011–2020)*. Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais & Scileanna.
- Ball, P., Kelly, K., & Clegg, J. (2015) *Putting CLIL into Practice*. Oxford.
- Banegas, D. L. (2019) 'Teacher professional development in language-driven CLIL: A case study.' *Latin American Journal of Content & Language Integrated Learning*, 12(2). 242–64. <https://doi.org/10.5294/lacil.2019.12.2.3>
- Batardière, M.-T., Berthaud, S., Čatibušić, B., & Flynn, C.J. (2023) 'Language teaching and learning in Ireland: 2012–2021.' *Language Teaching*, 56(1). 41–72. <https://research.thea.ie/handle/20.500.12065/4315>
- Brinton, D.M. & Snow, M.A. (2017) *New Perspectives on Integrating Language and Content*. SAM: The University of Michigan Press.
- Cammarata, L. (2016) *Content-Based Foreign Language Teaching: Curriculum and Pedagogy for Developing Advanced Thinking and Literacy Skills*. New York: Routledge.
- Cammarata, L. & Cavanagh, M. (2018) 'In search of immersion teacher educators' knowledge base: Exploring their readiness to foster an integrated approach to teaching.' *Journal of Immersion and Content-Based Language Education* 6(2). 189–217. <https://benjamins.com/catalog/jicb.18009.cam>
- Cammarata, L. & Haley, C. (2018) 'Integrated content, language, and literacy instruction in a Canadian French immersion context: a professional development journey.' *International Journal of Bilingual Education and Bilingualism*, 21(3). 332–48. https://www.researchgate.net/profile/Angel-Lin-8/publication/336052547_Teaching_learning_and_scaffolding_in_CLIL_science_classrooms/links/5e79019fa6fdcceef972fc9d/Teaching-learning-and-scaffolding-in-CLIL-science-classrooms.pdf

- Cammarata, L. & Ó Ceallaigh, T.J. (2020) *Teacher Development for Immersion and Content-Based Instruction*. Amsterdam: John Benjamins.
- Cenoz, J., & Ruiz de Zarobe, Y. (2015) 'Learning through a second or additional language: Content-based instruction and CLIL in the twenty-first century.' *Language, Culture and Curriculum*, 28(1). 1–7. doi:10.1080/07908318.2014.1000921
- Comhairle na hEorpa (2003) *Common European framework of reference for languages: Learning, teaching, assessment (CEFR)*. <https://www.coe.int/en/web/common-european-framework-reference-languages>
- Comhairle na hEorpa (2001) *Common European framework of reference for languages: Learning teaching and assessment*. Strasbourg: Language Policy Division.
- Costa, F., & D'Angelo, L. (2011) 'CLIL: A suit for all seasons?' *Latin American Journal of Content & Language Integrated Learning*, 4(1). 1–13. doi:10.5294/laclil.2011.4.1.1
- Coyle, D. (2002) 'Against all odds: Lesson from content and language integrated learning in English secondary schools.' In W.C. Daniel & G.M. Jones (Eag.), *Education and society in plurilingual contexts*. 37–55. An Bhruiséil: Brussels University Press.
- Coyle, D. (2007) 'Content and Language Integrated Learning: Towards a Connected Research Agenda for CLIL Pedagogies.' *International Journal of Bilingual Education and Bilingualism*, 10 (5). 543–62. <https://doi.org/10.2167/beb459.0>
- Coyle, D., Hood, P., & Marsh, D. (2010) *Content and Language Integrated Learning*. Cambridge: Cambridge University Press.
- Coyle, D., Bower, K., Cross, R. & Chambers, G.N. (2020) *Curriculum integrated language teaching: CLIL in practice*. Cambridge University Press.
- Dale, L., Oostdam, R. & Verspoor, M. (2017) 'Searching for identity and focus: Towards an analytical framework for language teachers in bilingual education.' *International Journal of Bilingualism and Bilingual Education*. 21(3). 366–83. doi:10.1080/13670050.2017.1383351

- Darling-Hammond, L., Hyster, M. E. & Gardner, M. (2017) 'Effective teacher professional development.' Palo Alto, CA: Learning Policy Institute. https://learningpolicyinstitute.org/sites/default/files/product-files/Effective_Teacher_Professional_Development_REPORT.pdf
- Dallinger, S., Jonkmann, K., Hollm, J. & Fiege, C. (2016) 'The effect of Content and Language Integrated Learning on students' English and history competences: Killing two birds with one stone?' *Learning & Instruction*, 41. 23–31. <https://doi.org/10.1016/j.learninstruc.2015.09.003>
- Dalton-Puffer, C., Hüttner, J., & Llinares, A. (2022) 'CLIL in the 21st Century: Retrospective and prospective challenges and opportunities.' *Journal of Immersion and Content-Based Language Education*, 10(2) 182–206. <https://doi.org/10.1075/jicb.21021.dal>
- DuBois, B., Krasny, M. E., & Russ, A. (2019) 'Online professional development for environmental educators: Strategies to foster critical thinking and social interactions.' *Environmental Education Research*. 25(10). 1479–94. DOI:10.1080/13504622.2018.1564247
- Fahey, P. (2021) *CLIL to support Teacher Language Awareness in the Irish Language in English-medium Primary Schools: An Analysis of the impact on Second Language Teaching and Learning Competency*. PhD san Oideachas, Coláiste Mhuire gan Smál, Luimneach, Éire.
- Flynn, C. (2021) *Foghlaim an Dara Teanga: Modhanna agus Tascanna sa Seomra Ranga*. An Spidéal: Cló Iar-Chonnacht.
- Frigols, M.J., Marsh, D., Mehisto, P. & Wolff, D. (2011) *European Framework for CLIL Teacher Education*. Graz: The European Centre for Modern Language.
- Genesee, F. & Hamayan, E. (2016) *CLIL in Context: Practical Guidance for Educators*. Cambridge: Cambridge University Press.
- Harris, J. & Ó Duibhir, P. (2011) *Múineadh Éifeachtach Teangacha: Sintéis ar thaighde*. Baile Átha Cliath: An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim & Measúnachta.
- Harris, J., Forde, P., Archer, P., Nic Fhearaile, S. & O’Gorman, M. (2006) *Irish in primary schools: Long-term trends in achievement*. Dublin: Department of Education & Science.

- He, P. & Lin, A. (2018) 'Becoming a "language-aware" content teacher: Content and language integrated learning (CLIL) teacher professional development as a collaborative, dynamic, and dialogic process.' *Journal of Immersion and Content-Based Language Education* 6 (2). 162–88. <https://www.jbe-platform.com/content/journals/10.1075/jicb.17009.he>
- Hoffman, E.B. (2019) 'Reimagining early childhood educator professional development: An online community shares literacy learning strategies.' *Childhood Education*, 95(4). 47–52, DOI:10.1080/00094056.2019.1638714
- Koopman, G.J., Skeet, J. & de Graff, R. (2014) 'Exploring content teachers' knowledge of language pedagogy: a report on a small-scale research project in a Dutch CLIL Context.' *The Language Learning Journal*, 42(2). 123–36. <http://dx.doi.org/10.1080/09571736.2014.889974>
- Lasagabaster, D. (2008) 'Foreign language competence in content and language integrated courses.' *The Open Applied Linguistics Journal*, 1. 31–42. <https://benthamopen.com/ABSTRACT/TOALJ-1-30>
- Lightbown, P.M. (2014) *Focus on Content-Based Language Teaching*. Oxford: Oxford University Press.
- Llinares, A., Morton, T., & Whittaker, R. (2012) *The roles of language in CLIL*. Cambridge: Cambridge University Press.
- Lo, Y.L. (2020) *Professional Development of CLIL Teachers*. Singapore: Springer.
- Lyster, R. (2007) *Learning and Teaching Languages Through Content: A Counterbalanced Approach*. Amsterdam: John Benjamins.
- Marsh, D., Hau, K. & Kong, S. (2000) 'Late immersion and language of instruction in Hong Kong high schools: Achievement growth in language and non-language subjects.' *Harvard Educational Review*. 70. 303–46. <https://journals.sagepub.com/doi/abs/10.3102/0034654308325898>
- Mehisto, P., March, D., & Frigols, M.F. (2008) *Uncovering CLIL: Content and Language Integrated Learning in Bilingual and Multilingual Education*. London: Macmillan Education.

- Met, M. (1998) 'Curriculum decision-making in content-based teaching.' J. Cenoz & F. Genesee (ed.). *Beyond bilingualism: Multilingualism and multilingual education*. 35–63. Clevedon: Multilingual Matters Ltd.
- Mohan, (1986) *Language and Content*. California: Addison-Wesley Publishing Company.
- Meyer, O., Coyle, C., Halbach, A., Schuck, K., & Ting, T. (2015) 'A pluriliteracies approach to content and language integrated learning – Mapping learner progressions in knowledge construction and meaning-making.' *Language, Culture and Curriculum*, 28(1). 41–57. <https://eric.ed.gov/?id=EJ1054634>.
- Morton, T. (2018) 'Reconceptualizing and describing teachers' knowledge of language for content and language integrated learning (CLIL).' *International Journal of Bilingual Education & Bilingualism*, 21 (3). 275–86. <https://www.tandfonline.com/doi/abs/10.1080/13670050.2017.1383352>
- Navés, T. & Victori, M. (2010) 'CLIL in Catalonia: An overview of research studies.' D. Lasagabaster & Y. Ruiz de Zarobe (ed.) *CLIL in Spain: Implementation, Results and Teacher Training*. 30–54. Newcastle: Cambridge.
- Ní Chróinín, D., Ní Mhurchú, S., & Ó Ceallaigh, T.J. (2016) 'Off-balance: the integration of physical education content learning and Irish language learning in English-medium primary schools in Ireland.' *Education* 3–13, 44(5). 566–76. <https://doi.org/10.1080/03004279.2016.1170404>.
- Ní Dhiorbháin, A. & Ní Bhaoill, M. (2018) 'Taithí Múinteoirí Faoi Oiliúint ar an bhFoghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha.' *COMHAR Taighde*, 4. 1–13. <http://dx.doi.org/10.18669/ct.2018.02>
- Nig Uidhir, G. & Ó Ceallaigh, T.J. (2023). 'Unmasking essential Irish-medium immersion-specific teacher competences.' *Irish Journal of Education (IJE)*, 47(6). 53–75. www.erc.ie/IJE/special-issue
- Ó Ceallaigh, T.J., Ní Mhurchú, S., & Ní Chróinín, D. (2017) 'Balancing content and language in CLIL. The experiences of teachers and learners.' *Journal of Immersion and Content-Based Language Education*. 5(1). 58–86. <https://doi.org/10.1075/jicb.5.1.03oce>

- Ó Ceallaigh, T.J., Hourigan, M. & Leavy, A. (2019a) 'Comhtháthú an ábhair agus na teanga i gcomhthéasc an tumoideachais: múinteoirí faoi oiliúint i mbun eabhlóide tríd an Staidéar Ceachta.' *COMHAR Taighde*, 5, 1–17. <https://doi.org/10.18669/ct.2019.03>
- Ó Ceallaigh, T.J., Ó Laoire, M. & Uí Chonghaile, M. (2019b) *Comhtháthú an Ábhair agus na Teanga san Iar-Bhunscoil Lán-Ghaeilge/Ghaeltachta: I dTreo Eispéiris Forbartha Gairmiúla chun Dea-Chleachtais a Nochtadh*. Baile Átha Cliath: An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta. <https://www.cogg.ie/wp-content/uploads/Tuarascáil-Taighde-Comhtháthú-an-ábhar-agus-na-teanga.pdf>
- Ó Ceallaigh, T.J. & Ní Chathasaigh, C. (2021) 'Feasacht teanga an mhúinteora tumoideachais: Préamh agus guairne an chleachtais.' *Léann Teanga: An Réiviú*, 9, 89–102. <https://doi.org/10.13025/ejoy-nm03>
- Ó Duibhir, P. (2016) 'Foghlaim chomhtháite ábhar agus teanga i gclár oideachais tosaigh do mhúinteoirí bunscoile.' *TEANGA, the Journal of the Irish Association for Applied Linguistics*, 24, 56–69. <https://doi.org/10.35903/teanga.v24i0.43>
- Pérez-Cañado, M.L. (2018) 'Innovations and challenges in CLIL teacher training.' *Theory into Practice*, 57(3), 1–10. <http://dx.doi.org/10.1080/00405841.2018.1492238>
- Redecker, C., (2017) *European framework for the digital competence of educators: DigCompEdu*. Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh. <https://ec.europa.eu/jrc/en/publication/eur-scientific-and-technical-research-reports/european-framework-digital-competence-educators-digcompedu>
- Rialtas na hÉireann (2010) *Straitéis 20 bliain don Ghaeilge 2010–2030*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.
- Rienties, B., Brouwer, N., & Lygo-Baker, S. (2013) 'The effects of online professional development on higher education teachers' beliefs and intentions towards learning facilitation and technology.' *Teaching and Teacher Education*, 29, 122–31. https://www.researchgate.net/publication/232031517_The_effects_of_online_professional_development_on_higher_education_teachers%27_beliefs_and_intentions_towards_learning_facilitation_and_technology

- Rodesiler, L. (2017) 'For teachers, by teachers: An exploration of teacher-generated online professional development.' *Journal of Digital Learning in Teacher Education*, 33(4). 138–47. <https://doi.org/10.1080/21532974.2017.1347535>
- Seoighe, F. (2014) 'An Tairbhe agus na Dúshláin a bhaineann le CLIL a chur i bhfeidhm i mBunscoileanna Lán-Bhéarla.' *Léann Teanga: An Reiviú*, 1. 63–75. <https://doi.org/10.13025/g8fo-qg59>
- Shulman, L.S. (1986) 'Those Who Understand: Knowledge Growth in Teaching.' *Educational Researcher*, 15 (2). 4–14. <http://www.jstor.org/stable/1175860>
- Snow, M.A., Net, M., & Genesee, F. (1989) 'A Conceptual Framework for the Integration of Language and Content in Second/ Foreign Language Instruction.' *TESOL QUARTERLY*, (23) 2. 201–17. <https://www.jstor.org/stable/3587333>
- Tedick, D. & Lyster, R. (2020) *Scaffolding Language Development in Immersion and Dual Language Classrooms*. UK: Routledge.
- Tedick, D. & Wesley, P. (2015) 'A review of research on content- based foreign/second language education in US K-12 contexts.' *Language, Culture and Curriculum*, 28(1). 25–40. <https://doi.org/10.1080/07908318.2014.1000923>
- Tedick, D. & Cammarata, L. (2012) 'Content and Language Integration in K-12 Contexts: Student Outcomes.' *Teacher Practices, and Stakeholder Perspectives'. Foreign Language Annals*, 45. 28–53. <https://experts.umn.edu/en/publications/content-and-language-integration-in-k-12-contexts-student-outcome>
- Wenger, E. (1998) *Communities of practice: Learning, meaning and identity*. UK: Cambridge University Press.
- Wynants, S., & Dennis, J. (2018) 'Professional development in an online context: Opportunities and challenges from the voices of college faculty.' *Journal of Educators Online*, 15 (1). <http://dx.doi.org/10.9743/JEO2018.15.1.2>



An Cumasú Teanga i bhForbairt Ghairmiúil an Mhúinteora Tumoideachais: Ról an Chuir Chuige Chumaisc

Karen Ní Chlochasaigh & T.J. Ó Ceallaigh

<https://doi.org/10.13025/19186>

Réamhrá

Is iomaí buntáiste atá aitheanta ag údair agus taighdeoirí maidir le córas an tumoideachais ach aithnítear chomh maith céanna gur iomaí castacht a bhaineann le cur i bhfeidhm éifeachtúil chlár an tumoideachais. (Cammarata & Ó Ceallaigh, 2018). Ní mór do chleachtóirí an tumoideachais dul i ngleic go huathúil le hábhar, teanga agus forbairt na litearthachta ar bhealach comhtháite thar raon comhthéacsanna foghlama agus teanga atá éagsúil agus casta (Morton, 2016; Troyan *et al.*, 2017). Éilítear tréanoiliúnt, ullmhú sainiúil agus forbairt ghairmiúil shuntasach an mhúinteora tumoideachais chuige seo chun cleachtóirí an tumoideachais a chumasú ina múinteoirí teanga agus ábhar (Tedick & Zilmer, 2018).

Tá ardfheasacht agus ardchumas teanga an mhúinteora riachtanach don teagasc agus don fhoghlaim i suíomh an tumoideachais lán-Ghaeilge (Ní Chathasaigh & Ó Ceallaigh, 2021; Ó Ceallaigh & Ní Chlochasaigh, 2019a, 2019b, 2019c, 2019d; Ní Chlochasaigh & Ó Ceallaigh, 2019). Tugtar le fios go seasmhach sa taighde ábhartha go mbíonn dúshláin ar leith le sárú chun oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta a chur i bhfeidhm go rathúil, go háirithe dúshláin a bhaineann le sealbhú na tumtheanga agus leis an gcleachtas oideolaíoch (Ó Ceallaigh & Ní Shéaghda, 2017; Ó Duibhir, 2018; Flynn, 2022). Tá de chúram gairmiúil ar mhúinteoirí san oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta an t-ábhar acadúil a sholáthar ar bhealach sothuigte do dhaltáí atá ag foghlaim trí mheán na mionteanga, na teanga oidhreachta nó trí mheán an dara teanga. Ag an am céanna, is gá oilteacht agus litearthacht a fhorbairt sa teanga sin agus

naisc thras-chultúrtha agus thras-theangeolaíoch a éascú. Tá géarghá le forbairt bonn eolais riachtanach, tuiscintí doimhne agus inniúlachtaí ríthábhachtacha le cur ar chumas múinteoirí an ról casta dinimiciúil sin a chomhlíonadh mar oideoirí san oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta. Tá géarghá leis an bhforbairt ghairmiúil leanúnach do mhúinteoirí i suíomhanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta chun treoir agus soiléiriú a chur ar fáil maidir leis an gcleachtas oideolaíoch is éifeachtaí (Ní Thuairisg, 2014; Ní Dhiorbháin & Ó Duibhir, 2017; Ó Ceallaigh & Ní Shéaghdha, 2017; Ó Ceallaigh *et al.*, 2018; Ó Duibhir, 2018; Ó Ceallaigh *et al.*, 2019).

Forbairt ghairmiúil do mhúinteoirí an tumoideachais

Bíonn an t-éileamh ar chlár agus ar mhúnlaí teanga ábharbhunaithe ag fás de shíor (Mehisto & Genesee, 2015; Smala, 2012). Aithnítear na dúshláin roimh mhúinteoirí sna comhthéacsanna sin an t-ábhar a theagasc agus, freastal go comhuaineach ar riachtanais foghlama teanga na ndaltaí agus iad ag tabhairt faoi ábhar acadúil a fhoghlaim trí mheán teanga nua, trí mhionteanga nó trí theanga bhreise (Cammarata & Haley, 2018; Cammarata & Tedick, 2012; Cross, 2016; Fielding & Harbon, 2017; He & Lin, 2018; Llinares *et al.*, 2012; Lyster, 2007; Morton, 2016; Nikula *et al.*, 2016; Ó Ceallaigh *et al.*, 2017; Ó Ceallaigh *et al.*, 2018; Tedick & Lyster, 2020). Tá tábhacht nach beag ag baint le hoiliúint mhúinteoirí an tumoideachais agus leis an bhforbairt ghairmiúil chun múinteoirí a chur ar fáil don suíomh. Éilítear go mbíonn na hinniúlachtaí riachtanacha teanga agus cultúrtha acu chomh maith leis na cleachtais oideolaíoch ghaolmhara atá ag teastáil chun go n-éireoidh go maith leis an teagasc agus leis an bhfoghlaim sa suíomh (Lyster & Ballinger, 2011; Lyster & Tedick, 2014; Turner & Fielding, 2020).

Bíonn dúshláin ag baint le clár thumoideachais lán-Ghaeilge a chur i bhfeidhm (Ó Ceallaigh & Ní Shéaghdha, 2017; Ó Duibhir, 2018). Tá ardcháilíocht an tsoláthair riachtanach chun foghlaim éifeachtach a chinntiú agus tá oiliúint an mhúinteora mar aon le deiseanna maidir le forbairt ghairmiúil ríthábhachtach. Sonraítear bearnaí sa chur chuige oiliúna, áfach, maidir le freastal ar shainriachtanais an mhúinteora tumoideachais (Ní Thuairisg, 2014; Ó Ceallaigh, 2013; Ó Duibhir, 2009, 2018; Ó Grádaigh, 2014; Ó Ceallaigh & Ní Chathasaigh, 2021; Ní Chlochasaigh *et al.*, 2020). Bíonn mórdhúshláin teangabhunaithe le sárú ag an gcóras, amhail scileanna ginchumais teanga na ndaltaí tumoideachais, tearcforbairtí i réimsí amhail cruinneas agus castacht ghramadaí, sainiúlacht léacsach agus oiriúnacht shochtheangeolaíoch (Ó Duibhir, 2009, 2018; Walsh, 2007). Bítear ag brath an iomarca ar an mBéarla toisc na dúshláin a bhaineann le hábhar casta a thuiscint agus a phróiseáil i nGaeilge (Ní Chlochasaigh *et al.*, 2020; Ó Ceallaigh & Ó Brolcháin, 2020). Is cúis bhuartha inniúlacht teanga na múinteoirí atá fostaithe i scoileanna (Ó Grádaigh, 2015) agus easpa inniúlachta an mhúinteora i gcomhtháthú na teanga le hábhair traschuraclaim ar bhealach bríoch (Ó Ceallaigh, 2013, 2019; Ó Grádaigh, 2015; Ó Ceallaigh *et al.*, 2018; Ó Ceallaigh *et al.*, 2019). Léirítear inní faoin easnamh teanga, easpa muiníne sa teanga agus easpa eolais faoin

teanga agus easpa eolais faoi oideolaíocht ar theagasc na teanga (Ní Chathasaigh, 2020, Ní Dhiorbháin *et al.*, 2020; Ó Ceallaigh *et al.*, 2019; Ó Ceallaigh & Ní Chlochasaigh, 2019a, 2019b, 2019c, 2019d). Bíonn tacaíocht leanúnach ag teastáil ó mhúinteoirí i scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta ar mhaithe lena n-inniúlacht féin sa tumtheanga a threisiú (Ní Chathasaigh, 2020; Ní Thuairisg, 2014; Ó Ceallaigh, 2013; Ó Ceallaigh *et al.*, 2019; Ó Grádaigh, 2015).


An fhoghlaim teanga le cuidiú teicneolaíochta

Sa litríocht ar an bhforbairt ghairmiúil ar-líne, cuirtear béim ar thábhacht na comhghleacaíochta agus an chomhoibríthe mar ghnéithe ríthábhachtacha d'fhoghlaim rathúil múinteoirí, rud a spreagann athrú marthanach nuálach ina gcleachtais teagaisc (DuBois *et al.*, 2019; Hoffman, 2019). Leis an ngairmiúlacht choiteann nó idirghníomhach, cuirtear ar a gcumas do mhúinteoirí a bheith ina ngníomhaithe gníomhacha ina gcuid foghlama féin trí roinnt agus trí chomhoibríú (Banegas, 2019). Mar gheall ar a sholúbtha atá an fhorbairt ghairmiúil le cuidiú teicneolaíoch, is féidir le múinteoirí ábhar a phróiseáil ar a luas féin agus dul ar ais chuige de réir mar is gá (Wynants & Dennis, 2018). I dtéarmaí na foghlama teanga mar sin, is iomaí deis éagsúil don idirghníomhaíocht agus don rannpháirtíocht atá le fáil ar-líne, agus ina measc tá idirghníomhaíocht ó bhéal agus i scríbhinn lena náirítear úsáid meán éagsúil go sioncronach agus go haisioncronach araon (Sharma & Westbrook, 2016). Cuirtear le hoilteacht teanga na bhfoghlaiméoirí agus spreagtar iad maidir leis an bhfoghlaim fhéinstiúrtha neamhspleách agus spreagadh mar fhoghlaiméoirí (Banditvilai, 2016; Ní Chlochasaigh & Ó Ceallaigh, 2019; Ó Ceallaigh & Ní Chlochasaigh, 2019a, 2019b, 2019c, 2019d).

Tá taighdeoirí eile ann, áfach, a aithníonn na dúshláin agus constaicí a bhaineann leis an bhfoghlaim teanga ríomhchuidithe a chuimsíonn go príomhúil (1) easpa idirghníomhaíochta idir an múinteoir agus na foghlaiméoirí, (2) easpa feidhmithe an ranga ar líne a bhraitheann go mór ar inniúlacht teanga an fhoghlaiméora agus (3) athruithe in iompar foghlaiméoirí ar líne maidir le húsáid straitéisí foghlama don fhoghlaim teanga (Ng *et al.*, 2006; Jabeen & Thomas, 2015). Más ar an gcumarsáid agus idirghníomhaíocht atá an bhéim san fhoghlaim teanga chun inniúlacht a fhorbairt, caithfear féachaint ar cháilíocht na foghlama teanga ar líne agus ar na factóirí a chuireann le cáilíocht an tsoláthair agus leis an éifeacht san eispéiris foghlama. Tá deiseanna agus dúshláin uathúala ag baint leis an bhfoghlaim teanga ar líne i gcomparáid leis an bhfoghlaim teanga aghaidh ar aghaidh ach tá sé ag brath go láidir ar an bpleanáil chuí. Ní mór a chur san áireamh gur mór idir an teagasc agus an fhoghlaim teanga ar líne le réamhphleanáil agus an teagasc teanga ar líne a thiteann amach go tobann de thoradh géarchéime (Gacs *et al.*, 2020). Is ar an gcéad chomhthéacs atá an páipéar seo bunaithe.

Comhthéacs an staidéir


Tá an staidéar bunaithe ar chlár hibrideach iarchéime Leibhéal 9 do mhúinteoirí, phríomhoidí agus dhaoine gairmiúla san oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta. Is clár páirtaimseartha dhá bhliain é atá á sholáthar ó 2018 in institiúid tríú leibhéal in Éirinn. Tá an clár seo maoinithe ag an Roinn Oideachais mar chuid de chur i bhfeidhm an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta 2017–2022 agus an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010–2030. Tá an fhoghlaim chumaisc mar ghné sheachadta an chlár trí mheascán de dheiseanna foghlama éagsúla, ar an láthair féin (60%) agus ar-líne (40%). Tá na prionsabail um sheachadadh foghlama cumaisc ailínithe leis na prionsabail DUF (Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim) don chuimsiú ina gcinntítear nach mbeidh aon mhac léinn faoi mhíbhuntáiste acadúil agus go ndéantar gach iarracht freastal a dhéanamh ar an bhfoghlaim aonair (ionchur agus aschur teanga ilmhódach, roghanna agus riachtanais na mac léinn chun tosaigh). Úsáidtear straitéisí seachadta ar an láthair, ar-líne agus ar bhonn cumaisc (aisioncronach agus sioncronach) chun tacú le foghlaim teanga agus le gníomhaíochtaí cumarsáide ar-líne (blaganna, fóraim phlé, gluais theicniúil, foghlaim ríomhphunann) a dheardh.



Léaráid 1.1 Dearadh Foghlama Cumaisc

Chomhchreat tagartha na hEorpa um theangacha (CTET) mar ghné lárnach

Cuirtear prionsabail agus cleachtais Chomhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha (CTET) in oiriúint chun clár cothrom a dheardh agus chun cumas teanga na mac léinn a aithint agus a thuairisciú. Tá gach gné de chur i bhfeidhm, dearadh, forbairt agus soláthar an chláir ailínithe leis na prionsabail agus na cleachtais CTET chun tacú le mic léinn ardleibhéal C₁ (CTET) a bhaint amach ar fhágáil an chláir dóibh. Cuirtear san áireamh anseo na hinniúlachtaí teanga a bhíonn de dhíth chun cumarsáid éifeachtúil a dhéanamh thar réimse de chomhthéacsanna agus scileanna atá ábhartha agus bríoch; páirt ghníomhach a ghlacadh i bpobal foghlama aghaidh ar aghaidh agus ar an ardán digiteach, i gcomhdhálacha gairmiúla, i bpobail chleachtais, i gcleachtais rangbhunaithe. De réir an CTET, bíonn úsáideoirí teanga ag ardleibhéal C₁ saineolach, neamhspleách agus cumasach ag deileáil le réimse leathan ábhair go beacht cruinn i réimse de chomhthéacsanna éagsúla ina n-úsáidtear an teanga. Ní mór d'iarratasóirí inniúlacht ag leibhéal B₁ de CTET a léiriú chun áit a bhaint amach ar an gclár.



Léaráid 1.2: Léiriú ar Chomhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha (CTET)

Cuirtear tasc teanga i gcrích mar chuid de gach modúl ar an gclár atá ailínithe le leibhéal C₁ den CTET agus a dhéanann tástáil thar na scileanna teanga ar fad. Deartha de réir riachtanais teanga aitheanta na mac léinn, tá clár cuimsitheach teanga curtha ar fáil idir cheardlanna teanga, acmhainní teanga, ábhair tacaíochta aisioncronacha agus phobail chleachtais na teanga. Tugtar aiseolas ceartaitheach do mhic léinn bunaithe ar thascanna teanga chun barr feabhais a chur ar inniúlacht teanga na mac léinn, treochtaí i ndeacrachtaí sa teanga a aithint agus scafall a chur ar fáil don fhobairt teanga. Tá Ríomhphunann Teanga ag gach mac léinn mar chuid de mheasúnú na modúl ina dhéanann siad taifead leanúnach ar an bhforbairt teanga agus ar an bhfianaise i leith an foghlama sa turas na teanga i dtreo leibhéal C₁ den CTET.

An Staidéar

Don staidéar seo, fiosródh an cheist seo a leanas: Cén tionchar a bhíonn ag an bhfoghlaim teanga le cur chuige cumaisc ar fhoghlaim agus ar fhorbairt teanga na mac léinn ar chlár ar an bhForbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) do mhúinteoirí an tumoideachais?

Úsáideadh modhanna measctha, faoi scáth na paraidíme tógachaíche chun sonraí taighde a bhailiú agus an cheist a iniúchadh trí thairbhí bheo na rannpháirtithe. Bailíodh formhór na sonraí taighde ó mhodhanna cáilíochtúla agus bailíodh sonraí cainníochtúla chun tacaíocht a thabhairt do na sonraí cáilíochtúla. Bailíodh sonraí ó agallaimh leathstruchtúrtha (n=44) agus ó anailís dioscúrsa cáilíochtúla ar ábhar athmhachnamhach na mac léinn. Bailíodh sonraí cainníochtúla ó cheistneoirí aiseolais (n=41). Cuireadh an taighde seo ar bun mar chuid de mheastóireacht leanúnach an chlár ina raibh cuid de dírithe ar thaighde sonracha dhéanamh ar thionchar na foghlama cumaisc ar an bhforbairt teanga. Ar mhaithe le tionchar an chlár cumaisc a mheas maidir le forbairt teanga agus saibhriú teanga na mac léinn, rinneadh sonraí a bailíodh ó na modhanna taighde thuasluaite a anailísiú agus úsáid a bhaint as céimeanna anailíse (Braun & Clarke, 2006) ina dhéantar códú ar trasríbhinní chun téamaí éagsúla a aithint atá ag teacht chun cinn san anailís. Rinneadh anailísiú staitistiúil ar na ceistneoirí ag baint úsáid as MS Forms agus MS Excel chun minicíochtaí agus comhghaolta a aithint agus a léiriú.

An Pharaidím Thógachaíoch	
Modhanna Measctha	
Modhanna Cáilíochtúla	Modhanna Cainníochtúla
Agallaimh leathstruchtúrtha Ceistneoir ó dheireadh na modúl éagsúil	Ceistneoir

Torthaí agus plé

D'eascair na trí mhórhéama seo a leanas as an anailís a rinneadh ar bhua na foghlama teanga le cuidiú teicneolaíochta (FTCT) ar chlár FGL do chleachtóirí an tumoideachais:

- (a) Spreagadh, féinbhainistíocht agus an fhoghlaim fhéinrialaithe;
- (b) Cumasú eolais agus scileanna teicneolaíochta;
- (c) Cothú pobail agus inniúlachta.

Léiríodh sna torthaí taighde cainníochtúla a bailíodh ó na ceistneoirí, ach go háirithe, gur chuir taithí na rannpháirtithe go mór le forbairt scileanna teanga. D'aontaigh gach rannpháirtí leis an ráiteas seo a leanas: 'Chuir an clár le mo scileanna teanga'. Níos spéisiúla fós, d'aontaigh 73.2% go láidir, leis an ráiteas.



Breathnófar ar an toradh cainníochtúil seo in eispeiris na mac léinn tré lionsa na foghlama teanga le cuidiú teicneolaíochta agus na torthaí á gcur i láthair.

Spreagadh, féinbhainistíocht agus foghlaim fhéinrialaithe trí FTCT

Ba spéisiúil a shonrú sna sonraí taighde gur mheas na rannpháirtithe gur chothaigh timpeallacht ríomhchuidithe, a chuimsigh réimse de mhodhanna digiteacha éagsúla, a bhfeasacht teanga agus a gcuid eolais ar fheidhmíocht na teanga le linn an chláir. Thuairiscigh rannpháirtithe gur fhorbair siad mar fhoghlaimoírí féinriaraithe trí na deiseanna foghlama teanga indibhidiúla a cuireadh ar fáil dóibh ó thús deireadh an chláir, cleachtas a chuir leis an gcumas agus leis an bhfeasacht a bhíonn riachtanach i mbonn eolais an mhúinteora tumoideachais (Ó Ceallaigh & Ní Chathasaigh, 2020; Ní Chathasaigh & Ó Ceallaigh, 2021; Ó Ceallaigh & Ní Chlochasaigh, 2019a, 2019b, 2019c, 2019d; Ní Chlochasaigh & Ó Ceallaigh, 2019). Luaigh na rannpháirtithe

go follasach an scafall teanga a chuir leis na forbairtí seo agus a chuir deiseanna bríocha dílse ar fáil i dtreo leibhéil C1 den CTET: plean forbartha teanga CTET, ríomhphunann teanga, aischothú teanga spriocdhírthe, gluais teanga, preabsheisiúin teanga.

Is cuimhin liom chomh maith **na preabsheisiúin gramadaí** a bhíodh ar siúl againn. Arís an tslí gur féidir na rudaí a thógaint ón M.Oid agus iad a chur i bhfeidhm ar scoil. (Agallamh 15)

Thug **an ríomhphunann** deis dom díriú ar mo chleachtas féin agus rudaí a thabhairt faoi deara ar nós líon an trasteangaithe as a mbainim úsáid (sic) sa seomra ranga. (Ceistneoir, D)

Ina theannta sin, míníodh gur chuir uirlisí digiteacha lena gcumas pleanáil, monatóireacht agus athmhachnamh a dhéanamh ar a gcuid foghlama atá ag teacht le buanna na teicneolaíochta réamhaitheanta don fhoghlaim teanga ríomhchuidithe (Banditvilai, 2016; Ní Chlochasaigh & Ó Ceallaigh, 2019; Ó Ceallaigh & Ní Chlochasaigh, 2019a, 2019b, 2019c, 2019d). Rinne rannpháirtithe tagairt ar leith do ghníomhaíochtaí amhail, blaganna, póstaer dhigiteacha, podchraoltaí, pléfhóiraim, scafall scríbhneoireachta, gluais téarmaíochta agus eile.

Bíonn deis agat tú fhéin a chur in iúl trí réimse iomlán bealaí, idir bhlaig agus podchraoltaí, tá obair scríofa ann, tá obair i dteannta do phiaraí... Bíonn gach cillín i do chorp ag aschur na teanga. Fiú nuair atá tú ar na meáin shóisialta agus Twitter, bíonn tú aireach, ag faire amach. OK, mar sin, cáid atá le rá agam? Tá an teanga á próiseáil agat, tá tú á suaitheadh isteach, tá sí le clos, ta sí á leamh agus tá tú ag ginniúnt teanga leis. Dá réir, méadaíonn sé do leibhéal gnóthachtála i mbun foghlama teanga. (Agallamh 20)

Feictear go gcuireann an tsolúbthacht agus an réamhphleanáil sa dearadh foghlama ar líne le cumas an fhoghlaim spriocanna a leagadh síos agus a bhaint amach de réir mar atá in oiriúint (Wynants & Dennis, 2018):

Chothaigh an teicneolaíocht deiseanna anailíse, deiseanna athmhachnamhacha agus deiseanna pleanála dom mar aon le bealaí chun aischothú a aimsiú agus dul chun cinn a dhéanamh ar maistear foghlama teanga ag mo luas féin. Eispéaras spreagúil a bhí ann dom. (Ceistneoir P)

Fuarthas amach gur mhúscail an chomhpháirtíocht ar líne (Banegas, 2019) rannpháirtíocht agus foghlaim i measc na rannpháirtithe. Míníodh go soiléir go ndeachaigh an cineál foghlama, tacaíochta agus rannpháirtíochta seo go mór chun leasa teanga na mac léinn: ‘Tá

an grúpa ar nós scafail a thacaíonn liom i mbun foghlama teanga' (Múinteoir 20). Spreag an rannpháirtíocht ar-líne machnamh i measc na rannpháirtithe i leith a gcuid inniúlacht teanga féin.

Cuireann mo shuim san ábhar brú orm cumarsáid a dhéanamh le linn na léachtaí sioncronacha. Spreagann scríbhneoireacht sa bhosca cabaireachta mé chun an teanga nua a úsáid agus níos tábhachtaí ná sin... an teanga a úsáid go cruinn leis. (Ceistneoir deireadh modúil: S)

Ábhar spéise eile a tháinig chun cinn ná gur ardaíodh feasacht rannpháirtithe an staidéir maidir le teanga an teagaisc de bhuíochas an chláir.

...is beag tuisceana a bhí agam ar líon na fóclóra (*sic*) agus na téarmaíochta bainteach leis an réimse seo cé go bhfuilimid ar fad ag obair in earnáil an oideachais lán-Ghaeilge. Is teanga shonrach gur gá a bheith againn. (Ceistneoir deireadh modúil: J)

Cumasú eolais agus scileanna teicneolaíochta

Chothaigh uirlisí digiteacha inniúlacht dhigiteach sna rannpháirtithe go comhuaineach le hinniúlacht sa tumtheanga ábharbhunaithe. Tuairiscíodh gur baineadh úsáid as inniúlachtaí digiteacha a sealbhaíodh ón gclár chun cleachtais oideolaíochta a athmhúnlú agus a chlaohlú don seomra ranga agus mar thoradh ar sin chun deiseanna foghlama nuálacha a chur ar fáil do dhaltaí scoile (blaganna mar uirlisí foghlama teanga machnamhacha, podchraoltaí chun teanga labhartha a fhorbairt agus a mheas, póstaí dhigiteacha chun cruinneas teanga a threisiú).

Mar fhoghlaimoir teanga, aithním go bhful an tslí ina mbím i mbun foghlama iomlán éagsúil anois ó thosnaíos ag méadú úsáid na teicneolaíochta; gan ceist, tá mo chleachtais ranga agus na modheolaíochtaí theagaisc athraithe agam. Dá ndéarfadh éinne liom bliain ó shin go mbeadh mo bhlag pearsanta agam, bheinn ag magadh faoi... Táim i mbun blagáil anois le mo rang féin! (Ceistneoir deireadh modúil: S)

Léirigh rannpháirtithe ardú feasachta maidir le ról FTCT sa tumoideachas agus múscailt maidir lena bhfreagracht ghairmiúil ina leith:

Gach Luan a théim ar scoil, bíonn rud nua agam chun mo chleachtas a shaihbhríú, bíodh sé i bhfoirm na teicneolaíochta, na tuisceana nó na teanga de. Cothaíonn se seo muinín ionam mo chleachtais a phlé le baill foirne eile agus glacadh le haischothú uathu. Tugann sé misneach dom rudaí nua a thrialladh le mo rang, mo scileanna teanga a mhéadú ach go háirithe an teicneolaíocht a chomhthathú le foghlam agus teagasc na teanga... (Agallamh 21).

Léirítear thuas an fhorbairt feasachta agus tuisceana maidir le hinniúlacht an mhúinteora tumoideachais chun teagasc agus foghlaim teanga a chur chun cinn le cuidiú teicneolaíochta. Is mó an deis ná na dúshláin a luaigh foghlaimeoirí maidir le húsáid uirlisí teicneolaíochta chun cleachtadh ar scileanna teanga éagsúla a chur i gcrích (Ng *et al.*, 2006; Jabeen & Thomas, 2015). Cé go raibh dúshláin ag baint leis an ardleibhéal teanga a bhí á gcleachtadh, cuirtear in iúl gur i ndearadh comhtháite ar úsáid na teicneolaíochta chun feidhm teanga a chur i gcrích a bhí an bua is mó le braistint:

Cinnte – b’innmholta an tslí inar rinneadh an teicneolaíocht a chomhtháthú leis an bhfoghlaim ábhair agus teanga – ag dearadh blaig, ag cruthú podchraoltaí agus postaeir dhigiteacha &rl. Tá na teicnicí seo mar chuid lárnach de mo mhodhanna teagaisc anois agus tá said roinnte agam ar mo chomhghleacaithe ar scoil. Ní mór dúinn é seo a dheánamh ar mhaithe le forbairt an tumoideachais... (Agallamh 22)

Feictear thuas an t-athrú marthanach gur féidir leis an eispéireas san fhorbairt ghairmiúil do mhúinteoirí imirt ar an gcleachtas sa seomra ranga (DuBois *et al.*, 2019; Hoffman, 2019), sa chás a bhaineann le húsáid na teicneolaíochta don teagasc agus don fhoghlaim teanga.

I dtéarmaí na foghlama teanga mar sin, is iomaí deis éagsúil don idirghníomhaíocht agus don rannpháirtíocht atá le fáil ar-líne, agus ina measc tá idirghníomhaíocht ó bhéal agus i scríbhinn lena náirítear úsáid meán éagsúil go sioncronach agus go haisioncronach araon (Sharma & Westbrook, 2015).

Cothú pobail agus inniúlachta

Bunaithe ar fhianaise na sonraí taighde, tá gach cosúlacht ann gur chuir na hidirghníomhaíochtaí éagsúla ar-líne, amhail an ríomhphunann roinnte, tógáil gluaise go rannpháirteach, pléfhóram, grúpaí cleachtais ar líne agus agus ar na meáin shóisialta, go mór le sainspriocanna teanga ailínithe le leibhéal C1 den CTET a bhaint amach. Bhronn na huirlisí digiteacha idirghníomhacha a bhí dírithe ar spriocábhair chun an fhoghlaim teanga a thiomáint, deis agus spás do rannpháirtithe anailís ghéar agus machnamh domhain a dhéanamh ar ghnéithe éagsúla den teanga (Banditvilai, 2016; Ní Chlochasaigh & Ó Ceallaigh, 2019; Ó Ceallaigh & Ní Chlochasaigh, 2019a, 2019b, 2019c, 2019d). Chuir aiseolas ar bhonn piaraí le próiseas an tsealbhaite freisin. Aithnítear mar thoradh gur bhraith rannpháirtithe níos muiníní chun taithí a roinnt lena gcomhghleacaithe sa chomhthéacs scoile. Cuireadh síos ar an gcaoi ar cothaíodh pobal cleachtais agus inniúlacht sa seomra ranga maidir le feasacht teanga, tras-scileanna,

oideolaíocht chruthaitheach trí úsáid uirlisí digiteacha go héifeachtach. Tugadh suntas don fhéiniúlacht agus rannpháirtíocht a bhaineann le bheith mar chuid de phobal an chláir agus an tionchar a bhí ag seo ar an aistear foghlama, den mhórchuid:

Cothaíonn an t-idirghabháil seo pobal cleachtais agus tá sé iontach spreagúil a bheith mar chuid de...Tá an chumarsáid ar-líne fáilteach agus leanúnach... (Agallamh 23)

Tá atmaisféar na flaitiúlachta sa rang seo agus táimid i mbun foghlama mar phobal chleachtas ar-líne. Spreagaimid a chéile an t-am ar fad. Braithim go mbeadh bearna mór i mo chuid foghlama muna mbeinn tar éis idirghníomhú leis an idirghabháil agus leis an bpobal seo (Agallamh 24)

Léirítear thuas gur ghlac mic léinn freagracht agus úinéireacht maidir le pobal cleachtais ar-líne a chruthú agus a fhorbairt. Bunaíodh cultúr fiosrúcháin agus ionchuimsitheach mar gheall ar an rannpháirtíocht as a n-eascraíonn líonraí agus pobail cleachtais riachtanacha san fhorbairt ghairmiúil leanúnach do mhúinteoirí an tumoideachais (Lyster & Ballinger, 2011; Lyster & Tedick, 2014; Turner & Fielding, 2020).

Conclúid

Fiosrío dh sa staidéar seo an tionchar a bhíonn ag an bhfoghlaim teanga le cur chuige cumaisc ar fhoghlaim agus ar fhorbairt teanga na mac léinn ar chlár ar an bhforbairt ghairmiúil leanúnach do mhúinteoirí an tumoideachais. Bhí na mic léinn seo i mbun forbartha i dtreo ardleibhéal inniúlachta C₁ den CTET a éilíonn inniúlacht mháistreachta agus neamhspeách sa sprioctheanga agus raon de dheiseanna cumarsáide, cleachtadh agus tacaíochtaí chun iad a ullmhú don leibhéal sin. Bhí sé riachtanach go mbeadh múnla tacaíochta teanga deartha chun an scafall teanga i dtreo leibhéal C₁ den CTET a chur ar fáil agus go mbeadh neart deiseanna saibhre cruthaithe ar líne sa chur chuige cumaisc. Tuairiscíodh sa pháipéar go soláthraíonn FTCT deiseanna barántúla chun foghlaim agus sealbhú teanga a chur chun cinn a chuireann le spreagadh, féinbhainistíocht agus an foghlaim fhéinrialaithe, cumasú eolais agus scileanna teicneolaíochta agus cothú pobail agus inniúlachta. Nuair a bhíonn FTCT ailínithe leis an gComhchreat Tagartha na hEorpa um Teangacha (CTET) spreagtar teagasc teanga claochlaitheach don ghort a bhíonn riachtanach mar chuid d'inniúlacht teanga an mhúinteora tumoideachais (Tedick & Lyster 2020). Sonraíodh go gcuireann FTCT deiseanna ar fáil don chumarsáid dílis de réir an CTET.

Éilítear ardchumas agus ardfeasacht teanga agus tréanoiliúint chuige seo do mhúinteoirí an tumoideachais chun clár éifeachtacha ar an tumoideachais a chur ar fáil. Tá géarghá mar sin le tuiscintí ar na táscairí tionchair agus na factóirí is mó in eispéiris foghlama mhúinteoirí ar an

bhforbairt ghairmiúil leanúnach a chuireann scafall ar fáil don chumasú teanga. Is tré lionsa na foghlama cumaisc a dhéantar amhlaidh sa pháipéar seo a aithníonn na torthaí is mó a bhain le múnlaí na forbartha teanga ar líne i dtreo leibhéal C₁ den CTET. Moltar i gconclúidí an staidéir, taithí bheo foghlaimeoirí a chur san áireamh i ndearadh múnlaí don chumasú teanga ar líne nó tríd an bhfoghlaim chumaisc de réir na dtorthaí atá aitheanta sa staidéar seo. Tugann na torthaí seo léargas dúinn ar na tionchar is mó a bhí ag clár teanga ar fhorbairt teanga na mac léinn tré mheán na foghlama teanga ríomhchuidithe. Ní mór a chur san áireamh, áfach, nach bhfuil léargas anseo ach ar thaithí na mac léinn ar chlár ar leith agus go bhfuil níos mó staidéir ag teastáil chun iniúchadh grinn a dhéanamh ar ghort na foghlama teanga ríomhchuidithe agus é i mbun forbartha. Cé nár tháinig mórdhúshlám chun solais sa staidéar seo maidir le foghlaim na teanga trí mheán na foghlama ríomhchuidithe, ní hionann sin agus a rá nach bhfuil na deacrachtaí sin ann d'fhoghlaimeoirí eile. Is trí dhearadh cumaisc leis an réamhphleanáil chuí atá taithí na rannpháirtithe sa staidéar seo leabaithe seachas foghlaim ghearchéime ar líne (Gacs *et al.*, 2020) agus moltar glacadh leis na torthaí de réir an chomhthéacs sin.

Chun cumas na dteicneolaíochtaí digiteacha a thapú, chun foghlaim teanga a fheabhsú agus a nuáil, moltar, bunaithe ar thorthaí an staidéir, úsáid a bhaintear as tascanna foghlama teanga feabhsaithe teicneolaíochta ar bhealaí ilghnéitheacha. Moltar leas bhaint as na treochothaí agus as na cleachtais eolaíochta is úrnua sna meáin dhigiteacha chun iniúchadh agus measúnú criticiúil a dhéanamh ar thionchar na teicneolaíochta ar theagasc agus ar fhoghlaim na Gaeilge a bhaineann go sonrach le suíomh an tumoideachais chun pobail chleachtais agus teagmháil le pobal na teanga i ngort an tumoideachais a neartú tuilleadh. Moltar an múnla FTCT atá curtha i láthair sa pháipéar seo maidir le ról na teicneolaíochta i gcur chun cinn agus i bhfeabhsú na teanga agus na litearthachta sa chomhthéacs lán-Ghaeilge/Gaeltachta, a roinnt ar an ngort go leanúnach chun dea-chleachtais a chéiliúradh agus an pobal chleachtais a ghríosadh chun FTCT a chur i bhfeidhm ar bhonn níos leithne sa ghort.

Sonraíodh táscairí tionchair ar leith don fhoghlaim teanga le cuidiú teicneolaíochta bunaithe ar thorthaí agus thátail an staidéir seo chun fráma don FTCT a chur chun cinn. Moltar na gnéithe seo a leanas a chur san áireamh i réamhphleanáil agus i gcur i bhfeidhm múnlaí tacaíochta teanga san fhoghlaim ríomhchuidithe:

- Bíonn an fhoghlaim barántúil, ábhartha agus fónta;
- Déantar freastal ar dhifreáil agus ar phearsantú;
- Bíonn cur i bhfeidhm praiticiúil ag baint leis an bhfoghlaim – tionchar marthanach ar an bpointe agus fianaise feiceálach go ndéanann an mac léinn dul chun cinn san fhoghlaim;
- Bíonn comhtháthú idir aiseolas agus deiseanna chun an obair a leasú;
- Bíonn gné chomhoibritheach ag baint leis an bhfoghlaim;
- Spreagtar athmhachnamh faoin gcleachtas reatha;
- Ardaítear feasacht.

Tagairtí

- An Roinn Oideachais & Scileanna (2011) *An Straitéis Náisiúnta Ardoideachais go dtí 2030 – Tuarascáil an Ghrúpa Straitéise*.
- An Roinn Oideachais & Scileanna (2016) *Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017–2022*.
- Banditvilai, C. (2016) 'Enhancing students' language skills through blended learning.' *The Electronic Journal of e-Learning*, 14, (3), 220–29.
- Banegas, D.L. (2019) 'Teacher professional development in language-driven CLIL: A case study.' *Latin American Journal of Content & Language Integrated Learning*, 12(2). 242–64. <https://doi.org/10.5294/laclil.2019.12.2.3>
- Braun, V., & Clarke, V. (2006) 'Using thematic analysis in psychology.' *Qualitative Research in Psychology*, 3(2), 77–101. <https://doi.org/10.1191/1478088706qrp0630a>
- Cammarata, L. & Tedick, D.J. (2012) 'Balancing content and language in instruction: The experiences of immersion teachers.' *The Modern Language Journal*, 96 (2). 251–69.
- Cammarata, L. & Haley, C. (2018) 'Integrating content, language and literacy instruction in a Canadian French immersion context: A professional development journey.' *International Journal of Bilingual Education and Bilingualism*, 21(3). 332–48. doi.org/10.1080/13670050.2017.1386617
- Cammarata, L. & Cavanagh, M. (2018) 'In search of immersion teacher educators' knowledge base: Exploring their readiness to foster an integrated approach to teaching.' *Journal of Immersion and Content-Based Language Education*, 6(2). 189–217. doi.org/10.1075/jicb.18009.cam
- Cammarata, L. & Ó Ceallaigh, T.J. (Eag.) (2020) *Teacher development for immersion and content-based instruction*. Amsterdam: Benjamins.
- Cross, R. (2016) 'Language and content “integration”: The affordances of additional languages as a tool within a single curriculum space.' *Journal of Curriculum Studies*, 48(3). 388–408.

- DuBois, B., Krasny, M.E., & Russ, A. (2019) 'Online professional development for environmental educators: Strategies to foster critical thinking and social interactions.' *Environmental Education Research*, 25(10), 1479–94. DOI:10.1080/13504622.2018.1564247
- Fielding, R. & Harbon, L. (2017) 'An exploration of content and language integrated pedagogy.' *Babel*, 52(2–3). 32–45.
- Flynn, C. (2022) *Adult Minority Language Learning: Motivation, Identity and Target Variety*. Multilingual Matters.
- Fortune, T.W., Tedick, D.J. & Walker, C.L. (2008) 'Integrated language and content teaching: Insights from the language immersion classroom: Evolving perspectives on immersion education.' Fortune, T.W. & Tedick, D.J. (ed.) *Pathways to multilingualism: Evolving perspectives on immersion education*. Clevedon, London: Multilingual Matters Ltd. 71–96.
- Freeman, Y., Freeman, D., & Mercuri, S. (2005) *Dual language essentials for teachers and administrators*. Portsmouth, NH: Heinemann.
- Harris, J., Forde, P., Archer, P., Nic Fhearaille, S. & O’Gorman, M. (2006) *An Ghaeilge sna bunscoileanna: Treochtaí náisiúnta fadtéarmacha in inniúlacht*. Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais & Eolaíochta.
- He, P. & Lin, A. (2018) 'Becoming a “language-aware” content teacher: Content and language integrated learning (CLIL) teacher professional development as a collaborative, dynamic, and dialogic process.' *Journal of Immersion and Content-Based Language Education*, 6(2). 162–88.
- Hoffman, E.B. (2019) 'Reimagining early childhood educator professional development: An online community shares literacy learning strategies.' *Childhood Education*, 95(4). 47–52. DOI:10.1080/00094056.2019.1638714
- Jabeen, S. & Thomas, A. (2015) 'Effectiveness of Online Language Learning.' *Proceedings of the World Congress on Engineering and Computer Science*, Vol.1.
- Llinares, A., Morton, T., & Whittaker, R. (2012) *The roles of language in CLIL*. Cambridge University Press.

- Lyster, R. (2007) *Learning and teaching languages through content: A counterbalanced approach*. John Benjamin.
- Lyster R. & Ballinger, S. (2011) 'Content-based language teaching: Convergent concerns across divergent contexts.' *Language Teaching Research*, 15.3. 279–88.
- Lyster, R. & Tedick, D. (2014) 'Research perspectives on immersion pedagogy looking back and looking forward.. *Journal of Immersion and Content-Based Language Education*, 2 (2). 210–24.
- McCarthy, M. (ed.) (2016) *The Cambridge guide to blended learning for language teaching*. Cambridge: Cambridge University Press.
- Mehisto, P. & Genesee, F. (ed.) (2015) *Building bilingual education systems: Forces, mechanisms and counterweights*. Cambridge University Press.
- Morton, T. (2016) 'and investigating teachers' knowledge for integrating content and language in content-based instruction.' *Journal of Immersion and Content- Based Language Education*, 4(2). 144–67.
- Ní Chathasaigh, C. (2020) *Ról agus freagracht an mhúinteora ábhair sa Ghaelcholáiste maidir le cruinnúsáid na Gaeilge i measc scoláirí a chothú: Creidiúintí, dúshlán agus cleachtais*. Tráchtas Máistreacht na neamhfhoilsithe san Oideachas Lán-Ghaeilge, Coláiste Mhuire gan Smál, Ollscoil Luimnigh.
- Ní Chathasaigh, C. & Ó Ceallaigh, T.J. (2021) 'Feasacht teanga an mhúinteora ábhair iarbhunscoile sa tumoideachas: dearchtaí, eispéiris agus tuairimí múinteoirí ábhair i nGaelcholáistí.' *ComharTaighde*, Eagrán 7: Nollaig.
- Ní Chlochasaigh K, Shiel, G. & Ó Duibhir, P. (2020) *Iníúchadh ar an tumoideachas do dhaltaí i scoileanna lán- Ghaeilge i gceantair mhíbhuntáiste*. An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta. https://www.cogg.ie/wp-content/uploads/Taighde_Sealbh%C3%BA-1.pdf
- Ní Chlochasaigh, K. (2020) 'Ag cothú na foghlama teanga éifeachtaí i gcás shealbhú an TX sa chóras oideachais: Cás na Gaeilge.' *An Reiviú* (8). 75–96.

- Ní Chlochasaigh, K. & Ó Ceallaigh, T.J. (2019) 'CEFR practices and technology-based language assessment in higher education.' *European Association for Language Testing and Assessment Conference (EALTA 2019), Transitions in Language Assessment*, Dublin City University, 31/05/19–02/06/19.
- Ní Dhiorbháin, A. & Ó Duibhir, P., (2017) 'An explicit-inductive approach to grammar in Irish-medium immersion schools.' *Language Awareness*, 26(1). 3–24.
- Ní Dhiorbháin, A., Ní Aogáin, S. & Ó Duibhir, P. (2020) 'Ag Treorú na Foghlama sa Ghaeloideachas.' *Taighde agus Teagasc*, 7.
- Ní Thuairisg, L. (2014) *Léargas ar thaithí mhúinteoirí iar-bhunscoileanna na Gaeltachta: Dúshlán ghairmiúla agus riachtanais oiliúna*. [Tráchtas dochtúireachta]. Coláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath.
- Nikula, T., Dafouz, E., Moore, P. & Smit, U. (2016) *Conceptualising integration in CLIL and multilingual education*. Multilingual Matters.
- Ó Ceallaigh, T.J. (2013) *Form-focused instruction in Irish-medium immersion education: A critical examination of teachers' perspectives and practices. A small-scale qualitative case study* (Tráchtas Dochtúra). Coláiste na hOllscoile, Corcaigh.
- Ó Ceallaigh, T.J. (2016) 'Ag plé le *rigor mortis* teangeolaíochta. Deartháí agus cleachtais mhúinteoirí an tumoideachais.' T.J. Ó Ceallaigh & Ó Laoire, M. (eag.) *Bua nó dua? Imeachtaí comhdhála: Chomhdháil taighde uile-oileánda ar an tumoideachas*. 15–16 Bealtaine, Coláiste Mhuire gan Smál, Ollscoil Luimnigh.
- Ó Ceallaigh, T.J., Ní Mhurchú, S. & Ní Chróinín, D. (2017) 'Balancing content and language in CLIL: The experiences of teachers and learners.' *Journal of Immersion and Content-Based Language Education*, 5(1). 58–86.
- Ó Ceallaigh, T.J. & Ní Shéaghdha, A. (2017) *Critéir aitheantais cuí um dhearbhu cáilíochta agus dea-chleachtais do bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge ar bhonn uile Éireann*. Baile Átha Cliath: Gaeloideachas.
- Ó Ceallaigh, T.J., Hourigan, M. & Leavy, A. (2018) 'Developing potentiality: Pre-service elementary teachers as learners of language immersion teaching.' *International Journal of Bilingual Education and Bilingualism*.

- Ó Ceallaigh, T.J., Ó Laoire, M. & Uí Chonghaile, M. (2019) *Comhtháthú an t-ábhar agus na teanga san iar-bhunscoil lán-Ghaeilge/Gaeltachta: I dtreo eispéiris forbartha gairmiúla chun dea-chleachtais a nochtadh*. Baile Átha Cliath: An Comhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta.
- Ó Ceallaigh, T.J. & Ní Chlochasaigh, K. (2019a) 'Building linguistic systems through online learning.' *EdTech2019, The Digital Transformation of Irish Higher and Further Education – Real or Imagined?* Dundalk Institute of Technology, Dundalk, 30–31 May.
- Ó Ceallaigh, T.J. & Ní Chlochasaigh, K. (2019b) 'Immersion teacher educator evaluation and professional development: Pedagogic transformation through blended learning.' *ICLHE 2019 Conference, Multilingualism and multimodality in Higher Education*. Universitat Jaume, Castellón, Spain, 15–18 October.
- Ó Ceallaigh, T.J. & Ní Chlochasaigh, K. (2019c) 'Cultivating immersion teachers' linguistic proficiency through active blended learning.' *ICLHE 2019 Conference, Multilingualism and multimodality in Higher Education*. Universitat Jaume, Castellón, Spain, 15–18 October.
- Ó Ceallaigh, T.J. & Ní Chlochasaigh, K. (2019d) 'Generating immersion teacher language awareness through online learning.' *World Conference on Online Learning 2019, Transforming Lives & Societies*. Dublin, 3–7 November.
- Ó Ceallaigh, T.J. & Ó Brocháin, C. (2020) 'Trasteangú san oideachas lán-Ghaeilge: deiseanna agus dúshláin.' *Taighde agus Teagasc* 7. 155–70.
- Ó Ceallaigh, T.J. & Ní Chathasaigh, C. (2021) 'Feasacht teanga an mhúinteora tumoideachais: Préamh agus guairne an chleachtais.' *Réiviú*, 9. 89–102.
- Ó Ceallaigh, T.J. & Ó Laoire, M. (eag.) (2021) *An Tumoideachas: Deiseanna agus Dea-chleachtais. An dara comhdháil taighde uile-oileánda ar an tumoideachas – Imeachtaí comhdhála*.
- Ó Duibhir, P. (2009) *The spoken Irish of sixth-class pupils in Irish immersion schools*. Tráchtas PhD neamhfhoilsithe. Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.
- Ó Duibhir, P. (2018) *Immersion education: Lessons from a minority language context*. Bristol: Multilingual Matters.

- Ó Grádaigh, S. (2015) *Soláthar múinteoirí ábhar do na hiarbhunscoileanna lán-Ghaeilge Gaeltachta*. An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta.
- Rialtas na hÉireann (2010) *An Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge*. <https://www.gov.ie/ga/eolas-polasaithe/an-straiteis-20-bliain-don-ghaeilge-2010-2030/>
- Sharma, P. & Westbrook, K (2016) 'Online and blended language learning.' Farr, F. & Murray, L. (eag.) *The Routledge Handbook of Language Learning and Technology*. Oxon: Routledge. 320–33.
- Smala, S. (2012) 'CLIL programmes in Australia: Multilingual schooling contexts.' *The European Journal of Applied Linguistics and TEFL*, 1(1). 115–27.
- Tedick, D.J. & Lyster, R. (2020) *Scaffolding language development in immersion and dual language classrooms*. New York: Routledge.
- Tedick, D.J. & Zilmer, C. (2018) 'Teacher perceptions of immersion professional development experiences emphasizing language-focused content instruction.' *Journal of Immersion and Content-Based Language Education* 6(2). 269–94.
- Turner, M., & Fielding, R. (2020) 'CLIL teaching training and teachers' choices: Exploring planned language use in the Australian context.' *Language Culture and Curriculum*. [10.1080/07908318.2020.1792920](https://doi.org/10.1080/07908318.2020.1792920)
- Troyan, F., Cammarata, L. & Martel, J. (2017) 'Integration PCK: Modeling the knowledge(s) underlying world language teacher's implementation of CBI.' *Foreign Language Annals*, 50. 458–76. [doi:10.1111/flan.12266](https://doi.org/10.1111/flan.12266)
- Walsh, C. (2007) *Cruinneas na Gaeilge scríofa sna hiar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge i mBaile Átha Cliath*. An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta.
- Wynants, S., & Dennis, J. (2018) 'Professional development in an online context: Opportunities and challenges from the voices of college faculty.' *Journal of Educators Online*, 15(1). 1–13.



An Tumoideachas Déanach: bac nó buntáiste?

Hilary Ní Chonchubhair, T.J. Ó Ceallaigh & Niamh Dennehy

<https://doi.org/10.13025/19198>

Achoimre

Is tréimhse shuntasach í an t-aistriú ón mbunscoil go dtí an iar-bhunscoil i saol an fhoghlaimora. Déantar cur síos ar an tréimhse fhorbarthach seo mar chlaochlú cognaíoch, síceasóisialta agus mothúchánach (Hanewald, 2013; Hines, 2007). Is beag atá fiosraithe ar an ábhar seo i gcomhthéacs na hÉireann, go háirithe ó tharla leasú curaclaim ag an dá leibhéal, agus tá níos lú fós le sonrú i gcomhthéacs an tumoideachais dhéanaigh lán-Ghaeilge. Is iad foghlaimoirí an tumoideachais dhéanaigh iad siúd a aistríonn ó bhunscoil lán-Bhéarla go hiar-bhunscoil lán-Ghaeilge, nó foghlaimoirí a dhéanann staidéar ar an nGaeilge mar ábhar riachtanach amháin mar chuid den churaclam bunscoile (Ó Muircheartaigh & Hickey, 2008). Aithnítear cúig dhroichead aistrithe idir an bhunscoil agus an iar-bhunscoil sa litríocht idirnáisiúnta a fheidhmíonn mar chreat teoiriciúil don aistriú rathúil (Galton *et al.*, 1999): an droichead riaracháin, an droichead sóisialta agus mothúchánach, an droichead curaclaim, an droichead oideolaíoch agus an droichead neamhpleáchais foghlama. Tá sé mar aidhm ag an bpáipéar seo iniúchadh a dhéanamh ar chúinse sa bhreis don aistriú rathúil i gcomhthéacs an tumoideachais dhéanaigh – teanga an teagaisc.

Ar dtús, tabharfar sainmhíniú ar an tumoideachas agus ar an tumoideachas déanach, mar aon leis an aistriú i gcomhthéacs an tumoideachais dhéanaigh. Déanfar scagadh criticiúil ar litríocht ábhartha agus tabharfar spleáchadh ar phríomhghnéithe an tumoideachais dhéanaigh. Fiosrófar na himpleachtaí forbartha ó pheirspictíochtaí éagsúla d'fhoghlaimoirí an tumoideachais dhéanaigh agus bearna inniúlachta teanga le sárú acu. Mar chonclúid,

féachfar ar na dúshláin agus na deiseanna roimh phobal an tumoideachais dhéanaigh, idir fhoghlaimoírí, thuismitheoirí/chaomhnóirí, mhúinteoirí agus cheannairí scoile, agus an Ghaeilge mar theanga an teagaisc, na cumarsáide agus an tsóisialaithe.

Réamhrá

Cineál oideachais dhátheangaigh is ea an tumoideachas ina ndéantar an t-ábhar a theagasc do dhaltáí trí mheán an dara teanga, teanga iasachta, teanga oidhreachta nó teanga dhúchais (Tedick & Lyster, 2020). Cé go ndíríonn formhór na litríochta náisiúnta ar an luath-thumoideachas, is mithid díriú ar phobal ar leith in Éirinn agus tugtar faoi phlé a dhéanamh san alt seo ar an tumoideachas déanach. Éiríonn le daltaí tumoideachais leibhéal inniúlachta i bhfad níos airde a bhaint amach sa T2 ná mar a éiríonn le daltaí nach bhfuil sa chóras tumoideachais a dhéanann staidéar ar T2 mar ábhar scoile amháin (Ó Duibhir, 2018; Tedick & Lyster, 2020). Ach, conas mar a éiríonn le foghlaimoírí a dhéanann staidéar ar T2 mar ábhar scoile amháin ag an mbunleibhéal agus a aistríonn go tumoideachas ag an iar-bhunleibhéal? San alt seo, aibhsítear an t-aistear éagsúil roimh fhoghlaimoírí an tumoideachais dhéanaigh in Éirinn a aistríonn ó mhórtheanga go mionteanga ag an iar-bhunleibhéal. Féachtar ar na cúinsí a bhaineann le haistriú rathúil teanga agus mar chonclúid, aithnítear na himpleachtaí do phobal foghlama an tumoideachais dhéanaigh.

An Tumoideachas: Sainmhíniú agus saintréithe

Cineál oideachais dhátheangaigh is ea an tumoideachas ina ndéantar an t-ábhar a theagasc do dhaltáí trí mheán an dara teanga, teanga iasachta, teanga oidhreachta nó teanga dhúchais (Tedick & Lyster, 2020). Maítear go comhsheasmhach sa taighde ar an tumoideachas gur modh iontaofa atá ann chun teangacha a theagasc, chun ábhar a theagasc, agus chun iad sin a dhéanamh go rathúil gan dochar a dhéanamh do chéad teanga na bhfoghlaimoírí (Genesee *et al.*, 2006; Hunt, 2011; Tedick & Lyster, 2020; Thomas & Collier, 2017). Tá ár mbonn eolais maidir leis an tumoideachas ag méadú de shíor, agus tá buntacaíocht ann i gcónaí don tumoideachas i measc thuismitheoirí/chaomhnóirí, lucht oideachais, agus lucht déanta beartas ar gach leibhéal (Ó Ceallaigh & Ó Laoire, 2021). D'fhéadfaí a rá gur i lár na 1960í a cuireadh tús leis an gcur chuige seo i leith an teagaisc sa dara teanga (T2) nuair a cuireadh tús leis na cláir thumoideachais i gCeanada (Lambert & Tucker, 1972). Is feiniméan domhanda anois comhthéacsanna tumoideachais inar teanga iasachta an meán teagaisc agus é mar aidhm leo leibhéal oilteachta níos airde sa sprioctheanga a bhaint amach. Mar sin féin, bíonn éagsúlacht mhór ag baint leis na cuir chuige oideachais i gcomhthéacsanna éagsúla maidir lena éifeachtaí a chothaítear an t-ilchultúrachas, forbairt na féiniúlachta dátheangaí, tairbhí sóisialta-mhothúchána, an dátheangachas, an délitearthacht agus rath acadúil do

dhaltáí dátheangacha, nó maidir lena éifeachtaí a chuirtear iad sin chun cinn (Cammarata & Ó Ceallaigh, 2020). Téann an comhthéacs sochtheangeolaíoch agus cultúrtha i bhfeidhm ar gach clár. Bíonn teangacha éagsúla, spriocanna éagsúla agus foghlaimoirí éagsúla ag cláir.

Tá roinnt saintréithe ag baint leis an tumoideachas, áfach, rud a fhágann go bhfuil difríocht idir é agus an teagasc trí mheán an T2 agus idir é agus an t-oideachas dátheangach. Déanann Johnson & Swain (1997: 68) cur síos ar na bunghnéithe a bhaineann leis an tumoideachas, nó le clár tumoideachais:

- Is é T2 an meán teagaisc;
- Tá curaclam an tumoideachais ar aon dul le curaclam áitiúil T1;
- Tacaítear le T1 go hoscailte;
- Is é an dátheangachas suimitheach cuspóir an chláir;
- Tá an teagmháil le T2 teoranta don seomra ranga den chuid is mó;
- Bíonn leibhéal comhchosúil (agus teoranta) inniúlachta in T2 ag na daltaí agus iad ag tosú amach;
- Múinteoirí dátheangacha a bhíonn ann;
- Is ionann cultúr an tseomra ranga agus cultúr an phobail áitiúil T1.

Maíonn Johnson & Swain (1997: 1) go mbíonn tionchar ag na saintréithe sin freisin ar fhorbairt chláir, ar straitéisí teagaisc agus foghlama agus ar ghnóthachtáil. Is iad na micreac-homhthéacsanna a chinneann nádúr uathúil gach seomra ranga tumoideachais. Is le cuspóir sonracha na samhla tumoideachais, le gnéithe uathúla de phobail teanga ar leith, agus leis an éagsúlacht tosca i gclár scoile ar leith a chinneann cineál na gclár sa tumtheanga freisin, agus is ar an ábhar sin nach mbíonn aon chlár díreach cosúil le clár ar bith eile.

An Tumoideachas: Bac nó buntáiste

Tá sé léirithe go comhsheasmhach i staidéir le trí scór bliain anuas go bhfuil daltaí tumoideachais a bhfuil cumais acadúla éagsúla acu in ann leibhéal arda inniúlachta feidhmiúla a bhaint amach sa tumtheanga, mar aon le gnóthachtáil acadúil atá ar aon dul le daltaí nach bhfuil sa tumoideachas (nó níos fearr ná iad) a bhaint amach i dtrialacha caighdeánaithe sa Bhéarla (Lyster, 2007; Ó Duibhir, 2018). Ina theannta sin, tuairiscítear go n-éiríonn go maith le daltaí ó raon cúlraí socheacnamaíocha, eitneacha agus dúchasacha i gcláir thumoideachais (Ní Chlochasaigh, Shiel & Ó Duibhir, 2021). Tugtar le tuiscint freisin go mbíonn gnóthachtáil i máthartheanga (T1) na ndaltaí lán-tumoideachais luaithe, tar éis tréimhse leanúnach ama, ar aon dul le daltaí nach bhfuil sa tumoideachas, agus is minic fiú gurb airde a ngnóthachtáil

(Tedick & Lyster, 2020). Éiríonn le daltaí tumoideachais leibhéal inniúlachta i bhfad níos airde a bhaint amach in T2 ná mar a éiríonn le daltaí nach bhfuil sa chóras tumoideachais a dhéanann staidéar ar T2 mar ábhar scoile (Ó Duibhir, 2018; Tedick & Lyster, 2020).

Cé go bhfuil fianaise curtha ar fáil ag taighdeoirí thar na blianta gur mó buntáiste a bhaineann leis an tumoideachas, mar sin féin, is iomaí staidéar atá déanta ina n-aithnítear dúshlán atá le sárú fós chun an tumoideachas a chur i bhfeidhm go rathúil. Bíodh is go léiríonn daltaí tumoideachais líofacht agus muinín agus iad ag úsáid T2, bíonn stór focal teoranta agus gramadach shimplithe in úsáid ag daltaí tumoideachais atá teoranta do réimsí a bhaineann leis an scoil, bíonn aistriú ar siúl acu ó chomhréir agus ó léacsacan an Bhéarla (Ó Duibhir, 2018; Walsh, 2009). Ina theannta sin, sonraítear go bhfuil bearnaí móra i bhfeasacht teanga múinteoirí tumoideachais (Ní Chathasaigh & Ó Ceallaigh, 2021). Tá taighdeoirí den tuairim gur féidir na dúshláin a bhaineann le forbairt na teanga i measc daltaí tumoideachais a leagan go páirteach ar easpa feasachta teanga .i. aird neamhimleor a bheith á tabhairt ar theagasc na scileanna teanga agus litearthachta, mar aon le heolas neamhimleor ar conas díriú go héifeachtach ar na gnéithe sin ar fad ar leibhéal an churaclaim nó ar leibhéal an teagaisc ag an am céanna (Cammarata & Ó Ceallaigh, 2020; Lyster, 2007). Lena chois sin, tuairiscítear go mbíonn deacrachtaí móra ag múinteoirí tumoideachais breith ar conas is féidir an teanga a chomhtháthú i dteagasc an ábhair ar bhealach bríoch (Cammarata & Cavanagh, 2018; Morton, 2018). Is léir go bhfuil tacaíocht forbartha gairmiúla speisialaithe de dhíth ar mhúinteoirí in earnáil an tumoideachais le bheith in ann aghaidh a thabhairt ag an am céanna ar an ábhar, ar an teanga agus ar fhorbairt na litearthachta le cur chuige comhtháite atá bunaithe ar an ábhar (Cammarata & Ó Ceallaigh, 2020). Músclaíonn na torthaí sin cruacheisteanna suntasacha i ndáil leis an tumoideachas in Éirinn.

An tumoideachas in Éirinn sa lá atá inniu ann

Is í samhail an tsaibhriúcháin dhátheangaigh í an tsamhail tumoideachais a bhíonn in úsáid i scoileanna lán-Ghaeilge in Éirinn .i. is é an dátheangachas suimitheach agus an délitearthacht an aidhm atá leis, mar aon leis an mionteanga agus an cultúr mionlaigh a fhairsingiú agus a athbheochan i measc an phobail agus go náisiúnta. Bíodh is go bhfuil lear mór taighde déanta ar chláir thumoideachais, is ann do roinnt ceisteanna i gcónaí ar mhaithe leis an tumoideachas lán-Ghaeilge a shaibhriú tuilleadh. Gné amháin den sórt sin is ea múnla an tumoideachais dhéanaigh in Éirinn, agus is gné í atá ríthábhachtach chun léirthuisicint a fháil ar an tumtheagasc agus ar an tumfhoghlaim.

An tumoideachas déanach: Sainmhíniú, saintréithe agus scagadh idirnáisiúnta

Tumtar foghlaimeoirí sa sprioctheanga ar chláir thumoideachais go luath i saol an fhoghlaimora nó ag pointe níos déanaí agus aithnítear trí phointe iontrála chuig an tumoideachas (Genesee, 1987; Ó Brolcháin, 2015):

- An luath-thumoideachas (oideachas luath-óige nó bunoidreachas);
- An meán-tumoideachas (ardranganna an bhunoidreachais);
- An tumoideachas moillithe nó déanach (tús an iar-bhunoidreachais).

Is deacair sainmhíniú a thabhairt ar an tumoideachas déanach mar mhúnla toisc gur rogha aonair an fhoghlaimora atá ann aghaidh a thabhairt ar an tumoideachas den chéad uair ag an iar-bhunleibhéal, gan struchtúr nó cur chuige ar leith i gcásanna áirithe. I dtaighde Uí Mhuircheartaigh & Hickey (2008), sainmhínítear an tumoideachas déanach mar phointe iontrála chun an tumoideachais ag an iar-bhunleibhéal. Mínítear an tumoideachas déanach mar mhúnla den teagasc ábharbhunaithe chomh maith ina múintear curaclam na hiar-bhunscoile trí T₂ (Kong, 2015). Tuigtear nach ndéanann clár luath-thumoideachais dochar d'fhorbairt na teanga dúchais (T₁) agus ní fheictear dochar i gcás an tumoideachais dhéanaigh ach an oiread (Day & Shapson, 1988). Cé nach gcuireann an tumoideachas déanach bac ar fhorbairt T₁, feictear dúshláin in T₂ bunaithe ar an mbearna teanga atá le sonrú sa tumoideachas déanach. Aithníonn Kong (2015) an nasc idir ábhar casta an churaclaim iar-bhunscoile agus an leibhéal inniúlachta teanga atá ag teastáil chun dul i ngleic leis – ceangal doscheachanta nach bhfuil le sonrú in ábhar an luath-thumoideachais. Aibhsíonn Marsh *et al.* (2000) an bac seo roimh fhoghlaimoirí an tumoideachais dhéanaigh ábhar an churaclaim a fhoghlaim trí theanga nach bhfuil sealbhaithe a ndóthain acu. Éiríonn le foghlaimoirí an luath-thumoideachais dul i ngleic le hábhar an churaclaim iar-bhunscoile ach bíonn deacrachtaí ag foghlaimoirí an tumoideachais dhéanaigh agus bearna teanga le sárú acu (Johnson & Swain, 1994).

Cé go bhfuil saintréithe an tumoideachais thuasluaite (Johnson & Swain, 1997) ábhartha don luath-thumoideachas agus an tumoideachas déanach araon, tugtar faoi deara go bhfuil saintréith amháin mar eisceacht i gcás an tumoideachais dhéanaigh, sé sin go mbíonn leibhéal comhchosúil (agus teoranta) inniúlachta T₂ ag na daltaí agus iad ag tosú amach (Johnson & Swain, 1997: 68). I gcomhthéacs an tumoideachais dhéanaigh, ní féidir glacadh leis go mbíonn leibhéal comhchosúil nó teoranta ag na foghlaimoirí toisc gur minic a bhíonn foghlaimoirí an luath-thumoideachais agus foghlaimoirí an tumoideachais dhéanaigh in aon chomhthéacs amháin. Aibhsíonn Cammarata & Ó Ceallaigh (2020) an gá le tacaíocht forbartha gairmiúla speisialaithe do mhúinteoirí an tumoideachais chun freastal ar riachtanais

teanga, ábhair agus litearthachta na bhfoghlaimoírí, agus is léir go bhfuil gá le forbairt inniúlachta ar theagasc idirdhealaithe chun tacú le héagsúlacht inniúlachta T2 fhoghlaimoírí an luath-thumoideachais agus fhoghlaimoírí an tumoideachais dhéanaigh.

Aibhsíonn Singleton (1999) tábhacht an inspreagtha sa sealbhú teanga, agus áitíonn sé go bhfuil iarracht ar leith agus féinmhuinín ag teastáil chun an bhearna teanga sa tumoideachas déanach a sháru. Aithnítear ról an inspreagtha san aistriú rathúil go tumoideachas déanach san Astráil freisin ach admhaítear go bhfuil gá le tuilleadh taighde ar chláir agus foghlaimoírí an tumoideachais dhéanaigh toisc go nglactar leis go bhfuil na foghlaimoírí féinspreagtha chun dul i ngleic leis an mbearna teanga (Ó Muircheartaigh & Hickey, 2008; Netten, 2007; Read, 1996). Ní bhíonn an t-inspreagadh céanna ag gach foghlaimoír agus bíonn tionchar ag cúinsí eile ar shealbhú teanga – cúinsí pearsanta, sochaíocha agus timpeallachta, mar aon le cúinsí cognaíocha agus cúinsí mothúchána (Ó Laoire & Ní Chlochasaigh, 2010).

Tá neart taighde déanta ar an tumoideachas déanach i gCeanada (Day & Shapson, 1988; Swain, 1974). I gCeanada, bíonn cúiseanna éagsúla leis an rogha aghaidh a thabhairt ar an tumoideachas déanach. Feictear go mbíonn cuspóirí cumarsáide ag pobail mheánaicmeacha agus cuspóirí fostaíochta ag pobail lucht oibre (Lindholm-Leary & Genesee, 2014; Makropoulos, 2009). Clár dhá bhliain atá sa tumoideachas déanach i gCeanada, a thosaíonn i ngrád a sé. Múintear 60%–100% den churaclam trí mheán na Fraincise. Is féidir le foghlaimoírí an luath-thumoideachais agus an tumoideachais dhéanaigh leanúint leis an tumoideachas ó ghrád 8-12, ach titeann úsáid na Fraincise mar theanga an teagaisc go 40–50% (Day & Shapson, 1988). Cé nach mbíonn an teagmháil chéanna leis an teanga ag foghlaimoírí ghráid 6/7 is a bhíonn ag foghlaimoírí an luath-thumoideachais, éiríonn leo T2 a shealbhú ag leibhéal na bhfoghlaimoírí luath-thumoideachais (Gemnesee, 1981; Lindholm-Leary & Genesee, 2014). Mar mhíniú ar an rath seo, maítear gur féidir le foghlaimoírí an tumoideachais dhéanaigh scileanna litearthachta atá forbartha acu in T1 a aistriú go dtí T2, agus go bhfuil na foghlaimoírí seo spreagtha chun foghlama (Day & Shapson, 1988; Lindholm-Leary & Genesee, 2014).

Sa Bhreatain Bheag, bíonn an ghnóthachtáil is airde ag daltaí sa sprioctheanga nuair a dhéantar níos mó ná 70% den teagasc trí mheán na sprioctheanga (Llywodraeth Cynulliad Cymru, 2009; Ó Cathalláin *et al.*, 2016). Molann Johnson agus Swain (1994) ‘nasc-chursaí’ d’fhoghlaimoírí an tumoideachais dhéanaigh chun an bhearna san inniúlacht teanga a laghdú agus chun freastal ar shainriachtanais na bhfoghlaimoírí. Cé go bhfeictear a leithéid sa Bhreatain Bheag, áit a bhfuil an-éagsúlacht sna múnlaí tumoideachais atá ar fáil (Llywodraeth Cynulliad Cymru, 2007), áitíonn Johnson & Swain (1994) nach bhfuil a leithéid indéanta in Éirinn toisc líon íseal na bhfoghlaimoírí a thugann faoin tumoideachas déanach agus toisc nach bhfuil an tsolúbthacht chéanna le sonrú sna múnlaí tumoideachais. Aibhsíonn an léargas ar an tumoideachas déanach in Éirinn sa lá atá inniu ann an gá le hathmhachnamh agus athchuart a dhéanamh ar fhéidearthachtaí an tumoideachais dhéanaigh.

An tumoideachas déanach in Éirinn sa lá atá inniu ann

Cuirtear múnlaí den iar-bhunoideachas lán-Ghaeilge ar fáil i scoileanna lán-Ghaeilge T1 (scoileanna Gaeltachta, Gaelcholáistí agus Aonaid lán-Ghaeilge). Scoileanna neamhspleácha atá sna scoileanna Gaeltachta agus Gaelcholáistí. Is aonad oideachais iar-bhunleibhéil é an t-aonad lán-Ghaeilge, ina leantar curaclam na Roinne Oideachais, agus ina gcuirtear múnla an tumoideachais i bhfeidhm. Feidhmíonn aonad lán-Ghaeilge faoi bhainistíocht agus faoi uimhir rolla mór-scoil lán-Bhéarla (Gaeloideachas, 2020). Aithnítear dúshlán breise don tumoideachas sna haonaid lán-Ghaeilge toisc go mbíonn drochthionchar ag timpeallacht an Bhéarla ar úsáid na Gaeilge (Ó Duibhir *et al.*, 2017). Dúshlán níos suntasaí fós atá ann do phobal an tumoideachais dhéanaigh agus úsáid theoranta na Gaeilge acu cheana féin sa bhunscoil mar ábhar scoile amháin.

Léiríonn na staitisticí ar an oideachas lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht an easpa leanúnachais teanga ón mbunscoil go dtí an iar-bhunscoil in Éirinn (An Roinn Oideachais, 2022). Feictear go dtiteann líon na bhfoghlaimoirí tumoideachais ó 37,650 ag an mbunleibhéal go 10,283 ag an iar-bhunleibhéal, rud a léiríonn go roghnaíonn líon suntasach foghlaimoirí agus a dtuismitheoirí/a gcaomhnóirí iar-bhunscoileanna a fheidhmíonn sa Bhéarla. Ní léirítear líon na bhfoghlaimoirí a roghnaíonn an tumoideachas den chéad uair ag an iar-bhunleibhéal agus tá easnamh sa ghort ar phróifíl an phobail seo.

Is minic a thosaítear ar an tumoideachas ag leibhéal na luathóige (Naíonra) ag aois 3–4 nó ag leibhéal na bunscolaíochta (Gaelscoil), aois 4–5 (Ó Muircheartaigh & Hickey, 2008). In Éirinn, is féidir le foghlaimoirí tosú ar an tumoideachas pé uair is mian leo, fad is atá áit ar fáil dóibh ina rogha scoil (Ó Muircheartaigh & Hickey, 2008). Tacaíonn na hAchtanna Oideachais 1998–2018 leis an rogha neamhspleách seo toisc go gcaithfidh próiseas roghnúcháin neamh-idirdhealaitheach a bheith ag gach scoil (An Roinn Oideachais, 2021). Nuair a leasaíodh an tAcht um Stádas Comhionann 2000, ligeadh do scoileanna lán-Ghaeilge tosaíocht a thabhairt do scoláirí a raibh líofacht labhartha sa Ghaeilge acu, dá mba rud é go mbeadh baol ann go rachadh an líofacht sin ar gcúl mura ligfí an scoláire isteach i scoil lán-Ghaeilge, ach tá sé de dhualgas fós ar na scoileanna gach scoláire a dhéanann iarratas a ligean isteach má tá áit ar fáil (An Roinn Oideachais, 2021). Is léir mar sin go bhfuil an tumoideachas déanach ar fáil go forleathan in Éirinn, beag beann ar líon na bhfoghlaimoirí atá ag tabhairt faoi. Is mór idir an cur chuige neamhtheoranta seo agus na moltaí pléite ag Johnson & Swain (1994), cé gur ar mhaithe leis an bhfoghlaimoir a roinntear na moltaí. Ina dtaighde ar an mbearna inniúlachta teanga atá le sonrú i gcomhthéacs an tumoideachais dhéanaigh i gCeanada agus Hong Cong, moltar critéir roghnúcháin a úsáid chun a chinntiú gur eispéireas dearfach, fiúntach atá sa tumoideachas déanach don fhoghlaimoir (Johnson & Swain, 1994: 226).

Mar chritéir chun tacú le rogha an fhoghlaiméora agus an tuismitheora/chaomhnóra aghaidh a thabhairt ar an tumoideachas déanach, moltar na critéir seo a leanas a chur san áireamh agus an cinneadh á dhéanamh:

- Forbairt an fhoghlaiméora in T₁;
- Inniúlacht an fhoghlaiméora in T₂;
- Rath acadúil an fhoghlaiméora in T₁;
- Tiomantas agus inspreagadh an fhoghlaiméora.

Cé go n-aithnítear ról suntasach an cheannaire scoile i soláthar tumoideachais, ní ag an gceannaire féin atá an t-údarás ó thaobh polasaí iontrála de agus na cúinsí leagtha síos go sonrach agus go soiléir ag an Roinn Oideachais. Cé gur féidir critéir Johnson & Swain (1994) a chur san áireamh, is leis an bhfoghlaiméoir agus an tuismitheoir/caomhnóir atá an rogha. Aibhsíonn Ó Duibhir *et al.* (2017) an réimse inniúlachta teanga atá le sonrú ag an iar-bhunleibhéal. Mar chuid den iniúchadh ar an leanúnachas ón mbunscoil go dtí an iar-bhunscoil i bPoblacht Éireann, fuarthas amach go raibh difríochtaí suntasacha laistigh de scoileanna agus idir scoileanna. Aithníodh gur fhreastail 76%–100% d’fhoghlaiméoirí chéad bhliana i bhformhór na scoileanna ar bhunscoil lán-Ghaeilge (Gaelscoil) ach tugtar le fios go bhfuil pobal ar leith d’fhoghlaiméoirí an tumoideachais dhéanaigh. Ina staidéar, bhí dhá scoil nár fhreastail ach idir 26% agus 50% ar bhunscoil lán-Ghaeilge (Ó Duibhir *et al.*, 2017: 79–80). Ina theannta sin, aimsíodh aonad lán-Ghaeilge amháin ina bhfuil níos lú ná 26% de dhaltaí tar éis freastal ar bhunscoil lán-Ghaeilge (Ó Duibhir *et al.*, 2017). Aibhsíonn an neamhleanúnachas seo nach mbíonn leibhéal comhchosúil (agus teoranta) ag na daltaí in T₂ mar a bhíonn sa luath-thumoideachas (Johnson & Swain, 1997) agus na dúshláin roimh mhúinteoirí agus foghlaiméoirí an tumoideachais dhéanaigh dá bharr. Lena chois sin, sonraítear an deighilt idir uaireanta teagaisc trí mheán na Gaeilge i measc foghlaiméoirí tumoideachais le linn na bunscolaíochta: 7,930 uair ag daltaí an luath-thumoideachais agus 1,464 ag daltaí an tumoideachais dhéanaigh (Ó Muircheartaigh & Hickey, 2008). Léiríonn na figiúirí seo an éagsúlacht idir an luath-thumoideachas agus an tumoideachas déanach agus ní mór d’oideachasóirí cúinsí na héagsúlachta a chíoradh chun freastal ar riachtanais ar leith an phobail seo (Johnson & Swain, 1994).

An tumoideachas déanach: Bac nó buntáiste

Cé gur chuir taighdeoirí fianaise ar fáil thar na blianta gur mó buntáiste a bhaineann leis an tumoideachas (Lyster, 2007; Ó Duibhir, 2018; Tedick & Lyster, 2020), déantar plé san alt seo ar na príomhchúinsí, idir dhiúltach agus dhearfach, don aistriú rathúil ó bhunscolaíocht lán-Bhéarla go hiar-bhunscolaíocht lán-Ghaeilge. I measc na ndúshlán roimh fhoghlaimoirí an tumoideachais dhéanaigh, aibhsítear na gnéithe seo a leanas:

- Tá an bhearna inniúlachta teanga níos suntasaí ag tús an tumoideachais dhéanaigh ná ag tús an luath-thumoideachais (Johnson & Swain, 1994);
- Tá inspreagadh, iarracht agus féin-mhuinín ar leith ag teastáil chun an bhearna seo a shárú (Singleton, 1989;)
- Tá níos lú acmhainní ar fáil atá in oiriúint do chumas agus aois an fhoghlaimora (Johnson & Swain, 1994; Netten, 2007);
- Bíonn brú ar mhúinteoirí tumoideachais leanúint ar aghaidh leis an gcuraclam ábhair (Johnson & Swain, 1994).

Glactar leis go mbíonn múinteoirí tumoideachais ag iarraidh freastal ar riachtanais teanga agus ábhar agus is féidir an fhoghlaim chomhtháite ábhar agus teanga (FCÁT) a chleachtadh ag leibhéal éagsúla (Ó Duibhir, 2018). Tagraíonn Ó Duibhir (2018) do speictream (Met, 1998) ar a bhfuil an t-ábhar ag taobh amháin agus an teanga ag an taobh eile. Aithnítear go bhfuil riachtanais teanga ar leith ag foghlaimoirí an tumoideachais dhéanaigh agus tá dúshlán roimh mhúinteoirí tumoideachais atá ag iarraidh scothspota an speictrim a bhaint amach.

Sonraítear i dtaighde Uí Mhuircheartaigh & Hickey (2008) go raibh leibhéal inní níos airde le sonrú sna ranganna Gaeilge idirbhliana i measc foghlaimoirí an tumoideachais dhéanaigh ná mar a bhí i measc foghlaimoirí an luath-thumoideachais. Léiríonn an toradh taighde seo go mbíonn impleachtaí fadtéarmacha d'fhoghlaimoirí an tumoideachais dhéanaigh a mhaireann i ndiaidh na tréimhse aistrithe ón mbunscoil. Ach, tá ábhar misnigh ann do phobail an tumoideachais dhéanaigh chomh maith. Cé go sonraítear leibhéal foghlama níos airde in T₂ sa lántumadh luath, éiríonn le foghlaimoirí an tumoideachais dhéanaigh scileanna léitheoireachta agus scríbhneoireachta a fhorbairt ar comhchaighdeán le foghlaimoirí an luath-thumoideachais toisc forbairt shuntasach a straitéisí foghlama agus scileanna litearthachta in T₁ (Johnstone, 2002). Bíonn tionchar ar leith ag cúinsí éagsúla ar an tumoideachas déanach agus féachtar go sonrath ar an gcuraclam, ar an tuismitheoir/an gcaomhnóir agus ar aois an fhoghlaimora.

Tionchar an tuismitheora

Aithnítear ról tábhachtach an tuismitheora/chaomhnóra in aistriú rathúil an fhoghlaim sa dea-thionchar ag rannpháirtíocht tuismitheora/caomhnóra ar thorthaí acadúla an pháiste, go háirithe i gcás na teanga mionlaigh (Cloud et al., 2000; Ó Ceallaigh & Ní Shéaghdha, 2017). Pléann Ó Ceallaigh & Ní Shéaghdha (2017) na dea-chleachtais a bhfuil léargas orthu sa litríocht a chruthaíonn nasc le tuismitheoirí/caomhnóirí agus moltar gur cóir mórán gníomhaíochtaí idir scoil agus baile a chothú chun an caidreamh seo a fhorbairt (Lindholm-Leary, 2005). Maítear go mbíonn dea-thionchar ag tuismitheoirí/caomhnóirí ar rath acadúil a bpáistí má dhéantar múnú ar scileanna a bhaineann leis an scoil agus le próiseas na foghlama (Hoover-Dempsey, 2005; Kavanagh & Hickey, 2013), ach bíonn tuismitheoirí/caomhnóirí ag brath ar an gcóras go príomha chun eolas agus tuiscint a fháil ar an tumoideachas agus an dátheangachas (Ní Dhiorbháin et al., 2023; Nig Uidhir et al., 2016). Aithnítear go bhfuil gá le tuilleadh tacaíochta do theaghlaigh an tumoideachais chun timpeallacht baile a chruthú a spreagann forbairt litearthachta na bpáistí (Nig Uidhir et al., 2016; Strickland & Hickey, 2016). Tá gá nach beag le tuilleadh tacaíochta ag an iar-bhunleibhéal agus tuilleadh seirbhísí a chothaíonn rannpháirtíocht tuismitheoirí le sonrú ag leibhéal na bunscoile (Nig Uidhir et al., 2016). Tá dúshlán breise roimh thuismitheoirí/chaomhnóirí an tumoideachais dhéanaigh nach raibh an deis acu leas a bhaint as na seirbhísí seo ag an mbunleibhéal, rud a mhéadaíonn an bhearna idir an luath-thumoideachas agus an tumoideachas déanach. Lena chois sin, tá difríocht shuntasach le sonrú idir líon na dtuismitheoirí/gcaomhnóirí ag foghlaim na Gaeilge ag an mbunleibhéal (10.8%) agus líon na dtuismitheoirí/gcaomhnóirí ag foghlaim na Gaeilge ag an iar-bhunleibhéal (4.3%) (Nig Uidhir et al., 2016). Cé gur míbhuntáiste atá ann d'fhoghlaim an tumoideachais i gcoitinne nach mbíonn rannpháirtíocht na dtuismitheoirí/caomhnóirí chomh maith sin ag an iar-bhunleibhéal, méadaítear an bhearna sa tumoideachas déanach. Má bhíonn tuismitheoirí/caomhnóirí ag brath ar an gcóras go príomha chun eolas agus tuiscint a fháil ar an tumoideachas, agus má tá tuilleadh seirbhísí Gaeilge á soláthar ag leibhéal na bunscoile (Nig Uidhir et al., 2016), caithfear tacú le tuismitheoirí/caomhnóirí nach raibh na deiseanna céanna acu i mbunscoileanna meán-Bhéarla chun an bhearnú a laghdú.

Tionchar na haoise

Is iomaí staidéar a aibhsíonn tionchar na haoise ar shealbhú teanga (Foster, Bolibaugh & Kotula, 2014; Gass & Selinker, 2008; Lenneberg, 1967; Lightbown & Spada, 2006; Ní Chlochasaigh, 2014). Tugann Lenneberg (1967) míniú ar hipitéis na tréimhse criticiúla mar thréimhse idéalach an tsealbhaite teanga, idir dhá bhliain d’aois agus ceithre bliana déag d’aois. Tagraítear do thréimhse íogar chomh maith sa litríocht, ina tharlaíonn athruithe sa phlaisteacht inchinne de réir a chéile i gcomparáid leis an athrú borb tugtha le fios i hipitéis na tréimhse criticiúla (Gass & Selinker, 2008). Glactar leis go mbíonn náire ag baint le botúin a dhéanamh i bhfoghlaim teanga (Lightbown & Spada, 2006) ach nach mbíonn an náire seo le sonrú i bpáistí toisc nach mbíonn an scagaire mothúchánach forbartha acu (Krashen, 1985). Feictear an scagaire mothúchánach mar chriathar teoiriciúil a mhíníonn an nasc idir cúinsí mothúchána agus sealbhú éifeachtach teanga, agus dá airde an scagaire is ea is lú seans a bheidh ann don sealbhú teanga toisc go mbíonn an scagaire mar bhac ar an ionchur (Ní Chlochasaigh, 2014: 57).

Aibhsítear an bhearna idir an inniúlacht ar an teanga chognaíoch agus acadúil atá ag teastáil chun dul i ngleic leis an gcuraclam iar-bhunscoile agus na bunscileanna cumarsáide idirphearsanta atá forbartha go pointe áirithe sa bhunscoil (Cummins, 1996; Roessingh *et al.*, 2005). Níl taighdeoirí ar aon intinn maidir le tionchar na haoise ar shealbhú teanga (Ní Chlochasaigh, 2014). Is léir go bhfuil dúshláin roimh fhoghlaimoirí an tumoideachais dhéanaigh ach aithnítear go bhfuil buntáistí ann freisin, go háirithe aibíocht chognaíoch (Cummins, 1980). Mar aon leis an aibíocht, tá sé ar a gcumas acu scileanna litearthachta atá forbartha sa T1 a aistriú go dtí an T2 ar mhaithe le sealbhú teanga (Day & Shapson, 1988).

Tionchar an churaclaim

Ag leibhéal na Sraithe Sóisearaí, tá sonraíochtaí agus scrúduithe éagsúla leagtha amach do scoileanna lán-Ghaeilge (T1) agus scoileanna lán-Bhéarla (T2). Má roghnaítear an tumoideachas den chéad uair ag an iar-bhunleibhéal, an tsonraíocht T1 a bheidh á staidéar ag an bhfoghlaimoir. Tá an tsonraíocht seo dírithe ar fhoghlaimoirí i scoileanna Gaeltachta, Gaelcholáistí agus Aonaid Lán-Ghaeilge (An Roinn Oideachais, 2017). Luaitear sa tsonraíocht T1 go bhfuil na torthaí foghlama ailínithe leis na tuairiscíní atá le fáil ag leibhéal B2, úsáideoir neamhspleách teanga, den Fhráma Tagartha Comónta Eorpach: foghlaim, teagasc, measúnú (FTCE). Feictear go bhfuil na torthaí foghlama sa tsonraíocht T2 ag teacht leis na tuairiscíní atá le fáil i mbandaí A2–B1 (ó bhonnúsáideoir go húsáideoir neamhspleách teanga) den FTCE. Toisc nach bhfuil rogha aonair ag an bhfoghlaimoir agus go mbraitheann curaclam na Gaeilge ar an gcomhthéacs scoile, d’fhéadfaí scagadh a dhéanamh air seo mar bhac nó buntáiste eile do phobal an tumoideachais dhéanaigh. An gcuireann sonraíocht T1, ailínithe le leibhéal B2 den FTCE leis an mbearna teanga agus le buairt an fhoghlaimora mar a bhí

sonraithe ag Ó Muircheartaigh agus Hickey (2008) sna ranganna Gaeilge idirbhliana, nó an spreagtar foghlaimoirí i dtreo barr feabhais? Ní fios go dtí go mbeidh taighde déanta ar an bpobal seo agus na leasuithe curaclaim ag leibhéal na bunscoile agus na hiar-bhunscoile curtha san áireamh. Ina gcáipéis ag freagairt do Dhréachtsonraíochtaí Gaeilge na Sraithe Sinsearaí T₁ agus T₂, aibhsíonn Hyland & Ó Uiginn (2021) an gá le cur chuige idirdhealaithe chun freastal ar riachtanais éagsúla na bhfoghlaimoirí, moladh a thabharfadh faoiseamh ar leith d'fhoghlaimoirí an tumoideachais dhéanaigh.

An tumoideachas déanach: I dtreo barr feabhais?

Is furasta plé a dhéanamh ar na dúshláin a bhaineann leis an tumoideachas déanach, ach is mithid díriú ar conas dul i ngleic leo. Moltar nasc-chúrsaí nó dianchúrsaí d'fhoghlaimoirí an tumoideachais dhéanaigh mar atá curtha ar fáil sa Bhreatain Bheag (Johnson & Swain, 1994; Ó Muircheartaigh & Hickey, 2008). Sa Bhreatain Bheag soláthraítear tacaíocht teanga d'fhoghlaimoirí an tumoideachais dhéanaigh ag deireadh na tréimhse bunscolaíochta chun tacú le turas an tsealbhaite teanga agus iad ag tabhairt faoi iar-bhunoideachas trí Bhreatainis (Rhys, 2021).

Aithnítear sa taighde go n-éiríonn níos fearr le foghlaimoirí teanga atá oile i mbun úsáid straitéisí foghlama (Ní Chlochasaigh, 2014; Oxford, 1990). Tugann Galton *et al.* (2003) le fios dúinn gurb é an droichead neamhspleáchais foghlama an 'droichead' is lú forbairt den aistriú ón mbunscoil go dtí an iar-bhunscoil, agus nach mbíonn straitéisí foghlama forbartha a ndóthain ag daltaí chun tabhairt faoin gcuraclam iar-bhunscoile. Cé nach mbaineann taighde Gatton *et al.* (2003) leis an tumoideachas, is léir go mbeadh an bhéim ar straitéisí foghlama mar bhuntáiste d'fhoghlaimoirí i gcoitinne, agus go mór mór d'fhoghlaimoirí ag iarraidh an bhearna teanga a shárú chun dul i ngleic le hábhar an churaclaim iar-bhunscoile.

Molann Swain & Lapkin (2005) áit faoi leith a thabhairt do theanga dhúchais an fhoghlaimora i gcomhthéacs an tumoideachais dhéanaigh, agus T₁ a úsáid ar bhonn tacúil seachas ar bhonn ionaid, úsáid nach ndéanann dochar do shealbhú T₂. Tá tábhacht ar leith ag inniúlacht teanga agus cumas oideolaíoch an mhúinteora tumoideachais chun na moltaí seo a chur i bhfeidhm, ach tá gá le deiseanna forbartha gairmiúla a dhíríonn go sonrath ar an tumoideachas déanach. Glactar leis go minic gurb ionann na riachtanais i gcláir luath-thumoideachais agus cláir thumoideachais dhéanaigh ach áitíonn Johnson & Swain (1994) tábhacht an idirdhealaithe eatarthu chun freastal go rathúil ar na foghlaimoirí. Dá luaithe a tharlóidh an t-idirdhealú follasach seo is ea is fearr chun tacú le pobal an tumoideachais dhéanaigh.

Conclúid

Cé go bhfuil réimse leathan taighde déanta ar an aistriú agus an leanúnachas ón mbunscoil go dtí an iar-bhunscoil sa ghort náisiúnta agus idirnáisiúnta (Galton *et al.*, 1999; Galton & McLellan, 2018; Hargreaves & Galton, 2002; Naughton, 2000; Ní Thuairisg & Ó Duibhir, 2016; O'Brien, 2001; Smyth, 2004) is beag taighde atá déanta ar an tumoideachas déanach in Éirinn le blianta beaga anuas, go háirithe ó foilsíodh an Creat don tSraith Shóisearach (2015) agus Dréachtchreat Churaclaim na Bunscoile (2020). Feictear iarracht dhearfach sna creataí seo naisc foghlama a chruthú idir an dá earnáil, ach ní fios go fóill cén tionchar a bheidh acu ar aistriú an fhoghlaiméora. In ainneoin bhuntáistí an togra *Cuir Fáilte roimh Theangacha* mar chuid de *Straitéis Do Theangacha Iasachta San Oideachas In Éirinn 2017–2026* (An Roinn Oideachais, 2023), go háirithe ó thaobh an ilteangachais de, tá impleachtaí do phobal an tumoideachais dhéanaigh. Mar chuid den togra, tiocfaidh laghdú 30 nóiméad in aghaidh na seachtaine ar theagasc na Gaeilge ag an mbunleibhéal agus beidh tionchar ar leith ag an laghdú seo ar bhearna teanga an tumoideachais dhéanaigh.

Toisc gur rogha indibhidiúil atá sa tumoideachas déanach, tá gá le taighde a dhíríonn ar phróifiliú na bhfoghlaiméoirí agus a dtuismitheoirí/caomhnóirí. Cé go bhfuil réimse taighde sa ghort náisiúnta ar rogha an tumoideachais mar mhúnla oideachais (Mhic Mhathuna & Nic Fhionnlaoich 2021; Ní Dhiorbháin *et al.*, 2023; Nic Aindriú *et al.*, 2022) is mithid díriú go sonrach ar an rogha aghaidh a thabhairt ar an tumoideachas ag an iar-bhunleibhéal. Ní amháin go gcaithfear díriú ar phróifil na bhfoghlaiméoirí, caithfear sainriachtanais na múinteoirí a fhiosrú. Glactar leis go mbíonn deacrachtaí ag múinteoirí tumoideachais breith ar conas is féidir an teanga a chomhtháthú i dteagasc an ábhair ar bhealach bríoch (Cammarata & Cavanagh, 2018; Morton, 2018), ach feictear dúshlán breise do mhúinteoirí an tumoideachais dhéanaigh agus gá le hoiriúniú ar leith chun tacú leis an mbearna teanga atá mar bhac ar thuiscint ábhair (Marsh *et al.*, 2000).

Cé go dtagraítear sa litríocht idirnáisiúnta ar an aistriú ón mbunscoil go dtí an iar-bhunscoil do chlaochlú cognaíoch, síceasóisialta agus mothúchánach an fhoghlaiméora, (Hanewald, 2013, Hines, 2007), aibhsíonn Johnson & Swain (1994) go mbíonn iarracht ar leith ag teastáil ó fhoghlaiméoirí an tumoideachais dhéanaigh chun an bhearna teanga eatarthu siúd agus foghlaiméoirí an luath-thumoideachais a shárú. Dá bhrí sin, aithnítear claochlú teanga mar chlaochlú breise a tharlaíonn le linn na tréimhse aistrithe ó bhunoideachas trí mheán an Bhéarla go hiar-bhunoideachas trí mheán na Gaeilge, agus tá bearna sa taighde ar eispéireas na bhfoghlaiméoirí seo. Is mithid díriú ar théama beagfhorbartha an tumoideachais dhéanaigh in Éirinn chun eispéireas agus torthaí foghlama na bhfoghlaiméoirí eisceachtúla seo a fheabhsú agus a fhorbairt.

Tagairtí

- An Roinn Oideachais (2017) *Sonraíocht Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí: Scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge (T1)*
- An Roinn Oideachais (2021) *Rollú Scoile. 8 Meán Fómhair.*
- An Roinn Oideachais (2022) *Léargas ar Sholáthar don Oideachas Lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht.*
- Baker, C. (2001) *Foundations of Bilingual Education and Bilingualism* (3rd ed.) Clevedon: Multilingual Matters Limited.
- Cammarata, L. & Tedick, D.J. (2012) 'Balancing Content and Language in Instruction: The Experience of Immersion Teachers.' *The Modern Language Journal*. Vol.96 (no.2). 251–69.
- Cammarata, L. & Cavanagh, M. (2018) 'In search of immersion teacher educators' knowledge base: Exploring their readiness to foster an integrated approach to teaching.' *Journal of Immersion and Content-Based Language Education*, 6(2). 189–217.
- Cammarata, L. & Ó Ceallaigh, T.J. (Eds.) (2020) *Teacher development for immersion and content-based instruction* (Vol.110). John Benjamins Publishing Company.
- Cloud, N., Genesee, F. & Hamayan, E. (2000) *Dual language instruction: A handbook for enriched education*. Boston: Heinle & Heinle.
- Cummins, J. (1980) 'The Cross-Lingual Dimensions of Language Proficiency: Implications for Bilingual Education and the Optimal Age Issue.' *TESOL Quarterly*, 14(2). 175–87.
- Cummins, J. (1996) *Negotiating identities: Education for empowerment in a diverse society*. Ontario, CA: California Association for Bilingual Education
- Day, E.M. & Shapson, S. (1988) 'A comparison study of early and late French immersion programs in British Columbia.' *Canadian Journal of Education/Revue canadienne de l'éducation*. 290–305.

- Evangelou, M., Taggart, B., Sylva, K., Melhuish, E., Sammons, P. & Siraj-Blatchford, I. (2008) 'What makes a successful transition from primary to secondary school?' London: University of London.
- Foster, P., Bolibaugh, C., & Kotula, A. (2014) 'Knowledge of Nativelike Selections in a L2: The Influence of Exposure, Memory, Age of Onset, and Motivation in Foreign Language and Immersion Settings.' *Studies in Second Language Acquisition*, 36(1). 101–32. <https://www.jstor.org/stable/26330691>
- Galton, M.J., Gray, J. & Ruddock, J. (1999). *The impact of school transitions and transfers on pupil progress and attainment*. London: DfEE.
- Galton, M., & McLellan, R. (2018). 'A transition Odyssey: Pupils' experiences of transfer to secondary school across five decades.' *Research papers in education*, 33(2). 255–77.
- Galton, M., Gray, J., Rudduck, J., Berry, M., Demetriou, H., & Edwards, J. (2003) 'Transfer and transitions in the middle years of schooling.' *Continuities and discontinuities in learning*. London: DfES. (7–14)
- Gass, S. & Selinker, L. (2008) *Second Language Acquisition: An Introductory Course*. (3rd edn). New York & London: Routledge.
- Genesee, F. (1987) 'Learning through two languages: Studies of immersion and bilingual education.' Cambridge, Mass: Newbury House Publishers.
- Genesee, F. (2006) 'What do we know about bilingual education for majority-language students?' *The handbook of bilingualism*. 547–76.
- Genesee, F. (1981) 'A comparison of early and late second language learning.' *Canadian Journal of Behavioural Science/Revue canadienne des sciences du comportement* 13, no.2. 115.
- Hanewald, R. (2013) 'Transition between primary and secondary school: Why it is important and how it can be supported.' *Australian Journal of Teacher Education (Online)*, 38(1). 62–74.
- Hargreaves, L., & Galton, M. (2002) *Transfer from the primary classroom: 20 years on*. Psychology Press.

- Harris, J. & Ó Laoire (2006) *Language and literacy in Irish-medium primary schools: A review of the literature*. NCCA.
- Hines III, M.T. (2007) 'Adolescent adjustment to the middle school transition: The intersection of divorce and gender in review.' *RMLE Online*, 31(2). 1–15.
- Hoover-Dempsey, K.V., Walker, J. M. T., Sandler, H.M., Whetsel, D., Green, C. L., Wilkins, A. S., & Closson, K. (2005). 'Why Do Parents Become Involved? Research Findings and Implications.' *The Elementary School Journal*, 106(2). 105–30.
- Hunt V. (2011) 'Learning from success stories. Leadership structures that support dual language programs over time in New York City.' *International Journal of Bilingual Education and Bilingualism*. 14(2). 187–206.
- Hyland, A. & Uí Uiginn, F. (2021) *Plécháipéis ar Dhréachtsonraíochtaí na hArdteiste*. Baile Átha Cliath: Conradh na Gaeilge.
- Johnson, R.K., & Swain, M. (1994). 'From core to content: Bridging the L2 proficiency gap in late immersion.' *Language and education*, 8(4). 211–29.
- Johnson, R.K., & Swain, M. (Eds.) (1997) *Immersion education: International perspectives*. Cambridge University Press.
- Johnstone, R. (2002) 'Research on language teaching and learning: 2001.' *Language Teaching*, 35(3). 157–81.
- Kavanagh, L. & Hickey, T. (2013) 'An exploration of parents' experiences of involvement in immersion schooling: Identifying barriers to successful involvement.' Farr, F. & Moriarty, M. (eag.) *Language, Learning and Teaching: Irish Research Perspectives*. Oxford: Peter Lang.
- Kong, S. (2015) 'Designing content-language integrated learning materials for late immersion students.' *TESOL Journal*, 6(2). 302–31.
- Krashen, S. (1985) *The input hypothesis*. London: Longman.

- Lambert, W.E. & Tucker, G.R. (1972) *The bilingual education of children: The St. Lambert experiment*. Rowley, MA: Newbury House.
- Lenneberg, E.H. (1967) *Biological foundations of language*. Wiley.
- Lightbown, P. & Spada, N.M. (2006) *How languages are learned*. Oxford University Press.
- Lindholm-Leary, K. (2001) *Dual Language Education*. Bristol, Blue Ridge Summit: Multilingual Matters.
- Lindholm-Leary, K.J. (2005) 'The rich promise of two-way immersion.' *Educational Leadership*, 62(4). 56–9.
- Lindholm-Leary, K. & Genesee, F. (2014) 'Student outcomes in one-way, two-way, and indigenous language immersion education.' *Journal of Immersion and Content-Based Language Education*, 2(2). 165–80.
- Llywodraeth Cynulliad Cymru (2009) *Welsh-medium Education Strategy*. www.wales.gov.uk/educationandskills
- Lyster, R. (2007) *Learning and teaching languages through content: A counterbalanced approach* (Vol. 18). John Benjamins Publishing.
- Makropoulos, J. (2009) 'Gaining Access to Late French-Immersion Programs: Class-Based Perspectives of Canadian Students in an Ottawa High School.' *Bilingual Research Journal*. Vol. 32 (no.3). 317–30.
- Marsh, H., Hau, K.T. & Kong, C.K. (2000). 'Late immersion and language of instruction in Hong Kong high schools: Achievement growth in language and nonlanguage subjects.' *Harvard Educational Review*, 70(3), 302–47.
- Met, M. (1998) 'Curriculum decision-making in content-based language teaching.' J. Cenoz & F. Genesee (eds). *Beyond Bilingualism: Multilingualism and Multilingual Education*. Clevedon: Multilingual Matters. 35–63.

- Mhic Mhathúna, M. & Nic Fhionnlaoich, F. (2021) 'Why parents chose to send their children to Irish-medium immersion preschools: learning from parental choice strategies in Celtic countries.' *European Early Childhood Education Research Journal*, 29:3, 441–54.
- Morton, T. (2016) 'Conceptualizing and investigating teachers' knowledge for integrating content and language in content-based instruction.' *Journal of Immersion and Content-Based Language Education*, 4(2). 144–67.
- Naughton, P. (1998) 'Time for change a study of primary to second-level schooling transition.' *Irish Educational Studies*, 17(1). 312–26.
- Netten, J. (2007) 'Optimal Entry Point for French Immersion.' *Revue de l'Université de Moncton*. 27–35.
- Ní Chlochasaigh, K., Shiel, G. & Ó Duibhir, P. (2020) *Iniúchadh ar an tumoideachas do dhaltáí i scoileanna lán-Ghaeilge i gceantair mhíbhuntáiste*. An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.
- Ní Chlochasaigh, K., Shiel, G., & Ó Duibhir, P. (2021) 'Immersion in a minority language: The performance in English reading and mathematics of primary-level students in Irish-medium schools in areas of socioeconomic disadvantage.' *Journal of Immersion and Content-Based Language Education*, 9(2). 279–309.
- Ní Dhiorbháin, A., Nic Aindriú, S., Connaughton-Crean, L. & Ó Duibhir, P. (2023) 'It's more the invisible benefits – multilingual parents' experiences of immersion education and their reasons for choosing immersion.' *Language and Education*. 1–20. <https://doi-org.ucc.idm.oclc.org/10.1080/09500782.2023.2238680>
- Ní Thuairisg, L. & Ó Duibhir, P. (2016) *An Leanúnachas ón mbunscoil go dtí an iar-bhunscoil lán-Ghaeilge i bPoblacht na hÉireann*. Tuairisc Taighde ar son Gaelscoileanna Teoranta.
- Nic Aindriú, S., Ó Duibhir, P. & Travers, J. (2022) 'The Factors Motivating Parents to Choose Irish Immersion Education for their Child with Special Educational Needs.' *TEANGA, the Journal of the Irish Association for Applied Linguistics*, 29. 107–32.

- Nic Íomhair, A. (2020). 'Ról na dtuismitheoirí san oideachas lán-Ghaeilge.' G. Nig Uidhir, G., Mac Corraidh, S., & Ó Pronntaigh, C. (eag.). *Taighde agus Teagasc 7*. Coláiste Ollscoile Naomh Muire, Béal Feirste. 98–114.
- Nig Uidhir, G., Ó Cathalláin, S., & Ó Duibhir, P. (2016) 'Tuismitheoirí ina ngníomhairí in earnáil an Ghaeloideachais.' *COMHARTaighde*, 2(1). 2–28.
- Ó Ceallaigh, T.J. & Ó Laoire, M. (eag.) (2016) *An Tumoideachas: Bua nó Dua? An Chéad Chomhdháil Taighde Uile-oileánda ar an Tumoideachas: Imeachtaí Comhdhála*. Baile Átha Cliath: An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.
- Ó Ceallaigh, T.J. & Ní Shéaghda, A. (2017) *Critéir aitheantais cuí um dhearbhu cáilíochta agus dea-chleachtas do bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna lánGhaeilge ar bhonn uile-Éireann*. Gaelscoileanna.
- Ó Ceallaigh, T.J. & Ní Chathasaigh, C. (2021a) Feasacht teanga an mhúinteora tumoideachais: Préamh agus guairne an chleachtas. *Léann Teanga: An Reiviú*. <https://doi.org/10.13025/ejoy-nm03>
- Ó Ceallaigh, T.J. & Ó Laoire, M. (eag.) (2021) *An Tumoideachas: Deiseanna agus Dea-chleachtas. An Dara Comhdháil Taighde Uile-Oileánda ar an Tumoideachas: Imeachtaí Comhdhála / The Second All-Ireland Research Conference on Immersion Education: Conference Proceedings*. Le fáil ar www.cogg.ie
- Ó Duibhir, P. (2018a) 'Foghlaim chomhtháite ábhar agus teanga i gclár oideachais tosaigh do mhúinteoirí bunscoile.' *TEANGA, the Journal of the Irish Association for Applied Linguistics*, 24. 56–69.
- Ó Duibhir, P. (2018b) *Immersion education: Lessons from a minority language context* (Vol.111). Multilingual Matters.
- Ó Duibhir, P., Ó Cathalláin, S., Nig Uidhir, G., Ní Thuairisg, L. & Cosgrove, J. (2017) *Anailís ar mhúnláí soláthair Gaelscolaíochta*. An Coiste Seasta Thuaidh Theas ar an nGaeloideachas.
- Ó Laoire, M. & Ní Chlochasaigh, K. (2010) 'Dea-fhoghlaimoírí teanga i mbun foghlama: cad iad na bealaí éifeachtacha foghlama a bhíonn acu?' *Teagasc na Gaeilge* (Imleabhar 9). Comhar na Múinteoirí Gaeilge, Baile Átha Cliath.

- Ó Muircheartaigh, J. & Hickey, T. M. (2008) 'Academic achievement, anxiety and attitudes in early and later immersion in Ireland.' *International Journal of Bilingual Education and Bilingualism*. 11(5). 558–76.
- O'Brien, M. (2001) *A study of student transfer from primary to second level schooling: pupils', parents' and teachers' perspectives*. Dublin: Department of Education and Science.
- Oxford, R. (1990) *Language Learning Strategies: What Every Teacher Should Know*. Boston: Heinle & Heinle.
- Read, J. (1996) 'Recent developments in Australian late immersion language education.' *Journal of Multilingual and Multicultural Development* 17(6). 469–84.
- Rhys, M. (2021) *Late Immersion and Intensive Language Provision: A Quick Scoping Review*. Cardiff: Welsh Government, GSR report number 39/2021
- Roessingh, H., Kover, P., & Watt, D. (2005) 'Developing cognitive academic language proficiency: The journey.' *TESL Canada Journal*. 1–27.
- Singleton, D. (1999). *Exploring the second language mental lexicon*. Cambridge University Press.
- Smyth, E., McCoy, S., & Darmody, M. (2004) *Moving up: The experiences of first-year students in post-primary education*. Dublin: Liffey Press.
- Strickland, K. & Hickey, T. (2016) 'Using a national dataset to explore sub-groups in Irish immersion education.' *Journal of Immersion and Content-Based Education* 4 (1). 3–32.
- Swain, M. & Johnson, R.K. (1997) 'Immersion education: A category within bilingual education.' Johnson, R.K. & Swain, M. (eag.), *Immersion education: International perspectives*. Cambridge: Cambridge University Press. 1–16
- Swain, M. (1974) 'French Immersion Programs Across Canada: Research Findings.' *The Canadian Modern Language Review* 31(2). 117–29.
- Swain, M., & Lapkin, S. (2005) 'The evolving sociopolitical context of immersion education in Canada: some implications for program development.' *International Journal of Applied Linguistics*, 15(2), 169–86.

Tedick, D.J., & Lyster, R. (2020) *Scaffolding language development in immersion and dual language classrooms*. Routledge.

Thomas, W.P. & Collier, V.P. (2017) *Why dual language schooling*. Albuquerque: Dual Language Education in New Mexico and Fuentre Press.

Walsh, C. (2007) *Cruinneas na Gaeilge scríofa sna hiar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge i mBaile Átha Cliath*. Baile Átha Cliath: An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta.

Tráchtais

Ní Chlochasaigh, K. (2014) *Tréithe Dea-Fhoghlaimoírí na Gaeilge ar an Dara agus ar an Tríú Leibhéal*. *Tráchtas Dochtúireachta*. Insitiúid Teicneolaíochta Thrá Lí: COGG.

Ó Brolcháin, C. (2015) *Iniúchadh ar mhúnlaí luath-oideachais dhátheangaigh i mbunscoileanna Gaeltachta* (Doctoral dissertation, Dublin City University).



Conradh na Gaeilge agus *Inniu*

Dorothy Ní Uigín

<https://doi.org/10.13025/19200>

(Cuireadh leagan den pháipéar seo i láthair ag comhdháil CARTLANN – ‘**Gníomhaíochas, an Ghaeilge agus na Meáin**’ in Ollscoil na Gaillimhe ar 13 Aibreán, 2024. Tá an tionscadal CARTLANN á mhaoiniú ag an Údarás um Ard-Oideachas faoin gClár Taighde Thuaidh-Theas.)

Cúlra: Scoilt sa Chonradh agus eagraíochtaí nua á mbunú

Gearóid Ó Cuinneagáin a bhunaigh Craobh na hAiséirí, craobh de chuid Chonradh na Gaeilge, sa bhliain 1940; is mar seo a rinne Proinsias Mac an Bheatha, duine de na baill luatha, cur síos ar a bunú (1967: 98–9): ‘Bunaíodh an chraobh ag cruinniú a tionóladh ag 55 Sráid Uí Chonaill Íochtarach, Baile Átha Cliath, ar an 26ú Meán Fómhair, 1940...’ Ba léir ón méid a deir sé an phráinn a samhlaíodh leis an obair a bhí le déanamh ag an gCraobh nua – ‘Gearóid Ó Cunneagáin agus Caoimhín Ó Seachnasa a ghairm an cruinniú... Bhí Gearóid Ó Cuinneagáin ina chathaoirleach ar an chruinniú tionscnaimh. Dúirt sé agus é ag míniú chuspóirí na craoibhe, gur léir mura dtabharfaí tarrtháil ar an Ghaeilge gan mhoill go gcaillfí í go brách...’ Tá an mhífhóghid a bhraith bunaitheoirí na craoibhe seo le ceannairí Chonradh na Gaeilge soiléir anseo.

I mí na Samhna, 1942, scar Craobh na hAiséirí leis an gConradh ar fad, ar ndóigh, ach i mí na Nollag sa bhliain chéanna, tharla scoilt i gCraobh na hAiséirí féin agus bunaíodh Glún na Buaidhe. Is i mí an Mhárta (Lá ’le Pádraig) den bhliain dar gcionn a chuir Glún na Buaidhe an chéad eagrán de *Inniu* amach, nuachtán a mhair breis agus ceathracha bliain agus inar pléadh cuid mhór de na hiarrachtaí a rinne an Ghlún leis an nGaeilge agus an ‘náisiún Gaelach’ a chur chun cinn. Dúirt Proinsias Mac an Bheatha (1967: 140) gur ‘Gléas oibre a bhí i nGlún na Bua. Ní raibh aon chuspóir eile againn ach seirbhís a thabhairt don Ghaeilge – agus don náisiún.’

Seo thíos mar a chuir Tarlach Ó hUí, eagarthóir cunta agus ina dhiaidh sin, eagarthóir *Inniu* (1984: 5–6) síos ar imeachtaí na tréimshe corraithí sin:

I mbeagán focal, d'éascair sí (Glún na Buaidhe) as Craobh na hAiséirí, a scar le Conradh na Gaeilge ar an bhonn go raibh an Conradh i ndiaidh éirí ró-choimeádach, ró-inbhreathnaitheach, ró-indírthe, dar leo, go raibh sé fágtha gan bhrí, gan dóchas agus gan treoir, agus nach raibh teagmháil ar bith aige le gnáthphobal na hÉireann, an dream ar a dtugtar anois 'an chosmhuintir'.

Thug 'an Ghlún' soiscéal na Gaeilge amach ar na sráideanna, agus óráidíocht i nGaeilge agus i mBéarla faoin spéir agus ag baint feidhme as scannáin, as paimfléid agus as gach aon áis de chuid na linne le cuspóir Ghlún na Buaidhe, Éire ní hamháin Saor agus Gaelach ach Críostúil fosta, a thathant ar an náisiún...

Sular tharla an scoilt i gCraobh na hAiséirí, bhí os cionn 1,200 ball ag an gCraobh, rud a d'fhág go raibh sé ar cheann de na craobhacha ba láidre a bhí ag an gConradh ag an am – nó, go deimhin, riamh. Ba mhian le lucht Chraobh na hAiséirí, dar le Proinsias Mac an Bheatha (1967: 109): '...go mbeadh gléasanna na fichiú aoise á n-úsáid go fairsing in obair na hathbheochana – raidió, scannáin, ceirníní gramafóin, an preas agus an cló, bratacha agus póstaerí agus buíonta ceoil, agus fós an greann agus an gáire, ab fhada in easnamh ar ghluaiseacht na Gaeilge'. Ba léir tábhacht na meán sa phíosa seo ag Mac an Bheatha, agus bhí an tábhacht seo le sonrú arís nuair a bhunaigh Glún na Buaidhe *Inniu* in 1943.

Dar le R.M. Douglas (2009b) go raibh baint ag Craobh na hAiséirí le gluaiseacht Hitler sa Ghearmáin, agus is an claonadh seo i dtreo na fíor-eite deise a thug ar roinnt ball imeacht ón gCraobh agus Glún na Buaidhe a bhunú. Deir Douglas (féach freisin: Ní Uigín, 2019: 122–6):

Shielded by its association with the eminently respectable Gaelic League, Craobh na hAiséirí was intended to be a 'Hitler Youth Movement' that would eventually take over Conradh itself and use it – as the Irish Republican Brotherhood had successfully done in the years before the Easter Rising – as a springboard to achieve its larger political objectives.

Is suntasach cur síos Douglas sa sliocht thuas ar an gConradh mar chuid den 'Bhunaíocht'. Is léir míshásamh Uí Chuinneagáin agus lucht Chraobh na hAiséirí le heaspa gníomhaíochais an Chonartha ag an am. Níor éirigh leis an gCuinneagánach ina chuid iarrachtaí dul i bhfeidhm ar mhuintir an Chonartha ón taobh istigh, áfach; míníonn Douglas (2009b):

...abandoning his effort to take over Conradh na Gaeilge from within, which turned out to be a harder nut to crack than he had imagined – Ó Cuinneagáin launched a new political party,

Ailtirí na hAiséirghe... in June 1942. Its manifesto called for 'the establishment of a state which, in the Christian perfection of its social and economic systems, will be a model for the whole world'. This was to be accomplished by the creation of a one-party system, with all power in the hands of a Ceannaire, or 'Leader', for a period of seven years in the first instance. Aiséirghe promised full employment to all citizens; an end to emigration (by the straightforward if draconian means of making it a criminal offence to leave the country); a massive state-directed economic expansion scheme; discrimination against Jews and freemasons; and the reconquest of Northern Ireland by the massive conscript army Ó Cuinneagáin proposed to build. Lastly, Irish would be restored as the national vernacular. Five years after the accession to power of an Aiséirghe régime, the use of the English language in public was to become unlawful.

Bhí polaitíocht an Chuinneagánaigh agus na nAiltirí ró-radacach do chuid mhór de na daoine a bhí ag tacú le Gearóid Ó Cuinneagáin i dtosach, agus rinne Glún na Buaidhe iarracht láidir iad féin a dhealú ó Ailtirí na hAiséirí nuair a bunaíodh an eagraíocht nua. Sampla de seo ab ea an fógra ar *Inniu* i mí Iúil, 1943 inar meabhraíodh do lucht léite an nuachtáin nach raibh aon cheangal idir Ailtirí na hAiséirí agus Glún na Buaidhe.

Is léir, mar sin féin, go leor de na téamaí céanna agus den smaointeoireacht chéanna á gcur chun cinn ag an dá dhream seo. Míníonn Proinsias Mac an Bheatha (g.d: 7) go ndearnadh '...eagraíocht neamhspleách faoin teideal Glúin na Buaidhe de Chraobh na hAiséirí de Chonradh na Gaeilge i ndeireadh na bliana 1942'. Míníonn sé freisin (1967: 140) nach raibh baill Ghlún na Buaidhe sásta

...bheith ina nGaeilgeoirí amháin. Is mian linn seirbhís níos iomláine a thabhairt in athbheochan na tíre. Is rún dúinn éifeacht na Gaeilge mar ghléas athbheochana na tíre a chruthú don tír. Táimid fada go leor á rá go bhfuil an éifeacht seo sa Ghaeilge – caithfimid sin a chruthú anois. Caithfimid a bheith chun tosaigh ag tabhairt treorach don náisiún, ag múnlú smaointe agus dearcadh na ndaoine.

Chuir lucht na Glúine béim ar 'An tSeirbhís don Náisiún', (mar a chuir Gearóid Ó Cuinneagáin agus Ailtirí na hAiséirí rompu), agus bhí bunú an nuachtáin náisiúnta *Inniu* ina chuid lárnach den tSeirbhís seo. 'Cuirfidh Seirbhís Náisiúnta an bhrí agus an sracadh san tír,' a dúradh ar *Inniu* ar 28 Meitheamh, 1946, 'nach dtabharfaí an Ghaeilge arais ina n-éagmuis... Is smaoineamh réabhlóideach Seirbhís Náisiúnta agus is sinne i nGlún na Buaidhe réabhlóidithe an lae indiu...'

Obair Ghlún na Buaidhe

D’admhagh Proinsias Mac an Bheatha, go raibh ‘cuid de na Gaeilgeoirí míshásta linn’ nuair a bunaíodh an Ghlún (1983: 51); ar ndóigh, ‘Ní raibh lucht Chonradh na Gaeilge sásta linn,’ a dúirt sé,

Chuir daoine inár leith gur lucht aighnis a bhí ionainn agus gur ag scoilteadh Ghluaiseacht na Gaeilge a bhíomar. Ach níor léir dúinn go raibh aon ghluaiseacht ann agus má bhí a leithéid ann, níor léir dúinn aon ghluaiseacht fúithi. I gcás ar bith, tugadh le fios dúinn nach raibh fáilte romhainn féin ná roimh ár dtuairimí.

Is suntasach an cur síos seo ar dhearcadh na Glúine ar an gConradh. Is spéisiúil an méid a deir Gabrielle Maguire (1991: 27), áfach, faoi dhearcadh na gcainteoirí Gaeilge sna Sé Chontae faoi Chonradh na Gaeilge sa tréimhse chéanna seo:

... many people assumed that the role of this revolutionary organisation (The Gaelic League) became obsolete with the founding of the Free State in 1922 and the recognition of Irish as the official language in Ireland. The Irish Government accepted that it was its responsibility to safeguard the native language. However the belief that this acknowledgement guaranteed the preservation and diffusion of Irish proved false.

Within the Six Counties such an assumption could never have been made in the first instance. The Northern Ireland Government chose to ignore the existence of Irish and the cultural rights of an ethnic minority. The continued need for Gaelic League branches was, therefore, never questioned by Northern Gaels.

Ní sin le rá, áfach, go raibh cainteoirí Gaeilge na Sé Chontae uile sásta le cur chuige an Chonartha, ach oiread, agus léiríodh mífhoighne leis an gConradh ansin chomh maith. I ndeisceart na tíre, is míshástacht le heaspa réabhlóideachais an Chonartha a thug ar a bhunaitheoirí Craobh na hAiséirí den Chonradh a thabhairt ar an saol, agus ina dhiaidh sin, Glún na Buaidhe. Luann Maguire (1991: 30–1), ar ndóigh, tionchar Ghlún na Buaidhe féin ar Chumann Chluain Ard de chuid an Chonartha i mBéal Feirste ina dhiaidh sin; deir sí:

... it was here (Cumann Chluain Ard) that the founder members of the Shaw’s Road Gaeltacht Community first met, socialised, learnt Irish, and eventually planned the building of an Irish-speaking neighbourhood as a natural and necessary extension to their lives as Irish speakers.

‘Glún na Buaidhe’ which had a branch in Belfast between 1943 and 1945 introduced a rigid ‘English prohibited’ rule. Before this the Language Movement had shown a leniency towards the

speaking of English during the various events. 'Fál', a group operating in the mid-1950's, drew attention to the dependence of Irish speakers on English-medium institutions. Members of Fál believed that this situation greatly impeded the progress of revival efforts...

Dúirt Proinsias Mac an Bheatha (1967: 140) nach raibh ‘...aon chuspóir eile againn ach séirbhís a thabhairt don Ghaeilge agus don náisiún.’ Leis seo a bhaint amach d’eagraigh an Ghlún cruinnithe sráide agus ciorcail staidéir; bhunaigh siad Foilseacháin Náisiúnta Teoranta in 1948, agus bunaíodh *Inniu* mar ghléas bolscaireachta do choincheap na Seirbhíse Náisiúnta. Rinneadh cur síos cuimsitheach ar an gcoincheap féin ar *Inniu* in eagrán 28 Meitheamh, 1946, agus tagraíodh go minic dó ar leathanaigh an pháipéir, sna blianta luatha go háirithe. Rinneadh imeachtaí na Glúine a fhógairt agus a phlé ar *Inniu* freisin. ‘Seachtain Náisiúnta Crann Socraithe ag Comhdháil Glúine’ a pléadh ar *Inniu* ar 14 Meitheamh, 1946; ‘Craobhacha na Glúine ag Cuidiú Arán an Lae i mBáraigh’ (13 Meán Fómhair, 1946); ‘Obair d’Iar-Shaighdiúirí ag bailiú Iarmhair Pháipéir’ (18 Deireadh Fómhair, 1946); ‘Tá Trí Cuspóirí leis an Scéim Preataí atá á hOibriú Againn (31 Eanáir, 1947). Níl ansin ach roinnt samplaí ó bhlianta tosaigh na heagraíochta agus an nuachtáin, ach léiríonn sé tuiscint gur gníomhartha agus gníomhaíochas a shamhlaigh an Ghlún leis an tseirbhís don náisiún, agus gur easpa gníomhaíochais agus easpa seirbhíse a samhlaíodh leis an gConradh.

Dúirt Art de Creag, a bhí ina bhall den Ghlún sna blianta luatha sin, gur ‘trí aibhneacha a ghlanadh is crainn a chur, trí cur in aghaidh truailliú na tíre, trí bhruascar (*sic*) a bhailiú is hallaí paróiste is droichid a thógáil is a chóiriú a thabharfaimis ar dhaoine an Ghaeilge a labhairt is meas a bheith acu arís ar an tír’ (*Lá*, 20 Lúnasa, 1984). Ní raibh a leithéid de pholasaí ná den chur chuige á chraobhscaoileadh ag Conradh na Gaeilge ná ag eagraíochtaí eile ag an am. Bhí na bearta seo nuálach agus tarraingteach do chuid mhór daoine. ‘Ba léir do dhuine ar bith a bhí buartha faoi thodhchaí na Gaeilge sna tríochaidí nár leor a raibh idir lámha leis an teanga a shlánú, nár leor ach go háirithe an polasaí réchúiseach a bhí á leanúint ag rialtas stát poblachtach na hÉireann’, dar le Proinsias Mac an Bheatha (1983: 50). ‘Bhí sé lán chomh soiléir nach raibh aon pholasaí ag cibé eagraíochtaí Gaeilge a bhí ann san am ná ag Conradh na Gaeilge féin...ach polasaí a bhí dírithe ar a bheith ag moladh na rún agus na leasrún, mar deireadh Séamus Ó Grianna linne, agus ranganna agus imeachtaí sóisialta na gcrabhaigh.’

Inniu

Dheimhnigh Proinsias Mac an Bheatha (1967: 150) ‘De réir a chéile bhain an páipéar tús tábhachta de gach rud eile dá raibh idir lámha againn go dtí sa deireadh gur bheag ná gurbh ionann *Inniu* agus Glúin na Bua féin.’ B’fhíor dó sa mhéid sin. Ní beag an tseirbhís a thug *Inniu* don Ghaeilge agus don tír, áfach.

Ciarán Ó Nualláin a bhunaigh agus a bhí ina eagarthóir ar *Inniu*. Bhí Tarlach Ó hUid ina eagarthóir cúnta agus ina eagarthóir ina dhiaidh sin air. In agallamh a rinne Ó hUid le Ciarán Ó Coigligh (1982), dúirt sé gurbh é an polasaí eagarthóireachta a bhí aige ná: ‘...gach rud a mholadh a fheicim féin a bheith le leas an náisiúin agus gach rud a fheicimse a bheith ag déanamh dochair don náisiún a cháineadh’ (féach freisin: Ní Uigín, [1995] le haghaidh tuilleadh plé ar bhunú agus ar ábhar an nuachtáin). Dar le Mac an Bheatha (1983: 91–2) gur ionsaigh ‘Craobh na hAiséirí na seanmhodhanna oibre’, agus gur ionsaigh Glún na Buaidhe ‘...mar bhreis air sin, déithe bréige na gluaiseachta. Ba é *Inniu* an gléas ab éifeachtaí chuige sin agus Ciarán Ó Nualláin, an t-eagarthóir – an fear ab fhearr lena dhéanamh.’

In eagarfhocal chéadeagrán *Inniu* (17 Márta, 1943), faighimid soiléiriú breise ar aidhmeanna Ghlún na Buaidhe:

Tcítear dúinn, murar misde dúinn baramhail a thabhairt faoi, gur contabhairt do’n chreideamh gach rud a chuireas i n-aghaidh náisiúntachta dlisteanaghe tíre, go h-áirighthe tír mar Éirinn a bhfuil oidhreacht an chreidimh, sa staid is neartmhaire é, fighthe fríd oidhreacht Ghaedhealach an chine.

Díoghbháil náisiúnachais is bun-chúis leis an imirce, agus táthar a rádh le fada go mbíonn creideamh na n-imirceoirí i gcontabhairt mhóir ar an choigrích. Tá an chúis chéadna ionchurtha síos do thréigbhéail na talmhan, do’n leisc phósta an mhuintir na h-Éireann, do’n réim atá ag na hallaí *Jazz* ar fud na tuaithe...

Ba léir, áfach, agus *Inniu* ag dul i dtreise go raibh Glún na Buaidhe ag dul i léig agus go raibh fuinneamh na mball á chaitheamh ar fhoilsiú an pháipéir. D’fhág seo, ar ndóigh, gur baineadh an bonn den bholscaireacht a craobhscaoileadh ar *Inniu* faoin tSeirbhís Náisiúnta, nuair a bhí an obair seirbhíse agus an gléas seirbhíse, an eagraíocht féin, imithe i léig. Mhair Glún na Buaidhe féin 25 bliain. Tháinig deireadh oifigiúil leis in 1967 nuair a bunaíodh ‘Tontaobhas *Inniu*’, ach ní raibh an Ghlún chomh láidir ná chomh gníomhaíoch sin ar feadh roinnt mhaith blianta roimhe sin. Pléadh an cheist seo in alt ar *Amárach* ar 4 Aibreán, 1963 – ‘Indiu’ gus Inde’ le Conall – cáineadh an Ghlún go géar anseo agus rinneadh iniúchadh sách géar ar obair na heagraíochta; dúradh ann:

Tá alt ann (*Inniu*) ag Proinnseas Mac a’Bheatha, ag cur síos ar stair ‘Ghlúin na Buaidhe... Tá an t-alt sin thar a bheith suimeamhail. Deir sé go mbíodh siad ag iarraidh gnímh i n-áit cainnte, gurbh iad an dream a mbíodh siad na n-éadán an dream a dtabhaireann sé ‘lucht na measardhachta ‘sna rún’ orthu... Is cosamhail ó’n alt seo nach bhfuil a dhath ar bith againn nach bhfuair muid ó ‘Glún na Buaidhe.’ Tá cuid daoine dall. Tá cuid eile a bíos ag síor-shiubhal sa dorchadas... Tá fiche bliadhain slánúighthe ag ‘Inniu’ agus níl fágtha de’n eagraidheacht a bhunaigh é acht é féin. Fiche bliadhain ag fás nó fiche bliadhain le bás. Tá lucht na measardhachta agus na rún againn go fóill. Ní h-íad lucht ‘Inniu’ is lugha orthu.

Ag cáineadh an Chonartha ar *Inniu*

‘Ollstruchtúr arrachtach oifigiúlachais’ a thug Art de Creag ar Chonradh na Gaeilge ar *Lá* ar 22 Lúnasa, 1984, agus mhaígh sé gur mar sin a bhreathnaigh muintir GhGlún na Buaidhe ar an eagraíocht. Léiríodh an meon sin ar an nuachtán *Inniu*, go háirithe sna blianta luatha mar a pléadh thuas. Léiríodh lucht an Chonartha ar *Inniu* mar dhaoine a bhí ‘ró-choimeádach, ró-inbhreathnaitheacht, ró-indírthe’, mar a dúirt Tarlach Ó hUid thuas, nuair a bhí an GhGlún sin óg. Is suntasach, áfach, an dearcadh níos tomhaiste, níos caolchúisí a bhí le feiceáil ar leathanaigh an nuachtáin i mblianta deiridh a ré, agus is sunasach freisin a laghad tagairtí don Chonradh a fhaightear le linn na 1970í agus ag tús na 1980í ar leathanaigh an pháipéir.

Is léir ón méid a dúradh nuair a bunaíodh Craobh na hAiséirí de Chonradh na Gaeilge, Ailtirí na hAiséirí agus Glún na Buaidhe ina dhiaidh sin, go rabhthas míshásta leis an gcoimeádachas a síleadh a bheith ag baint leis an eagraíocht. I gceann de luatheagráin *Inniu* (Meitheamh, 1943), déantar cáineadh géar ar an gConradh in alt dar teideal ‘Connradh an tSacs-Bhéarla?’ Athfhoilsíodh sliocht ansin a bhí in *Scéala Éireann* (8 Meitheamh, 1943) ina ndúradh gur ‘i mBéarla atá an dréacht curtha amach chuig an Choisde Gnótha, acht tá litir as Gaedhilg le gach dréacht ó Uachtarán an Chonnartha ag míniú go bhfuil an dréacht as Béarla toisg gan am a bheith aige Gaedhilg shlachtmhar do chur air’. Dúradh ar *Inniu* gur ‘Ráiteas sin thuas a chuir Connradh na Gaedhilge amach i dtaca leis an bhun-reacht nua s’acu. I mbliana atá féile leith-chéad an Chonnartha – leith-chéad bliain de dhul chun cinn!’ Tá macalla anseo den mhéid a luaigh Gabrielle Nig Uidhir faoi ‘Riail na Gaeilge’ i nGlún na Buaidhe.

In Eagarfhocal *Inniu* (22 Márta, 1946), déantar cur síos ar an ‘nGaedhealachas’, a bhí ceangailte go dlúth leis an gConradh, dar le lucht na Glúine, mar seo a leanas:

Sé an bun-smaoineamh atá acu go léir daoine a mhealladh le chéile ag díospóireacht, ag ceilí, ag feis nó ag imeachtaí ‘Gaelacha’ den tsórt chun an Ghaedhilg a úsáid agus a chleachtadh dá mbeadh ag éiríge míle uair níos fearr leis an smaoineamh seo ná mar atá déarfaimis fós go rabhadar ar seachrán, mar ní gnáth-theanga an teanga a gcaithfidh daoine fé leith teacht le chéile chun í labhairt.

Ní féidir an Ghaedhilg a bheith ina gnáth-theangain an fhaid agus atáimid ag smaoineamh ar dhaoine a thabhairt le chéile d’aon ghnó chun rudaí a dhéanamh, rudaí nach mbéidh baint ar bith acu leis an Ghaedhilg, le ‘Gaelachas; nó le ‘timpeallacht Ghaelach’, agus ag labhairt i nGaedhilg béidh an Ghaedhilg ar shlighe a bunuithe mar ghnáth-theangain.

In alt eile – ‘Na Ranganna’ i mí Dheireadh Fómhair na bliana céanna (an t-eagarfhocal, 4 Deireadh Fómhair, 1946), maítear nach bhfuil ‘...fiúntas leis na ranganna Gaeilge a eagraíonn “Gluaiseacht na Gaeilge”; níl Glún na Buaidhe páirteach sa ghluaiseacht sin; ní féidir an tír a

ath-tógáil le Gaeilge amháin...’ Ní hionann sin is a rá nár eagraigh an Ghlún ranganna freisin, ach bhí béim i gcónaí acusan ar na himeachtaí a reáchtáladh i gcomhar leis na ranganna – an tSeirbhís Náisiúnta mar a pléadh go minic.

Bhí ailt ar fáil ó thráth go chéile le linn na 1950í ag cur síos ar imeachtaí an Chonartha ar *Inniu*: Fógra d’Ardfheis Chonradh na Gaeilge, mar shampla (23 Márta, 1951); ‘Cur is Cúiteamh – ‘Conradh na Gaeilge i bhFabhar Glacadh leis an Chló Rómhánach’ (7 Aibreán, 1951); tá cur síos ar bhunú Chumann Chluain Ard, craobh de Chonradh na Gaeilge i mBéal Feirste, ar eagrán 28 Márta, 1952, agus agallamh le Seán Óg Mac Gearailt, Uachtarán Chonradh na Gaeilge ar 22 Bealtaine, 1953. Níos deireanaí i saol an nuachtáin, tá cur síos ar athoscailt Chlub an Chonartha ar *Inniu* ar 25 Meitheamh, 1971. Tá cur síos ar Oireachtas na nGael ar an gCeathrú Rua ar eagrán an 24 Meán Fómhair, 1971 de *Inniu* freisin, agus cur síos ar ‘Scliúchas faoi Bhéarla’ a tharla ann, nuair a thosaigh duine den lucht freastail ag góilín i mBéarla. Is tagairtí fánach go maith iad seo, ar ndóigh, agus ba léir féinfheasacht lucht eagarthóireachta *Inniu* nach bhféadfaí a bheith róghéar ar dhreamanna eile nuair nár éirigh leis an nGlún féin go leor dá cuid aidhmeanna a bhaint amach.

Ag caoineadh an Chonartha ar *Inniu*

In ainneoin na n-ionsaithe luatha a rinneadh ar Chonradh na Gaeilge ar *Inniu*, dúirt Proinsias Mac an Bheatha an méid thíos faoin gConradh ar an bpáipéar ar 24 Meán Fómhair, 1971:

Gluaiseacht na Teanga ag Cailleadh Nirt –

Ag cóisir Cháise agus Fíona a bhí ag Glór na nGael seo againne le déanaí a chas mé ar mo chara Séamas Mac Gloin tar éis na mblianta agus thosaigh muid ag caint ar imeachtaí na hArdchraoibhe de Chonradh na Gaeilge a raibh an bheirt againn inár mbaill di tráth. Chuir sin mé ag smaoineamh ar an neart a bhí sa Chonradh san am sin i mBaile Átha Cliath. Bhí an Ardchraobh an uair sin in uimhir a 36 Cearnóg Pharnell agus ar feadh thrí oíche den tseachtain bhíodh an t-áras sin lán go doras óna hocht a chlog go dtí idir leath i ndiaidh an deich agus an aon déag. Bhíodh ranganna ar siúl i dtús na hoíche (*sic*), cúig cinn gach oíche agus iad lán. Bhí na múinteoirí den scoth, Séamas Ó Grianna (agus Seosamh ar amanna), Donn Piatt, Peadar Ó Máille, Mícheál Ó Rodaigh, Seán Mac Maoláin, Giolla Chríost Ó Broin agus daoine nach iad.

Clár Imeachtaí

Ní raibh sna ranganna ach cuid de chlár teagaisc na Gaeilge. Tar éis na ranganna bhíodh drámaí, díospóireachtaí amhránaíocht, ficheall agus ansin céilí gairid ann ar feadh leathuair. Ag na deirí seachtainí bhíodh peil agus iománaíocht agus camógaíocht agus céilí i 25 Cearnóg Pharnell oíche Shathairn agus turas sna sléibhte tráthnóna Domhnaigh. Agus mé ag féachaint siar air caithfidh mé a rá nach rabhamar leathbhuíoch do choiste na craoibhe sin as iomlán an tsoláthair a rinneadar orainn. Tar éis a thuigtear gach beart, ar ndóigh!

Is léir an maolú ar smaointeoireacht Mhic an Bheatha faoin gConradh sa mhéid sin thuas, agus an t-aitheantas a bhí sé anois ag tabhairt doibh as an obair a rinne siad. Deir sé freisin:

Rinne mé tagairt éigin don obair seo i mo leabhar *Téid Focal le Gaoith*. Ach ní dóigh liom gur mhínigh mé i gceart feabhas na hoibre a bhíodh ar siúl, ná feabhas an mhodha teagaisc teanga sin a cheangail staidéar agus spraoi agus spóirt le chéile agus a rinne cainteoirí réasúnta Gaeilge asainn. Tá modhanna nua tagtha ar an saol ó shin. Iontach liom má bhíonn ceann ar bith acu chomh tairbhiúil leis an chúrsa a bhí le fáil sa chraoibh sin ar faoi bhún an phuint don bhliain.

Bhí sé fós cáinteach ar ghníomhaíochtaí reatha an Chonartha san alt, áfach:

An rud a bhí mé féin agus Séamas Mac Gloin a rá linn féin agus na smaointe á síneadh siar againn an oíche faoi dheireadh, an t-athrú a tháinig ón uair sin i leith. Níl mé ag díspeagadh na hoibre atá ar siúl sa lá inniu ag an Ardchraobh. Tuigtear dom go bhfuil scéil theagaisc ar fheabhas acu, cé gur deacair dom a ghlacadh go bhfuil na himeachtaí iar-ranganna ar aon scála chomh maith lena mbíodh ar siúl ag an chraobh san am a bhfuilim ag caint air. Ach ní hé sin atá ag luí ar m'intinn ach nach raibh san Ardchraobh ach craobh amháin de níos mó ná ceithre chraobh a bhí i mbun oibre i gCearnóg Pharnell san am agus nach bhfuil aon cheann díobh ann anois, cé go bhfuil cuid díobh i mbun oibre i gcónaí áit éigin eile.

An t-áras mór sin a bhíodh ag an Ardchraobh trí oíche den tseachtain agus ag Coláiste Laighean an chuid eile den seachtain, tá sé i seilbh dreama eile anois agus tá an chraobh lonnaithe in uimhir a sé Sráid Fhearchair. Bhíodh Craobh an Chéitinnigh i mbun oibre in aice linne i gCearnóg Pharnell san am. Ní shílím go raibh an neart ann a bhíodh sa chraobh seo againne, ach bhí siad as cuimse maith i dteaca leis an drámaíocht agus leis na coirmeacha ceoil agus leis an raidió go háirithe, cé go mbíodh na himeachtaí eile a luaigh mé i gcás na hArd-Chraoibhe ar siúl acu chomh maith.

Na Siamsaí Móra

Bhíodh Craobh Mhóibhí i mbun oibre in uimhir a 14. Arís ní cuimhin liom go raibh an chraobh seo chomh láidir le ceachtar den da cheann eile. Ach bhíodh an chraobh sin agus craobh an Chéitinnigh páirteach i reachtáil na Siamsaí Móra gach oíche Dhomhnaigh i dTeach an Ardmhéara. Bhíodh na céadta i láthair ag na siamsaí seo agus cé go mbíodh a lán Béarla ar siúl acu, an té a raibh Gaeilge uaidh, bhíodh sé le fáil aige. Bhíodh Craobh na bhFiann ag teacht le chéile freisin, más buan mo chuimhne, in uimhir a 14 den chearnóg agus in uimhir a 25 bhíodh ceanncheathrú ag an Fháinne agus ar ndóigh is ansin a bhí ardoifig an Chonartha.

De réir mar thuigim an scéal tá na craobhacha seo, a bhfuil fágtha díobh, ag teacht le chéile anois i Sráid an Fhearchair. Ní cuimhin liom aon trácht a chluinstin ar Chraobh an Céitinnigh (*sic*) le fada; trua liom mura bhfuil sí ann a thuilleadh. Ach is eagal liom gur imigh a lán den neart as na craobhacha sin ón am sin i leith. Is trua é. Cé nár chreid mé riamh go raibh sé i ndán dóibh aon athrú bunúsach a dhéanamh ar staid na teangan sa tír, mar institiúidí Gaeilge agus cultúir, bhí cuid acu ar fheabhas. Agus go cinnte bhí an Ardchraobh ina hacadamh teanga nárbh fhurasta a fheabhsú. B'fhéidir go bhfuil i gcónaí.

Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge

Go luath tar éis a bunaithe, bhí Glún na Buaidhe páirteach in *coup d'état* a rinneadh ar Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge. Deir Mairéad Ní Chinnéide (2013: 14) gur 'Neartaíodh tionchar agus stádas an Chomhchaidrimh i 1946 nuair a d'éirigh leis, i gcomhar le heagras eile, Glúin na Bua, ceannasaíocht a fháil ar Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge, scátheagraíocht na n-eagras Gaeilge...' Roimhe sin, ba mhinic píosaí cáinteacha faoin gComhdháil ar fáil ar leathanaigh *Inniu*. In eagrán na Samhna, 1943, mar shampla, moltar don Chomhdháil 'léirplean feachtais a leagaint amach' agus déantar cáineadh ar Chonradh na Gaeilge nach bhfuil aon phlean acusan ach oiread. In eagarfhocal *Inniu* ar 11 Deireadh Fómhair, 1946, foilsítear gearán eile faoi Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge, eagraíocht a bhí ag fáil €8000 sa bhliain ag an am ach nach raibh ag cur na Gaeilge chun cinn, dar le lucht *Inniu* agus bhaill Ghlún na Buaidhe. Coicís ina dhiaidh sin in eagrán an 25 Deireadh Fómhair, 1946, moltar do lucht na Comhdhála go gcaithfean an Ghaeilge a chur in áit an Bhéarla, agus í a chur sa phictiúrlann, i leabhair, i nuachtáin agus i dtréimhseacháin. Cé go ndearna Glún na Buaidhe féin seilbh a ghlacadh ar an gComhdháil, níor éirigh leis an eagraíocht dul i bhfeidhm ar an rialtas mar ba mhaith leo. Ar 7 Deireadh Fómhair, 1955, scríobh Proinsias Mac an Bheatha in *Inniu* gur

Chreid na heagraíochtaí a bhí i mbun Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge le hocht mbliana anuas gurbh fhearr a d'éireodh leo an Stát a bhogadh lena dhualgaisí don Ghaeilge a chomhlíonadh, tré chomhairle agus moltaí ciallmhara a chur ina láthair ná tré chnámhseáil agus cancaránacht. Shíl muid gur thairbhí don Ghaeilge sinn bheith toilteanach comhoibriú leis an Stát ná bheith ag cur ina éadan. Cé go bhfuil feabhas nach suarach ar fhoilsitheoireacht agus ar scríbhneoireacht na Gaeilge de thairbhe an chomhoibrithe sin, ní mór a admháil gur theip orainn a chur ina luí ar cheann ar bith de na dronganna móra go bhfuil dualgas práinneach ar an Stát beartas mór leanúnach a chur ar siúl chun an Ghaeilge a chur i réim mar ghnáth-theanga labhartha agus gnótha agus chun meath na Gaeltachta a chosc...

Nuair a bhí deireadh ag teacht le *Inniu* in 1984, scríobh Mac an Bheatha arís (10 Lúnasa) faoin réasúnaíocht a bhain leis an *coup d'état* ar an gComhdháil:

Bhíomar sásta a bheith páirteach i gComhdháil Náisiúnta na Gaeilge fad is a bhí eagraíocht sin dírithe ar polasaí na hathbheochana dáiríre. Ba shin é an tráth a raibh sracadh sa Chomhdháil agus tionchar Earnáin de Blaghd in uachtar ann.

D'éirigh leis an Chomhdháil san am sin, ainneoin na leas-chairde, eagar fóna a chur ar chairde agus ar ghluaiseacht na Gaeilge agus na fórsaí sin a dhíriú ar rialtas na linne sin d'fhonn go nglacfaí le polasaí dáiríre Stáit ar an athbheochan.

Ba shin é an uair ba mhó lenár linn a raibh ábhar dóchais in imeachtaí na hathbheochana, ach bhunaigh De Valera, a bhí ina Thaoiseach san am, an Coimisiún ar Athbheochan na Gaeilge – ní raibh aon ionadaí ag Glúin na Buaidhe ar an choimisiún sin – agus cé gur chuir an Chomhdháil feachtas éifeachtach ann le tacaíocht a thabhairt do mholtaí an Choimisiúin ní raibh gar ann.

Glún na Buaidhe a mhol go rachfaí i mbun fheachtas sin na síniúchán agus is ó Shéamas Ó Cathasaigh a tháinig an smaoineamh.

D'fháiltigh Rialtas Fhianna Fáil roimh mholtaí an Choimisiúin agus d'fhoilsigh an Páipéar Bán a ghlac le cuid mhór de na moltaí – agus ansin rinne dearmad de.

Polasaí an “dátheangachais” in áit pholasaí na hathbheochana atá ag an stát ó sin.

Conclúid

Dúirt Risteárd Ó Glaisne an méid seo faoi *Inniu* in *The Irish Times*, in 1982:

At first Inniu was enterprising and at times quite daring, at least in terms of the narrow world it occupied. However, for many a long day now it has been worthy rather than exciting. One of its outstanding weaknesses was that it was based far too largely on the thought and activity of people whose energies were so taken up with the preservation of the Irish language that they were not crucially involved in other significant areas of national and international life. Its directorate and all too many of its most regular contributors remained the same decade after decade. Again, it did not receive – and as far as I am aware, did not seek – the effective support of many of the best writers in Irish during that period. That, I would guess, was partly due to an indefensible sectionalism within the Irish language movement, partly to an innate conservatism in those who directed its fortunes, and partly to the paper's inability to pay outside contributors attractively.

Ní ba luaithe san alt seo, luadh sliocht le Proinsias Mac an Bheatha (1983: 51) ina ndúirt sé nár léir don Ghlún ‘go raibh aon ghluaiseacht ann’ ag an am, ‘agus má bhí a leithéid ann, níor léir dúinn aon ghluaiseacht fúithi. I gcás ar bith, tugadh le fios dúinn nach raibh fáilte romhainn féin ná roimh ár dtuairimí’. Sa chuid deiridh den sliocht sin, áfach, d’admhaigh an Beathach nár éirigh leo an aidhm seo a bhaint amach.

Níl Glúin na Buaidhe ann níos mó. Ach tá na heagraíochtaí Gaeilge ann i gcónaí agus na himeachtaí gan dochar ar siúl acu mar bhí riamh, ach na heagraíochtaí sin níos laige ná riamh agus a gcuid imeachtaí lán chomh neamhurchóideach is a bhí leathchéad bliain ó shin, agus cúrsaí agus staid na Gaeilge níos measa ná bhí riamh.

Is Conradh na Gaeilge atá i gceist anseo aige, ar ndóigh, agus Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge i measc ceanna eile. Níos faide ar aghaidh sa leabhar, deir Mac an Bheatha (53), áfach:

Ní gá dúinn aon leithscéal a ghabháil as an teip sin Ghlúin na Buaidhe mar eagraíocht. Níl aon amhras orm ná go raibh an ceart againn nuair a dhíríomar ar chroílár cheist na hAthbheochana – an Stát agus an pobal glacadh dáiríre le sárthábhacht na teanga náisiúnta agus glacadh dáiríre lena ndualgas an saothar agus an dúthracht a chaitheamh lena slánú agus nuair rinneamar iarracht gluaiseacht na Gaeilge a dhíriú ar an cheist sin in áit dúthracht a chaitheamh ar imeachtaí imeallacha agus mítreoir a chur ar dhaoine agus ar an tír féin, b’fhéidir, lena linn. Níl le rá againn ach go ndearnamar ár ndícheall agus nárbh féidir linn níos mó a dhéanamh.

Tháinig Craobh na hAiséirí, Glún na Buaidhe agus Ailtirí na hAiséirí chun cinn in Éirinn ag tréimhse an-chorraitheach i stair na hEorpa. Bhí an Dara Cogadh Domhanda faoi lánseol; bhí an Faisisteachas tagtha chun cinn i dtíortha eile san Eoraip, agus bhí an náisiúnachas a bhain leis seo tarraingteach do roinnt sa tír seo. Bhí gluaiseacht na Gaeilge bainteach riamh le cúrsaí náisiúnachais, ach braitheadh go raibh príomheagraíocht na Gaeilge, Conradh na Gaeilge, lag ag an am. Is frithghníomh ina aghaidh sin a bhí i mbunú na n-eagraíochtaí nua seo, agus is *Inniu* an gléas bolscaireachta a bhí ag an nGlún san obair athnuachana. Dar le Proinsias Mac Aonghusa (1991: 24–5) nach raibh ‘leath an bhealaigh sách fada don Chuinneagánaigh’, ach ba leor é do na daoine a thréig Gearóid Ó Cuinneagáin, a d’fhág Craobh na hAiséirí agus a chuaigh leis an nGlún. Rinne lucht na Glúine, agus lucht *Inniu* go sonrach obair thábhachtach i saothrú na hiriseoireachta Gaeilge agus thug siad seirbhís mhaith do chainteoirí Gaeilge na tíre ar feadh ceathracha bliain. Tá nós na scoilte coitianta i gcás eagraíochtaí Gaeilge, agus ní minic a théann sé chun tairbhe na heagraíochta, ach d’fhág an scoilt seo i gConradh na Gaeilge – a ba chúis le bunú *Inniu* é – oidhreacht shaibhir iriseoireachta againn agus foinse luachmhar ar stair na hÉireann san 20ú haois.

Tagairtí

- Delap, B. (2007) *Ar an taifead: fíis, fuaim, focal*. Baile Átha Cliath: Cois Life Teoranta.
- Delap, B. (2008) 'Irish and the Media.' *A New View of the Irish Language*. Nic Pháidín, C. & Ó Cearnaigh, S. (eag.) Baile Átha Cliath: Cois Life Teoranta.
- Douglas, R.M. (2009a) *Architects of the Insurrection: Ailtirí na hAiséiríge and fascist 'new order' in Ireland*. Manchester: Manchester University Press.
- Douglas, R.M. (2009b) 'Ailtirí na hAiséiríge: Ireland's fascist New Order.' 20th *Century Social Perspectives*. Issue 5, Vol. 17. <https://www.historyireland.com/ailtiri-na-haiseirghe-irelands-fascist-new-order/>.
- Mac an Bheatha, P. (g.d.) *I dTreo na Gréine*. Baile Átha Cliath: FNT.
- Mac an Bheatha, P. (1967) *Téid Focal le Gaoith*. Baile Átha Cliath: FNT.
- Mac an Bheatha, P. (1983) *Téann Buille le Cnámh*. Baile Átha Cliath: FNT.
- Mac an Bheatha, P. (1985) 'Gaeilge Uladh i mBaile Átha Cliath.' *An tUltach*. Nollaig, 20.
- Mac Aonghusa, P. (1991) 'Ní raibh leath an bhealaigh sách fada don Chuinneagánach.' *Anois*. 24–5 Lúnasa.
- Mac Aonghusa, P. (2002) 'Aiséirí Faisisteach na Gaeilge.' *Foinse*. 24 Márta, 18.
- Ní Chinnéide, M. (2013) *Scéal 'Ghael-Linn'*. Indreabhán: Cló Iar-Chonnacht.
- Ní Chinnéide, M. (2018) *Scéal Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge*. Baile Átha Cliath: LeabharComhar.
- Ní Uigín, D. (1992) 'Deirdre.' *An tUltach*. Nollaig, 34–9.
- Ní Uigín, D. (1995) 'Craobh na hAiséirí, Glún na Buaidhe & Bunú Inniu.' *Irisleabhar Mhá Nuad*. 75–110.

Ní Uigín, D. (2017) ‘Risteárd Ó Glaisne: Ceanródaí Iriseoireachta.’ *An Reiviú*, 5: 77–88.
(<https://doi.org/10.13025/rjdf-2811>)

Ní Uigín, D. (2019) ‘Samplaí den Fhrith-Sheimíteachas in Irisí Éireannacha / Gaelacha sa chéad leath den 20ú hAois.’ *An Reiviú*, 7: 113–29. (<https://doi.org/10.13025/e1st-zs71>)

Ó Cearnaigh, S. (1993) ‘Baois na hóige agus na focail a chuaigh le gaoth: *Inniu*, an Fiú a Chomóradh?’ *Lá*, 1 Aibreán.

Ó Duibhinn, S. (1962) *Ag Scaoileadh Sceoil*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Teoranta.

Ó Fiaich, B. (1990) “‘Fál’ agus ‘Dearcadh’ – Fealsúnacht Úr ag Gaeilgeoirí Bhéal Feirste sna Caogaidí.’ Tráchtas MA, Dámh na Daonnachta, Ollscoil Uladh, Cúl Raithin.

Ó Glaisne, R. (1982) ‘Plan to amalgamate Irish papers opposed.’ *The Irish Times*, 10 Meitheamh.

Ó hUid, T. (1982) ‘Nuachtán Náisiúnta na nGael.’ *Comhar*, Meán Fómhair 1982, 5–6.

Agallamh

Agallamh a chuir Ciarán Ó Coigligh ar Tharlach Ó hUid; Fómhar 1982. (Fonótaí le P. Mac an Bheatha.)

Nuachtáin

Amárach

Inniu

Lá



Ó phinn na mbaniriseoirí in *Déirdre: Iris na mBan*¹

Katie Whelan

<https://doi.org/10.13025/19191>

Réamhrá

Tá an t-alt seo fréamhaithe i dtaighde dochtúireachta ar iriseoireacht na Gaeilge agus ar mhná na hÉireann sa tréimhse iar-athbheochana Gaeilge, idir bunú Shaorstát Éireann, 1922 agus tús chraoladh Raidió Éireann, 1962. Sa togra leathan, leagtar béim san obair seo ar phíosaí atá scríofa ag mná, do mhná agus faoi mhná, idir shaothair iriseoireachta agus litríochta. Déantar iniúchadh ar ábhar pinn na mban agus iad ag tagairt d'imeachtaí móra sóisialta, eacnamaíochta agus polaitiúla na tréimhse, chomh maith le topaicí laethúla, le léargas a fháil ar ghuth na mban sna meáin chlóite ag an am. Is cás-staidéar amháin í *Déirdre: Iris na mBan* (*Déirdre* as seo amach) ón taighde sin agus is ar an bhfoilseachán sin a bheidh ábhar an ailt seo bunaithe.

Cé go raibh scríbhneoirí fireanna ann a chuir peann le pár ar bhonn rialta do *Déirdre*, is iad ailt shuntasacha na mbaniriseoirí agus fógraí na hirise a díríodh ar an tomhaltóir baineann a bheidh faoi chaibidil anseo. Féachfar ar stair agus ar chur chuige na hirise féin; ansin déanfar anailís ar ábhar na n-alt agus na bhfógraí agus bunaithe ar an iniúchadh seo taispeánfar ionchur *Déirdre* i bhforbairt ghuth na mban in iriseoireacht na Gaeilge sna 1950í, tús shaolré na hirise. Déanfar an anailís seo i gcomthéacs tar éis John Horgan go n-éiríonn

¹ Gabhaim buíochas ó chroí leis an Dr Aoife Whelan, leis an Ollamh Regina Uí Chollatáin agus leis an Ollamh Margaret Kelleher as a dtacaíocht leanúnach agus an taighde dochtúireachta seo ar bun agam. Gabhaim buíochas freisin leis an gComhairle um Thaighde in Éirinn a thug maoiniú don togra seo faoi Scoláireacht Iarchéime Rialtas na hÉireann.

leis na meáin athruithe sóisialta agus polaitíochta a chur i bhfeidhm, mar aon le scáthántacht a dhéanamh ar na hathruithe céanna (Horgan, 2001: 2). Tabharfaidh an t-alt seo na saothair seo ó pheann baniriseora chun solais. Is minic a bhíodh aoi-scríbhneoirí a scríobh don iris agus i measc bhaniriseoirí rialta *Déirdre* bhí Siobhán Nic Chionnaith, Máire Ní Chinnéide, Síle Ní hAioleáin agus Cáit Ní Mhathúna, gan ach a bheagán a lua. Is í ceist lárnach an ailt seo, agus an taighde dochtúireachta i gcoitinne, ná an ndearna na meáin Ghaeilge, *Déirdre: Iris na mBan* go háirithe, scáthánú ar thuirimí agus réamhchlaontaí an phobail i dtaca le ról na mban, nó an raibh an iris freagrach as teacht chun cinn dearfach na mban i sochaí Éire na hiar-athbheochana?

Déirdre: Iris na mBan, Cúlra Béimeanna agus Sainiúlachtaí

Ráitheachán lán-Ghaeilge ab ea *Déirdre* a foilsíodh idir 1954 agus 1986 agus a tharraing caint agus cáineadh le linn a shaolré (Ó hUiginn, 1998: 136). Díreofar san alt seo ar ábhar *Déirdre* i mblianta luatha an fhoilseacháin, sna 1950í go háirithe, a thagann leis an tréimhse taighde dochtúireachta as a eascraíonn sé. Ba é Gearóid Ó Cuinneagáin (1910–1991) a bhunaigh *Déirdre*, agus a bhí mar eagarthóir na hirise trína saolré ar fad, idir 1954 agus 1986. As Béal Feirste ó dhúchas, chuir sé tús leis an iriseoireacht sa pháipéar sóisialach Gaeltachta *An t-Éireannach*, a mhair idir 1934–1937. Taobh amuigh den iriseoireacht, bhí Ó Cuinneagáin an-ghníomhach go polaitiúil agus ‘Craobh na hAiséirighe’, craobh de chuid Chonradh na Gaeilge bunaithe aige in 1940. Tá cur síos déanta ar an gcraobh seo mar an chraobh ‘ba dhíograisí sa Chonradh le cruinnithe sráide, agóidíocht, drámaí, taispeántais, oícheanta airneáin, ranganna agus foilseachán á n-eagrú go tiubh acu.’ (Ainm.ie, 2024). De réir aiste a scríobh an craoltóir agus colúnaí Proinsias Mac Aonghusa ar a chuid ama sa chraobh, dúirt sé faoi Ó Cuinneagáin ‘fear a bhí tráth ar an té ba chonspóidí, ba chantalaí agus ba mhó díograis polaitíochta agus creidimh dá raibh sa saol’ (Mac Aonghusa, 2000: 282). Ba mhinic a raibh tuairimíocht láidir Uí Chuinneagáin le brath in ábhar léitheoireachta na hirise, go háirithe, mar a mbeifeá ag súil leis, san eagarfhocal. Cé go raibh Ó Cuinneagáin coimeádach ina chuid tuairimí féin, bhí sé timpeallaithe ag mná ceannródaíocha Sorcha Ní Ghuairim, aisteoir, scríbhneoir agus iriseoir, cuir i gcás, a bhí ina ball gníomhach de Chraobh na hAiséirí, agus a bhí ina heagarthóir ar *An t-Éireannach*.

Bhíodh plé san iris ar chúrsaí polaitíochta, ar ról na mban, ar chúrsaí teanga, agus ar an teaghlach. Bhí éagsúlacht iriseoireachta le fáil ar leathanaigh na hirise freisin agus colúin, gearrscéalta, litreacha, leathanaigh d’fhoghlaimoirí, aistí, agallaimh agus grianghraif mar chuid de gach eagrán. Ina halt chritice ar an bhfoilseachán, maíonn Dorothy Ní Uigín in ainneoin go raibh tréithe áirithe de ‘iris ban’ le fáil in *Déirdre* (gearrscéalta grá, dánta, ailt ar chócaireacht, ar chnótáil), bhí easpaí ann chomh maith (leathanach fadhbanna mar shampla, agus easpa

comhfhreagrais rialta). Ar an ábhar seo, molann Ní Uigín gur ‘iris í *Déirdre*, mar sin, a bhí dírithe, ní ar bhantracht na Gaeilge i gcoitinne, ach ar Ghaeilgeoirí – idir fhir agus mhná – na Galltachta – agus ar Ghaeilgeoirí Bhaile Átha Cliath go háirithe’ (Ní Uigín, 1992: 37).

An ghné a scar *Déirdre* óna hiomaitheoirí i rannóg na hiriseoireachta Gaeilge ag an am, na hirisí *Comhar* (1942–) agus *Feasta* (1948–2023) mar shampla, ná go raibh íomhá agus guth na mban fite fuaite trí eagrán uile na hirise. Bhí *Déirdre* le freastal ar an mbean nua Éireannach a tháinig ar an bhfód le bunú Shaorstát Éireann in 1922, agus roghnaíodh ábhar na n-alt leis an spriocléitheoir seo san áireamh. D’aithin Kevin O’Higgins, Leas-Uachtarán na hArd-Chomhairle ar an mBunreacht Dréachtaithe an bhean nua Éireannach seo. Dúirt sé go raibh an bhean seo sa tóir ar stádas ní b’údarasaí di féin sa réimse poiblí, sheas bean na hiar-athbheochana ar an stáitse poiblí go fonnmhar: ‘*An extremely able woman, an extremely strong-minded woman, a woman of highly developed public spirit and civic sense*’. (*Dáil Debates*, Vol. 1, Col. 1678, 18.10.1922). Bhí íomhá agus ról nua poiblí á múnú ag an mbean iar-athbheochana di féin mar shaoránach rannpháirteach. Bhí foilsíú *Déirdre* mar uirlis chuí don bhean seo le féiniúlacht phoiblí a chruthú agus a dhaingniú i réimse poiblí na hÉireann. In ainneoin an dul chun cinn seo sa tsochaí i gcoitinne, nuair a léadh *Déirdre* ba mhínic a raibh meon coimeádach i leith na mban san ábhar, ag teacht, b’fhéidir, ó thionchar an eagarthóra. Cé gur féidir beag is fiú a dhéanamh den mheon seo sa lá atá inniu ann, agus de na hailt éagsúla bunaithe ar ghnéithe traidisiúnta de shaol na mban (forbairtí leictreachais, oidis chócaireachta) chuidigh a leithéid le húdarás a thabhairt do na mná de réir a chéile, agus a bhí mar ‘fheimineachas réalafóich’ ar bhealach.

Ní hamháin gur fhreastail *Déirdre* ar léitheoir faoi leith, ba í sin an bhean Éireannach, Ghaelach, ach sholáthraigh foilsíú na hirise fóram do mhná a raibh spéis acu in iriseoireacht na Gaeilge agus sa dioscúrsa poiblí i gcoitinne. D’éirigh leis an iris roinnt ratha a bhaint amach i measc lucht liteartha na Gaeilge, cé nach bhfuil faisnéis ar fáil ar phriontáil na hirise. Léiríodh rath *Déirdre* i mblianta luatha na hirise le heagrán earraigh, samhraidh agus geimhridh á bhfoilsíú ar bhonn rialta. In eagrán shamhradh 1958, áfach, gan ach 4 bliana ó bunaíodh an iris, d’fhógair eagarthóirí na hirise go mbeadh an chéad eagrán fómhair ann an bhliain sin le freastal ar an éileamh a bhí ann ó bhí ‘ag éirí comh maith le DEIRDRE’ (Samhradh, 1958: 15), a chiallaigh go raibh ceithre eagrán á bhfoilsíú gach bliain. Tá sé tábhachtach a lua gur ráitheachán a bhí in *Déirdre* agus mar sin, bhíodh deis níos mó ag lucht leanta na hirise tacú leis an bhfoilséachán ó nach raibh ach trí eagrán ann, agus tar éis 1958 ceithre eagrán, le ceannach in aghaidh na bliana.

Thapaigh baniriseoirí Gaeilge na linne an deis le leathanaigh *Déirdre* a líonadh le saothar iriseoireachta a rinne scáthánú ar shaol na mná Éireannaí in Éirinn sa dara leath den 20ú haois. Agus cé go raibh éagothroime in inscne scríbhneoirí na hirise (‘as an 50–60 file a scríobh don iris idir 1954–1985, ní raibh ach 22 banfhile’ [Ní Uigín, 1992: 35]), caithfear é seo a chur

i gcomhthéacs na linne, agus a admháil gur mhór an gaisce é seo sa tréimhse úd. Ní raibh drogall ar scríbhneoirí bainearna na n-alt dul i ngleic le ceisteanna móra tromchúiseacha an lae, mar aon le nithe leamha an tsaoil, le fonn agus le flosc.

Íomhá Déirdre agus cur i láthair poiblí na mná

Is féidir a áiteamh gur ghlac Peig seilbh ar íomhá na mná Gaelaí ag tús an 20ú haois, seanchaí agus bean Ghaeltachta ab ea í a raibh tionchar mór ag a dírbheathaisnéis, *Peig* (1936) ar an litríocht agus ar an tsochaí i gcoitinne. De réir thaighde Riona Nic Congáil ar an ábhar (Nic Congáil, 2011: 11), d’eascair íomhá idéalach na mná Gaelaí ó eiseamláir Peig: ‘Eascraíonn íomhá na mná idéaláí agus údaráí Gaelaí óna beathaisnéis siúd: bean bhocht, neamhliteartha, dhíograiseach agus Chaitliceach, a bhfuil tréithe an mháithreachais agus chultúr na nGael go smior inti’. Dearbhaíonn comhthéacs cultúrtha na linne i dtreo na mná go raibh íomhá phoiblí nua, réabhlóideach ag teastáil do chúis na mban. Nuair a tháinig *Déirdre* ar an bhfód in 1954 bhí 18 mbliana caite ó foilsíodh leabhar beathaisnéise Peig Sayers (Nic Eoin, 1998: 173). Bhí an páirtí polaitíochta Fianna Fáil ag dul ó neart go neart sa tréimhse freisin, mar pháirtí an fhreasúra sa 15ú Dáil (Meitheamh 1954–Nollaig 1956) agus ansin mar phríomhpháirtí an rialtais idir Márta 1957 agus Meán Fómhair 1961. Ní haon chomhtharlú é gur tháinig rath Fhianna Fáil ag an am céanna le teacht in inmhe íomhá Pheig. D’áitigh Máirín Nic Eoin agus Riona Nic Congáil (2018: 339) gurbh í Peig bean idéalach Fhianna Fáil, agus Éamon de Valera go háirithe, de bharr a tréithe a thacaigh le seantraidisiún na mná mar bhean tí agus chaomhnóir clainne: ‘*Peig Sayers was exactly the type of Irishwoman that De Valera wished to promote: she was a Catholic, Irish-speaking, hard-working and subservient mother, who was not sufficiently schooled to engage in public affairs*’. Ar an ábhar sin, bhí tábhacht faoi leith ag *Déirdre* agus íomhá ailtéarnach den bhean Éireannach á soláthar do phobal coimeádach na tíre. Chuir sé le feacht shóisialta na mban agus plé á dhéanamh ag iriseoirí an fhoilseacháin ar thopaicí éagsúla a bhain leis an saol poiblí, agus saol na mban go háirithe. Bhí dlúthnasc le haithint idir an bhean agus an creideamh san iris ar fad, agus ba scáthánú é seo ar chreideamh Caitliceach agus claonadh coimeádach eagarthóir na hirise, Gearóid Ó Cuinneagáin.

I gcodarsnacht leis an gclaonadh caomhach sin, áfach, tharraing teideal agus íomhá *Déirdre* inspioráid ó fhigiúr iomráiteach thraidisiún béil na hÉireann. Roghnaíodh an banlaoch tragóideach aitheanta ‘Deirdre’ a fheictear i scéalta Rúraíochta nGael, go háirithe sa scéal ‘Oidheadh Chloinne Uisneach’ ón 8ú haois, mar theideal na hirise. Deir Michael Ballin (2008: 14) nach féidir tionchar chuma fhisiciúil an tréimhseacháin ar an léitheoir ionchasach a shéanadh agus is eiseamláir í *Déirdre* den chleachtas sin. Le híomhá agus ainm mná le feiceáil go soiléir ag an léitheoir sula n-osclófaí leathanaigh na hirise, thaispeáin *Déirdre* go

raibh cumhacht ag an íomhá agus ag an nguth baineann agus go raibh suíomh faoi leith aici sa réimse poiblí: *'Even before the reader has considered the opening sentence of written text, the physical feel and appearance of a periodical can signify something about its unique identity.'*

Níor luadh foinse an teidil go follasach i gcéad eagrán na hirise i samhradh 1954 ach is féidir linn a thuiscint ó fhógra *Ghael Linn* 'Ionad na mBan' a bhí ar leathanach 3 de chéad eagrán na hirise, gurbh í figiúr stairiúil sin Deirdre a bhí mar spreagadh don iris: 'Ó aimsir Dheirdre i leith tá ionad fé leith agus ionad tábhachtach ag na mná i stair na hÉireann. Bítear á rá, áfach, nach bhfuil an ghlún seo ar aon dul leis an gceann a d'imigh rómpu ach dar ndóigh tá caighdeán árd le sroisint acu.' (Geimhreadh, 1954: 3)

De réir an tseanscéil, ba bhean dhathúil í Deirdre a mbeadh ríthe agus taoisigh na talún sa tóir uirthi, agus bheadh cogaí agus doirteadh fola ann dá barr. Rinneadh iarracht deireadh a chur lena scéal grá le Naoise agus dá bharr sin chuir Deirdre lámh ina bás féin, ní hamháin le héalú ón gcoimhlint ach mar ghníomh frithbheartaíochta amháin eile in aghaidh a gabhálaíthe. Is féidir a mhaíomh mar sin gur spreag ceannaireacht Dheirdre in aghaidh na patrarcachta eagarthóir na hirise seo agus é ag lorg bean Ghaelach le bheith mar íomhá phoiblí agus ainm an ráitheacháin. Is féidir a áiteamh mar sin gur le hiarracht stádas na mban a ardú a roghnaíodh *Déirdre* mar ainm na hirise. Thuigte go raibh an t-eagarthóir ag iarraidh ar a léitheoirí a bheith gníomhach, ní hamháin sa 'bhfeachtas náisiúnta' teanga ach i ngluaiseacht na mban freisin, agus lorg buan a fhágáil le go mbeadh 'trácht feasta ar mhná na haoise seo mar chomharbáí fiúntacha' (Geimhreadh, 1954: 3) agus b'eiseamláir iontach í *Déirdre* de bhean ghníomhach, láidir a chuaigh in aghaidh íomhá thraidisiúnta na mná Gaelaí, mar a chonacthas i gcás Pheig. D'fhreastail an iris ar na mná agus ar na cúraim thraidisiúnta a bhíodh orthu sa bhaile mar shampla, ach ní raibh siad faoi shrian ag íomhá 'na mná idéaláí agus údaráí Gaelaí' (Nic Congáil, 2011: 11) agus bhí sé seo le feiceáil i dteideal agus íomhá an ráitheacháin. In ainneoin mheafar fadradharcach na hirise, tháinig an cur chuige seo salach ar ábhar an fhoilseacháin féin in amanna.

Cé go raibh bean thionscantach, mhachnamhach mar inspreagadh do theideal na hirise, agus gur mhinic a foilsíodh íomhánna de mhná láidre, gairmiúla san iris, ba mhinic a bhí figiúir chráifeacha, choimeádacha le feiceáil ar leathanaigh na hirise go fóill. Is fianaise iad na figiúir seo ar thionchar na hEaglaise agus an chreidimh Chaitlicigh i gcoitinne fós ar eagarthóir an ráitheacháin sna 1950í in ainneoin chur chuige neamhspleách ildánach na hirise ina hiomláine. Bhí íomhá Mhuire na nGael a foilsíodh i gcéad eagrán *Déirdre* i samhradh, 1954 ina codarsnacht shuntasach le ghrianghraf an bhanaisteora Éireannaigh Siobhán Nic Chionnaith agus í ina cailín clúdaigh ar an eagrán céanna, mar shampla. Dealraítear anseo an chodarsnacht idir léargas reiligiúnach agus íomhá cheannródaíoch na mban. Tá sé tábhachtach freisin go raibh an t-alt a foilsíodh in éineacht le híomhá Mhuire na nGael scríofa sa seanchló Gaeilge, arís ag leagan béim ar íomhá stairiúil, thraidisiúnta na mná agus an ceangal dá réir le tuiscintí seanbhunaithe an chreidimh Chaitlicigh in Éirinn agus an tsaoil Ghaelaigh ag an am.

Móitíf chomónta sna meáin chlóite Ghaeilge ag an *fin-de-siecle* agus i luathbhlianta an chéid ab ea íomhá na mná. Tagraítear go sonrach d'íomhá chorraitheach na mná ar chlúdach réamhtheachtaí *Déirdre*, an iris Bhéarla mhíosúil *Bean na hÉireann* a foilsíodh idir 1908–1911 a léirigh bean óg, agus í ina seasamh os comhair éirí na gréine ag iompar comhartha agus ag fógairt ré nua do bhantracht na hÉireann (Ó Conchubhair, 2009: 33). Cé gurbh é an Béarla teanga thromlach ábhar *Bean na hÉireann*, foilsíodh filíocht Ghaeilge, léirmheasanna ar leabhair Ghaeilge agus corr-alt Gaeilge ann freisin. (Tá tábhacht faoi leith i gcomhthéacs an taighde seo ag baint le halt Chaitlín Nic Gabhann ‘Dúiseacht na mBan’ i eagrán Eanáir, 1909 de *Bean na hÉireann*.) Is luachmhaire focal amháin i nGaeilge ná 1000 focal molta don Ghaeilge i mBéarla, ach is éifeachtaí fós an íomhá, go háirithe íomhá a tharraingíonn ar sheantraidisiún Gaelach na tíre.

Go stairiúil bhíodh an íomhá seo, a chonacthas ar chlúdach na hirise athbheochana *Bean na hÉireann*, ina comhartha don léitheoir agus don phobal liteartha i gcoitinne go dtiocfadh claochlú ar an tír agus go mbeadh Éire mar a bheadh bean óg álainn sa todhchaí. An dá léiriú ba choitianta a tugadh d’Éirinn sna meáin chlóite ag casadh an chéid ná íomhá na mná óige a raibh dóchas agus misneach ag baint léi ag breacadh an lae nua i stair na hÉireann. Ar an láimh eile an tseanbhean bhocht, a bhí tréigthe ag a mic agus ag a fear céile d’fhórsaí Gallda. Ba é an dara léiriú ar an mbean a foilsíodh in iris mhíosúil faoi theideal *Shan Van Vocht* idir 1896–1899. Arís, bhí an Béarla mar theanga chumarsáide na hirise, ach foilsíodh ailt Ghaeilge agus léiríodh tacaíocht rialta do chúis na Gaeilge ann. Trí ráitheachán lán-Ghaeilge a fhoilsiú a raibh íomhá dhearfach, Ghaelach, mhealltach na mná óige ar chlúdach na hirise, a fheictear i gcás *Déirdre*, bhíothas ag cur le fógairt na ré nua don bhean Éireannach sa tréimhse iarthbheochana. Ré a mbeadh luach ard ar pheirspictíocht na mná arís inti agus stádas ard aici sa réimse poiblí, mar a bhíodh in aimsir an fhigiúir mhiotaseolaíoch, Deirdre.

Saothair ó phinn na mbaniriseoirí

Mar a luadh cheana bhí saothair iriseoireachta éagsúla ar fáil ar leathanaigh *Déirdre* agus cé gurbh iomaí scríbhneoir fireann a scríobh don iris, is é an léargas a tugadh ar ghnéithe áirithe de shaol na mban san aimsir seo i stair na hÉireann an ghné is tábhachtaí i gcomhthéacs an ailt seo. I gcéad eagrán na hirise, samhradh, 1954, scríobh an t-aisteoir aitheanta, agus pearsa clúdaigh an eagrán, Siobhán Nic Chionnaith, alt dar teideal ‘Ban-Aisteoirí na hÉireann’ ar thug sí léargas ar shaol an aisteora bhaininn in Éirinn ann. Léirigh Nic Chionnaith tuairimí láidre ina cuid scríbhneoireachta faoin aisteoireacht agus chuir sí aisteoireacht na hÉireann i gcomparáid leis an gceird ealaíne ar bhonn idirnáisiúnta, a rá gur mhaith léi dá dtabharfaí ról ní ba cheannródaíche do bhanaisteoirí an oileáin le dul san iomaíocht le ban-aisteoirí na mór-roinne ionas go bhféadfaí cur leis an ‘cháil atá orthu-san a mhair ins na blianta atá caithte’ (Samhradh, 1954: 11). D’impigh sí ar dhrámadóirí agus ar scríbhneoirí na Gaeilge domhan

na drámaíochta a leathnú do bhanaisteoirí agus fáilte a chur rompu mar aisteoirí, stiúrthóirí agus scríbhneoirí. Rinne sí iarracht suíomh na mná sa tsochaí a mhúnlú agus ról ní b'fheiceálaí a thabhairt dóibh ar ardán an tsaoil, sa tslí go bhfágfadh 'drámadóirí an lae inniu slán go fóill ag an gcistin agus ag an nádúrthacht agus páirteanna níos idir-náisiúnta a chumadh do bhan-aisteoirí na h-Éireann' (Samhradh, 1954: 11). Bhí beart de réir a briathair á dhéanamh ag Nic Chionnaith lena haghaidh ar chlúdach chéad eagrán na hirise, agus í ag feidhmiú freisin mar urlabhraí na mban i réimse na n-ealaíon don léitheoir agus don scríbhneoir, idir fhreann agus bhaineann. Le heiseamláir *Déirdre* agus baniriseoirí an fhoilseacháin, cruthaíodh go raibh sé de chumas ag mná ábhar iriseoireachta a scríobh, agus mar bharr air sin go raibh fonn orthu é a dhéanamh. Is fíor go raibh íomhá na mná á cur chun cinn ag *Déirdre* ach ar bhealach úrnua, nár chuir mná faoi shrian mar ábhar scríbhneoireachta amháin.

Bhí sraith colún cócaireachta ag Síle Ní hAoiseáin i gcuid mhór d'eagrán *Déirdre*, go háirithe ag aimsir na Nollag. Trí mheán an cholúin sin, thapaigh Ní hAoiseáin an deis ról na mban sa réimse poiblí a chur chun cinn mar aon le tábhacht na mban i suíomh an bhaile a chur chun cinn. Tháinig an tuairim seo leis an meon a cuireadh chun cinn in eagarfhocal eagrán an earraigh, 1985, nuair a maíodh gurbh é an baile suíomh ceart na mban: 'Caithfidh mná na hÉireann bheith ana-aireach anois agus gan príomhchuspóir na mban a fuairadar ó Dhia a leigint i ndearmadh.' (Earrach, 1985: 5)

I gcomhthéacs anailís a dhéanamh ar ghuth na mban san iriseoireacht, is foinse thábhachtach é alt Ní hAoiseáin ó eagrán an gheimhridh, 1956, nuair a labhair sí ar thraidisiún Nollaig na mBan. Dhírigh an t-alt ar an ngá a bhí ann faoiseamh a thabhairt do bhean an tí tar éis di tréimhse na Nollag a chaitheamh i mbun oibre agus ullmhúcháin sa teach, agus an t-am saor a thabhairt di le ham a chaitheamh i dteannta mná eile. Leis seo a bhaint amach, thug an t-iriseoir oidis shimplí do na léitheoirí a mbeadh fir nó gasúir an tí in ann a réiteach. Is iad na hoidis a moladh ná 'toradh finneamhna úr, muiceoil fhuar, follacht soilire is préataí agus gleothán tortha' (Geimhreadh, 1956: 20). Faoi oideas an 'toradh finneamhna' luadh go sonrach 'ní gá cócaireacht', ar mhaithe le freastal ar na léitheoirí nach raibh mórán taitheí nó cumas cócaireachta acu (Geimhreadh, 1956: 20).

Scríobhadh an talt seo i gcóir an ama saoir a bhéas agaibh i ndiaidh na Nollag, an uair amháin sa bhliain a dtig le bean-a-tí a scríste a ligean sa bhaile agus iarraidh a thabhairt léightheoireacht is araoile a dhéanamh mar theastaigh uaithe le fada an lá mar sin... bhal tá na molta seo a leanas ann le cinntiú go mbeidh am saor i mbliana aice.

Bhí an colún áirithe sin ina eiseamláir den chodarsnacht sin idir íomhá thraidisiúnta na mban lena ról sriantach sa bhaile, agus tonn an fheimineachais ag teacht chun cinn. Arís, cé go raibh ról seanaimseartha na mná Éireannaí mar chaomhnóir an tí mar ábhar an ailt, tá léamh nua tugtha ann freisin a chuireann an bhean go lár stáitse agus a thugann luach úrnua dá hionchur sa saol taobh istigh de thairseach an tí agus suíomh na cistine go háirithe.

Bhíodh léirmheasanna leabhair, ar shaothar Gaeilge agus Béarla, mar ghné rialta de *Déirdre* freisin agus ba mhinic a scríobh Cáit Ní Mhathúna iad idir 1953 agus 1960. I gcás alt dá cuid ‘Fíorfhile eile’ ó eagrán an earraigh, 1957, thug sí léirmheas cuimsitheach ar *Margadh na Saoire*, bailiúchán filíochta fhathach na litríochta Gaeilge agus litríocht na mban, Máire Mhac an tSaoi. Cé go raibh an t-alt dírithe ar an saothar filíochta agus ar na teicnící filíochta a d’úsáid Mac an tSaoi sa chnuasach áirithe sin, bhí teachtaireacht níos leithne ag údar an ailt. Labhair an scríbhneoir ar léargas mhná na hÉireann i gcoitinne a rá go dtarraingeofaí ‘thuilleas cliú de bharraíocht do bhantracht na hÉireann’ (Earrach, 1957: 11) de dheasca fhoilsiú an leabhair agus scríbhneoireacht chruthaitheach Mhic an tSaoi. Léiriú is ea an léirmheas sin freisin ar thábhacht na litríochta Gaeilge sa tréimhse úd. In éineacht le hiriseoireacht na Gaeilge, bhí ról faoi leith ag litríocht na teanga sa ré iar-athbheochana maidir le normalú teanga agus scileanna cumarsáide agus machnaimh a fhorbairt i measc na nGael.

I bhfianaise na samplaí sin ó scríbhneoirí baineanna, is follas nuair a bhí píosaí scríbhneoireachta ó fhir san fhoilseachán, go raibh idé-eolaíocht láidir fheimineach fós le braistint iontu agus ba léir gur chloígh siad le meon agus le misean na hirise trí chéile. In alt dar teideal ‘Polaiteoirí Domhanda Sibh’ le Pádraig Ó Fiannusa in eagrán an tsamhraidh, 1958, mar shampla, d’impigh sé ar mhná óga na hÉireann a dtionchar ar an saol poiblí a thuiscint. Léiríonn meon forásach an ailt sin go raibh fir chomhaimseartha na linne eolach ar chumhacht agus ar thionchar na mban, agus go mbeadh córas polaitíochta na hÉireann níos fearr as le hionchar na mban ann: ‘An lámh a luascann an cliabhán a rialaíonn an domhan – adeir an seanrá sa mBéarla. Siad na mná a dhéanann leas nó aimhleas na bhfear a deir an seanrá sa Ghaeilge. Is trua ná tuigeann mná óga na hÉireann an neart atá acu ar na fir agus i bhfad níos mó ar a sliocht’. (Samhradh, 1958: 6).

Fógraí na hirise

Tá sé tábhachtach anailís a dhéanamh ar fhógraí na hirise chun tuiscint ar leith a fháil ar mheon ginearálta na linne i dtreo na mná agus an chaoi ar éirigh leis na meáin chlóite tionchar a imirt ar léiriú na mban. D’fhreastail *Déirdre* go sainiúil ar an lucht léitheoireachta baineann, ag tagairt do díreach dóibh go minic, agus léirítear seo i bhfoclaíocht na bhfógraí.

Rinneadh an-chuid poiblíochta ar Ghael Linn ón tús san fhoilseacháin agus chonacthas i bhfógra na heagraíochta in eagrán shamhradh 1955 go raibh ‘dea-scéal dos na mná’ ann agus an deis acu a bheith ina mball de Ghael Linn (Samhradh, 1955: 3). Úsáideadh caint dhíreach

san fhógra leis an léitheoir a mhealladh agus an eagraíocht ag maíomh go raibh ‘a fhios againn go bhfuil fonn ort cuidiú linn’. Tharraing an fógra ar chlaonadh na mná le cabhair a thabhairt agus le tacú le cúis na Gaeilge. Luadh san alt freisin go mbeadh an ‘scéim laghdú luacha’ ann ‘ar bhealach beag ag cuidiú leatsa’. Faoin scéim seo, bheadh na mná ag tabhairt maoiniú do Ghael Linn agus ag cur le seirbhísí na heagraíochta ó thaobh ranganna Gaeilge a sholáthar, ábhar Gaeilge a chruthú agus imeachtaí teanga a réachtáil. Bhí tairbhe á baint ag Gael Linn as fóram poiblí na hirise chun caidreamh seasta a bhunú le mná na hÉireann agus iad a spreagadh le iad féin, agus a gcuid airgid ‘£300 sa tseachtain’ a thabhairt ar son na cúise. In éineacht le hachainí Ghael Linn ar mhná na hÉireann, foilsíodh grianghraf den cheoltóir cumasach Máire Ní Eaghra. Moladh Ní Eaghra as a cuid buanna ceoil agus an rath a bhí bainte amach aici ar chláir raidió éagsúla thall i Sasana. Is féidir a thuiscint ó úsáid an ghrianghraif úd go raibh sé d’aidhm ag muintir Ghael Linn eiseamláir de bhean Ghaelach a chur ar fáil dá léitheoirí, agus a thaispeáint dóibh cad is bean mhaith ann, a thacaíonn leis an teanga.

Luadh cláir raidió Gaeilge i bhfógraí eile freisin mar a fheicimid i gcás fhógra an chomhlachta, Bord Soláthair Leictreachais ó eagrán an gheimhridh, 1955. Bhí an fógra sin, agus dá bharr *Déirdre* mar fhoilseachán iomlán, ar thús cadhnaíochta ó thaobh na meán craolta de. Rinneadh an cinneadh ag cruinniú na Comh-Aireachta faoi stiúir an Taoisigh Seán Lemass in 1959, le seirbhís chraolacháin a bhunú. Tháinig an tAcht um Údarás Craolacháin 1960 mar thoradh ar an bplé sin (Morash, 2010: 170): ‘*Establish and maintain a national television service and sound broadcasting service*’. Le teacht i bhfeidhm an Achta sin, bheadh ardán nua poiblí ar fáil don bhean Éireannach agus tá sé suntasach go raibh an raidió luaite i bhfógraíocht *Déirdre*. Ó ba chéim chun tosaigh ab ea seirbhís náisiúnta craolacháin dá cuid féin a bhunú don tír, agus an deis féiniúlacht neamhspleách na hÉireann a fhorbairt, mar aon le staid na mban mar chuid den fhéiniúlacht sin. Is léir gur thacaigh *Déirdre* leis an bhforbairt teicneolaíochta seo, agus gur tuigeadh ról na meán craolta i ngluaiseacht na teanga.

Bhí sí mar aidhm ag an bhfógra BSL fearas cócaireachta a dhíol leis an léitheoir, agus feictear ó fhriotal an fhógra go raibh mná tí mar spriocghrúpa aige. Cáineadh an ‘obair mhaslach’ a bhíodh le déanamh ag bean an tí roimh an Nollaig agus maíodh má bhí ‘bruthaire leictreach aice agus suaiteoir leictreach sin deire le cuid mhór dá hábhar buartha’ (Geimhreadh, 1955: 2). Dar ndóigh, ba theicníc mhargaíochta a bhí ansin, ag iarraidh ionannas a dhéanamh leis an léitheoir agus mothúchán a mhúscailt iontu le go mbeadh an dóchúlacht níos láidre ann go gceannófaí an earra. Anuas ar bhean an tí a lua go sonrach san alt, ag barr an leathanaigh tá íomhá na mná le feiceáil agus ceist lárnach an ailt á cur, ‘An bhfuil tú ag smaoineamh anois ar chócaireacht na Nollag?’ (Samhradh, 1955: 2). Is léir gurbh í bean an tí cuspóir na ceiste, níor samhlaíodh go mbeadh fear freagrach as an ullmhúchán Nollag sa teach. Mar a luadh ní ba thúisce, is follasach beag is fiú a dhéanamh dá leithéid d’fhógra agus é dírithe ar na mná, ach

is féidir a mhaíomh gur ‘feimineachas réalaióch’ a bhí san fhógra seo. Bhí sé ceannródaíoch ag an am agus é á chur ar chumas na mban an obair a chur díobh níos éasca agus tabhairt faoi rudaí eile seachas a ndualgais bhaile.

Conclúid

Ba chasphointe cinniúnach i gcomhthéacs scéal na mban in iriseoireacht na Gaeilge í *Déirdre*. De réir an taighde is nua-aimseartha ar iriseoireacht Ghaeilge na tréimhse seo, 1952–1959, tá an chosúlacht air go bhfuil *Déirdre* ar na ráitheachán ba thúisce a dhírigh go hiomlán ar an scríbhneoir agus ar an léitheoir baineann trí mheán na Gaeilge amháin in Éirinn. Tháinig *Déirdre* sna sála ar fhoilseacháin iriseoireachta a raibh an bhean lonnaithe ina lár, na hirisí *An Shan Van Vocht* (1896–1899) agus *Bean na hÉireann* (1909–1911). Cé go raibh réamhtheachtaithe sin na hirise ní ba radacaí ná *Déirdre* ó thaobh íomhá phoiblí na mban de, bhí luach ag *Déirdre* fós in insint scéal na mban. Nuair a rinneadh anailís ar bhlianta luatha *Déirdre* amháin sa chás-staidéar seo, ba mhór an gaisce go raibh an iris i gcló ar bhonn rialta idir 1954 agus 1986 ar dhá chúis: go raibh sí dírithe ar thaithí na mná i saol comhaimseartha na hÉireann; agus go raibh sí i nGaeilge amháin. Bhí sé ar a gcumas ag scríbhneoirí gach ní faoin spéir a phlé as Gaeilge ar leathanaigh *Déirdre* gan tiontú ar an mBéarla lena dtuairimí a chur in iúl. Tagann an cleachtas seo le ráiteas Regina Uí Chollatáin gur chóir go mbeadh iriseoireacht teanga in ann feidhmiú go hiomlán trí mheán na sprioctheanga gan gá a bheith ann filleadh ar theanga iasachta: ‘*Speakers of the language if they so choose, can live their life in and through the language without having to resort to other languages, at least within the confines of everyday matters in their community.*’ (Uí Chollatáin, 2010: 53)

Anuas ar chúis na mban, i gcás ghluaiseacht na Gaeilge, tá ról faoi leith ag an iriseoireacht i bhfás agus i bhforbairt na teanga. Ní tríd an gcóras oideachais ná tríd an reachtaíocht amháin a bhaintear amach seachadadh teanga ó ghlúin go glúin, ach trí theanga a fhorbairt mar ghléas cumarsáide beo, sóisialta agus ba í seo an scéal le *Déirdre*. Rinneadh scéal an mhionlaigh (na mná) a insint i dteanga mhionlaigh (an Ghaeilge) ar bhealach cumasach, cuimsitheach agus spreagúil. Tugadh an stór focal do léitheoirí, na mná go háirithe le feidhmiú trí mheán na Gaeilge i réimsí éagsúla a bhain lena saol laethúil. Is léir nach féidir scéal na mban i meáin chlóite Ghaeilge an 20ú haois a insint gan lorg *Déirdre* ar bhantracht na hÉireann agus ar ghluaiseacht na teanga a mheas. Sholáthraigh leathanaigh na hirise an tsaoirse do bhaniriseoirí cur agus cúiteamh a dhéanamh, agus páirt a ghlacadh sa dioscúrsa poiblí. Is léir freisin, gur thuig eagarthóir na hirise tionchar a foilsithe fiú le linn shaolré *Déirdre*. In eagrán an tsamhraidh, 1958, mhaígh eagarthóir na hirise go raibh tírdhreach na hiriseoireachta Gaeilge múnlaithé go hiomlán ag an iris agus go raibh sí ar thús cadhnaíochta:

Tá *DEIRDRE* i bhfiorthoiseach na nirisí Gaeilge uilig... Tá sí scoite amach ón scaifte go follasach. Mar sin féin chan rud ar bith dá dtáinig i gcoimhmheas lena dtiocfaidh! Moltar do scríobhnóirí a saothar a chur isteach go breá luath (Samhradh, 1958: 15).

Thar aon rud eile is é seo an bua a bhí ag *Déirdre* agus an bua do mhná na Gaeilge, rud a d'aithin na mná seo go láidir sa ráiteas neamhbhalbh sin faoi thionchar ceannródaíoch iris na mban. D'aithin Máirín Nic Eoin (1992) '*what is emerging is less a distinctive "woman's voice" and more a whole chorus of voices, each distinctive, individual and recognisable*'. Bhí de ghuthanna agus de scríbhneoireacht na mban ag teacht in inmhe agus chruthaigh *Déirdre* ardán cuí dó seo.

In ainneoin fhlúirse na bhfóram éagsúil iriseoireachta ag an am, léiríonn an iris seo gur lean traidisiún lárnach na dtréimhseachán Gaeilge ar aghaidh agus gur ghné thábhachtach d'fhorás agus de chleachtaí pinn na Gaeilge i gcónaí í. Chloígh na tréimhseacháin agus na hirisi le coincheap ar leith a phoibliú agus ba iad mná na hÉireann a bhain an tairbhe ba mhó as an gclaonadh agus as an traidisiún fada seo in iriseoireacht na Gaeilge trí fhoilsiú *Déirdre* i rith na tréimhse 1954–1959. Bhí tábhacht nach beag leis an iris agus leis an ardán sin do mhná na hÉireann agus do mhná na Gaeilge go háirithe, i rith na tréimhse sin a raibh suaitheantas an choimeádachais go smior ar shaol na mná Éireannaí agus í faoi bhannaí chóras polaitíochta agus creidimh a raibh ionadaíocht na mban tearc ann. Cuireadh an cheist níos túisce an ndearna *Déirdre* scáthánú ar thuairimí agus réamhchlaontaí an phobail i dtaca le ról na mban, nó an raibh an iris freagrach as teacht chun cinn dearfach na mban i sochaí Éire na hiar-athbheochana? Is dócha go bhfuil an dá rud i gceist anseo, is cinnte go raibh an iris ardaidhmeannach agus íomhá agus meafar láidir roghnaithe mar aghaidh na hirise, ach ag an am céanna ba mhinic a bhí tionchar coimeádach an eagarthóra, agus na sochaí i gcoitinne, le brath ar ábhar na leathanach. In ainneoin na n-alt spreagúil, ceannródaíoch, cosúil leis na hailt taistil agus na píosaí ar mhná eiseamláireacha thar lear, ar an iomlán, ní dhearna *Déirdre* ach macalla a dhéanamh ar ghuth srianta na mban – cé gur féidir a aithint go raibh bua áirithe ann le bean mar íomhá na hirise, agus ardán curtha ar fáil do bhaniriseoirí lena bunú.

Tagairtí

- Ballin, M. (2008) *Irish Periodical Culture 1937–1972: Genre in Ireland, Wales and Scotland*. Palgrave MacMillan.
- Breathnach, D. agus Ní Mhurchú, M. (2024) ‘Ó Cuinneagáin, Gearóid (1910–1991)’. *Ainm*. ie. <https://www.ainm.ie/Bio.aspx?ID=1657&AspxAutoDetectCookieSupport=1>
- Horgan, J. (2001) *Irish Media: A Critical History Since 1922*. London & New York: Routledge.
- Mac Aonghusa, P. (2000) ‘Aiséirí Faisisteach na Gaeilge.’ *Aimsir Óg*. Ó Cearúil, M. (Eag). Coiscéim: 279–87.
- Morash, C. (2010) *A history of the media in Ireland*. Cambridge: Cambridge University.
- Ní Uigín, D. (1992) ‘Deirdre (1954–1985)’, *An tUltach*. Mí na Nollag. 34–9.
- Nic Congáil, R. (2011) *Úna Ní Fhaircheallaigh agus an Fhís Útóipeach Ghaelach*. Baile Átha Cliath: Arlen House.
- Nic Congáil, R. & Nic Eoin, M. (2018) ‘Writing in Irish, 1900–2013.’ *A History of Modern Irish Women’s Literature*. Ingman, H. & Ó Gallchoir, C. (Eds). Cambridge University Press: 334–64.
- Nic Eoin, M. (1992) ‘Gender’s Agendas.’ *Graph*. Vol. 12. Summer/Autumn. 5–8.
- Nic Eoin, M. (1998) *B’ait Leo Bean*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta.
- Ó Conchubhair, B. (2009) *Fin de Siecle na Gaeilge: Darwin, an Athbheochan agus Smaointeoireacht na hEorpa*. Gaillimh: Cló Iar-Chonnacht.
- Ó hUiginn, R. (1998) *Léachtaí Cholm Cille 28: Iriseoireacht na Gaeilge*. Má Nuad: An Sagart.
- Ó Riordáin, S. (2011) *Na Dánta*. Gaillimh: Cló Iar-Chonnacht.
- Uí Chollatáin, R. (2010) ‘Crossing Boundaries and Early Gleanings of Cultural Replacement in Irish Periodical Culture.’ *Irish Communications Review*, Vol. 12. 50–64.

Tuairiscí

Dáil Debates, Vol. 1, Col. 1678, 18.10.1922.

Irisí

An Shan Van Vocht (1896–1899)

Bean na hÉireann (1909–1911)

Déirdre: Iris na mBan (1954–1986)



Faoi Smionagar an tSaoil

(Do pháistí Ghaza)

Áine Nic Niallais

<https://doi.org/10.13025/19199>

Mise atá ann!
An gcloiseann sibh mé?
Abhus anseo
sa
dubh.

Glaeim ach ní chloistear.
An guth maolaithe,
Ag toll-bhuillí na dróntoirní,
Ag cartadh is ag tochailt,
Ag scairteach is ag screadach.

Glaeim arís ach ní chloistear.
An guth maolaithe,
Ag tost is ag ciúnas
lucht ceannais is cinseoireachta,
uaisle is údarás,
meán is mórchumhachtaí.

Mise abhus
seachas thuas.

Dorchadas agus dusta,
Ní gile ná úire.

Síol an fhuatha,
Ní bláth na hóige.

Duibheagán gan ghrinneall,
Ní dóchas go crann na spéire.

Fuacht is faitíos,
Ní lomcheart na beatha daonna.

Níl duine romham,
is níl duine i mo dhiaidh.
Cine á mhúchadh,
Coinneal ar choinneal.

Mise atá ann!
An gcloiseann sibh mé?
Abhus anseo

Sa dubh seo
Nach mbeidh arís
gealghorm.



Rannóg na bhFochéimithe

An Stócach Nach Raibh Eagla Ar Bith Air

Sadhbha Nic Ruaidhrí

(Aistriúchán ar ‘The Story of a Boy Who Went Forth to Learn Fear’ le Jacob & Wilhelm Grimm)

<https://doi.org/10.13025/19189>

Bhí athair ann tráth a raibh beirt mhac aige. Boc cliste, éirimiúil ba ea an mac ba shine agus bhí guaim aige air féin. Ach amadán dallintinneach a bhí sa mhac ab óige agus cha raibh sé in ann aon rud a fhoghlaim ná a thuiscint. Bhí sé chomh bómánta sin gur ghnách le daoine a rá go mbeadh sé ina ualach ar a athair! Am ar bith a bhíodh rud inteacht le déanamh, an mac ba shine a dhéanadh é; ach dá mbíodh rud inteacht le déanamh nuair a bhíodh sé dorcha amuigh, agus dá mbíodh ar an duine dul fríd an reilig nó fríd áit éigin scanrúil, taibhsiúil dá leithéid leis an rud sin a dhéanamh, an freagra a bhíodh ag an mhac ba shine i dtólamh ná: “Dar fia a Athair, cha dtabharfaidh rud ar bith orm dul ansin, cuireann sé cradhscal orm!” Bhí eagla a chroí ar an mhac ba shine. In amantaí nuair a shuíodh siad uilig cois tine san oíche ag insint scéalta uafáis dá chéile, deireadh na daoine a bhí ag éisteacht a leithéidí, “Arú, cuireann na scéalta sin eagla orm!” Chuala an mac ab óige seo agus é suite sa choirnéal ach char thuig sé a raibh i gceist acu. “Bíonn siad ag rá i dtólamh, ‘Cuireann sé eagla orm! Cuireann sé eagla orm!’ Ach cha gcuireann rud ar bith eagla ormsa. Is dócha go bhfuil sé thar m’acmhainne.”

Anois cad é a tharla lá ach go ndúirt a athair leis: “Éist liomsa, a mhic thiar sa choirnéal. Tá tú ag éirí mór agus láidir anois agus ní mór duit foghlaim an dóigh le do chuid féin a shaothrú. Amharc ar do dheartháir, chomh dúthrachtach agus atá sé. Ach cad é faoin airgead uilig a chaith mé ar oideachas s’agatsa? Tá sé uilig curtha amú agam.” “A athair dhil,” arsa a mhac, “Tá mé breá sásta foghlaim. Mar a tharlaíonn sé, ba bhreá liom foghlaim conas eagla a bheith orm. Níl tuiscint ar bith agam air sin go fóill.” Rinne a dheartháir gáire nuair a chuala sé seo

agus smaoinigh sé dó féin: “A thiarcais! Nach pleidhce amach is amach é mo dheartháir! Chan aon dea-chríoch a thioctfaidh air. An tslat a chruann le haois is deacair í a ghníomh.” Lig an t-athair osna agus d’fhreagair é: “Cha dtógfaidh sé i bhfad ort foghlaim conas eagla a bheith ort ach mar sin féin cha gcuideoidh sin leat do chuid a shaothrú.” Go gairid ina dhiaidh sin, nuair a tháinig an cléireach ar cuairt orthu, thosaigh an t-athair ag insint dó go raibh a mhac gan mhaith agus chomh holc is a bhí sé ag achan rud; cha raibh a dhath ar eolas aige agus cha raibh sé ábalta a dhath a fhoghlaim. “An bhfuil a fhios agat, nuair a d’fhiafraigh mé de cén dóigh a bhfuil sé ar intinn aige a chuid a shaothrú, char chreid mé é nuair a dúirt sé gur mhian leis foghlaim conas eagla a bheith air.” “Más é sin an t-aon rud atá uaidh,” arsa an cléireach, “thig liomsa é sin a theagasc dó. Lig dó a theacht liom agus cuirfidh mise ina cheart é.” Bhí an t-athair breá sásta leis an tairiscint seo mar shíl sé go gcuirfí smacht ar an stócach. Mar sin de, d’imigh an stócach leis go teach an chléirigh, thaispeáin an cléireach dó an dóigh leis an chlog a bhualadh, agus eisean a bhí freagrach as sin a dhéanamh achan oíche. Laethanta beaga ina dhiaidh sin, mhúscail an cléireach ag meán-oíche é agus chuir sé air an túr a dhreapadh agus an clog a bhualadh. “Foghlaiméoidh mise duit conas eagla a bheith ort,” a dúirt sé leis. D’imigh sé leis roimh an stócach agus i ndiaidh don stócach barr an túir a shroicheadh agus a dhroim casta le greim a fháil ar théad an chloig, d’amharc sé sall chuig an taobh eile den chloigtheach agus chonaic sé deilbh bhán. “Cé atá ansin?” a ghlaoigh sé, ach char thug an deilbh freagra ar bith air agus char bhog ná char chorraigh sí. “Tabhair freagra orm,” a ghlaoigh an stócach, “nó gread leat! Níl aon ghnoithe agat anseo ag an am seo den oíche. Ach char chorraigh an cléireach sa dóigh is go sílfeadh an stócach gur taibhse a bhí ann. Ghlaoigh an stócach air den dara huair: “Cad é atá tú a iarraidh anseo? Inis dom nó brúfaidh mé síos an staighre thú,” arsa an cléireach leis féin: “Cha ndéanfadh sé a leithéid.” Mar sin de, char lig sé gíog ná míog agus sheas sé mar a bheadh dealbh ann. Ansin ghlaoigh an stócach air don tríú huair agus toisc go raibh neamhthoradh aige ar an deilbh, thug sé breabhadh faoin taibhse agus bhrúigh sé síos an staighre é gur thit sé thart fá dheich gcéim agus gur fhan sé ina luí gan cor sa choirnéal. Leis sin, bhuaile sé an clog agus d’imigh sé leis abhaile gan focal a rá agus thit a chodladh air. B’fhada bean an chléirigh ag feitheamh air ach char fhíll sé. I ndiaidh tamaill, d’éirigh sí buartha fá dtaobh de agus mhúscail sí an stócach agus d’fhiafraigh: “An bhfuil a fhios agatsa cá bhfuil m’fhear céile? Chuaigh sé suas chuig an túr romhat.” “Níl,” arsa an stócach, “ach bhí duine éigin ina sheasamh ar an staighre thuas, díreach in aice leis an chomhla thógála sa chloigtheach, agus toisc nach bhfreagródh sé mé, agus nach n-imeodh sé, ghlac mé leis gur rógaire a bhí ann agus bhrúigh mé síos an staighre é. Ba cheart duit dul a fheiceáil an eisean a bhí ann; ghoillfeadh sé go mór orm más é.” Rith an bhean léi agus tháinig sí ar a fear céile a bhí ina luí sa choirnéal ag snagaíl agus ag cneadach agus a chos briste.

D’iompair sí a fear chun leapa agus dheifrigh sí chuig athair an stócaigh. “Tá tubaiste millteanach i ndiaidh tarlú mar gheall ar do mhacsa,” a scread sí. “Bhrúigh sé m’fhear céile síos an staighre agus sin ba chúis lena chos bhriste. Bain an liúdaí spreasánta sin ón teach s’againne. Bhí ionadh ar an athair agus dheifrigh sé chuig a mhac agus thug íde béil dó.

“Cén sórt cleasa ghránna iad seo? Caithfidh gurbh é an diabhal féin a chuir ort iad a dhéanamh!” “A athair,” arsa an stócach. “Éist liom. Níl locht ar bith orm. Eisean a sheas ansin i lár na hoíche ar nós go raibh sé ag iarraidh dochar a dhéanamh. Cha raibh a fhios agamsa cé a bhí ann agus thug mé trí sheans dó é féin a chur in aithne dom nó greadadh leis.” “A Dhia na bhFear!” arsa an t-athair. “Cha ndéanann tú a dhath ach mí-ádh a tharraingt orm. Séid leat as m’amharc, níl mé ag iarraidh baint ar bith leat a thuilleadh.” “Tá go maith, a athair. Déanfaidh mé sin le lán-toil ach rud amháin. Fan go breacadh an lae agus ansin cuirfidh mé chun bóthair agus foghlaimeoidh mé conas eagla a bheith orm. Agus ar an dóigh sin, beidh scil ar leith agam a ligfidh dom mo bheatha a shaothrú.” “Tá go maith,” arsa an t-athair. “Is cuma liom den domhan cad é a dhéanann tú. Ach seo chugat caoga punt. Téigh leat chun bealaigh. Ach coimhead nach ndeir tú le duine ar bith cá as a dtáinig tú nó cé hé d’athair, mar tá náire orm go bhfuil mé muinteartha leat.” “Tá go maith, a athair, cibé rud is mian leat. Agus más é sin an t-aon mhian amháin atá agat, sílim go dtig liom cuimhneamh air.”

Le bánú an lae, chuir an stócach an caoga punt isteach ina phóca agus dúirt faoina anáil: “Is mairg nach mbíonn eagla ar bith orm!” Díreach ag an bhomaite sin, shiúil fear thairis agus chuala sé an stócach ag labhairt leis féin. Shiúil siad leo agus nuair a bhí siad ábalta crann na croiche a fheiceáil, arsa an fear leis an stócach: “Amharc! Siod é an crann ónár crochadh seachtar atá anois i staid na firinne. Suigh ansin faoin chrann agus fan go clapsholas, chan fhada go mbeidh eagla ort.” “Déanfaidh mé sin gan stró,” arsa an stócach, “ach má bheidh sé chomh furasta sin dom foghlaim conas eagla a bheith orm, beidh caoga punt agam ort. Tar ar ais anseo go moch ar maidin.” D’imigh an stócach leis chuig crann na croiche, shuigh sé síos faoin chrann agus las sé tine nuair a thit an oíche toisc go raibh an fuacht ag éirí ann. Ach ar uair an mheán oíche, bhí sé chomh práchta sin nach raibh maitheas ar bith sa tine. Chonaic sé na coirp ag luascadh sa ghaoth agus shíl sé “Má tá mise fuar thíos anseo cois tine, caithfidh go bhfuil na marbhánaigh bhochta conáilte ag an fhuacht. Agus toisc gur dhuine iontach cineálta, lách a bhí ann, chuaigh sé suas sa chrann agus bhain sé na seacht gcorp ceann ar cheann. Ansin mhúscaíl sé an tine agus chuir sé na coirp thart timpeall uirthi go ndéanfadh siad a ngoradh. Ach cha ndearna na marbhánaigh ach suí cois tine gan bogadh agus thosaigh a gcuid éadaí ag dul trí thine. Arsa an stócach: “Coimhead sibh féin nó beidh orm sibh a chrochadh arís.” Ach char éist na marbhánaigh leis agus lean na héadaí orthu ag dó. Ansin d’éirigh sé feargach agus dúirt leo “beidh orm sibh a chrochadh arís toisc nach bhfuil sibh ag tabhairt airde ar an tine,” agus chroch sé na coirp ar an chrann. Ansin shuigh sé cois tine arís agus thit a chodladh air. Maidin lá arna mhárach, d’fhill an fear agus siocair go raibh sé ag iarraidh an caoga punt, dúirt “An bhfuil eagla ort anois?” “Níl,” ar sé. “Cén dóigh a bheadh? Cha ndúirt na boic sin a dhath agus tá siad chomh hainbhiosach sin gur lig siad dá gcuid éadaí dó.” Bhí a fhios ag an fhear nach raibh seans ar bith go bhfaigheadh sé an caoga punt mar sin d’imigh sé leis ag rá: “Char bhuail mé lena leithéid riamh roimhe!” faoina anáil.

D’imigh an stócach leis agus thosaigh sé a rá leis féin arís: “Is mairg nach mbíonn eagla ar bith orm! Is mairg nach mbíonn eagla ar bith orm!” Bhí carraeir ag siúl taobh thiar den stócach agus chuala sé é á rá seo agus arsa an carraeir leis an stócach: “Cé thú féin?” “Níl a

fhios agam,” arsa an stócach. “Cá as thú?” “Níl a fhios agam.” “Cé leis thú?” “Cha dtig liom á rá.” “Cad é sin atá tú a rá leat féin?” “Á! Ba bhreá liom eagla a mhothú ach níl duine ar bith ábalta teagasc dom cén dóigh.” “Seafóid!” arsa an carraeir. “Tar thusa liomsa agus cuirfidh mé sin i gceart.” As go brách leis an stócach agus an carraeir go dtí gur shroich siad teach ósta, áit a raibh siad a dhul a stopadh. Ar dhul isteach sa teach ósta leis an stócach, dúirt sé leis féin arís: “Is mairg nach mbíonn eagla ar bith orm! Is mairg nach mbíonn eagla ar bith orm!” Nuair a chuala fear an tí seo, arsa seisean, ag sclogaíl: “má tá tú ag iarraidh go mbeidh eagla ort, beidh eagla ort anseo gan stró.” “Arú, éist do bhéal!” arsa bean an tí. “Tá an oiread sin daoine básaithe in éiric a bhfiosracha, ba mhór agus ba rómhór an trua mura mbeadh na súile áille sin in inmhe solas an lae a fheiceáil arís go deo.” Ach dúirt an stócach: “Is cuma liom a dheacra is a bheidh sé, níl faoi ná tharam ach é. Tá mé meáite air.” Chráigh sé fear an tí go dtí gur inis sé dó go raibh caisleán suas an bóthar ina raibh taibhsí agus nach raibh le déanamh aige ach trí oíche a chaitheamh ann go mbeadh eagla air. Gheall an Rí a iníon don té a bheadh in ann seo a dhéanamh agus ba í an bhruinneall ab áille faoin spéir í. Chan amháin sin ach bhí an oiread sin taisce i bhfolach sa chaisleán go mbeadh an draoi saolta saibhris ag an té a mbeadh sé aige. *Bhí ainsprideanna ag gardáil an taisce agus cha mbeadh siad ann níos mó.* Is iomaí duine a chuaigh isteach sa chaisleán roimhe seo nár tháinig amach riamh. Chuaigh an stócach chuig an Rí agus dúirt: “Dá bhféadfainn trí oíche a chaitheamh sa chaisleán, ba bhreá liom é sin a dhéanamh.” D’amharc an Rí ar an stócach go cúramach agus, toisc gur thaitin sé leis, dúirt, “Féadann tú trí ní neamhbheo a bhreith leat isteach chuig an chaisleán.” D’fhreagair an stócach, “Sa chás sin, iarraim tine, deil agus binse snoíodóireachta le scian.”

An lá arna mhárach, bhí gach rud réitithe ag an Rí sa chaisleán. Ar theacht na hoíche, tháinig an stócach chuig an chaisleán agus shocraigh sé é féin, las sé tine bheag bhrufar i gceann de na seomraí agus leag sé an binse snoíodóireachta agus an scian cois tine agus shuigh sé síos ar an deil. “Órú is mairg nach mbíonn eagla ar bith orm ach chan é seo an áit a bhfuil mé a dhul a fhoghlaim an dóigh le heagla a mhothú,” ar sé. Agus é ag tarraingt ar an mheán oíche, bhí an stócach ag cur beathú ar an tine, nuair a chuala sé scréach ag teacht ón choirnéal. “Och ochón, tá muid préachta ag an fhuacht!” “A amadána!” a bhéic an stócach. “Cad chuige a bhfuil sibh ag scréachach? Má tá sibh fuar ba cheart daoibh suí cois tine agus bhur ngoradh a dhéanamh. A fhad is a bhí sé ag labhairt, léim dhá chat fhíochmhara ón choirnéal agus shuigh siad ar an dá thaobh de agus stán siad air go hallta. Nuair a bhí a ngoradh déanta, arsa na cait, “An mbeidh cluiche cártaí againn?” “Tá go maith,” a d’fhreagair an stócach. “Ach taispeáin dom bhur lapaí ar dtús.” Shín na cait a lapaí chuige. “Á! Nach fada iad na hingne atá agaibh! Fan bomaite go ngearrfaidh mé iad.” Leis sin, rug sé ar chúta an mhuiníl ar na cait, thóg chuig an bhinse iad agus rug sé greim daingin ar na lapaí. “I ndiaidh dom a bheith ag coimhead go géar oraibh, níl fonn ar bith orm cluiche cártaí a imirt libh níos mó.” Leis sin, leag sé mín marbh iad agus chaith sé sa lochán thíos iad. Ach nuair a bhí sin déanta aige agus é ar tí suí cois tine arís, thosaigh cait dhubha agus madraí dubha ag teacht as gach cearn is

clúid den tseomra agus bhí an oiread sin acu ann nach dtiocfadh leis iad a sheachaint. Bhí siad ag uallach agus ag glamaireacht agus ag léimneach ar fud na háite agus scrios siad an tine a bhí lasta. Bhreathnaigh an stócach orthu ar feadh tamaillín ach nuair a d'éirigh sé dubh dóite díobh, rug sé greim ar a scian, bhéic, “Bailígí libh!” agus rinne sé ionsaí orthu. Theith cuid de na hainmhithe allta agus mharaigh an stócach an chuid a bhí fágtha agus chaith sé sa lochán thíos iad. Ar theacht ar ais dó, d'adhain sé an tine arís agus rinne sé a ghoradh. D'éirigh sé iontach tuirseach agus é ina shuí cois tine agus tháinig codladh air. D'amharc sé timpeall air féin agus chonaic sé leaba mhór thiar sa choirnéal. “Seo féin an rud atá ag teastáil uaim,” arsa seisean, agus luigh sé siar sa leaba. Ach chomh luath is a dhruid sé na súile, bhog an leaba agus thosaigh sé ag rith ar fud an chaisleáin. “Tá seo thar cionn,” arsa an stócach. “Ach dá mbeadh sé giota níos gasta bheadh sé ní b'fhéarr arís.” Leis sin, ghéaraigh ar luas na leapa amhail is go raibh sé chapall á tarraingt, agus bhí sé ag bocléimnigh anseo is ansiúd, anonn is anall. Go tobann, d'iompaigh an leaba thar a chorp agus bhí an stócach bocht ina luí ar an urlár agus an leaba bunoscionn air. Chaith sé na pluideanna agus na hadhairteanna uaidh agus shleamhnaigh sé amach ó faoin leaba. “Féadfaidh duine éigin eile dul ar thuras ar an leaba,” a dúirt sé agus luigh sé síos cois tine agus chodail sé ansin go maidin. Maidin lá arna mhárach, tháinig an Rí chuig an chaisleán agus, nuair a chonaic sé an stócach ina luí ar an urlár cois tine, shíl sé nach dtiocfadh leis an stócach na taibhsí a láimhseáil agus go raibh sé marbh. “Is mór an phúir é! Fear breá a bhí ann,” arsa an Rí. Mhúscail an stócach nuair a chuala sé seo, phreab sé ina sheasamh agus dúirt, “Níl mé ag an phointe sin go fóill.” Baineadh geit as an Rí ach bhí áthas air agus d'fhiafraigh sé de cad é mar a d'éirigh leis. “Bhí sé ar fheabhas,” a d'fhreagair sé; “agus anois gur mhair mé oíche amháin, tiocfaidh mé slán ón dá oíche eile fosta.” Nuair a d'fhill sé ar an teach ósta, bhí ionadh ar fhear an tí go raibh sé fós beo agus d'fhiafraigh sé de ar éirigh leis eagla a mhothú. “Char éirigh liom. Níl dóchas ar bith agam níos mó. Is trua nach féidir le duine ar bith é a theagasc dom.”

An oíche sin, chuaigh sé suas chuig an chaisleán arís, shuigh sé cois tine agus thosaigh sé ar an tseanphort chéanna: “Is mairg nach mbíonn eagla ar bith orm!” Nuair a bhí sé ag teannadh le meán oíche, chuala sé trup agus torrán a bhí ag éirí ní ba challánaí de réir a chéile. Ansin bhí ciúnas ann sular thit leath-fhear síos an simléar agus thuirling sé os comhair an stócaigh. Cha ndearna sé ach scairteadh suas an simléar, “Hóra, cá bhfuil an chuid eile de, chan leor leath-fhear!” Leis sin, thosaigh an trup agus an torrán arís agus chuala sé béiceach agus scréachach agus thit leath eile an fhir ag a chosa. “Fan ansin soicind go ngríosa mé an tine duit,” arsa an stócach. Nuair a bhí an tine réitithe aige, thiontaigh sé thart agus bhí an dá chuid den fhear i ndiaidh a theacht le chéile agus bhí fear gránna, graifleach ina shuí ina chathaoir. “Seo anois, is é sin mo shuíochánsa.” arsa an stócach. Rinne an fear iarracht sonc a thabhairt dó ach cha raibh an stócach a dhul a ligean dó caitheamh leis mar sin agus dá bhrí sin thug sé turraic ar ais don fhear agus shuigh sé ina shuíochán féin arís. Ansin thig níos mó fear gránna síos an simléar, duine i ndiaidh duine. Fuair siad naoi gcnámh coise agus dhá

bhlaosc agus réitigh siad iad chun cluiche pionnaí a imirt. Bhí an stócach ag iarraidh imirt leo fosta mar sin d'fhiafraigh sé díobh an dtiocfadh leis imirt leo. “Chan fhéidir leat imirt, ach má tá airgead agat.” “Tá mo dhóthain airgid agam,” a d'fhreagair sé, “ach níl na liathróidí atá agaibh cruinn go leor.” Ansin thóg sé na blaoscanna, leag sé ar an deil iad agus chas sé iad go dtí go raibh siad cruinn. “Beidh sé i bhfad níos fusa iad a rolladh anois,” a dúirt sé leis na fir; “sin agaibh é, tosaíodh an spraoi anois.” D'imir siad uilig cluiche pionnaí agus chaill an stócach cuid dá airgead ach chomh luath is a bhuaíl an clog meán oíche, d'imigh achan rud as radharc agus bhí an stócach fágtha leis féin. Luigh sé síos cois tine agus thit sé ina mheig. D'fhill an Rí an mhaidin dar gcionn agus d'fhiafraigh sé de cad é mar a d'éirigh leis an dara hoíche. “D'imir mé cluiche pionnaí agus chaill mé cúpla punt,” arsa an stócach. “An raibh eagla ort nuair a scar tú leis an airgead?” arsa an Rí go díocasach. “Mo léan nach raibh,” arsa an stócach; “thaitin sé go mór liom agus bhí mé ar mo sháimhín só. Órú, is mairg nach mbíonn eagla ar bith orm!”

Ar an tríú hoíche, shuigh sé ar a shuíochán arís agus dúirt sé go lagmhisniúil: “Is mairg nach mbíonn eagla ar bith orm!” Go mall san oíche, shiúil seisear fear isteach sa tseomra ag iompar cónra. Arsa an stócach de bheoghuth, “Go sábhála Dia sinn! Is dócha gurb é sin mo chol ceathar beag nach bhfuil marbh ach le trí lá!” Sméid sé anall ar a chol ceathar agus nuair a leag na fir an cónra ar an urlár roimhe, bhain sé an clár agus bhí fear marbh sínte sa chónra. Chuir sé a lámh ar éadan an fhir agus bhí sé mar a bheadh leac oighir ann. “Fan soicind agus téifidh mé thú,” ar sé, ansin chuaigh sé chuig an tine, théigh sé a lámha féin agus leag ar aghaidh an fhir iad, ach bhí an marbhánach fós fuar. Ansin bhain sé ón chónra é, shuigh sé cois tine agus shín sé an corp ar a ghlúine. Thosaigh sé ag cuimilt a sciatháin sa dóigh is go dtosódh an croí ag cur fola timpeall an choirp arís. Cha raibh tionchar ar bith aige sin air ach an oiread ach ansin chuimhnigh an stócach má luíonn beirt i leaba le chéile, go n-éiríonn siad te. Ar an ábhar sin, chuir sé an marbhánach isteach sa leapa, chlúdaigh é agus luigh sé síos in aice leis. I ndiaidh tamaill, d'éirigh an marbhánach te agus chorraigh sé. Arsa an stócach, “Anois a chol ceathairín, cad é a tharlódh murar théigh mé thú?” Ach d'éirigh an fear marbh agus bhéic sé: “Déanfaidh mé tú a thachtadh anois!” Arsa an stócach, “Cad é! An é sin a bhfuil de bhuíochas agat orm? Ba cheart dom tú a chur díreach isteach i do chónra arís.” Rug sé greim ar an fhear mharbh, thóg é, chaith é isteach sa chónra agus chuir sé an clár air. Ansin d'iompair an seisear fear an cónra amach as an tseomra arís. Dúirt an stócach leis féin, “Níl a fhios agam cén fáth nach féidir liom eagla a bheith orm agus is léir nach bhfoghlaimoidh anseo choíche conas eagla a bheith orm.”

Leis sin, shiúil fear isteach sa tseomra. Fear mór a bhí ann a raibh féasóg fhada bhán air agus bhí cuma scáfar air. Arsa an fear, “Arú, a chráiteacháin bhoicht, beidh eagla ort gan mhoill, óir tá mé chun tú a mharú!” D'fhreagair an stócach é; “Fan go fóill. Má tá tú chun mé a mharú, beidh ort breith orm ar dtús.” “Gheobhaidh mé greim ort gan dua ar bith,” arsa an amhailt. “Tóg go bog é agus ná déan gaisce díot féin nó tá mise chomh láidir leat, níos

láidre fiú!” “Feicimid. Má tá tú níos láidre ná mar atá mise, scaoilfidh mé leat. Goitse anois agus chífimid”. Lean an stócach an seanfhear trí phasáistí dorcha agus amach gur shroich siad ceárta. Rug an seanfhear ar thua agus bhuail sé inneoin isteach sa talamh. “Is féidir liomsa i bhfad níos fearr ná sin a dhéanamh,” a scairt an stócach agus chuaigh sé chuig an inneoin eile. Bhog an seanfhear ní ba chóngráí go bhfeicfeadh sé é, a fhéasóg fhada bhán ar liobarna in aice na hinneonach. Rug an stócach greim ar an tua, d’oscail sé an inneoin agus chuir sé féasóg an tseanfhir i bhfostú ann. “Tá tú agam anois,” arsa an stócach; “Tá sé in am agamsa tusa a mharú anois!” Ansin rug sé ar shlat iarainn agus chláraigh sé an seanfhear go raibh sé ag geonaíl agus ag diúgaireacht agus ag impí air éirí as. D’impigh sé agus dúirt go mbronnfadh sé na múrtha airgid air dá stadfadh sé. D’oscail an stócach an inneoin arís agus scaoil sé an seanfhear saor. Lean sé an seanfhear ar ais chuig an chaisleán agus thug an seanfhear go siléar é, áit a raibh trí órchiste. “Is leis na bochtáin ceann amháin de na hórchistí seo,” arsa an seanfhear; “Is leis an Rí an darna ceann, agus is leatsa an tríú ceann.” Um an taca, bhuail an clog meán oíche, d’imigh an taibhse as radharc agus fágadh an stócach sa dorchadas ina aonar. “Tá mé cinnte go dtiocfaidh mé ar bhealach amach as an áit seo,” arsa seisean agus rinne sé a bhealach ar ais chuig an tseomra agus é ag smúrthacht roimhe, agus thit sé a chodladh cois tine. D’fhill an Rí an mhaidin dar gcionn agus dúirt, “Ar éirigh leat foghlaim conas eagla a bheith ort faoi dheireadh?” “Char éirigh,” arsa an stócach; “Níl a fhios agam cén fáth in aon chor. Bhí mo chol ceathar atá ar shlí na fírinne anseo agus tháinig seanfhear féasógach agus thaispeáin sé meall mór airgead dom thíos sa tsiléar ach char inis duine ar bith dom go fóill cén dóigh le heagla a bheith orm.” Ansin dúirt an Rí, “Tá tú i ndiaidh an mhallacht a thógáil den chaisleán agus beidh m’iníon agat mar bhean.” “Tá sé sin go hiontach ach níl a fhios agam fós conas eagla a bheith orm.”

Ina dhiaidh sin, tógadh an t-órchiste aníos ón tsiléar agus pósadh an banphrionsa agus an stócach, a bhí anois ina Rí. Ach cé go raibh sé dúnta i ngrá lena bhean, bhíodh sé fós ag rá, “Is mairg nach mbíonn eagla ar bith orm! Is mairg nach mbíonn eagla ar bith orm!” Faoi dheireadh thiar, cha dtiocfadh lena bhean cur suas leis níos mó agus dúirt sí, “Cuirfidh mise eagla air!” Mar sin de, amach léi chuig an tsruthán a bhí sa ghairdín agus líon sí buicéad le brannóga. An oíche sin, nuair a bhí an Rí óg ina chodladh, tharraing a bhean na braillíní agus na pluideanna de agus dhoirt sí an buicéad brannóg air. Bhí na héisc bheaga ag snámh agus ag sníomh ar a chorp agus mhúscaíl an rí ag screadaíl; “Ó tá eagla orm, tá eagla orm a bhean! Tá eagla orm faoi dheireadh thiar thall!”



Léirmheas ar an scannán *An Cailín Ciúin*

(Stiúrthóir: Colm Bairéad, 2022)

Léirmheas le Padaí de Bléine

<https://doi.org/10.13025/19190>

‘Ní raibh de dhíth uirthi ach giota peataireachta’, a dúirt Eibhlín, an mháthair altrama, sa scannán *An Cailín Ciúin* agus í ag labhairt ar Cháit a bhí ag stopadh aici agus ag a fear Seán ar feadh míosa. Is iad Carrie Crowley agus Andrew Bennet a ghlac ról na dtuismitheoirí altrama agus tá moladh mór tuillte acu as an aisteoireacht shéimh nádúrtha. Tháinig an scannán amach sa bhliain 2022, ach tá an scéal féin suite sa bhliain 1981. Tá an scannán bunaithe ar an leabhar *Foster* (2010) le Claire Keegan agus is é Colm Bairéad a scríobh agus a stiúir. Dúirt Bairéad le Cathy Clarke in alt in *The Guardian* (2022) gur thit sé i ngrá leis an leabhar láithreach, agus go raibh sé ag sileadh na ndeor agus é á léamh. Bhí sé cinnte go mbeadh na cearta ag duine éigin eile le scannán a dhéanamh de ach, ar an dea-uair dósan, ní raibh. Cuireann Bairéad ábhar sa scannán nach bhfuil i scéal an bhunleabhair, saol Cháit sa bhaile, cuir i gcás, an claonadh atá inti an leaba a fhliuchadh agus an claonadh atá inti dul ar strae. Is í Cáit an príomhcharachtar agus is í Catherine Clinch a ghlac an ról sin. Is é seo an chéad ról a bhí aici agus fóireann a stíl aisteoireachta go hiontach maith don ról céanna. Go deimhin, ainmníodh an scannán do Ghradam Oscar don Scannán Idirnáisiúnta Lánfhada is Fearr.

Insítear an scannán trí shúile an chailín óig. Mar a léirítear i dteideal an scannáin, is duine ciúin í Cáit. Go dearfa, bíonn sí an-chiúin sa bhaile, cé go bhfuil an teach féin an-challánach agus neart deirfiúracha agus deartháir aici, agus leanbh eile ar an bhealach. Tá Cáit dúnta isteach inti féin mar gheall ar chúrsaí sa bhaile agus is duine seachantach uaigneach í. Dála Cháit, tá an scannán féin ciúin, ach is é a chiúinas a chumhacht agus a thugann lánléiriú dúinn ar an tsaol sna 1980í i mbeagán focal. Is sreamaide agus banaí é a hathair nach bhfuil mórán ama aige do Cháit ná do dhuine ar bith eile sa teach. Ní dhéanann sé turn láimhe

sa teach ach é i gcónaí ag tochras ar a cheirtlín féin; is é an cearrbhachas an chloch is mó ar a phaidrín agus déanann sé neamart ina bhean agus ina chlann. Ní thugann sé cothabháil coirp ná intinne dá chuid páistí.

Leanann téama an chiúnais síos fríd an scannán. Is meafar é an ciúnas don Ghaeilge féin, atá ciúin in áiteanna sa tír, ach a dtiocfaidh bláth uirthi má thugtar aire di. Go dearfa, labhraíonn bunús na gcarachtar i nGaeilge i rith an scannáin, ach amháin athair Cháit. Thug an scannán guth agus ardán don Ghaeilge agus tharraing sé aird an phobail uirthi go díreach mar a thug Eibhlín agus Seán guth do Cháit. Impíonn Ó Searcaigh (1993: 208) ina dhán ‘Caoineadh’ ar an Ghaeilge liú amháin gaile agus liú catha a ligean aisti chun anáil úr a chur inti féin. Tá an scannán ag freagairt na himpí seo agus é ag cur beocht úr sa teanga. Tá lucht féachana an scannáin ag impí ar Cháit liú a ligean aisti fosta agus cuidiú a iarraidh.

Tugtar leideanna don lucht féachana go bhfuil an-íde á tabhairt do Cháit sa bhaile agus gurb é sin an fáth a bhfuil sí chomh ciúin sin, agus an fáth a bhfliuchann sí an leaba chomh minic sin. Is follasach go bhfuil Cáit imníoch, go bhfuil sé deacair uirthi dul a chodladh, go bhfuil sé deacair uirthi labhairt le daoine eile agus go bhfuil coimpléacs ísleachta ag cur as di. Is comharthaí iad seo go bhfuil foréigean tís ag dul ar aghaidh. Is cosúil go bhfuil Cáit ciúin imeallaithe ar scoil fosta gan cara ar bith aici, comharthaí eile go bhfuil saol deacair sa bhaile aici. Cuireann sé crua uirthi léamh amach os ard os comhair an ranga agus is cinnte nach raibh an t-am ag a máthair ná an tsuim ag a hathair grá na léitheoireachta a chothú inti. Bíonn na cailíní eile, a deirfiúr ina measc, ag magadh fúithi nuair a dhoirteann sí a cupán tae. Tugann siad ‘weirdo’ uirthi. Ritheann sí ar shiúl agus tugann a hathair ‘*the wanderer*’ uirthi. Cionn is go bhfuil an teach sa bhaile chomh gnóthach sin agus de bhrí go bhfuil a máthair ag iompar clainne, déantar cinneadh Cáit a chur ar shiúl chuig daoine muinteartha lena máthar a chónaíonn trí uair an chloig ar shiúl sa charr. Cuirtear le téama an chiúnais sa charr agus Cáit agus a hathair le chéile ann. Feictear an t-athair ag stánadh uirthi i scáthán an chairr, radharc a chuireann an lucht féachana ar a míshuaimhneas. Cuireann a hathair geall ar fhoireann Phort Láirge de bhrí go bhfuil sé ag tabhairt Cháit ansin agus nuair a theipeann ar an gheall, bíonn sé ag gearradh na mionnaí móra os a comhair a léiríonn gur duine dímheasúil é. Léiríonn Michael Patric ról an athar go héifeachtach agus is léir go bhfuil Cáit míshuaimhneach ina chuideachta chomh maith leis an lucht féachana féin. Fágann athair Cháit í le Seán agus le hEibhlín, ar strainséirí iad, agus imíonn sé gan fiú barróg ná póg a thabhairt di. Go deimhin, imíonn sé agus éadaí Cháit sa charr aige go fóill, rud a léiríonn arís eile go bhfuil sé ar nós cuma liom faoina iníon.

Tá an teach nua seo geal soicheallach murab ionann agus a teach sa bhaile. Tá an teach sa bhaile dúr dorcha agus is léir nach dtugann athair Cháit aire dó. Is cinnte nach bhfuil mórán airgid ag máthair Cháit le caitheamh ar an teach agus an t-athair ina fhear mór gealltóireachta. Tá an teach sa bhaile ina mheafar don dorchadas agus do na rudaí dorcha atá ag tarlú ann.

Is dócha gurb é sin an fáth a n-éalaíonn Cáit uaidh ag tús an scannáin agus í i bhfolach i bhfuaimheanna an nádúir. Cluintear fuaimheanna na feirme thart ar an teach nua seachas béicíl na bpáistí thart ar a teach féin sa bhaile.

Den chéad uair ina saol, caitear go lách cineálta le Cáit agus déanann Eibhlín neart peataireachta uirthi ina teach te teolaí. Tá an teach nua ina chógas leighis aici agus faigheann sí faoiseamh ann. Caitheann Eibhlín go ceanúil le Cáit agus í ag tabhairt folcadh di agus caitheann sí go tuisceanach léi nuair a fhliuchann sí an leaba. Tugann sí ‘a stór’ uirthi murab ionann agus na leasainmneacha maslacha a thugtar uirthi sa bhaile agus ar scoil. Ullmhaítear bia baile folláin di agus cothaítear í idir cholainn agus shamhlaíocht. Diaidh ar ndiaidh, tagann bláth ar Cháit agus is faoiseamh mór é don lucht féachana nuair nach bhfliuchann sí an leaba agus fios againn go bhfuil sí ar a suaimhneas sa teach nua.

Tugtar leideanna dúinn go raibh gasúr ag an lánúin nuair a fheiceann muid na traenacha ar an pháipéar balla agus nuair a ghléastar Cáit in éadaí gasúir nuair a imíonn a hathair lena cuid éadaigh féin. Nuair a imíonn Cáit ar strae sa bhóitheach, tugann Seán íde béil di. Níos moille anonn sa scannán tuigimid an fáth a ndearna sé amhlaidh. Bádh a mhac féin san umar scioldair agus tá eagla a chraicinn air gur tharla an rud céanna do Cháit. Déanann sé iarracht é a chúiteamh léi, agus tá radharc galánta ann nuair a fhágann sé briosca beag ar an bhinse di agus é ag dul ar obair. Comhartha cumhachtach cineáltais agus ceana atá ann. Tugann Eibhlín Cáit léi chuig an tobar agus míníonn sí di a ghlaine atá an t-uisce as an tobar agus go bhfuil cumhacht rúnda aige. Ardaítear ár n-aird agus ár bhfiosracht nuair a deir Eibhlín nach bhfuil rún ar bith ina teach féin agus smaoiníonn muid láithreach gur féidir go bhfuil rún i dteach Cháit. Mar a tharla, bhí rún i dteach Eibhlín, ach rún a bhí ann a ghoill an oiread sin uirthi agus ar Sheán, nach dtiocfadh leo labhairt air agus rún nach raibh mailís ar bith ann.

Le himeacht ama, osclaíonn Cáit ar an dóigh chéanna a n-osclaíonn bláth chun na gréine, agus is iad Eibhlín agus Seán an ghrian ina saol. Caitheann siad solas ar a saol dorcha agus coinníonn te teolaí í, murab ionann agus an fuacht agus an doicheall ina teach féin sa bhaile. Caitheann Seán am léi ag taispeáint obair na feirme di agus caitheann Eibhlín am léi sa bhaile ag taispeáint obair tí di. Deir Eibhlín suantraí léi, ‘is tú mo stór is mo ghrá geal’ agus í ag scuabadh a cuid gruaige, a léiríonn a chineálta atá sí léi. Chí muid aoibh an gháire ar aghaidh Cháit den chéad uair sa scannán agus na fir istigh sa teach ag imirt cártaí, imeacht sóisialta nach bhfuil sí cleachta leis sa bhaile. Léiríonn an scannán a thábhachtaí atá sé labhairt le páistí agus am a chaitheamh leo. Bíonn spórt agus spraoi ag Seán agus Cáit agus é ag coinneáil taifead den am a ghlacann sé uirthi rith chuig an bhosca poist agus ar ais. De réir mar a théann na seachtainí ar aghaidh, is i ngaiste atá sí ag rith agus is i láidre atá an caidreamh idir an bheirt acu ag an am chéanna. Tuigeann Seán a thábhachtaí atá sé seans a thabhairt do Cháit léamh amach os ard agus is iontach an rud é go dtagann feabhas mór ar a cuid scileanna léitheoireachta in achar gairid ama agus an tacaíocht cheart aici. Ní comhtharlú ar bith é gur roghnaigh Seán an t-úrscéal *Heidi* do Cháit, úrscéal a scríobh Johanna Spyri do pháistí agus dóibh siúd a bhfuil

grá acu do pháistí. Éiríonn Cáit níos caintí agus níos compordaí inti féin agus is cinnte gur chuidigh an giota peataireachta ina teach nua go mór léi. Go díreach agus Seán agus Cáit ar a suaimhneas lena chéile, tagann litir ón bhaile ag insint do Cháit go gcaithfidh sí pilleadh ar a teach féin le déanamh réidh don scoil. Bhí a fhios acu triúr go raibh an lá seo ar na bacáin, agus go raibh sé ag dul a theacht, ach choinnigh siad ar an mhéar fhada í. Casann Eibhlín as an raidió nuair a chluineann sí fógraí air faoi fhilleadh ar scoil. Bíonn an fhírinne searbh agus tuigeann sí, ina hainneoin féin, go bhfuil an lá ag teacht.

Téann Cáit chun an tobair léi féin cúpla lá sula n-imíonn sí abhaile agus í ag iarraidh cuidiú le hEibhlín leis an obair tí. Titeann sí isteach sa tobar agus tagann slaghdán uirthi dá dheasca. Goilleann sé ar Eibhlín go bhfuil Cáit ag dul a philleadh abhaile agus slaghdán uirthi agus í ag déanamh go mbeidh a tuismitheoirí ag smaoinemh nár thug sí aire mar is ceart di. A mhalairt iomlán atá fíor, ar ndóigh, agus togha na haire tugtha aici di. Agus iad triúr ar a mbealach chuig teach Cháit sa charr, cuimhníonn Cáit ar na tréimhsí dearfacha a bhí aici le hEibhlín agus le Seán. Baintear úsáid éifeachtach as an cheol shuaimhneach ar an turas abhaile a bheas i gcodarsnacht leis an challán a bheas roimpi. Cé go leanann an turas ar aghaidh sa charr, is ag dul siar ina hintinn atá Cáit ar na cuimhní dearfacha a bhí aici le hEibhlín agus le Seán. Nuair a bhaineann sí a teach féin amach is ar éigean a bheannaíonn a máthair di agus í ag obair agus ag luain leis an leanbh úr. Tá codarsnacht iomlán idir an dá theach; fuacht agus teas, dorchadas agus gile, míshlacht agus slacht, neamart agus grá agus callán agus ciúnas. Feictear duine de na deirfiúracha agus plástar ar a haghaidh. Ritheann sé chuig an lucht féachana láithreach gur féidir gur bhuaile an t-athair í agus gurb é seo an saol atá i ndán do Cháit ar fhilleadh abhaile di. Nuair a chluineann máthair Cháit í ag sraothartach agus slaghdán ag teacht uirthi, tugann sí amach di, amhail is go bhfuil an locht ar Cháit féin. Tagann an t-athair ar ais ó ‘pé áit a raibh sé’. Shílfeá nuair nach bhfaca sé Cáit le tamall fada go dtabharfadh sé póg nó croí isteach di. Ní thugann sé ceachtar acu di ach *‘the prodigal child’* a thabhairt uirthi. Nuair a deir Seán go bhfuil slaghdán beag ar Cháit tagann focail chruálacha as béal an athar agus é ag rá, *‘sure you couldn’t mind them, you know yourself’*. Is cinnte go mothaíonn Seán ciontach gach lá ina shaol gur cailleadh a mhac féin ar an fheirm agus is cinnte go bhfuil an méid sin ar eolas ag athair Cháit nuair a deir sé na focail sin. Feoil agus iasc atá sa bheirt fhear agus is léir gur imir Seán dea-thionchar ar shaol Cháit murab ionann agus a hathair atá borb agus tobann i bhfeirg. Cuireann Seán dúil sa leanbh beag nua a rugadh nuair a bhí Cáit ag stopadh aige agus é a rá, ‘tá sé téagartha, nach bhfuil?’ Is dócha go bhfuil sé ag smaoinemh ar a mhac féin nach maireann ag an bhomaite sin. Is féidir an grá atá ag borradh aníos i gCáit a mhothú nuair a imíonn Eibhlín agus Seán. Brúchtann na mothúcháin inti mar a bheadh laibhe ag brúchtadh agus ag borradh aníos as bolcán. Tarlaíonn an t-athrú i gCáit ar an taobh istigh ar an dóigh chéanna agus a dtarlaíonn sé i mbolcán agus feiceann an lucht féachana uair na cinniúna ag deireadh an scannáin. Ritheann sí i ndiaidh Eibhlín agus Sheáin agus is léir go bhfuil neart cleachta déanta aici ar an reathaíocht nuair

a thagann sí a fhad le Seán agus é ag druim an gheata. Leanann athair Cháit í agus nuair a fheiceann sí é deir sí ‘daidí’ agus í snaidmithe i lámha Sheáin. Teannann sí a greim ar Sheán agus tugann sí ‘daidí’ airsean. Is radharc cumhachtach é seo a choscródh na clocha glasa. Tagann an radharc seo ar an lucht féachana go fáilí agus tugann sé neart ábhar smaointe dóibh. Buaicphointe an scannáin. Nuair a thagann an crú ar an tairne, léirítear go soiléir ag an phointe seo nach i gcónaí a bhíonn an gaol fola ar an ghaol is láidre ach gur láidre an grá ná é. Fághtar an lucht féachana ag deireadh an scannáin ag machnamh ar an rud a tharlódh do Cháit. Ní thiocfadh linn a shamhlú go dtabharfadh athair agus máthair Cháit an cúram céanna di agus a thug na tuismitheoirí altrama. Bímid ag guí go bhfanfaidh sí le Seán agus le hEibhlín agus iad ann i gcáil tuismitheoirí in áit fanacht sa bhaile. Cuireann sé imní orainn, áfach, agus fios againn go bhfuil gach seans ann go bhfanfaidh sí lena tuismitheoirí féin ach áthas orainn ag an am chéanna gur bhlaiss sí sonas agus saoirse ina saol seal beag gairid. Scannán den scoth atá ann a léiríonn an dóigh ar tháinig Cáit in aois. Tá an scannán ina ábhar machnaimh ag gach tuismitheoir agus ag gach múinteoir. Tugtar an teachtaireacht dúinn go ndéanann giota peataireachta difear mór i saol gach duine agus gurb iad na rudaí beaga i dteannta a chéile a athraíonn an saol.

Tagairtí

An Cailín Ciúin (2022). Stiúrthóir: Colm Bairéad.

Keegan, C. (2010) *Foster*. London: Faber & Faber Ltd.

Ó Searcaigh, C. (1993) *An Bealach chun 'na Bhaile*. Indreabhán: Cló Iar-Chonnacht.

Clarke, C. (2022) “I fell in love with it in a profound way”: how The Quiet Girl’s fostering story captured its director’s heart’ *The Guardian*. Ar fáil ag: <https://www.theguardian.com/film/2022/may/12/quiet-girl-irish-language-film-coltm-bairead-foster-claire-keegan>. (Léite: 12 Bealtaine, 2022).



Léirmheas ar *Stórchiste: Teasáras Aibítreach na Gaeilge* le Nicholas Williams agus ar *Teasáras Gaeilge-Béarla* le Garry Bannister.

**(Williams: Evertime, 2023. €50
Bannister: New Island, 2023. €55)**

Léirmheas le Eva Ní Mhealláin

<https://doi.org/10.13025/19193>

Is annamh is iontach a deirtear. Nárbh iontach é, sa chás sin, nuair a d'fhoilsigh Evertime **STÓRCHISTE: Teasáras Aibítreach na Gaeilge** le Nicholas Williams ag tús na bliana seo caite. Is coincheap é féin an teasáras, nach raibh i dtraidisiún na Gaeilge go dtí foclóir analógach Uí Dhoibhlin (1998), agus is beag teanga eile ina bhfaightear teasaráis mar atá sa Bhéarla. Nach mór an t-ionadh mar sin, dhá mhí i ndiaidh fhoilsiú an teasárais stairiúil seo gur fhoilsigh New Island **Teasáras Gaeilge-Béarla** (*Irish-English Thesaurus*) le Garry Bannister.

Is scoláire é Nicholas Williams ar na teangacha Ceilteacha, an Choirnis agus an Nua-Ghaeilge ach go háirithe. Is ábhar spéise é Williams don ghnáthchainteoir Gaeilge nach bhfuil baint aige/aici leis an acadúlacht, agus is deis mhaith í an saothar seo aitheantas a thabhairt dó as a bhlianta fada tiomsaithe. Is fada Garry Bannister i mbun saothraithe ar an teanga freisin, áfach, agus aon leabhar déag foilsithe aige - idir fhoclóirí agus lámhleabhair nathanna agus mhionteasáras ina measc. Ba mhó an aird a fuair an dara teasáras den phéire sna meáin dá réir sin (Ó Cuaig, 2023). Ní féidir a rá go bhfuil an phróifíl ná an stíl chéanna ag an bheirt tiomsaitheoirí, cé gur fíor gur dhá theasáras shainiúla, thaitneamhacha iad, an oiread céanna don tsaineolaí agus don ghnáthdhuine.

Is téagartha leagan Bannister ná leagan Williams, agus 700,000 focal iniúchta ann, treoir ghramadaí shonrach san áireamh. Tá 12,000 iontráil ag Williams, agus 44,000 focal nó frása ar leith. Is léir ón tsaothar ollmhór seo nach ag codladh go headra a bhí Bannister ó foilsíodh a chéad teasáras ach ag cur i gceann na taisce. I dtaobh leagan amach de is fusa teasáras Bannister a léamh. Clófhoireann *MinionPro*, idir méid 9 bpointe agus 10.5 bpointe, atá in úsáid ag Bannister, agus tá níos mó spáis ar gach leathanach idir gach iontráil, gné den dearadh atá soiléir, slachtmhar (Amharc **Léaráid 1**).

Cailleach *f(-llí; ~a, ~)* witch, old hag
ban-asarlaí sorceress, **bandraoi** druidess, sorceress,
bandraíodóir *m* enchantress, **bean f feasa** soothsayer,
fuachaid witch, hag, **marbhdhraoi mná** necromancer,
seanbhean *f* old woman, **seanmhaighdean** *f* old
maid, **seanraicleach** *f* harridan, **upthóg** woman who
casts spells and charms, witch (*see also: bitseach*)

▲ ~ **an airgid** miserable bitch, ~ **an uafáis** (*woman*)
scaremonger, alarmist. ~ **feasa** sorceress, witch, ~
ghrána hideous hag

◇ **scéal chailleach an uafáis** an old wives' tale;

Léaráid 1 – Bannister, 2023: 119

Ní deacair teasáras Williams a léamh, áfach, ach is fadhb í an spásáil nach bhfuil oiriúnach do dhlús na bhfocal ann. Caithfear a rá, áfach, go gcuidíonn eagar na n-uimhreacha san iontráil leis an tsoiléireacht sin, atá cailte i ndlús na bhfocal, ag réimniú na gcomhchiallach faoi mhíniú amháin den fhocal (Amharc **Léaráid 2**). Ar a bharr sin, tá roinnt mhaith clófhoirne in úsáid sa leabhar idir *Swift*, *Helvetica*, *Helvetica Black* agus *Helvetica Narrow*, rud eile a chuidíonn leis an tsoiléireacht agus a sheachnaíonn an débhríocht.

cailleach **noun** ❶ *nun*: ban-ab, banphríóir, bean rialta, cailleach dhubh, siúr; *pl.* Siúracha na Carthanachta, *pl.* Siúracha na Toirbhirte, *pl.* Siúracha na Trócaire. ❷ *old woman, witch*: ban-chumhachtach, cailleach feasa, cailleach phiseogach, fia-chailleach, fuachaid; ruacán caillí, seanbhean, seanchailín, seanmhaighdean. ❸ *recess, snuggery*: ascaill, barrbhalla, clúid, cluthair, coirnéal, cuas, cúil, cúilín, cúinne, cúláire, cúláis, cúláisean, cúlán, cúláon, glota, landair, lúb, lúbainn, nideog, paidhc, póicéad, puicéad, *literary* imscing.

Léaráid 2 – Williams, 2023: 80

Ní féidir a shéanadh go mbaineann loighic le hord aibitíre mar chur chuige don dá theasáras, agus ní ‘de réir téama’ mar a bhí ag foclóirí analógacha eile, ‘rud a éascaíonn go mór’ (Williams, vii) a n-úsáid.

Is dócha go bhfuil lucht léitheoireachta inchomparáide ag an bheirt fhear. Mothaítear gnéithe éagsúla - míniú, saibhreas agus tagairtí liteartha - i dteasáras Bannister a thugann le fios gur cuireadh ar fáil, ní amháin don fhoghlaimoír, ach do lucht scríbhneoireachta na teanga fosta é. Gné nach bhfuil gan suntas do thodhchaí na teanga, mar a luaigh Nic Pháidín, ‘*Corpus planning is only worthwhile in a language in which poetry is still possible*’ (2008: 107). Chomh maith leis sin, b’uirlis chumachtach do lucht na hacadúlachta a bheadh ann. D’fhéadfadh le teasárais Ghaeilge taighde sa Ghaeilge a fhorbairt go mór le bunachar sonraí teasáras.

Ar an chéad spléachadh, shílfeá go raibh difear sprice i gceist acu lena dteasárais. Deir Williams gur ar mhaithe le ‘bearna i bhfoclóireacht na Gaeilge a líonadh’ (vii) a scríobh sé an teasáras. I gcás Bannister is le haghaidh ‘*informative, helpful and entertaining reference for all those who wish to investigate the Irish language or simply to enrich their vocabulary*’ (xii) a sholáthar a thug sé faoin obair. Ní dhúisíonn cur síos grod Williams ar sprioc a theasárais aon phaisean sa léitheoir. Go deimhin, baineann loighic lena réasúnú cosúil lena mhodh scríbhneoireachta - go háirithe i gcomparáid le mionmhíniúcháin chuimsitheacha Bannister. Is le staidéar ar bholg a shaothair, áfach, a fheictear dúinn eolas cuidiúil, siamsiúil, caolchúiseach Williams, liostaí eolais maidir leis an ghrá, an teanga, an nádúr agus ar aile. Is follasach an sprioc choiteann in éagmais mhínithe.

Is cinnte go bhfuil neart siamsaíochta, agus an dúrú saibhreas teanga, le baint as nathanna agus seanfhocail liostaithe ag Bannister, cuir i gcás an focal ‘Adhairt’:

Adhairt *f* (~*e*; ~*eanna*) *pillow, cushion*

aerchúisín air cushion, **babhstar** bolster, **bolastar** bolster; bulky person, **ceannadhairt** pillow (for one’s head), **cearchaill** pillow; shaft, girder, **cúisín** cushion, **cúisíniú** cushioning, **mála pónairí** beanbag, **pillín** small cushion; pad (cf **pillíní cosanta** protection pads), **pillúr** pillow, **pioncás** pincushion, **pónaireán** beanbag, **taca cinn** headrest

▲¹ **comhrá** ~*e* pillow talk, **clúdach** *m* ~*e* pillowcase

◇² **Fuair sé bás le h-**. He died a natural death. (7)

¹ ‘Úsáidtear an triantán dubh ▲ roimh liosta ina dtaispeántar úsáid choitianta an cheannfhocail le focail eile’ (Bannister, 2023: xxii).

² ‘Cuirtear muileata ◇ roimh lioste de nathanna cainte coitiant lena mbaineann an ceannfhocal’ (xxiii).

Seo sampla den fhocal chéanna ag Williams, mar chomparáid:

Adhairt noun *bolster, pillow*: babhtar, bolastar, ceannadhairt, cearchaill, cúisín, pilliú, pillín. (4)

Is mór an difear stíle eatarthu. Is cóngaraí teasáras Williams do theasáras Béarla le liosta beacht, go minic gonta, comhchiallach aige. Ar an lámh eile, tá leagan amach Bannister níos cóngaraí d'fhoclóir Gaeilge-Béarla agus áistriúchán i ndiaidh gach aon fhocail. Cuir i gcás an focal 'Seile' ag Bannister:

Seile *f* (~ ;-lí) spit, spittle, saliva

cúr spume, froth **prislín** drool, dribbling, **seileagar** dribbling from mouth, **seileog** spit, **sileog** spittle, **smuga** thick spittle; mucus, **smugairle** thick spittle, **sreabhrán coirp** body fluid, **uan** froth, **uisce (le mo bhéal)** watering (in mouth)

◇ ~ a **chaitheamh** to spit, **Ní fiú sheilide é!** It's not worth a damn! (760)

agus a leithéid de shampla ag Williams:

seile noun *spittle, saliva*: pislín, pislíneach, priosla, priosláil, prislín, prislíneacht, seileog; pl. ramaí, ronna, silín, silíneacht, slabhra, sramadas, sramadh, pl. Sramaí (516)

Is mionsonraithe é teasáras Bannister, cé gur lú úsáide áistriúcháin Bhéarla atá i dteasáras Williams. Ní chuireann síoraistriúcháin bac ar léamh leanúnach na Gaeilge ann, mar sin féin, ní léirítear na miondifríochtaí céille dá réir sin. Is léir nach bhfuil seachaint an Bhéarla mar sprioc ag ceachtar de na fir; a mhalairt, is cuid dhílis é de léamh na saothar.

Níor mhiste a lua, ar an ábhar sin, gur teasárais Ghaeilge-Béarla atá iontu, ach tarraingítear ceist anuas dá réir sin, ceist i dtaobh úsáid an Bhéarla. Míníonn Bannister ina réamhtra, go bhfuil '*a vast number of those speaking and writing Irish are living in the Galltacht and are therefore using English to acquire and understand new Irish vocabulary*' (xiii). Is tútach an difear, arís agus i dtólamh, idir foilseacháin i nGaeilge agus cinn i dteanga ar bith eile. Níl gá ag a leithéid de theasárais sa Bhéarla (HarperCollins, 2019) - sa Fhraincis (Péchoin, 1991), ná sa Bhriotáinis (Menard, 2001), mionteanga eile go fiú - míniú a thabhairt ar a dteanga féin i dteanga eile. Tuigtear, áfach, nach é an foilseachán cuí leis an chineál oibre ceannródaíoch seo a dhéanamh amhail mórleabhar tagartha Gaeilge-Gaeilge.

Ceist thábhachtach eile a thagann chun cinn ná ceist na gcanúintí. Ní thugann Bannister spás chun mínithe ar éagsúlachtaí céille i gcanúintí difriúla agus ní luann sé áit dúchais frásaí ar leith mar nach rabhtas ábalta '(to) *be reflected fully due to issues of space, design and the book's intended purpose*' (Bannister: xiv). Is mór an t-údar díomá é seo, áfach, tá idirdhealú le déanamh idir feidhm teasárais agus foclóir stairiúil anseo, is lochtach í ba chuirte a rá easpa na bhfoinsí

cuí. Is ábhartha é pointe Nic Pháidín ina thaobh sin, ‘*Individual dictionary projects, however commendable, do not constitute a strategy for corpus planning which includes lexicographical resources, corpora and terminology*’ (2008: 100). I gcás Williams, áfach, tá nóta ar cheantair dhúchais corrhéarma; ar nós faoin iontráil ‘dradaire’, tugtar ‘mealltóir’ mar chomhchiallach agus luaitear ‘(i gContae na Gaillimhe)’ (210) ina dhiaidh, nó faoin iontráil ‘déanaí’, liostaítear ‘airneán (i gContae Phort Láirge)’ (185). Is spéisiúl an méid seo d’aon léitheoir ar mhian leis/léi tuilleadh taighde a dhéanamh ar bhunús focal ar leith.

Níl bréag sa mhéid is gur ‘Áilleacht teanga ar bith is ea an t-idirghníomhú idir ciall agus modhanna chur in iúl céille’ (Bannister, xix) agus cuireann Bannister an ‘t-idirghníomhú’ sin in iúl go fileata, leis an fhocal ‘Fáilte’, cuir i gcás:

Fáilte *f* (~; -**tí**) welcome, joy

aíocht hospitality, **aoibhneas** delight, bliss, **áthas** happiness, **beannachtaí** blessings; greetings, **beannú** greeting, **cairpéad dearg** red carpet, **cead** permission, **ceiliúr** greening, address, **ceiliúradh** celebration, **cuntanós** civility, **fáiltiú** welcoming, **féile** generosity, **flaithiúlacht** munificence, **forbhfáilte** joyous welcome, **friotháileamh** (*lit*) reception, entertainment, **glacadh** reception, **gliondar croí** heartfelt joy, **inghlachtacht** acceptability, **pléisiúr** pleasure, **sásamh** gratification, **sástacht** satisfaction, **suáilceas** agreeableness, **úire oinigh** lavish hospitality

◇ ~ **an aingil** (*rel*) the angelus, **Céad míle** ~! Hundred thousand welcomes!, **Chuir siad** ~ **Uí Cheallaigh romhainn**. They gave us a generous and hearty welcome., **Go raibh maith agat – Tá ~ romhat!** Thank you! - You’re welcome!, **Níl mé fad na ~ amuigh**. I haven’t been away long enough to merit a welcome back.

Taispeántar éagsúlacht na céille; in aon sampla amháin luaitear ‘deasghnátha creidimh (Fáilte an Aingil), coinbhinsiúin ama (fad na fáilte) agus... tagairtí cultútha (fáilte Uí Cheallaigh)’ (xix). Is dúshlánach an éagsúlacht chéanna a aithint i gcás Williams, ach tugtar flúirse comhchiallacha éigseacha, faoi ‘*joy, bliss...welcome* (agus) *greeting*’ (253), nach féidir locht a fáil air ach an oiread.

Thairis sin, is deacair a shéanadh an tionchar mór atá ag ré na nuatheicneolaíochta ar úsáid na n-áiseanna teanga atá ‘ag aistriú go tréan i dtreo na n-ardán digiteach’ (Ó Mianáin, 2020: ix). Cuir i gcás an teasáras atá ar fáil ar Potafocal.ie a bhfuil 30,000 iontráil ann. Tá sé tábhachtach, mar a aithníonn Bannister, ‘léargas amháin reoite den urlabhra ag tréimhse áirithe i bhforbairt shíoraí na teanga’ a bheith againn (xvii). Go réadúil, go gcoinneoidh ár bhfoinsí teangeolaíochta cos leis an tsaol, caithfear acmhainní ‘*updated or replaced*’ a bheith againn ‘*each fifteen to twenty years*’ (Nic Pháidín, 2008: 99), rud atá insamhlaithe i ndiaidh staidéar a dhéanamh ar an tsaotar nua-aimseartha, inoiriúnaithe seo. Níor dhóichí de scéal ná go mbeadh táb ‘Teasáras’ le cois na dtáb ‘Gramadach’ agus ‘Foghraíocht’ ar Teanglann.ie

roimh i bhfad. Is úsáideach, áfach, áis chlóite mar seo le hiomad nótaí nathanna, gramadaí agus cultúrtha san áis chéanna. Is fíoréifeachtach iad clibeanna éagsúla Bannister – cuir i gcás d’eolas cultúrtha, riachtanach do thuiscint an fhoghlaimeora, leis an chlib: . Mar shampla, faoin fhocal ‘leannán’ faightear:

○ **leannán sí** *fairy/phantom lover* – sometimes it was believed that a youth, usually a young man, with weak and failing health was being visited at night by a **leannán sí** who was draining his lifeforce from him. In this way, the term was then applied to any individual who was sickly and would have been expected to have had better health. The term is also used to express the meaning **drochanáil** *baleful influence*. (505)

Is fada buí óna chéile iad an dá theasáras, ní amháin i dtaobh réimse foclóireachta, ach pearsantacht fosta. Cuir i gcás codarsnacht rogha na dtéarmaí faoin iontráil ‘Cailleach’ (Amharc **Léaráid 1** & **Léaráid 2**), maidir le gnéithe meabhreacha, sóisialta, eiticiúla agus mothúchána ag an bheirt scríbhneoirí, lena ‘*language persona*’ (Mazhitayeva *et al*, 2019: 3099) a léamh. Is suimiúil, go háirithe maidir le focal insneach ar nós ‘cailleach’, gurb é ‘Nun’ an chéad mhíniú faoin cheannfhocal ag Williams. Os a choinne sin, ámh, ag teacht leis an chiall is fairsigne, tá ‘*witch, old hag*’ ag Bannister. Is minic a bhíonn ‘*words like ...Witch... used to connote women negatively, (nó) inferiorly*’ (Islam, 2016: 81), rud nach féidir a mhaíomh le hiontráil Williams, áit a bhfuil comhchiallacha ar nós ‘ban-chumhachtach’ nó ‘cailleach feasa’ atá cuibheasach dearfach, i gcomparáid le ‘bitseach’ nó ‘seanraicleach’ atá ag Bannister. Faigheann an léitheoir blaiseadh dá bpearsantachtaí - nua-aoiseacht, traidisiúnachas, ceartaiseacht, gnéasacht srl. - ón réimse téarmaíochta a bheartaigh siad léiriú.

Is mionsonrach, pearsanta é réamhrá Bannister, a liostaíonn go mion tobar na bhfoinsí a thug spreagadh dó: óna thaithí saoil, ó lucht scríofa na Gaeilge agus ‘*three great lexicographers: Pádraig Ua Duinnín, Tomás de Bhaldraithe* (agus) *Niall Ó Dónaill*’ go háirithe (ix). Treisíonn an buíochas, na foinsí agus an scéalaíocht phearsanta seo nasc comhbhá agus tuisceana an léitheora le saothar Bannister agus suim an léitheora ann dá bhrí sin. Níl nóta tiomsaitheora Williams ach ina alt gonta gan mórán tráchta ar inspioróid ná stair phearsanta. Is i gcaitheamh an 12,000 iontráil a leanann, áfach, a nochtann Williams gnéithe dá shuimeanna faoi leith: an Aibítir Choireallach (129), Devanagari (193), An Eabhrais (223) srl., liosta Pápaí agus Frithphápaí (442-3), Ardeaspag Ard Mhacha (27) nó Banríonacha agus Banimpirí tábhachtacha (37). Thiofáí a rá nach bhfuil cuid de nótaí eolais Williams ró-ábhartha agus is minic a théann sé ar seachrán ó shreabh an eolais analógáí, mar shampla, na deich leathanach an-chuimsitheach ar ‘*Éin Éagsúla*’ (231-40), atá rófhada le léiriú anseo. Ní hionann sin le rá, áfach, nach bhfuil sé úrnua, úsáideach iad a bheith liostaithe le chéile ar an bhealach seo, ach mar chomparáid, tá liosta leathleathanaigh ag Bannister, ‘I measc éanlaith na spéire atá’ (332). (Amharc **Léaráid 3**). In ainneoin a gcuid inspreagtha éagsúil agus cé nach ionann a réimse spéise, is amhlaidh tionchar a saothair chríochnúil. Spreagann siad fiosracht foghlama agus éagsúlacht téarmaíochta sa léitheoir. Is cothrom é barúil Phóirtéir go bhfuiltear ‘*to some*

extent personal and idiosyncratic choices; I presume that must be one of the small pleasures that keep lexicographers toiling away alone for decades.' (Póirtéir, 2023) agus mura raibh a bpléisiúir acu, ní bheadh an lón machnaimh cumasach seo ar fáil dúinn; beatha duine a thoil.

<p>■ I measc éanlaith na spéire atá: Birds and fowl include:</p> <p>albatras albatross broigheall cormorant budragár budgerigar buióg yellowhammer bultúr vulture cadhan barnacle goose cág jackdaw cailleach dhubh cormorant cailleach oiche owl caislín aitinn whinchat caislín cloch stonechat ceann cait longeared owl cearc <i>f</i> (<i>circe</i>; ~<i>a</i>, ~) hen cearc fhraoigh grouse cearc uisce water grouse moorhen céirseach <i>f</i> female blackbird; (<i>poet</i>) song-thrush ceolaire warbler clamhán buzzard cnagaire woodpecker colm dove corr bhán white stork corr éisc heron creabhar woodcock cromán na gearc hen harrier cuach <i>f</i> (<i>-aiche</i>; ~<i>a</i>, ~) cuckoo deargán sneachta redwing deargéadan redpoll donnóg hedge sparrow, dunnock dreoilín wren droimneach black-backed gull druid starling eala swan éamú emu eireog pullet, chicken fabhcún falcon fabhcún gorm peregrine falcon</p>	<p>fáinleog swallow faoileán ceann dubh black-headed gull faoileán seagull feadóg mhara sandpiper feadóg plover fearán turtle dove fiach <i>m</i> (<i>fiaigh</i>; ~<i>a</i>, ~) raven filiméala nightingale foitheach <i>m</i> diver fuiseog lark, skylark gabha dubh dipper gabhlán gaoithe swift gainéad gannet gé goose geabhróg tern, sea swallow gealbhan cátha chaffinch gealbhan clai hedge sparrow gealbhan glas green linnet gealbhan sléibhe mountain finch gealbhan sparrow gealóg bunting gearchearc <i>f</i> bantam hen gearrchoileach <i>m</i> bantam cock gilphib whitethroat glasán darach greenfinch glasán finch glasóg shráide pied wagtail glasóg wagtail gleoiseach <i>f</i> (<i>-sí</i>; ~<i>a</i>, ~) linnet gobadán sandpiper guine <i>f</i> guinea fowl iolar eagle lacha <i>f</i> (~<i>n</i>; ~<i>in</i>, ~<i>n</i>) duck lasair choille goldfinch lasairéan flamingo liatráisc mistle thrush lon dubh blackbird mallard mallard</p>	<p>meaig magpie meantán léana willow tit meantán tit meirleach <i>m</i> mara skua meirliún merlin naoscach <i>m</i> snipe ostrais ostrich patraisc partridge peacóg peacock peileacán pelican pilibín plover pocaire gaoithe kestrel pocaire na mbánta magpie puifín puffin puiléad pullet rearagán young blackbird riabhóg pipit roilleach <i>m</i> oyster catcher rúcach <i>m</i> (<i>-aigh</i>) rook rufachán ruff saidhbhear kittiwake scalltán fledgling, nestling scréachóg choille jay scréachóg reilige barn owl seaga shag sicín chicken siolta <i>f</i> merganser smólach thrush snag breac magpie snag treecreeper spátaire na dtonn little grebe, dabchick spideog robin redbreast tiuf-teaf chiffchaff turcaí turkey ulchabhán donn tawny owl ulchabhán owl ulchabhán réisc short-eared owl</p>
---	--	--

Léaráid a 3 – Bannister, 2023: 332

Mar fhocal scoir, caithfear a admháil - i dtaobh líon agus leagan amach na n-iontrálacha, fairsinge an tsaibhris teanga agus leithead na dtagairtí liteartha, cultúrtha agus béaloideas de - gur cuimsithí, sultmhaire é leagan Bannister. Is feiliúnach an acmhainn í do chách. Mar sin féin, is scoth cnuasaigh focal é saothar Williams a bhfuil teist agus moladh tuillte aige as. Go háirithe as an obair dhian tiomsaithe do na boscaí eolais líonmhara ann, rí-oiriúnach do dhaoine atá ag obair trí mheán na Gaeilge – teangeolaithe, aistritheoirí agus a leithéid. Is dhá leabhar tagartha riachtanacha, luachmhara iad, *Stórchiste* Williams agus *Teasáras* Bannister, do dhuine ar bith a bhfuil spréach paisin aige/aici don Ghaeilge agus do dhraíocht na bhfocal.

Tagairtí

- Bannister, G. (2023) *Teasáras Gaeilge-Béarla (Irish-English Thesaurus)*. Dublin: New Island.
- Cronin, M. (2023) 'Teasáras | Thesaurus – Irish-English by Garry Bannister: a Tribute to Living Language.' *The Irish Times*. Dublin: The Irish Times.
- Everson, M. & Williams, N. (2023) *Stórchiste-Teasáras Aibítreach na Gaeilge*. Dundee: Evertime.
- Islam, A. (2016) 'Sexism in Defining Gender Sensitive Lexical Entries: A Lexicographical Study From Feminist Perspective.' *The Dhaka University Journal of Linguistics, iml*. 7&8: 69–88. Bangladesh: The University of Dhaka.
- Kinsella, C. (2023) "It's Been a Huge Labour of Love": Garry Bannister on His 700,000-entry Irish-English Thesaurus.' *TheJournal.ie*, 21 Deireadh Fómhair. Ar fáil ag: <https://www.thejournal.ie/garry-bannister-6200531-Oct2023/> (Léite: 23 Deireadh Fómhair 2023).
- Mazhitayeva, S., Rapisheva, Z.D., Tuite, Y.Y., Nygmetova, N.T., Zhetpisbay, S., & Karmanova, S.B. (2019) 'The Theory of Linguistic Personality, Its Structural and System Characteristics.' *Opcion, Año 35, Especial 19*: 3086–101. Venezuela: Universidad del Zulia.
- McLeod, W.T. (eag.) (2019) *Collins English Thesaurus: All the words you need, every day*. 7ú heag. London: Collins.
- Měchura, M., (2007) 'Teasáras · thesaurus.' *Pota Focal*. Ar fáil ag: <http://www.potafocal.com/thes/> [Feicthe 23 Samhain, 2023].
- Menard, M. (2001) *Geriadur Brezhoneg*. Plougastel: An Here.
- Nic Pháidín, C. (2008). 'Corpus Planning for Irish – Dictionaries and Terminology.' *A New View of the Irish language*. C. Nic Pháidín, & S. Ó Cearnaigh (eag.) 93-107. Dublin: Cois Life.

- Ó Cuaig, S. (2023) 'Is Mór an Chomaoín atá Curtha ag Garry Bannister ar Chlanna Gael Lena Theasáras Gaeilge-Béarla.' *Tuairisc.ie*, 25 Bealtaine. <https://tuairisc.ie/is-mor-an-chomaoin-ata-curtha-ag-garry-bannister-ar-chlanna-gael-lena-theasaras-gaeilge-bearla/> (Léite: 23 Deireadh Fómhair, 2023).
- Ó Doibhlin, B. (1998) *Gaoth an fhocail: Foclóir Analógach*. Baile Átha Cliath: Caoimhin O'Marcaigh Ltd.
- Ó Mianáin, P., (2020) *Concise English-Irish Dictionary (Foclóir Béarla-Gaeilge)*. Baile Átha Cliath: Foras na Gaeilge.
- Péchoin, D. (eag.) (1991) *Thésaurus Larousse, Des idées aux mots, des mots aux idées*. 2ú heag. Paris: Larousse.
- Póirtéir, C. (2023) 'Lexicographical Delight— Cathal Póirtéir on Two Irish Language Thesauri Rich in Detail – Books Ireland.' *Books Ireland Magazine*, 25 Lúnasa. Ar fáil ag: <https://booksirelandmagazine.com/irish-language-thesauri/> (Léite: 23 Deireadh Fómhair, 2023).
- Williams, N. (2012) 'Gramadach na Gaeilge: An Caighdeán Oifigiúil Caighdeán Athbhreithnithe - Léirmheas (Cuid I)', *Comhar* 72 (11): 32–4. Baile Átha Cliath: Comhar Teoranta.



One Hundred Years of Irish Language Policy, 1922-2022

(John Walsh, 2022)

Léirmheas le Alexandra Philbin

<https://doi.org/10.13025/19201>

Tugann John Walsh faoi anailís ar pholasaí rialtas na hÉireann i leith na Gaeilge ó bunaíodh an Stát in 1922 sa leabhar seo. Ón tús, léirítear gur ábhar casta é seo toisc go bhfuil polasaí teanga in Éirinn lán de ghnéithe a thagann salach ar a chéile le céad bliain anuas. In ainneoin na castachta seo, éiríonn le Walsh anailís shoiléir agus áititheach a chur os comhair an léitheora. Bhain sé leas as cáipéisí staire ó chartlanna éagsúla, agus chuir agallaimh, fócas-ghrúpaí agus breathnóireacht rannpháirteach a rinne Walsh leis an anailís chomh maith. In ionad díriú ar gach gné den scéal le céad bliain, roghnaíonn Walsh cúig théama faoi leith: cainteoirí na Gaeilge, an Ghaeltacht, an córas oideachais, reachtaíocht agus an chraoltóireacht agus tá caibidil amháin sa leabhar ar gach ceann acu. Le críoch a chur leis an leabhar, déanann Walsh achoimre ar an anailís atá déanta aige sa chaibidil dheireanach agus tugann sé roinnt moltaí don todhcháí. Tá leagan amach an leabhair agus roghnú na n-ábhar, atá thar a bheith fairsing, le moladh. Ligeann cás-staidéar spéisiúil i ngach caibidil don údar anailís níos doimhne a dhéanamh ar chásanna agus ar thréimhsí faoi leith agus ligeann sé don léitheoir dul ar turas trí chéad bliain ar iomaí cor agus casadh atá iontu.

Sa chéad chaibidil, ar chainteoirí na Gaeilge, pléann Walsh ceisteanna déimeagrafaice ar dtús: cé mhéad cainteoirí Gaeilge atá ann agus cá bhfuil siad? Déanann sé próifiliú ar na cainteoirí seo agus na pobail ina maireann siad, idir phobail na Gaeltachta agus líonraí Gaeilge. Tá castacht lárnach sna próifílí seo agus ceistíonn Walsh an deighilt dhaingean a chruthaítear idir grúpaí cainteoirí. Leagtar béim air sin sa phlé i gcás-staidéar na caibidle a dhíríonn ar an éagsúlacht a bhí le fáil ó thaobh na Gaeilge de sna ceantair Bhreac-Ghaeltachta i nGaeltacht na nDéise sna tríochaidí. Tar éis roinnt dúshlán atá roimh phobal Ghaeltacht

na nDéise anois a leagan amach ag deireadh na caibidle seo, téitear ar aghaidh chuig stair na Gaeltachta mar choincheap i bpolasaí teanga an Stáit sa dara caibidil, go háirithe Coimisiún na Gaeltachta 1925–1926 agus an neamhaird a thug an rialtas in 1927 ar mholtaí an Choimisiúin den chuid is mó. Aithníonn Walsh gur cailleadh an deis córas rialachais láidir a fhorbairt sa Ghaeltacht ón tús dá dheasca sin.

Míníonn Walsh sa tríú caibidil, ina bpléitear an t-oideachas, gur bunchloch pholasaí teanga an Stáit é an t-oideachas toisc gur áit í an scoil ina bhfaigheann gach páiste i bPoblacht na hÉireann blaiseadh den Ghaeilge ar a laghad. Ba bhunchloch é ón tús ach is léir go bhfuil thuas seal agus thíos seal ag baint le stair an pholasaí teanga i leith an oideachais le céad bliain anuas. D'fhás an t-oideachas lán-Ghaeilge idir 1928 agus 1938 ach thug athruithe polaitíochta dúshlán leo. I gcás-staidéar na caibidle seo, díritear ar an bpolasaí teanga a bhain leis an oideachas sa tréimhse 1965–1975 agus ar Chomhairle na Gaeilge. Bhain Comhairle na Gaeilge (1969–1974) leas as an tsochtheangeolaíocht agus as an bpolasaí teanga mar ábhair acadúla chun moltaí a fhorbairt leis an oideachas Gaeilge a fheabhsú, bunaithe ar thaighde idirnáisiúnta agus náisiúnta. Is le linn na tréimhse seo a tháinig polasaí an rialtais agus taighde sochtheangeolaíochta i dteagmháil le chéile agus taispeántar sa chaibidil seo go n-eascaíonn teannas as an teagmháil seo.

Mar a dhéanann sé sa tríú caibidil, léiríonn Walsh nach mbaineann polasaí teanga Gaeilge leis an rialtas amháin. Mar aon leis an obair acadúil a chuir straitéisí éagsúla chun cinn, tá stocaireacht á déanamh ag eagraíochtaí agus cainteoirí ar pholaiteoirí le blianta anuas le tacaíocht a fháil don teanga. Díritear sa cheathrú caibidil ar an reachtaíocht agus sa chuigiú caibidil ar an gcraoltóireacht, agus an téama a cheanglaíonn na caibidlí seo le chéile ná iarrachtaí na ngníomhaithe agus na gcainteoirí teanga cúram a ghlacadh ar chur chun cinn na teanga nuair nach raibh réiteach le fáil ó roinnt polaiteoirí sa rialtas. Is údar misnigh é an plé ar an bhfeachtas le hAcht Gaeilge a fháil idir na seachtóidí agus na nóchaidí i bPoblacht na hÉireann agus tá sé an-ábhartha freisin go raibh feachtas mór ar siúl le blianta le hAcht Gaeilge a fháil sa Tuaisceart. Tugann an cás-staidéar deireanach ar Raidió na Life i mBaile Átha Cliath agus Raidió Fáilte i mBéal Feirste léargas ar ghluaiseachtaí na bpobal uirbeach chomh maith.

Le hachóimre a thabhairt ar an anailís a rinne sé sa leabhar, cuireann Walsh in iúl sa chonclúid nach bhfuil ag éirí go seoigh leis an bpolasaí teanga sa Stát le céad bliain anuas ach nár theip go hiomlán air ach an oiread. Tá Walsh ionraic sa leabhar seo agus tugann a leabhar deis na laigí stairiúla a rinne dochar do chur chun cinn na teanga a thuiscint níos fearr. Mar sin féin, tá dóchas sa leabhar nach bhfuil an cath caillte fós agus cuireann an t-údar féin roinnt moltaí ar fáil a thugann comhairle a leasa dóibh siúd a phléann leis an bpolasaí teanga sa chaibidil dheireanach. Leagtar béim ar infheistíocht airgid agus ama sa phróiseas

pleanála teanga nua, cabhair do theaghlaigh atá ag tógáil a gclainne trí Ghaeilge, deiseanna eacnamaíochta do chainteoirí Gaeilge agus ar thábhacht na Gaeilge sa pholasáí i gcoitinne, ní hamháin an polasaí teanga.

Cuirtear tús leis an leabhar agus léargas á thabhairt don léitheoir ar an gcastacht a bhaineann leis an bpolasaí teanga Gaeilge in Éirinn agus feictear sin ó thús go deireadh. Cé go bhfuil castacht ag baint le gach cuid den leabhar, idir an méid eachtraí agus athruithe a thit amach agus na gníomhaithe éagsúla a ghlac páirt iontu, déanann Walsh cur síos ar gach téama agus cás go soiléir. Cuireann leagan amach an leabhair agus an bhéim ar chás-staidéir faoi leith go mór leis sin. Tugadh cothrom na Féinne do thréimhsí, chainteoirí agus d'áiteanna éagsúla agus tá meascán deas ann. Tá an leabhar an-oiriúnach do dhaoine atá ag iarraidh léargas ginearálta a fháil ar an bpolasaí teanga Gaeilge in Éirinn mar sin, ach tá taisce le haimsiú ag daoine a bhfuil spéis faoi leith acu i dtéama nó i gcás-staidéar chomh maith. Is é an rud is suntasaí sa leabhar, áfach, ná go dtugann sé deis tuiscint níos fearr a fháil ar na heagraíochtaí agus ar na daoine, idir ghníomhaithe teanga, dhaoine anaithnide agus pholaiteoirí ní ba bháúla don teanga, a tháinig romhainn agus a throid ar son na teanga. Is a bhuí leo atá tionscnaimh i bhfeidhm fós a mbainimid taitneamh agus tairbhe astu mar chainteoirí Gaeilge sa lá atá inniu ann, idir stáisiúin raidió agus teilifíse agus athruithe reachtaíochta. Tugann Walsh aird ar na daoine seo, aird atá tuillte go maith acu.



Athinsint Ealaíonta ar Oidhe Dheirdre agus ar Ansmacht Chonchúir

**Léirmheas ar *Deirdre nó Loingeas Mhac*
Uisnigh le Darach Ó Scolaí.**

**Ealaín le Anastasia Melnykova
Foilsithe ag Leabhar Breac, 2023,
(64 leathanach, clúdach cruu, ISBN 978-1-913814-30-4)**

Léirmheas le Marie Whelton

<https://doi.org/10.13025/19197>

Réamhrá

Tá scéal brónach tragóideach Dheirdre agus Chlann Uisnigh i measc oidheanna Rúraíochta móra na Gaeilge. Is scéal clasaiceach é atá á léamh agus á athinsint le níos mó ná míle bliain. I liosta foinsí, luann an *Corpus of Electronic Texts (CELT)* (<https://celt.ucc.ie/published/T301020.html>) ocht leagan a foilsíodh idir 1808 agus 1993 agus cúig oiriúnú / aistriúchán is tríocha den scéal a foilsíodh idir 1858 agus 1996. I measc a eagarthóirí agus a oiriúnóirí clúiteacha, tá Dubhghlas de hÍde, W.B. Yeats agus Pádraig Ó Fiannachta. D'fhéadfaí cur leis an liosta atá curtha ar fáil ag *CELT* agus leaganacha do pháistí agus do dhéagóirí den scéal a lua – leagan Cholmáin Uí Raghallaigh ón mbliain 2008, mar shampla amháin, leagan atá maisithe i stíl ghrafach ag Barry Reynolds. Agus an líon sin leaganacha eile ar marthain, an cheist is túisce a thagann chun cinn don léirmheastóir faoin leagan úr seo le Darach Ó Scolaí ná: an raibh gá le hathinsint eile? A luaithe agus a thógfaidh an léitheoir leabhar Uí Scolaí ina lámha, áfach, beidh sé soiléir dó / di

go gcuireann an leagan úr seo go mór le traidisiún an scéil agus go ndéanann sé an traidisiún sin a athbheochan go healaíonta. Sa léirmheas seo féachfar ar dhá ghné den athbheochan a dhéanann Ó Scolaí ar an scéal, is iad sin, an ghné idirnáisiúnta agus an léiriú casta a thugann an tragóid ar chúrsaí cumhachta agus ar chúrsaí inscne.

Toradh Ealaíonta ar Chomhpháirtíocht Idirnáisiúnta

Is eol do gach léitheoir Gaeilge, gur ceann de réamhscéalta *Táin Bó Cuailnge* é an scéal seo ina dtuairiscítear ar an tslí ar éalaigh Deirdre ó rí Chúige Uladh, Conchúr Mac Neasa, go hAlbain in éineacht le Naoise Mac Uisnigh agus a dheartháireacha agus ar an tslí ar bhain an seanfhear feargach díoltas amach orthu sa deireadh toisc é a bheith eitithe sa ghrá agus sa chumhacht. Ní haon ionadh é agus an nasc idir Éire agus Alba a bheith chun tosaigh sa scéal go mbeadh maoiniú faighte ag an leabhar ó Fhoras na Gaeilge faoi scéim deontais Cholm Cille (4) agus go gcuirfí léarscáil de Shruth na Maoile taobhaithe ag an dá thír ar fáil ag tús an leabhair (6). Is teistiméireacht álainn ealaíonta é ardchaighdeán an táirge ina iomláine – idir chlúdach, pháipéar, chló, chruth agus leagan amach – ar fhiúntas na scéime idirnáisiúnta sin.

Agus ní hé sin an t-aon nasc idirnáisiúnta a cheiliúrtar óir tá an taobh amuigh agus an taobh istigh den leabhar seo do dhaoine fásta maisithe go maorga ag ocht bpíosa ealaíne le Anastasia Melnykova ar as an Úcráin di ó dhúchas. Cuireann an ealaín rúndiamhair chlúdaigh, mar shampla, íomhá de bhean Fheilimí agus í ‘trom torrach’ (9) le Deirdre os comhair an léitheora. Tá Conchúr ina shuí go bagrach, cumhachtach, ar a ríchathaoir sa chúlra agus a lámh ar a chlaíomh aige. Tá lámh Fheilimí ar a broinn aicise amhail is go bhfuil sí ag iarraidh a leanbh glórmhar, leochaileach a chosaint ó Chonchúr. Cruthaíonn an chodarsnacht san íomhá chlúdaigh sin idir an bhean agus an fear suíomh an scéil agus tugann sí leid don léitheoir go mbeidh gnéithe de chúrsaí inscne agus de chúrsaí cumhachta á dtaiscéaladh faoi na clúdaigh.

Ar leathanach 15, mar shampla eile, faightear íomhá den lá geimhridh cinniúnach a bhfuil Deirdre ‘ar an iargúil’ (13) lena hoide nuair a thagann Leabharcham ar cuairt. Téann an triúr acu amach ar an sneachta agus déanann an t-oide ‘lao a mharú mar phroinn dóibh’ (13) sula dtagann fíach dubh a théann ag ól na fola. Déanann Deirdre machnamh ar an radharc agus feiceann sí na dathanna a shantaíonn sí ina fear idéalach: ‘An oíche sin, rinne Deirdre a marana. “Nár bhreá fear ar a mbeadh na trí dhath úd,” ar sí, “gile an tsneachta ar a chneas, duibhe an fhéich ar a fholt, agus deirge na fola ar a ghrua”’ (14). Éiríonn le Anastasia Melnykova na dathanna agus nádúr fáistineach foréigineach an radhairc agus na móitífe ársa a ghabháil ar phár agus cuireann a cuid ealaíne go léir, go mór le hatmaisféar tragóideach an léirithe ina iomláine.

An Chumhacht agus Cúrsaí Inscne

Tá an ghné thragóideach fhoréigneach sin den scéal faoi bhéim tríd an insint síos. Geallann Leabharcham do Dheirdre go bhfeicfidh sí fear den chineál a shamhlaíonn sí go luath in Eamhain agus gurb é Naoise Mac Uisnigh is ainm dó. Tá an chéad phíosca cainte idir Deirdre agus Naoise lán le rómánsaíocht chréúil agus le míshuaimhneas an drochthuair. Is beirt iad a thiteann i ngrá lena chéile chomh luath agus a leagann siad súil ar a chéile. Is bean láidir neamhspleách í Deirdre sa phíosca seo thíos atá ag iarraidh a roghanna féin a dhéanamh agus a leanann a mian féin seachas mian an rí. Más comhartha é an píosa cainte seo gurb í an bhean is cúis leis an tragóid ar fad, léirítear Naoise mar laoch atá sáinnithe ag Deirdre idir dhá thine Bhealtaine ach a ligeann do Dheirdre cluain a chur air mar sin féin:

Fad a bhí Naoise ina aonar ar an múr, d'éalaigh Deirdre amach chuige amhail is go mbeadh sí le gabháil thairis, agus níor aithin sé í.

“Is breá,” ar seisean, “an gamhainín atá ag dul tharam.”

“Dlitear gamhan a bheith mór,” ar sise, “san áit nach mbíonn tairbh.”

D’aithin sé ansin í. “Is agatsa atá tarbh an chúige,” ar sé,

“Rí Uladh.”

Dá ndéanfainn rogha eadraibh,” ar sise, “thógfainn tairbhín óg mar thusa.”

“Ná habair é sin!” ar seisean.

“An do mo dhiúltú a deir tú sin?” ar sise.

“Is ea, go deimhin,” ar seisean.

Leis sin, chaith sí léim chuige gur rug greim ar a dhá chluais.

“Dhá chluais meata is fonóide iad seo,” ar sí, “mura mbeire tú mise leat.”

“Imigh uaim, a ríon!” ar seisean, agus d’ardaigh sé a andord féin. (16–7)

Ní hamháin go bhfuil Deirdre á léiriú mar bhean neamhspleách, láidir ach léirítear Naoise mar fhear atá ag iarraidh chód iompair na bhfear (O’Leary 1987: 33–4, 42) a leanúint ach a sháraíonn é faoi thionchar na mná. Ar an ábhar sin, éiríonn leis an leagan seo le Darach Ó Scolaí castacht cheisteanna na hinscne agus na cumhachta i dtraidisiún scéal Dheirdre a ghabháil agus a léiriú go sciliúil. Tagraíonn Elva Johnston do scoláireacht le Muireann Ní Bhrolcháin (1980) agus le Máire Herbert (1989) ar ról na mban i luathscéalta na hÉireann agus áitíonn sí go bhfuil gá le cothromaíocht san anailís a chuireann ról na mban agus ról na bhfear sa luathlitríocht san áireamh. I bhfocail Johnston:

...it is Irish society’s understanding of the active role of men within communal and political structures which informs Longes Mac nUislenn; it is the relationship between the male protagonists and antagonists that drives the narrative and decides Deirdre’s fate; it is the dangerous disjunction between legal ideals and the practical exercise of power which shapes the narrative’s bloody dénouement. (Johnston, 2011: 197–8)

Feictear an tionchar a bhíonn ag an gcaidreamh idir na carachtair fhireanna éagsúla ar chinníúint Dheirdre go minic i leagan seo Uí Scolaí. Tar éis dó bualadh le Deirdre, déanann Naoise cinneadh i gcomhairle lena dheartháireacha imeacht léi le ‘trí chaoga laoch agus trí chaoga ban agus trí chaoga cú, agus Deirdre ar chuma cách ina measc’ (17). Cé go gcuirtear fáilte mhór rompu i ndún Rí Alban ar dtús (21), is mar gheall ar chinneadh a dhéanann tionól d’fhir Alban ‘i gcomhairle’ (22), a theitheann Deirdre agus Naoise ón áit go ‘himeallchríocha Alban’ (25) agus ar aghaidh uaidh sin go hoileán mara; ag an am céanna, faigheann an léitheoir amach go bhfuil Uladh ‘á chreachadh’ (25) agus go bhfuil cogadh dearg ann idir Fearghas agus Conchúr go dtí go ngeallann siad ‘muintearas dá chéile’ (26). I gcomhrá iar-shíochána idir Conchúr agus laochra Uladh, tugann Fearghas le fios gur easpa mhór orthu fós é nach bhfuil Naoise, Ainnle agus Ardán ar ais ina dtír dhúchais. Tagann dearcadh na bhfear i leith Dheirdre trasna go glinn i gcaint na nUltach anseo:

“Is trua, a Chonchúir,” arsa na hUltaigh, “go dtitfeadh mic Uisnigh trí choir drochmhá i dtíortha i gcéin. B’fhearr a dteacht ar ais chun a dtíre féin ná a dtitim le naimhde.” (26–7)

Tá dílseacht na bhfear do chód iompair agus onóra na bhfear le sonrú go háirithe sa chuid den scéal ina ndéanann Naoise cinneadh filleadh ar Éirinn: cuirtear Fearghas agus a bheirt mhac go dtí an áit ina bhfuil Deirdre agus Naoise chun cuireadh a thabhairt dóibh filleadh abhaile. Tá drogall ar Dheirdre filleadh go hÉirinn agus insíonn sí do Naoise faoin drochthuar a chonaic sí in aisling (32). Cé gurb olc le Naoise a cuid cainte, teastaíonn uaidh filleadh ar a thír dhúchais agus ní thugann sé aird ar bith ar rabhaidh Dheirdre (33, 43). Is léir gur bean chliste láidir í Deirdre sa phíosa sin a bhfuil bua na tairngreachta inti ach nach dtugann na fir éisteacht ar bith di. Is bean í atá faoi smacht ag córas patrarcach agus ag cód iompair a bhfuil tosaíochtaí eile aige seachas an grá idir fear agus bean.

Mar is eol do gach léitheoir Gaeilge, áfach, bíonn an ceart ag Deirdre agus faigheann an léitheoir amach go luath go bhfuil sé beartaithe ag Conchúr feall a imirt ar Naoise agus ar a dheartháireacha. Tugtar léiriú ar chaimiléireacht Chonchúir go háirithe san úsáid a bhaineann sé as Borrach (37–8) chun moill a chur ar Fhearghas nuair a fhilleann Deirdre agus Clann Uisnigh ar Éirinn. Feictear í freisin, san oibiachtú a dhéanann sé ar Dheirdre. Cuireann sé tuairisc ar a háilleacht amháin (“...ach insígí seo dom: an eol d’aon duine an maireann a haoibh nó a háilleacht féin ar Dheirdre...Óir tráth dá raibh, ní raibh ógbhean de shíol Éabha ab fhearr deilbh ná í!” [49]) agus santaíonn sé an áilleacht chéanna go héadmhar – is cuma leis faoina pearsantacht ná faoina leas.

Is é an t-ordú a thugann Conchúr d'Eoghan Mac Durthachta is fealltaí, áfach, agus is é bás Naoise agus a dheartháireacha an toradh atá leis (51). Feictear crógacht cheanndána Dheirdre nuair a théann sí chuig corp Naoise chun a fhuil a ól agus tá an cur síos ar an tslí a ngabhtar ar Dheirdre ina dhiaidh sin thar a bheith tochtmhar ina chruálacht:

Anonn le Deirdre mar a raibh Naoise tite agus scaoil sí a folt agus chuaigh á phógadh agus ag ól a chuid fola, agus tháinig dath na gríosáí ar a grua. Rug Eoghan uirthi, cheangail a lámha laistiar di, agus thug amach chuig Conchúr í. (53)

Mar thoradh ar ordú díoltasach Chonchúir, leanann áir agus cogadh arís idir leantóirí Chonchúir agus dílseoirí Fheargais. Taobh le taobh leis an gcur síos ar chogadh na bhfear, tugtar léiriú cumhachtach ar bhriseadh croí Dheirdre, go háirithe sna véarsaí caointeacha a dtugann sí guth dóibh agus í ar an iargúil le Conchúr.

Bhí Deirdre i gcuideachta Chonchúir, agus i gcaitheamh an ama sin níor thug sí gean gáire, níor chaith sí a sáith bia, agus níor ardaigh sí a ceann dá glúin. Tugadh ceoltóirí chuici, agus is é a dúirt sí:

...Nuair a leathadh mo Naoise
fulacht ar fhianchlár na coille,
an chóir a cuireadh seisean orm
b'fhearr é ná gach bia dá mhilse.

Anois ní chodlaím san oíche,
ná ní chorcraím m'ingne.
Is nuair a luím im'leaba.
an néal féin ní chodlaímse...

A Chonchúir, céard é seo ort?
Tá mo chorí faoi ró-thocht...

An ní ab áille liom faoin spéir,
an ní ab ansa liom go léir,
an té nach bhfeicfead go héag,
rugais uaim – nach mór mo léan! (56–8)

Tá a méala chomh mór sin nach féidir léi leanúint ar aghaidh agus caitheann sí í féin de charbad Chonchúir. I ‘Laoi Dheirdre,’ cuireann Deirdre féin síos ar a cinniúint thragóideach:

Is mé Deirdre lán duibhe;
 agus is gearr é mo bheatha.
 A bheith bhur n-éis dom is miste,
 ní bheidh mise go ceann fada. (62)

I gcodarsnacht iomlán le Deirdre, deirtear ag fiordheireadh an leabhair gur fhill Conchúr ar Eamhain Mhacha agus gur mhair sé faoi shó go deireadh a shaoil (59). Ar an mbealach sin, dearbhaítear é mar bhuaiteoir agus mar rí a bhfuil teacht aniar ann. Tar éis na tragóide go léir, tá an flaitheas agus an ceannas fós ina lámha aige.

Ar an ábhar sin, éiríonn leis an leagan seo de scéal Dheirdre castacht cheist na hinscne agus na cumhachta a léiriú go cumasach caolchúiseach. Mar is dual do na leaganacha eile sa traidisiún, téann sé deacair ar an léitheoir a dhéanamh amach an dtugann an scéal ina iomláine rabhadh do mhná maidir leis na drochimpleachtaí a leanann nuair a dhéanann bean iarracht an chothromaíocht inscne a chur chun cinn agus nuair a cheistíonn sí an cód faoina maireann na fir nó an ndéanann an scéal ceiliúradh tragóideach ar iarracht bhean amháin a saoirse a bhaint amach. Cé go léirítear Deirdre mar chúis na tragóide agus mar bhean nach bhfaigheann éisteacht cheart ó na fir ina saol, léirítear í, freisin, mar bhean éirimiúil, mhuíneach a thionscnaíonn i gcúrsaí grá, a bhfuil bua na fáistine inti, a chuireann a mian chun tosaigh ar chód onóra agus gradaim na bhfear agus a dhéanann a seacht ndícheall chun a daoine muinteartha a chosaint ón bhfeallaire. In ainneoin go ngéilleann sí don fhéinscrios ag an deireadh, is í Deirdre a thugann a hainm don leagan seo den scéal tragóideach.

Níl amhras faoi ach an oiread ach go bhfuil an chumhacht ag na fir san insint seo ach is fear, freisin, a bhaineann mí-úsáid as an gcumhacht. Cé go mbíonn an bua ag Conchúr ag an deireadh agus cé go dtagann sé slán ón oidhe go léir, maireann a chlu mar rí santach leitheadach éadmhar a bhunaigh, le lámh láidir, córas inar fhulaing bean toisc nár lean sí mian an rí. Is féidir, dá bhrí sin, mar a áitíonn Elva Johnston, gur comhartha é sin go ndéanann an scéal dhíchonstruáil áirithe ar choincheap na ríogachta féin:

Conchobor, as affirmed through much of the Ulster Cycle, is the rightful king. This does not mean, however, that he behaves as a king should or even that he deserves to remain in power. His actions violate fundamental principles of correct rulership. The narrative seems to imply that, like its flawed Conchobor, actual kings are not really the possessors of a supernatural sovereignty; they are not necessarily handsome and brave, virile and just. Longes Mac nUislenn painfully deconstructs an imperfect but resilient kingship. (Johnston, 2011: 206)

Tá sé de bhua ag athinsint Uí Scoláí go n-éiríonn léi na dúcheisteanna sin faoi phríomh-theachtaireacht an scéil maidir le cúrsaí cumhachta agus maidir le cúrsaí inscne, dúcheisteanna atá á n-iniúchadh le fada ag scoláirí éagsúla, a fhágáil oscailte agus inphléite.

Conclúid

I nóta ag deireadh na hathinsinte seo, míníonn Darach Ó Scoláí go bhfuil a leagan de scéal Dheirdre bunaithe ar *Longes Mac nUislenn* ach d'fhonn an scéal sin a chur in oiriúint do léitheoirí an lae inniu go ndeachaigh sé 'thar chiumhais leathanaigh *Leabhar na hUachongbhála* amach ag póirseáil in *Oidheadh Chloinne hUisneach* agus in *Imthiacht Dheirdre la Naoise* agus i scéalta eile na Rúraíochta, chomh maith le *Foras Feasa* an Chéitinnigh ar mhaithe le hiomlánú a dhéanamh ar an scéal seo.' (63). Tá rian de léann fairsing sin an oiriúnóra le feiceáil ar an leagan úr seo. Tá sé le feiceáil go háirithe sa réim teanga oiriúnach a roghnaíonn sé dá insint, i saibhreas stíle na bpíosaí filíochta a chuireann sé ar fáil agus sna meafair agus sna móitífeanna a gcuireann sé béim orthu. Éiríonn le Ó Scoláí gnéithe de shaol na n-uaisle in Éirinn agus in Albain a chur i láthair i nGaeilge an lae inniu agus éiríonn leis go háirithe gnéithe de ról na mban agus de ról na bhfear sa saol sin a thaispeáint. Níl amhras faoi ach go gcuireann an leagan úr seo go mór le hoidhreacht an scéil agus go ndéanann sé an oidhreacht sin a athbheochan go tuisceanach agus go healaíonta.

Tagairtí

Corpus of Electronic Texts (CELT): A Project of University College Cork, 'Deirdre.'

Liosta Foinsí. Foilsithe ar líne ag: <https://celt.ucc.ie/published/T301020.html> (léite 15 Eanáir, 2024).

Ní Fhinneadha, M. (2023) 'Má cheapann tú go bhfuil scéal Dheirdre agus Chlann Uisnigh ar eolas agat, fan go léifidh tú an leagan seo...' Léirmheas foilsithe ar líne ag *Tuairisc.ie*, 13 Deireadh Fómhair, 2023. Ar fáil ag: <https://tuairisc.ie/ma-cheapann-tu-go-bhfuil-sceal-dheirdre-agus-chlann-uisnigh-ar-eolas-agat-fan-go-leifidh-tu-an-leagan-seo/> (Léite: 15 Eanáir, 2024).

Ó Raghallaigh, C. (2008) *Deirdre agus Mic Uisnigh*. Léiriú grafach. Maigh Eo: Cló Mhaigh Eo.

- Hyde, D. (1895) *The Three Sorrows of Story-Telling and Ballads of St Columkille*. London: T. Fisher Unwin.
- Yeats, W.B. (1907) *Deirdre*. London: A.H. Bullen.
- McCone, K. & Ó Fiannachta, P. (eag.) (1992) *Scéalaíocht ár Sinsear*. Maigh Nuad: An Sagart. 109–16.
- Herbert, M. (1992) 'The Universe of Male and Female: A Reading of the Deirdre Story.' In: Cyril J. Byrne, Margaret Harry & Pádraig Ó Siadhail (eds), *Celtic Languages and Celtic Peoples: Proceedings of the Second North American Congress of Celtic Studies held in Halifax August 16–19*. Halifax: 53–64.
- Johnston, E. (2011) 'Kingship Made Real? Power and the Public World in *Longes Mac nUislenn*.' In: Fiona Edmonds & Paul Russell (eds) *Tome: Studies in Medieval Celtic History and Law in Honour of Thomas Charles-Edwards*. Woodbridge: Boydell & Brewer. 193–206.
- O'Leary, P. (1987) 'The Honour of Women in Early Irish Literature.' *Ériu*, Vol. 38: 22–44.
- Ní Bhrolcháin, M. (1980) 'Women in Early Irish Myths and Sagas.' *The Crane Bag*, Vol. 4, No. 1: Images of Irish Women: 12–9.



Nóta Beathaisnéise an Eagarthóra

Eva Ní Mhealláin

Is as contae Ard Mhacha ó dhúchas d'Eva ach tá sí ag cur fúithi in Rennes sa Bhriotáin. Bhain sí céim chéadonóracha amach sa Ghaeilge agus sa Fhraincis ó Ollscoil na Gaillimhe in 2020. Is teagascóir Gaeilge í Eva in Ollscoil Iarthar na Briotáine agus tá spéis mhór aici i gcúrsaí aistriúcháin agus sa mhíleacht ar son na Gaeilge agus na Briotáinise. Tá sí ag tabhairt faoin MA sa Léann Teanga faoi láthair.



Nótaí Beathaisnéise na nÚdar

Padaí de Bléine

Tá Padaí de Bléine ina Léachtóir Sinsearach i Roinn na Gaeilge ar Choláiste Ollscoile Naomh Muire i mBéal Feirste. Tá taithí aige ar theagasc na Gaeilge agus na litríochta ag an dara agus ag an tríú leibhéal. Tá spéis mhór aige i litríocht an bheirt Ghriannach, Seosamh agus Séamas, agus tá ailt foilsithe aige ar *An tUltach* agus ar *An Reiviú* orthu. Tá suim mhór aige fosta i gcúrsaí aistriúcháin agus chuige sin tá úrscéalta do pháistí aistrithe go Gaeilge aige. Ina measc siúd tá *Capall Cogaidh*, *An Cheist Faoi Mozart*, *Kaspar Prionsa na gCat*, *Tá na hEitleoga in Airde sa Spéir*, *Toro! Toro!*, *An Fáth ar tháinig na Míolta Móra agus Cúláilte* (Michael Morpuogo). Chomh maith leis sin tá *An Gasúr a Chaith Pitseámaí Stríocacha* le John Boyne, *Anne Frank*; *Dialann Cailín Óig* agus *Is Mise David* le hAnne Holm aistrithe go Gaeilge aige.

Niamh Dennehy

Tá an Dr Niamh Dennehy mar Ollamh Cúnta i Scoil an Oideachais, Coláiste na hOllscoile Corcaigh. An phríomhspéis taighde atá aici is ea díriú ar pheirspictíochtaí sochultúrtha ar churaclam, ar fhoghlaim agus ar mheasúnú, agus béim ar leith ar oideolaíocht na teanga.

Brian Hanratty

Is léachtóir sinsearach é Brian Hanratty i Roinn an Bhéarla ar Choláiste Ollscoile Naomh Muire i mBéal Feirste. Tá suim as cuimse aige i ngach seánra den litríocht. Tá dúil mhór aige san fhilíocht agus is é Seamus Heaney a rogha file. Chuige sin, tá lear mór alt agus páipéar foilsithe aige ar fhilíocht Heaney agus ar theagasc na filíochta go ginearálta.

Seán Mac Corraidh

Is léachtóir sinsearach é an Dr Seán Mac Corraidh i gColáiste Ollscoile Naomh Muire, Béal Feirste. Tá leabhair, caibidlí i leabhair agus ailt ar irisí léinn foilsithe aige ar réimse leathan ábhar i léann na Gaeilge agus an oideachais. Tá spéis ar leith aige sna cúrsaí seo a leanas: teanga agus litríocht, aistriúchán, béaloideas, scéalaíocht agus amhránaíocht, tumoideachas agus foghlaim na Gaeilge. Faoi láthair tá dhá thionscadal mhóra taighde idir lámha aige. Is miontráchtas ar chúrsa máistreachta atá sa chéad cheann ag baint le stíl scríbhneoireachta agus úsáid teanga i saothar Shéamuis Uí Ghrianna. Is i gcomhar le comhghleacaithe agus le cleachtóirí bunscoile atá sé ag saothrú sa dara tionscadal ag fiosrú labhairt agus scríobh na Gaeilge i measc páistí i scoileanna Gaeilge sa chaoi is gur féidir creat teanga a fhorbairt.

Margarita Neothallaigh

Is as Contae na Mí ó dhúchas í Margarita. Tá céim aici sa stair ó Ollscoil Mhá Nuad, MA sa stair agus Diplóma Iarchéime san Oideachas ón Ollscoil chéanna. Bhain sí céim BA amach sa Ghaeilge Fheidhmeach agus MA sa Léann Teanga ó Ollscoil na Gaillimhe.

Nóra Ní Bheaglaioich

Is múinteoir bunscoile í Nóra Ní Bheaglaioich a bhfuil taithí mhúinteoireachta ag an mbunleibhéal aici le bliainghrúpaí éagsúla le os cionn fiche bliain. Tá taithí aici a bheith mar theagascóir ar an tríú leibhéal freisin. Tá Máistreacht san Oideachas aici ó Choláiste Mhuire gan Smál, Luimneach (2012) agus tá PhD san Oideachas ar bun aici faoi láthair i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh. Is iad na hábhair spéise taighde atá aici ná an fhoghlaim chomhtháite ábhar agus teanga (FCÁT), forbairt na litearthachta trí Ghaeilge ag an mbunleibhéal go háirithe i scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla, an t-oideachas dátheangach, oideachas múinteoirí agus forbairt ghairmiúil leanúnach do mhúinteoirí.

Karen Ní Chlochasaigh

Is Léachtóir agus Stiúrthóir ar an Oideachas Lán-Ghaeilge agus Gaeltachta, Coláiste Mhuire gan Smál í an Dr Karen Ní Chlochasaigh. Tá taithí fhairsing aici mar léachtóir ar an tríú leibhéal, ag plé le hoideachas múinteoirí agus clár tumoideachais do mhúinteoirí go príomhúil. Is iad na reimsí sainspéise is mó atá aici ná an sealbhú teanga éifeachtach agus an cumasú teanga mar chuid d'fhorbairt ghairmiúil an mhúinteora. Tá fianaise láidir ina cleachtas gairmiúil ar fhorbairt ghairmiúil an mhúinteora, go háirithe sa chóras tumoideachais, agus cleachtais Chomhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha (CTET) a chomhtháthú sa chleachtas sin, go dtacaíonn a cuid taighde le forbairt shuntasach ar scileanna agus ar chumas teanga an

mhúinteora agus le freastal a dhéanamh ar riachtanais teanga an mhúinteora. Anuas air seo, tá an-suim ag Karen in ionchuimsiú an oideachais i gcóras tumoideachais na mionteanga agus sa chóras rochtana ar an tumoideachas. Tá scileanna agus saineolas ar leith forbartha ag Karen maidir le teicneolaíochtaí digiteacha a úsáid chun an teagasc agus an fhoghlaim teanga a chur chun cinn. Tá spéis ar leith aici an litearthacht dhigiteach a chur chun chun mar chuid d'fhorbairt ghairmiúil an mhúinteora agus leas a bhaint as uirlisí digiteacha ina cleachtas féin chun timpeallachtaí foghlama saibhre a chruthú, an phiarfhoghlaim agus pobail chleachtas teanga a neartú, aiseolas ceartaitheach a chur ar fáil agus an fhorbairt teanga a thomhas agus a threorú tré uirlisí ar nós ríomhphunann teanga a chur i bhfeidhm.

Hilary Ní Chonchubhair

Tá Hilary Ní Chonchubhair mar léachtóir agus mac léinn dochtúireachta i Scoil an Oideachais, Coláiste na hOllscoile Corcaigh. An phríomhspéis taighde atá aici is ea díriú ar thuras teanga an fhoghlaimora i gcomhthéacs an tumoideachais dhéanaigh, go háirithe i bpobail faoi mhíbhuntáiste, mar aon le hinniúlacht teanga an mhúinteora tumoideachais.

Dorothy Ní Uigín

Is í Riarthóir Theagasc na Gaeilge in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Ollscoil na Gaillimhe, í an Dr. Dorothy Ní Uigín. Tá suim aici i dteagasc agus i sealbhú teangacha agus sa litearthacht acadúil. Tá suim ar leith aici i stair na hiriseoireachta agus na meán Gaeilge. Is as cathair na Gaillimhe di.

Áine Nic Niallais

Is as Gaoth Dobhair i dTír Chonaill d'Áine. Tá sí ag obair in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge in Ollscoil na Gaillimhe ón bhliain 2001 agus is ag plé le cúrsaí aistriúcháin is mó a bhíonn sí. Rinne sí tráchtas dochtúireachta dar teideal *Ag teacht isteach orthu – Gnéithe de Chomhréir agus de Shéimeantaic Bhriathra Frásacha na Gaeilge* (scagadh ar bhríonna meafaracha nathanna na Gaeilge) a chur i gcrích sa bhliain 2012. Tá suim mhór aici san uile ní a bhaineann le cearta teanga agus le cearta an duine.

Sadhbha Nic Ruaidhrí

Is mac léinn fochéime í Sadhbha in Ollscoil na Gaillimhe agus céim sa Ghaeilge agus sa Fhrainicis ar bun aici. Is as Co. Dhoire ó dhúchas di.

T.J. Ó Ceallaigh

Tá an Dr T.J. Ó Ceallaigh mar Ollamh Comhlach i Scoil an Oideachais, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh. An phríomhspéis taighde atá aige is ea díriú ar an oideolaíocht atá ag teastáil chun teagasc na teanga agus an ábhair agus an measúnú a chomhtháthú go rathúil, go háirithe i gcomhthéacsanna tumoideachais agus dátheangacha. Tá T.J. ina chomhchathaoirleach ar an bPobal Taighde agus Forbartha maidir le hOideachas Múinteoirí agus an Teicneolaíocht Dhigiteach don Chumann Oideoirí Múinteoirí san Eoraip (ATEE) agus tá sé ina Stiúrthóir Boird de Chomhtháthú Teanga agus Ábhair san Ardoideachas (ICLHE), cumann idirnáisiúnta scoláirí a bhfuil spéis acu i réimse ildisciplíneach an chomhtháthaithe ábhair agus teanga san ardoideachas agus a bhíonn ag cur leis an réimse sin ar bhealach gníomhach.

Réamonn Ó Ciaráin

Thosaigh Réamonn ag obair le Gael Linn in 1993 agus bhí sé ina bhainisteoir ann ó 2003 nó gur ceapadh ina Stiúrthóir Oideachais in 2020 é agus ina Phríomhfheidhmeannach ansin sa bhliain 2022. Rugadh agus tógadh Réamonn i gCrois Mhic Linnáin, Co. Ard Mhacha. Bhain sé amach bunchéim san Oideachas agus sa Léann Ceilteach ó Choláiste Ollscoile Naomh Muire, Béal Feirste, chomh maith le céim mháistreachta sa Léann Éireannach ó Ollscoil na Banríona, Béal Feirste, agus céim eile sa Bhainisteoireacht Chultúrtha ó Ollscoil Uladh, Baile Shiurdáin. Tá trí leabhar foilsithe ag Réamonn ar Chúchulainn mar aon le hailt in irisí éagsúla. Comhbhunaitheoir ar Aonach Mhacha, an chultúrlann úr i gCathair Ard Mhacha é. Is iomaí ról oifige a bhí aige le CLG ag leibhéal contae agus ar Choiste Náisiúnta na Gaeilge. Tá ceangal fada ag Réamonn leis an Iontaobhas Ultach agus toghadh ina chathaoirleach air in 2019 é. Ball de Bhord Gobhnóirí Choláiste Chaitríona, Ard Mhacha é ó 2006 agus iarchathaoirleach ar *An tUltach*, iris Chomhaltas Uladh. Tá Réamonn pósta ar Dolores agus tá beirt chlainne orthu, Alana agus Caoilte.

Alexandra Philbin

Is mac léinn dochtúireachta í Alexandra Philbin in Ollscoil València, áit a ndéanann sí staidéar ar eispéiris na gcainteoirí Gaeilge i mBaile Átha Cliath agus na gcainteoirí Vaileinsise/Catalóinise in València. Bhain sí céim amach sna Teangacha Domhanda i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh, agus máistreacht san Antraipeolaíocht Theangeolaíoch in Ollscoil Mhá Nuad. Is meantóir í Alexandra leis an eagraíocht Endangered Languages Project freisin.

Katie Whelan

Is iarratasóir PhD i Scoil na Gaeilge, an Léinn Cheiltigh agus an Bhéaloidis sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath í Katie Whelan. Tá a tráchtas dírithe ar scéal na mban in iriseoireacht na Gaeilge idir na blianta 1922 agus 1961, agus tá maoiniú bainte amach aici ón gComhairle um Thaighde in Éirinn don togra seo. Na spéiseanna taighde atá aici ná athbheochan na Gaeilge, na meáin Ghaeilge agus Stair na hÉireann ón bhfichiú haois ar aghaidh.

Marie Whelton

As Iarthar Chorcaí ó dhúchas do Marie Whelton. Is léachtóir le Gaeilge í in Institiúid Oideachais Marino agus is údar í ar: *Teagmháil agus Tnúthán: Staidéar ar an Apastróf i bhFilíocht na Nua-Ghaeilge* (An Sagart, 2008); *Nuair a Stadann an Ceol: Úrscéal don Fhoghlaimoir Fásta* (LeabhairCOMHAR 2013, 2015); *Leathbhádóirí: Úrscéal don Fhoghlaimoir Fásta* (LeabhairCOMHAR 2017) agus *Giolcaireacht sa Ghairdín: Pictiúrleabhar do Pháistí* (LeabhairCOMHAR 2018). I gcomhar le hAodán Mac Suibhne, scríobh sí trí leabhar do mhúinteoirí bunscoile: *Cóir Ghaoithe: Cúrsa Ullmhúcháin don Scrúdú Le hAghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge* (IOM 2006); *Í a Labhairt: Cúrsa Gaeilge Idirmheánach do Mhúinteoirí Bunscoile* (IOM 2008) agus *Sruth na Maoile: Ábhar Tacaíochta d'Oiriúnú le hAghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge* (IOM 2009). Ba bhall í d'fhoireann a scríobh tairiscint ar éirigh léi maoiniú a ghnóthú ón Roinn Oideachais agus Scileanna chun Baitsiléireacht san Oideachas trí Mheán na Gaeilge a sholáthar in Institiúid Oideachais Marino.

